Right-of-use assets are depreciated over the shorter period of lease term and useful life of the underlying asset. The depreciation starts at the commencement date of the lease.

2023 Performance Commitments

Renewing RTÉ for the next generation

Introduction

2023's Commitments, reflect RTÉ's Revised Strategy 2020-2024, and set out six commitments under three strategic objectives: Audience, Content, and Sustainability.

Audience – Deliver content relevant to all Irish audiences, serving everyone, everywhere

1. Put the audience at the centre of decision making
2. Be where the audience is – provide universal access, optimise linear, and adopt digital first

Content – Captivate audiences through a more varied mix of quality content that tells Ireland's stories

3. Provide trusted, challenging and engaging content
4. Champion Irish culture
5. Celebrate diversity and cultivate Irish talent

Sustainability – Protect the future of public service media through a sustainable RTÉ

6. Protect the future of PSM through a sustainable RTÉ

Pursuant to section 102(3) of the Act, RTÉ's 2023 Statement of Performance Commitments (Commitments) were submitted to the Coimisiún na Meán and the Minister in May 2023, and a summary was subsequently published on RTÉ.ie. A summary of fulfilment of 2023's Commitments is presented here in compliance with section 102(5) of the Act. In compliance with section 102(4) of the Act, a separate and more detailed report on fulfilment or otherwise of Commitments was submitted to the CnaM and the Minister in June 2024.

The context to 2023's results

2023 proved to be one of the most challenging years in RTÉ's history. As revelations regarding a range of governance failings came to light, RTÉ's relationship with the public was very much under scrutiny. These events caused extensive reputational damage, which negatively impacted the public's perception of RTÉ and its corporate reputation. This also translated into significant further declines in licence fee sales, compounding issues with longer-term public funding uncertainty. To mitigate this, RTÉ made €10m cuts in planned expenditure for 2023, which impacted all areas of the organisation, including content. While public trust and confidence in the organisation was undermined, the continued levels of viewership, listenership and overall engagement, testify to the conclusions made by the Future of Media Commission in 2022, namely that public service media is widely recognised as a merit good. Over the second half of 2023 RTÉ immediately undertook a range of actions to strengthen corporate governance and financial controls, and to increase transparency. These measures appear to have gone some way towards restoring the public's relationship with RTÉ, as reputational scores showed some signs of recovery over Quarter 4, 2023. Where public perception targets were missed in 2023, this paragraph sets out the rationale and relevant results are marked with an asterisk.

It is against this backdrop, of intensified funding challenges, corporate reputational damage, but continued support for our services and content, that RTÉ has taken stock. Towards the end of 2023, RTÉ published A New Direction for RTÉ, a strategic framework, that set out a roadmap for the organisation's future. Having consulted widely on this framework, we have evolved these plans into our New Direction Statement of Strategy, which sets out ambitious change in how we deliver for audiences, how we run the organisation, how we ensure that we deliver value for money and are transparent and accountable.

2023 Performance Commitments

Renewing RTÉ for the next generation

Audience

Deliver content relevant to all Irish audiences, serving everyone, everywhere.

Commitment	Intended Public Impacts	Target Measure	Result
1. Put the audience at the centre of decision making	Audience needs are central to the delivery of PSM in Ireland.	Maintain public perception that RTÉ is relevant to people in Ireland today at >80%	Commitment not achieved. 63% of Irish adults agreed*.
	Irish people feel ownership and connection with their PSM.	Maintain public perception that RTÉ has high quality content and services at >75%	Commitment not achieved. 58% of Irish adults agreed*.
2. Be where the audience is – provide universal access, optimise linear, and adopt digital first	The media needs of all segments of Irish society are fulfilled.	Maintain average weekly reach for all RTÉ services at or above 90% (18+)	88% Commitment largely achieved.
	Young people are engaged by Irish content and services.	Maintain average weekly reach for all RTÉ services at or above 90% (18–34)	Commitment not achieved. Average weekly reach was 74%. In a highly competitive media environment, it is increasingly challenging to maintain near-universal reach for this age group, without the required investment-injection a public funding settlement could provide.
	Innovation in media production will engage digital natives with Irish content.		
	People will have easy and immediate access to Irish content on their device of choice.		
		Grow visits to RTÉ's portfolio of digital products, over longer-term to >705m	Commitment largely achieved with a total of 687m visits. While visits were behind target, it was a strong year for RTÉ's digital products, with growth in time spent. RTÉ Player had a record year, with 105m streams. RTÉ.ie maintained its position as the number one news and entertainment site in the country and the RTÉ News remained the top news app.
		Maintain RTÉ television share (adults 15+, all day) at 26.8%	Commitment largely achieved, with share at 26.3%.
		Maintain RTÉ radio share (adults 15+, all day) at 30%	Commitment largely achieved, with share at 29.2%.
	Monitor and report on Time Spent with RTÉ (adults aged 15+ & 15-34)	Commitment achieved	
	Maintain public perception that RTÉ programmes and services are easily accessible on a range of devices at >70%	Commitment largely achieved. 68% of Irish adults agreed.	

Content

Captivate audiences through a more varied mix of quality content that tells Ireland's stories.

Commitment	Intended Public Impacts	Target Measure	Result
3. Provide trusted, challenging and engaging content	In the era of fake news, Irish people have a trusted news source.	Maintain public perception that RTÉ provides trusted N&CA at >80%	Commitment not achieved. 70% of Irish adults agreed, which is just marginally behind 2022's score of 72%. Trust in N&CA dipped in Q3 2023 however rebounded well in Q4.
	The powerful in Irish society are held to account, wrongdoing and bad practice in Irish institutions is exposed.	Maintain public perception that RTÉ generates national debate and gets people talking at >80%	Commitment not achieved. 72% of Irish adults agreed*.
	Education in Ireland is enriched through the inclusion of different perspectives and ways of learning.	Maintain public perception that RTÉ keeps me well informed at >80%	Commitment not achieved. 68% of Irish adults agreed*.
4. Champion Irish culture	Public discourse is stimulated and a mirror is held up to contemporary Irish society.	Maintain public perception that RTÉ is an important part of Irish life at >80%	Commitment not achieved. 68% of Irish adults agreed*.
	Irish people will benefit from the rich audio-visual heritage delivered through a state-of-the-art PSM archive.	Maintain public perception that RTÉ enables me to connect with national events at >80%	Commitment not achieved. 69% of Irish adults agreed*.
		Maintain public perception that RTÉ devotes the right amount of time to children's programmes at >50%	Commitment largely achieved. 48% of Irish adults agreed.
	Pride in our national identity is strengthened through engagement with the cultural and sporting experiences that bind us as a nation.	Maintain public perception that RTÉ provides a comprehensive service for Irish speakers at >60%	Commitment achieved
	Irish children will see their experiences and hear their own voices on screen, on radio and online.	Maintain RTÉ RnaG weekly reach among adults 15+ at 3%	Commitment not achieved. Weekly reach was 2%, however for the second time in three years, RTÉ Raidió na Gaeltachta won the prestigious international award of Radio Station of the Year at the International Celtic Media Festival.
	The Irish language will grow in prominence and become an integral part of the Irish media landscape.	Meet the '365 provision' to TG4 as per S120 of the Act	Commitment achieved

2023 Performance Commitments

Renewing RTÉ for the next generation

Commitment	Intended Public Impacts	Target Measure	Result
5. Celebrate diversity and cultivate Irish talent	People from every part of Irish society see their experiences represented in their PSM organisation and feel included.	Grow public perception that RTÉ reflects current Irish society to >80%	Commitment not achieved. 56% of Irish adults agreed*.
		Report on female faces and voices on air	Commitment achieved.
	There is a heightened awareness of the diversity of Irish society and enhanced social cohesion.	Maintain high proportion of RTÉ Radio's FM output as first-run indigenous at >80%	Commitment achieved.
		Maintain high proportion of indigenous hours as a % of total peaktime hours on RTÉ One at >75%	Commitment not achieved. 65% of total peaktime hours on RTÉ One were indigenous. On foot of significant licence fee declines over the second half of 2023, RTÉ implemented €10m cuts in planned expenditure. This had a direct impact on-screen where first-run peak-time hours were down.
	Ireland has a consistently creative and innovative PSM.		
	The creative economy in Ireland experiences growth and is strengthened and developed.	Meet statutory spend requirement	Commitment achieved
		Maintain increased viewer-perception RTÉ delivers high quality Irish drama to >65%	Commitment achieved
	Ireland's existing and emerging creative talents are showcased and celebrated.	Maintain public satisfaction with the quality of culture and arts on RTÉ at >67%	Commitment not achieved. 58% of Irish adults agreed*.
Compelling Irish stories are told in a universal and powerful way.			
	Access to the arts will be broadened and democratized, enhancing public appreciation for our distinctive culture and heritage.	Maintain public perception that RTÉ provides a broad range of orchestral music at 50%	Commitment achieved

Sustainability

Protect the future of Public Service Media through a sustainable RTÉ

Commitment	Intended Public Impacts	Target Measure	Result
6. Protect the future of PSM	The future of PSM in Ireland is protected and is sustainable.	Meet annual budget	Commitment not achieved. The decline in licence fee sales over the second half of 2023 was the key driver behind this missed target.
	It is run effectively and efficiently.	Deliver RTÉ's portfolio of services within budgeted operating costs	Commitment achieved
	It is supported by RTÉ commercial activities.	Operate RTÉ's commercial activities efficiently to maximise the net return for RTÉ's public service activities and achieve Group commercial revenue targets	Commitment largely achieved
	It is open, accountable and transparent.	Total content and distribution spend as a % of Operating Costs is >80%	Commitment largely achieved at 79%
	PSM legitimacy is strengthened and protected in Ireland.	PROCs* as % of Total Operating Costs	Commitment achieved
		*Personnel Related Operating Costs	
	Maintain public perception that RTÉ is valuable to Irish society at >85%	Maintain public perception that RTÉ is trustworthy at >75%	Commitment not achieved. 77% of Irish adults agreed*.
			Commitment not achieved. 52% of Irish adults agreed*.
			There was a significant breach of the public's trust in RTÉ as an organisation during 2023, which is evident in this score. Trust will take time to rebuild and RTÉ is resolutely focused on restoring it.
			See also commentary under Commitment 3: trust in RTÉ N&CA.

Other Reporting & Statistical Information

RTÉ Fair Trading Report 2023

RTÉ is committed to ensuring that its trading activities adhere to the principles of fair competition and are operated within the framework of both EU and national legislation. In addition, RTÉ has considered it appropriate to implement its own policy and procedures, the RTÉ Fair Trading Policy and Procedures, which are published on the RTÉ website. The document was reviewed and updated in 2022.

The Fair Trading Committee was established to oversee the implementation of the Policy and Procedures. It is a committee of the RTÉ Board. The members of the sub-committee at the year-end date were David Harvey (chair) and Susan Ahern.

This committee is responsible for the independent oversight of the Fair Trading Policy with regard to its implementation; with the ability to conduct periodic reviews of the policy as well as a review of the complaints procedure. The Fair Trading Officer, Eleanor Bleahene, reported directly to the committee during 2023. The Fair Trading Officer continued to provide advice and guidance to relevant areas in RTÉ on fair trading matters during 2023.


Report under Section 22 of the Protected Disclosures Act 2014

Section 22 of the **Protected Disclosures Act 2014** requires RTÉ to publish an annual report relating to protected disclosures made under the **Protected Disclosures Act 2014**. In accordance with this requirement, RTÉ reports that no protected disclosure was received during the year ending 31 December 2023.

Other Reporting & Statistical Information


(continued)

FREEDOM OF INFORMATION REQUESTS TO RTÉ



Source: RTÉ

COMPLAINTS TO BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND ABOUT RTÉ OUTPUT



Source: RTÉ

Financial History

	2023	2022	2021	2020	2019
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
INCOME STATEMENT					
Television Licence revenue	193,296	195,642	196,131	196,623	196,248
Commercial revenue	150,739	152,053	148,342	134,519	145,837
Total revenue	344,035	347,695	344,473	331,142	342,085
Operating costs (before depreciation, amortisation and exceptional items)	(349,336)	(339,288)	(331,345)	(307,691)	(337,773)
EBITDA before exceptional items	(5,301)	8,407	13,128	23,451	4,312
Depreciation and amortisation	(11,815)	(11,765)	(11,654)	(13,543)	(13,803)
Gain/(loss) on disposal of assets	33	12	73	(8)	288
Disposal of investments	-	36	-	-	-
Exceptional items ¹	-	-	-	-	256
(Loss)/profit from operating activities after exceptional items	(17,083)	(3,310)	1,547	9,900	(8,947)
Net finance income/(expense)	6,752	320	1,219	(99)	57
Tax	1,215	197	(407)	(1,863)	1,689
(Deficit)/Surplus for the year	(9,116)	(2,793)	2,359	7,938	(7,201)
BALANCE SHEET					
Non-current and current assets					
Property, plant and equipment	57,774	58,145	62,810	60,982	71,028
Intangible assets	5,663	4,252	7,968	4,772	6,311
Pension asset	188,652	180,590	147,714	150,816	110,404
Inventories	26,014	25,951	27,105	26,669	27,689
Cash and liquid investments	78,641	114,062	101,392	87,165	69,149
Other assets	67,820	62,831	61,484	71,509	63,511
Total assets	424,564	445,831	408,473	401,913	348,092
Non-current and current liabilities					
Employee benefits - restructuring (note 17a)	6,631	7,392	8,792	13,411	14,332
Other liabilities	195,650	206,105	197,554	190,358	178,452
Total liabilities	202,281	213,497	206,346	203,769	192,784
Equity	222,283	232,334	202,127	198,144	155,308
Total equity and liabilities	424,564	445,831	408,473	401,913	348,092
CASH FLOW					
Net cash (absorbed)/generated absorbed from operating activities	(16,701)	26,085	27,682	22,560	8,025
Net cash outflow from acquisition of property, plant, equipment and intangible assets	(13,116)	(9,682)	(11,629)	(8,178)	(14,287)
Net proceeds from sale of property, plant and equipment	62	15	77	20	305
EMPLOYEE HEADCOUNT					
Total headcount at 31 December	1,836	1,868	1,871	1,866	1,831
Total FTE at 31 December	1,734	1,735	1,755	1,758	1,714

¹ Exceptional items includes gain on disposal of land, sales-enabling project costs, restructuring and other charges



Raidió Teilifís Éireann
Baile Átha Cliath 4, Éire.

RTÉ
Dublin 4, Ireland.

T: +353 1 208 3111
F: +353 1 208 3080

E: info@RTÉ.ie
www.RTÉ.ie

X [X.com/rte](https://x.com/rte)
in linkedin.com/company/rte

RTÉ

Súil Siar ar an mBliain

Tuarascáil Bhliantúil agus
Ráitis Airgeadais an Ghrúpa

2023



Is é RTÉ eagraíocht náisiúnta meán cumarsáide seirbhíse poiblí na hÉireann – ar an teilifís, ar an raidió, ar líne agus ar ghléasra soghluaiste.

An 63ú Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa do na 12 mhí dar chríoch an 31 Nollaig 2023 arna gcur faoi bhráid an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán de réir alt 109 agus alt 110 den *Acht Craolacháin, 2009*.

Is féidir leagan Gaeilge den Tuarascáil a íoslódáil ó www.rte.ie/annualreport www.rte.ie/about/ie/policies-and-reports/annual-reports/

04	Aisling, Misean & Luachanna
06	Ráiteas an Chathaoirligh
10	Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra ar an mBliain
14	Athbhreithniú Airgeadais
28	Seo RTÉ
29	Obair na Bliana 2023
54	Duaiseanna Na Bliana 2023
56	RTÉ: Ábhar na Bliana 2023
102	An Obair
110	RTÉ: Figiúirí Na Bliana
112	Buaicphointí
136	Staitisticí
146	Bord RTÉ
156	Foireann Ceannaireachta Eatramhach
161	Rialachas Corparáide
195	Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird
198	Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird
200	Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách do Chomhaltaí Bhord RTÉ
204	Ráitis Airgeadais
211	Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa
266	Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa – Foireann Cheannaireachta Eatramhach agus Láithreoirí Ar an Aer
267	Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa – Polasaithe Cuntasaíochta
276	Gealltanais Feidhmíochta 2023
281	Eolas Tuairiscithe & Staitistice Eile
283	Stair Airgeadais

Aisling

A bheith ina chrann seasta do chultúr na hÉireann trí spéis an lucht féachana agus éisteachta a mhealladh agus a shásamh le hábhar atá iontaofa, spéisiúil agus dúshlánach; trí iléagsúlacht ildánach dhomhain na tíre a cheiliúradh; agus trí chumas mhuintir na hÉireann a chothú.

Misean

Cuir le saol na hÉireann le hábhar atá ina lón machnaimh, foghlama agus siamsaíochta.

Luachanna

Beidh dearcadh oscailte, ilbhreathnach ag RTÉ, an eagraíocht agus na daoine san eagraíocht sin, agus beidh tréithe na cruithaitheachta, an mheasa, na hinmharthanachta agus na freagrachta, na comhoibríochta agus na trédhearcachta ag rith leo, tréithe a léireoidh chomh maith na hiompraíochtaí seo leanas:

An Dearcadh Ilbhreathnach

Tuiscint dhomhain a léiriú ar an lucht éisteachta agus féachana agus ar a gcuid riachtanas. Am agus dua a chaitheamh le súil a choinneáil ar na hathruithe a thagann ar thirdhreach na meán.

Inmharthanacht agus Freagracht

Bainistíocht fhreagrach a dhéanamh ar an ngnó, a bheith freagrach dá chéile taobh istigh de RTÉ agus don lucht éisteachta agus féachana agus do na páirithe leasmhara.

Cruthaitheacht

A bheith acmhainneach agus nuálach i mbun lón ábhair a chruthú. A bheith cróga, sásta dul i bhfiontar agus sásta ciall a cheannach nuair nach n-éiríonn le beart.

An comhar

Oibriú le chéile agus beocht a chur in eagraíocht 'Aon RTÉ amháin'. Oibriú i gcomhar le páirtnéirí chun riachtanais lucht féachana agus éisteachta RTÉ a shásamh.

Meas

Déileáil le daoine - baill foirne agus páirtnéirí san áireamh - le teann measa, fiú nuair nach é sin is furasta. Muinín a chothú trína bheith cóir, cothrom, macánta maidir le cinntí a dhéantar.

Trédhearcacht

Cinntí a dhéanamh ar bhealach trédhearcach oscailte. Na cúiseanna le bearta a lua go neamhbhalbh.

Ráiteas an Chathaoirligh

Bliain dheacair agus bliain dhochrach ab ea 2023 do RTÉ. Cé go raibh éachtaí déanta ar an aer, ar an scáileán, ar líne, agus i réimsí eile, d'fhág na nithe a tháinig chun solais i mí an Mheithimh na bliana seo caite na héachtaí sin faoi smál. Tríd is tríd, ní raibh bliain chomh dona ag an eagraíocht riamh.

Nuair is í an chaint is mó atá i mbéal an phobail ná drochbhainistiú, agus mí-úsáid agus cur amú cistí poiblí, seachas na cláracha agus an t-ábhar faisnéiseach, tarraingteach agus siamsúil a chuireann RTÉ ar fáil don lucht féachana ar bhonn laethúil, is léir go dteastaíonn athrú ó bhonn. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh muinín as aon eagraíocht a chuireann meán seirbhíse poiblí náisiúnta ar fáil agus i gcás RTÉ, tá an mhuinín a bhíodh ag daoine as an eagraíocht ídithe go mór. Tógfaidh sé am agus díograis an mhuinín sin a atógáil, ach is rud é ar a bhfuil muid dírithe go daingean agus go diongbháilte.

Ar roinnt ócáidí anuraidh, d'admhaigh Bord RTÉ go raibh easnaimh thromchúiseacha ann agus botúin déanta ó thaobh maoirseachta de, rud ar tarraingíodh an-aird orthu i dtuarascálacha neamhspleácha. D'admhaigh an Bord freisin go raibh ról aige féin sna fadhbanna a tháinig chun cinn agus ghabh leithscéal ina leith. Thar mo cheann féin, mar Chathaoirleach a ceapadh le déanaí ar Bhord RTÉ, agus thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom leithscéal ó chroí a ghabháil as na fadhbanna a tháinig chun cinn anuraidh. Ag an leibhéal is sinsearaí in RTÉ, is cosúil go ndearnadh talamh slán den mhuinín a cuireadh ionainn mar bhord. Tá a fhios againn go gcaithfear an mhuinín atá ag teastáil a atógáil, agus déanfaidh muid é. Níl aon todhchaí i ndán do RTÉ mura mbíonn muinín asainn ag an bpobal a bhfuil muid ann le freastal a dhéanamh air.



“Mar chuid den phróiseas seo chun muinín a atógáil, bhí sé tábhachtach teacht ar na fíricí.”

Mar chuid den phróiseas seo chun muinín a atógáil, bhí sé tábhachtach teacht ar na fíricí. Sa chomhthéacs sin, choimisiúnaigh RTÉ roinnt tuarascálacha neamhspleácha le linn cuid mhaith den bhliain 2023 (Grant Thornton I agus II a bhain le híocaíochtaí le Ryan Tubridy agus lena thuilleamh a fhoilsiú, tuarascáil McCann Fitzgerald ar Chlár Scoir Deonach RTÉ sa bhliain 2017 agus 2020 agus an t-athbhreithniú ar Toy Show the Musical a rinne Grant Thornton freisin). Cé go raibh costas ag baint leis na tuarascálacha neamhspleácha seo, chuir sé ar ár gcumas na príomhfhadhbanna a bhain leis an mbainistíocht, le rialachas agus leis an gcultúr in RTÉ a aithint agus a chinntiú go bhfuiltear ag tabhairt aghaidh orthu, mar chuid dár gclár oibre chun leasuithe suntasacha a chur i bhfeidhm.

Agus é ag obair i ndlúth-chomhpháirtíocht le Bord RTÉ, bhí an clár oibre athchóirithe seo go mór i gceist ag an bPríomh-Stiúrthóir nua, Kevin Bakhurst. Nuair a thosaigh sé sa phost go hoifigiúil Dé Luain, an 10 Iúil, scor sé Feidhmeannach RTÉ láithreach agus cheap sé Foireann Cheannaireachta Eatramhach. Tagann na príomhchinntí go léir anois chuig an bhFoireann Cheannaireachta Eatramhach iomlán, lena n-áirítear cinntí maidir le conarthaí na láithreoirí is fearr aithne. Agus aird á tabhairt ar an tionchar a bhí ag gach ar tháinig chun solais ar fhostaithe RTÉ, agus mar chuid lárnach de thiomantas athnuaite maidir le trédhearcacht, bhí an chumarsáid leis an bhfoireann anois lárnach agus rialta agus áiríodh leis suirbhéanna foirne ar fholláine agus ar chaighdeán rialachais in RTÉ. Tá Clár Leasanna nua agus Clár Gníomhaíochtaí Seachtracha nua bunaithe ag RTÉ, chomh maith le Clár Bronntanas – agus tá siad seo ríthábhachtach chun go mbraithfear go bhfuil ionracas agus neamhchlaontacht i gcónaí in RTÉ.

Mar chuid den bhainistíocht bhreise agus cúramach ar chúrsaí airgeadais RTÉ agus de bharr gur gá gearradh siar ar chostais mar gheall ar an laghdú atá tagtha ar an teacht isteach ón goeadúnas teilifíse, thug an Príomh-Stiúrthóir tionscnaimh isteach amhail deireadh a chur le hearcú foirne agus stop a chur le caiteachas lánroghnach, chomh maith leis an infheistíocht i dtionscadail dhigiteacha agus chaipítíl a chur siar.

Agus muid ag breathnú chun cinn agus ag breathnú ar an ngá atá le réiteach inbhuanaithe maidir le maoiniú a fháil do RTÉ, rinneadh obair shuntasach go tapa chun creatphlean straitéise RTÉ - Treo Nua - a chur ar fáil don Rialtas i mí na Samhna. Bhí an plean imlíneach sin mar bhunús leis an gcomhairliúchán leis an bpobal, le hionadaithe poiblí, agus leis an bhfoireann.

Ráiteas an Chathaoirligh

Leagadh amach go soiléir an chaoi a bhféadfadh RTÉ a bheith níos fearr: níos fearr don lucht féachana, agus níos fearr d'Éirinn. Agus é seo á scríobh, tá bailchríoch á cur ar an straitéis mhionsonraithe ina leagtar amach plan le haghaidh athrú uailmhianach a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann RTÉ soláthar don lucht féachana agus éisteachta, an bealach a reáchtáiltear an eagraíocht agus an chaoi a gcinntimid go bhfuil luach ar airgead á chur ar fáil againn agus go bhfuil muid trédhearcach agus freagrach.

Ceann de na torthaí dearfacha agus, go deimhin, riachtanacha a d'eascair as imeachtaí na bliana seo caite is ea go bhfuil RTÉ, trína Fhoireann Cheannaireachta, ag feidhmiú anois agus é trédhearcach go hiomlán don Bhord, agus go ndearnadh na struchtúir rialachais a athchóiriú agus a neartú:

- Tá measúnú riosca lárnach anois i gcás gach cinneadh a dhéantar ag leibhéal na Foirne Ceannaireachta.
- Faigheann an Bord na miontuairiscí ó gach cruinniú seachtainiúil a bhíonn ag an bhFoireann Cheannaireachta anois.
- Tá próiseas ceadaithe foirmiúil nua bunaithe do thionscadail atá an-chostasach, agus téann siad chuig an bhFoireann Cheannaireachta agus chuig an mBord araon.
- Caithfear measúnú riosca agus cás gnó a chur san áireamh anois i ngach aighneacht a chuirtear faoi bhráid an Bhoird agus a bhaineann le ceaduithe caiteachais.
- Caithfear cead a fháil ón mBord feasta le haghaidh aon chaiteachas os cionn €1 milliún. Baineann sé seo le cearta spóirt, ceannach cláir, clár a choimisiúnú agus caiteachas ar oibríocháin.
- Bunaíodh Cláir ar leith le haghaidh Gníomhaíochtaí Seachtracha, Leasanna agus Bronntanas.

“Is gá go mbeadh an rialachas corparáideach, an trédhearcacht agus oibríochtaí na heagraíochta ar chaighdeán atá i gcomhréir leis an sainordú sin.”

Tar éis don Rialtas Sainchoistí Comhairleacha a cheapadh – ar Rialachas agus ar Chultúr agus ar Tháillí Conraitheora, ar Acmhainní Daonna agus nithe eile – mar a fógraíodh i mí Iúil 2023, chuidigh RTÉ leis an dá Choiste agus le Mazars ina gcuid oibre agus chuir muid fáilte roimh a dtuarascálacha nuair a d’fhoilsigh an Rialtas iad i mí na Bealtaine i mbliana. Cabhróidh a n-anailísí agus a gcuid moltaí, a bhfuil glactha againn leo go léir i bprionsabal, go mór leis an obair a bhaineann le muinín as RTÉ a atógáil. Tá sé de chúram ar RTÉ seirbhís phoiblí ríthábhachtach a chur ar fáil. Is gá go mbeadh an rialachas corparáideach, an trédhearcacht agus oibríochtaí na heagraíochta ar chaighdeán atá i gcomhréir leis an sainordú sin.

Tá an Bord dírithe ar RTÉ a chur ar ais chuig na leibhéil rialachais chorparáidigh agus trédhearcachta ar cheart a bheadh ina shaintréith aige. Tá muid ag tnúth le bheith ag obair leis an Rialtas, leis an bhfoireann in RTÉ agus lenár bpáirtithe leasmhara ar fad, chun an próiseas athraithe a tosaíodh anuraidh a chur i gcrích.

Is mian liom chomh maith ómós agus aitheantas a thabhairt do thiomantas agus d’ionchur mo réamhtheachtaí, an t-iar-Chathaoirleach, Siún Ní Raghallaigh.

Mar eagraíocht, níor sheachain muid na heasnaimh agus na dúshláin a aithníodh ó mhí an Mheithimh seo caite ionas go bhféadfadh an bpobal muinín a bheith acu arís inár gcraoltóir náisiúnta. Tuigimid go bhfuil aistear sách fada fós le triall ag RTÉ, ach is mithid dúinn RTÉ iontaofa a fhorbairt a mbeidh dúil ag daoine ann, RTÉ ábhartha a mbeidh gean ag daoine air, stáisiún a tharraingeoidh an tír le chéile i gcás ócáidí agus imeachtaí tábhachtacha náisiúnta. Beidh ábhar seirbhíse poiblí, luach ar airgead, agus muinín, i gcroílár RTÉ agus é athraithe ó bhonn, agus tá Bord RTÉ tiomanta ó thaobh a chion féin a dhéanamh chun é sin a chur i gcrích.

Agus é seo ar fad ag dul ar aghaidh, is cúis mhór frustrachais é do go leor daoine, go háirithe dóibh siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis, gur bhain imeachtaí na bliana seo caite ó chuid de na cláracha agus den ábhar iontach agus tábhachtach a léirigh RTÉ agus a léirigh ár gcomhpháirtithe san earnáil neamhspleách do RTÉ - spórt beo spreagúil, drámaíocht de bhunadh na hÉireann, siamsaíocht iontach, díospóireachtaí tábhachtacha, nuacht agus cúrsaí reatha ríthábhachtach, scéalta fíorasacha tarraingteacha, ceol agus taibhithe beo den scoth agus nithe go leor nach iad, seirbhísí a chuireann RTÉ ar fáil ar an teilifís, an raidió agus ar líne, i mBéarla agus i nGaeilge. Tá béim leagtha sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar na héachtaí sin freisin.

Terence O’Rourke
Cathaoirleach, Bord RTÉ

Athbhreithniú an Phríomh- Stiúrthóra ar an mBliain

Agus mé ag smaoineamh siar ar 2023, agus ar mo chéad sé mhí mar Phríomh-Stiúrthóir ar RTÉ, is iad na chéad mhothúcháin a bhraithim ná an-díomá agus an-bhrón faoin méid a tháinig chun solais i mí an Mheithimh agus an chaoi a ndearnadh an oiread sin dochair don mhuintir in RTÉ, rud atá rithábhachtach don eagraíocht. Mar sin féin, táim buíoch as ár gcuid fostaithe a lean ar aghaidh ag seachadadh don lucht féachana, in ainneoin gach rud a tharla, agus tá mé dóchasach go bhfuil todhchaí ann do RTÉ, agus ról tábhachtach aige fós i saol na hÉireann.

Bhí an dara leath de 2023 an-deacair dúinne ar fad anseo in RTÉ, agus dóibh siúd a thacaíonn linn agus atá ag brath orainn, agus muid ag tabhairt aghaidh ar na rudaí a bhí ag teacht chun solais, rud i ndiaidh a chéile, a léirigh go raibh fíor-dhrochbhainistiú ag an leibhéal is sinsearaí in RTÉ. Tá sé soiléir go bhfuil dúshlán mhóra romhainn i gcónaí. Mar sin féin, in ainneoin gach rud, tá mé dearfach agus dóchasach i gcónaí faoi thodhchaí RTÉ.

Ní hé sin le rá go bhfuil beag is fiú á dhéanamh agam de na fadhbanna ar fad a tháinig chun cinn ó mhí an Mheithimh; tá aghaidh tugtha againn go díreach orthu sin agus muid fós ag dul i ngleic leo, mar a luaigh ár gCathaoirleach, Terence O'Rourke ina ráiteas féin sa tuarascáil bhliantúil seo.



“Is de bharr dhúthracht agus thiomantas na foirne in RTÉ a lean an lucht féachana orthu ag roghnú RTÉ, fiú ag am a raibh na híocaíochtaí ceadúnas teilifíse ag íslíú go mór.”

Ach, nuair a bhreathnaím siar ar na cruinnithe sin ar fad a bhí agam leis an oiread sin dár bhfostaithe agus an teagmháil a bhí agam leo le linn mo chéad sé mhí i mo Phríomh-Stiúrthóir ar RTÉ, chuaigh a macántacht agus a n-oscailteacht i bhfeidhm orm, chomh maith lena dtacaíocht, a dtuairimí, a ndúthracht agus a dtiomantas ó thaobh cláracha agus ábhar seirbhíse poiblí atá tábhachtach agus tarraingteach a chur ar fáil don lucht féachana agus don lucht éisteachta, gach uile lá, ar sheirbhísí teilifíse, raidió agus ar líne de chuid RTÉ.

Mar atá ráite agam go minic cheana, is de bharr dhúthracht agus thiomantas na foirne in RTÉ a lean an lucht féachana orthu ag roghnú RTÉ, fiú ag am a raibh na híocaíochtaí ceadúnas teilifíse ag íslíú go mór. Le linn na míonna deacra sin, tá an oiread sin samplaí ann gur féidir linn breathnú siar orthu le bród, nuair a chuir muid ócáidí tábhachtacha náisiúnta ar fáil don lucht féachana, chomh maith le plé tarraingteach, clúdach agus anailís ghéarchúiseach, siamsaíocht a thug ardú croí, iriseoireacht iniúchta rithábhachtach, cláracha faisnéise a bhí thar a bheith suimiúil, scéalta daonna a thug spreagadh, drámaí spéisiúla as Éirinn, léirithe ceolfhoirne iontacha, tacaíocht dár n-ealaíontóirí agus dár n-eagraíochtaí ealaíon, agus neart eile, i mBéarla, agus i nGaeilge. Tá cur síos déanta ar a bhfuil bainte amach againn sa tuarascáil seo.

I ríomhphost a sheol mé chuig an bhfoireann ar fad in RTÉ i mí na Nollag, mar chuid den eolas is déanaí roimh an Nollaig, mheabhraigh mé dóibh gur fhógair muid, seachtain roimhe sin, figiúirí a bhí níos airde ná riamh le haghaidh an RTÉ Player, mar thoradh ar na sobaldrámaí, an spórt, an drámaíocht agus an tsiamsaíocht. Mheabhraigh mé freisin dóibh go raibh muid fós ag soláthar clúdach agus anailís dhochreidte ar imeachtaí i nGaza agus in áiteanna eile, go bhfaca muid gleacaí de chuid na hÉireann ag buachan an ghradaim RTÉ Sportsperson of the Year, go raibh ceiliúradh déanta, ar RTÉ Radio 1, ar 50 bliain ó bunaíodh Ionad Raidió RTÉ, gur craoladh ár gclár faisnéise tábhachtach *Taking Back Control*. D’fhógair muid cliar ilghnéitheach de rannpháirtithe don tsraith *Dancing With the Stars* a bhí fós le craoladh, bhí an leabhar de chuid an chláir *Sunday Miscellany* a bhain duaiseanna amach ar bharr an liosta sárdhíola, roinn muid scéalta tábhachtacha faoi neart agus faoi chineáltas an duine ar an raidió agus ar an teilifís, agus d’fhoilsigh muid torthaí dhá shuirbhé foirne, ar chúrsaí folláine agus rialachais.

Tharla sé seo díreach i ndiaidh seachtain ar léirigh muid meas go tochtmhar, inár seirbhísí raidió, teilifíse agus ar líne, ar Shane McGowan a bhí imithe uainn ar shlí na fírinne, agus an oiread sin doimhneacht tugtha don dobrón agus ceiliúradh á dhéanamh ar shaol an ealaíontóra a chuaigh i bhfeidhm go mór ar shaol go leor daoine, díreach mar a rinne muid níos túsce i mbliana nuair a bhásaigh, ar an drochuair, Sinéad O’Connor, agus Christy Dignam.

Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra ar an mBliain

Bhí ról lárnach ag RTÉ ó thaobh an náisiún a thabhairt le chéile chun ómós a thabhairt do dhaoine a raibh an-tionchar acu ar shaol agus ar chultúr na tíre seo. Ina theannta sin, chuidigh an RTÉ Toy Show Appeal le breis agus 1 milliún leanbh agus baill dá dteaghlach le bliain anuas, agus thacaigh ár gclár Ag Tacú leis na hEalaíona le 170 imeacht ealaíon agus cultúir ar fud na hÉireann. Seirbhís phoiblí thábhachtach.

Bheadh sé furasta dearmad a dhéanamh ar na héachtaí sin i mbliain a fheictear mar an bhliain ar tháinig rudaí a rinne dochar, agus a chuireann an-fhuistrachas go fóill orainn ar fad in RTÉ, chun solais.

Ag an am céanna, tá súil agam go bhfuil sé soiléir gur dheileáil muid go stuama leis na fadhbanna rialachais in RTÉ, mar atá leagtha amach i ráiteas an Chathaoirligh. Chonaic muid chomh héasca agus atá sé an mhuinín a ídiú, agus tuigimid a phráinne agus atá sé iarracht a dhéanamh an mhuinín sin a fháil ar ais. Nuair a ceapadh mé, shocraigh mé láithreach go gcuirfinn na hathruithe a bhí riachtanach i bhfeidhm, agus bhí gach athrú a rinneadh mar chuid de chlár oibre leasuithe nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, a d'fhéach chuige go mbeadh feabhas ar an trédhearcacht, go mbeadh ár gcinnteoireacht níos déine agus go mbeadh níos mó smachta ar chúrsaí airgeadais. Tá aghaidh tugtha againn ar na fadhbanna ba thábhachtaí, idir an Feidhmeannas a scor, an Fhoireann Cheannaireachta Eatramhach a cheapadh agus a chinntiú go dtiocfadh na príomhchinntí go léir feasta chuig an bhFoireann Cheannaireachta Eatramhach ar fad, lena n-áirítear cinntí maidir le conarthaí na láithreoirí is mó le rá, coimisiúnaíodh tuarascálacha neamhspleácha chun firió a bhailiú, eagraíodh cláir chun taifead a choinneáil ar leasanna, ar ghníomhaíochtaí seachtracha agus ar bronntanais, agus gheall muid go gcuirfí i bhfeidhm na leasuithe a bhí riachtanach chun an t-athrú ó bhonn a theastaíonn in RTÉ a chur i gcrích. Le tamall anuas, tá muid ag plé ar bhealach atá oscailte trédhearcacht mar a bhaineann le Bord RTÉ, a bhfuil réimse de leasuithe curtha i gcrích aige féin freisin ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a aithníodh anuraidh.

Tá muid buíoch go bhfuil €16m faighte againn ó Bhuiséad 2024 mar gur glacadh leis an moladh a tháinig ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán go dteastódh cistiú eatramhach go dtí go mbeadh leasú ceart déanta ar an táille ceadúnais, agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na comhaltaí éagsúla de Thithe an Oireachtais a thacaigh go poiblí leis an tuairim gur cheart tacaíocht cheart a chur ar fáil do na meáin seirbhíse poiblí.

“Chonaic muid chomh héasca agus atá sé an mhuinín a ídiú, agus tuigimid a phráinne agus atá sé iarracht a dhéanamh an mhuinín sin a fháil ar ais.”

“Is gá dúinn RTÉ a bhunú as an nua, an cineál RTÉ a bhfuil meas air agus a bhfuil muinín ag daoine as, atá ábhartha agus a bhfuil daoine ceanúil air, agus a thugann an tír le chéile le haghaidh ócáidí agus imeachtaí atá tábhachtach dúinn mar náisiún.”

Tá sé rithábhachtach go gcuirfí maoiniú na meán seirbhíse poiblí in Éirinn ar bhonn níos seasmhaí ar bhonn práinne, agus tá muid ag súil le pleananna an Rialtais mar a bhaineann le leasú a dhéanamh ar chúrsaí maoinithe, níos déanaí an samhradh seo. Ní hamháin go mbeidh tionchar aige seo ar RTÉ, ach imreoidh sé tionchar freisin ar earnáil léiriúcháin neamhspleách na hÉireann agus ar earnáil na meán i gcoitinne in Éirinn.

Cé gur choinnigh muid orainn ag tabhairt aghaidh ar na fadhbanna ba mhó ar fud na heagraíochta ar fad, bhí forbairt á déanamh againn ag an am céanna, ar ár bhfís straitéiseach - Treo Nua do RTÉ - a foilsíodh i mí na Samhna agus ar iarr muid aiseolas ina leith, ó fhoireann RTÉ, ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara eile. Agus an próiseas seo á thabhairt chun críche againn agus muid ag réiteach chun ár Ráiteas Straitéise mionsonraithe a sheoladh, an toradh ar an gcomhairliúchán agus ar go leor taighde, pleanáil, plé agus obair chrua, níl mé ag iarraidh beag is fiú a dhéanamh den tasc atá amach romhainn, ach tá sceitimíní orm faoi bheith ag cur leasuithe i gcrích a mbeidh sé mar thoradh orthu go mbeidh RTÉ níos fearr againn, don lucht féachana, agus dóibh siúd ag obair leis an eagraíocht. Cé go mbeidh RTÉ níos lú ó thaobh méide de i rith shaolré ár straitéise nua, ní thiocfaidh aon laghdú ar scála na huailmhéine atá ag RTÉ maidir leis an tseirbhís phoiblí, ná ár n-uailmhian maidir leis an ról a bheidh ag RTÉ i saol na hÉireann.

Agus muid ag druidim le comóradh 100 bliain ar na meáin phoiblí in Éirinn, is í an fhís atá againn ná go dtiocfadh forbairt ar RTÉ de bharr athrú a bheith tagtha ar a bhfuil an tsochaí agus ar lucht féachana/éisteachta ag súil leis. Glacfaidh muid go fonnmhar lenár ról ó thaobh cur i gcoinne na dtionchar diúltach a bhíonn ag an mbréagaisnéis agus ceannaireacht a thabhairt mar a bhaineann le clúdach a dhéanamh ar an athrú aeráide. Leanfaimid de bheith inár gcrann seasta ag cultúr na hÉireann trí spéis an lucht féachana agus éisteachta a shásamh le hábhar atá iontaofa, spéisiúil agus dúshlánach, iléagsúlacht dhomhain na tíre a cheiliúradh agus cumas mhuintir na hÉireann a chothú.

Is gá dúinn RTÉ a bhunú as an nua, an cineál RTÉ a bhfuil meas air agus a bhfuil muinín ag daoine as, atá ábhartha agus a bhfuil daoine ceanúil air, agus a thugann an tír le chéile le haghaidh ócáidí agus imeachtaí atá tábhachtach dúinn mar náisiún. Beidh cláracha agus ábhar seirbhíse poiblí, luach ar airgead, agus muinín, i gcoirlár an RTÉ a mbeidh athrú ó bhonn tagtha air, agus tá mé féin agus m’fhoireann tiomanta don obair atá riachtanach chun é sin a chur i gcrích.

Kevin Bakhurst

An Príomh-Stiúrthóir

Athbhreithniú Airgeadais

Torthaí agus Brabús Oibriúcháin

Ba bhliain dhúshlánach í 2023 do RTÉ, i ndiaidh chonspóid na n-íocaíochtaí i mí an Mheithimh, tháinig laghdú suntasach ar dhíolachán táillí ceadúnais bliain ar bhliain. Cé go ndearnadh an laghdú sin a fhritháireamh beagán leis an €15 milliún breise i maoiniú eatramhach, leithdháileadh an maoiniú breise sin cheana féin i bpleananna 2023. D'fhonn cuid den laghdú ar tháillí ceadúnais a fhritháireamh, d'fhógair RTÉ go gcuirfí stop le hearcaíocht, go gcuirfí moill ar thionscadail straitéiseacha agus go gcuirfí stop le caiteachas lánroghnach, a ghnóthaigh cuid den laghdú seo ach níor leor é áfach agus tá easnamh €9.1 milliún á thuairisciú ag RTÉ don bhliain 2023.

Bhí tionchar dearfach ag an ardú ar rátaí úis le linn na bliana 2023 ar easnamh RTÉ toisc gur ardaíodh an leibhéal ioncaim airgeadais a aithnítear ar shócmhainn phinsin sochair shainithe RTÉ go dtí €7.5 milliún, is mír nach airgead tirim é an coigeartú cuntasáíochta seo.

Ba iad Imeachtaí Speisialta na bliana 2023 Corn Domhanda na mBan FIFA, an Corn Domhanda Rugbaí, cluiche cáilithe na hEorpa UEFA agus cuairt Uachtarán na Stát Aontaithe, Joe Biden.

Tháinig laghdú €35.4 milliún ar acmhainní airgid ar láimh i rith na bliana. Is mar gheall ar an laghdú a tháinig ar dhíolacháin táillí ceadúnais agus ar an gcaiteachas méadaithe ar chostais oibriúcháin de réir mar a bhog geilleagar na hÉireann go timpeallacht bhoilscithe ard le 12 mhí anuas a tharla sin.

Achoimre ar na Buaicphointí Airgeadais

	2023 € m	2022 € m	Athrú € m
Ioncam Tráchtála	150.7	152.1	(1.4)
Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse	193.3	195.6	(2.3)
Ioncam Iomlán	344.0	347.7	(3.7)
Costais Oibriúcháin (gan Imeachtaí Speisialta san áireamh)*	(341.9)	(332.6)	(9.3)
EBITDA** (roimh Imeachtaí Speisialta)	2.1	15.1	(13.0)
Costais maidir le hImeachtaí Speisialta	(7.4)	(6.7)	(0.7)
EBITDA	(5.3)	8.4	(13.7)
Dímheas & Amúchadh	(11.8)	(11.8)	-
Gnóthachan ó Dhiúscairt Sócmhainní	-	-	-
Glanioncam Airgeadais	6.8	0.4	6.4
(Easnamh)/Barrachas roimh Cháin	(10.3)	(3.0)	(7.3)
Cáin	1.2	0.2	1.0
(Glaneasnamh)/Glanbharrachas don Bhliain	(9.1)	(2.8)	(6.3)

* Costais Oibriúcháin roimh Dímheas & Amúchadh agus gan costais incriminteacha maidir le hImeachtaí Speisialta a áireamh.

** EBITDA: Tuilleamh roimh Ús, Cáin, Dímheas agus Amúchadh.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Ioncam Tráchtála

Is ionann ioncam tráchtála €150.7 milliún na bliana 2023 agus laghdú 0.9% bliain ar bhliain (2022: €152.1 milliún). Ba í an phríomhchúis leis sin an laghdú ar Thrádáil Teilifíse arna fhritháireamh ag ioncam Neamhthrádála Eile de réir mar a leanann RTÉ ag éagsúlú a ioncaim.

	2023 v 2022 Athrú €m	Athrú %
Ioncam Tráchtála 2022	152.1	
Trádáil - Teilifís	(5.9)	(3.9%)
Trádáil - Raidió	0.1	0.1%
Trádáil - Digiteach	0.4	0.3%
Ioncam Neamhthrádála Eile	4.0	2.6%
Gluaiseacht Bliain ar Bhliain	(1.4)	(0.9%)
Ioncam Tráchtála 2023	150.7	

Tháinig laghdú 6.2% ar mhíreanna fógraíochta ar an teilifís, an ranníocóir is mó maidir le hioncam tráchtála, i gcomórtas le 2023. Bhíothas ag súil leis sin den chuid is mó ós rud é go raibh Corn Domhanda FIFA an gheimhridh ar siúl sa bhliain 2022, comórtas a raibh an-tóir ag lucht féachana agus fógróirí air. Gan tionchar na n-imeachtaí Speisialta a áireamh, d'fheidhmigh RTÉ de réir mhargadh iomlán na Míreanna Teilifíse, margadh ar tháinig laghdú air i rith na bliana. Bhí an fheidhmíocht bliain ar bhliain spreagtha ag laghduithe i gcatagóirí amhail Airgeadas, Deochanna, Siamsaíocht agus Meáin agus seirbhísí Teaghlaigh. Rinneadh na laghduithe seo a fhritháireamh go páirteach trí arduithe i gcatagóirí amhail Mótair agus Bia.

Tháinig laghdú 13.2% ar ioncam trádála teilifíse eile, lena n-áirítear urraíocht agus suíomh táirgí, toisc nár urraíodh na cláracha ar fad a urraíodh sa bhliain 2022.

Bhí an-bhliain go ginearálta ag trádáil raidió, lena n-áirítear mír, urraíocht agus promóisin, bhí méadú 0.6% bliain ar bhliain i gceist. Tháinig ardú 0.9% ar fhógraíocht míreanna raidió agus tháinig ardú 21% ar Phromóisin Raidió as bonn beag, ach rinneadh an t-ardú sin a fhritháireamh le laghdú 10% ar urraíocht Raidió.

Tharla an t-ardú i bhfógraíocht míreanna raidió den chuid is mó mar gheall ar arduithe bliain ar bhliain sna catagóirí Gnó & Tionscail, Rialtais & Sóisialta a fritháiríodh trí laghduithe sna catagóirí Siamsaíocht & Meáin agus Airgeadas.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Tháinig ardú 4.2% ar ioncam ó thrádáil dhigiteach i gcomórtas le 2022. Is ionann ioncam VOD agus an ranníocóir is mó chuig ioncaim ó thrádáil dhigiteach agus bhí sé ardaíthe 11.3% bliain ar bhliain. Tháinig laghdú 16.2% bliain ar bhliain ar ioncam ar bhonn digiteach ar fud rte. ie agus tháinig ardú 9.0% ar urraíocht dhigiteach.

Tharla an t-ardú €4.0m in ioncam neamhthrádála sa bhliain go príomha mar gheall ar chomhaontuithe dáileacháin dhigitigh a tugadh i gcrích le haghaidh ceadúnú an RTÉ Player agus mar gheall ar an ioncam 3ú páirtí méadaithe ó rannán Líonra 2RN.

Bhí ioncam ó PIC (*Comórtais Idirghníomhacha Cláir*) gan athrú den chuid is mó bliain ar bhliain mar gheall nár fhill leibhéal rannpháirtíochta an lucht féachana i gcomórtais teilifíse ar na leibhéil a bhí ann roimh COVID.

Tháinig laghdú 7.6% ar dhíolacháin cóipeanna den *RTÉ Guide* bliain ar bhliain agus tá sin ar aon dul le margadh a mheastar a bheith síos 8%. B'ionann díolachán iomlán na goípeanna agus 1.530 milliún agus áirítear laghdú 6% ar an méid a díoladh den mhóreagrán Nollag, ar díoladh 225,355 cóip de. Tháinig laghdú ar ioncam fógraíochta don RTÉ Guide bliain ar bhliain freisin mar go raibh margadh fógraíochta na n-irisí dúshlánach.

Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse

Ós craoltóir seirbhíse poiblí démhaoinithe RTÉ ar a leagtar réimse leathan cúraimí faoin reachtaíocht, tá buntábhacht leis an leibhéal maoinithe poiblí a fhaightear chun ról na heagraíochta a chomhlíonadh. An Roinn Turasoireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (DTCAGSM) atá freagrach as ioncam ó dhíolachán na gceadúnas teilifíse a bhailiú ó An Post (an t-aon ghníomhaire amháin maidir le ceadúnais teilifíse a dhíol) agus ón Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP) i ndáil le ceadúnais teilifíse 'saor in aisce'. Tugann an DTCAGSM ansin deontas do RTÉ as an airgead maidir le táillí ceadúnais a bhailítear.

As an €201.7 milliún a bailíodh maidir le ceadúnas teilifíse sa bhliain 2023, fuair RTÉ €178.3 milliún (88%) de. Baineadh úsáid as an gcuid eile den airgead ón táille ceadúnais, €23.4 milliún, chun na costais bhailiúcháin agus muirir ghaolmhara An Post a íoc agus chun airgead a chur ar fáil do Chiste Fís & Fuaim Choimisiún na Meán (CnaM). Bhí an t-ioncam ón táille ceadúnais a fuair RTÉ sa bhliain 2023 €17.3 milliún níos ísle ná mar a bhí sa bhliain 2022, ó tharla go raibh tionchar diúltach ag conspóid íocaíochtaí RTÉ ar dhíolacháin ceadúnas teilifíse.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Is é an ráta seachanta don bhliain 2021 an ráta is déanaí atá ar fáil. An DTCAGSM a dhéanann an ríomh ar na figiúirí agus an ráta seachanta cothrom le 13.7% de na teaghlaigh agus de na háitribh ghnó a mbeadh an táille le gearradh orthu. Tá an ráta seachanta in Éirinn i bhfad níos airde ná mar atá sa Ríocht Aontaithe agus i dtíortha eile san Eoraip agus tá an costas bailiúcháin níos mó ná dhá oiread an chostais atá ag craoltóirí seirbhíse poiblí eile san Eoraip. Ní chuirtear san áireamh leis an ráta seachanta sin an laghdú atá tagtha ar dhíolacháin táillí ceadúnais ó mhí an Mheithimh 2023.

Ábhar buartha freisin an t-ardú ar líon na dteaghlach nach bhfuil teilifíseán den ghnáthchineál acu. Tá ardú seasta ag teacht le blianta beaga anuas ar an bhfigiúr sin de réir an Nielsen Establishment Survey agus é cothrom le 18.6% faoin tráth seo (Eanáir 2024), ardú 1.7% le bliain anuas. De réir mar atá athrú níos casta ag teacht ar na modhanna ina dtapaítear ábhar meán cumarsáide is lú a thiocfaidh táille an cheadúnais teilifíse leis an gcaoi a dtapaíonn daoine ábhar seirbhíse poiblí. Is é sin chúis is mó atá leis an athrú ar an gcóras atá á thabhairt isteach i dtíortha eile, ionas gur táille maidir leis na meáin chumarsáide nó modh eile atá iontu anois seachas táille a bhaineann le gaireas de chineál faoi leith.

Leagtar amach faoin gceannteideal 'An leas a bhaintear as an Táille Ceadúnais' (féach leathanaigh 24-25) an úsáid a bhaintear as an táille ón gceadúnas le hinfheistíocht á dhéanamh i seirbhísí agus i mbeartaíocht RTÉ ar 84% d'iomlán na dtáillí ceadúnais. Déantar an 16% atá fanta a infheistiú i mbeartaíocht neamh-RTÉ, lena n-áirítear ciste Fuaim & Fís CnaM, an tacaíocht do TG4 agus na táillí bailiúcháin a íoctar le An Post.

Costais Oibriúcháin

Tháinig ardú €9.3 milliún bliain ar bhliain ar chostais oibriúcháin, gan Imeachtaí Speisialta san áireamh, de réir mar a tháinig comhaontú pá 2022 le TUG i bhfeidhm agus bhog geilleagar na hÉireann go timpeallacht bhoilscithe ard. Rinne RTÉ foráil freisin do shuimeanna breise a bhaineann le himscrúdú leanúnach na Roinne Coimirce Sóisialaí ar stádas ÁSPC conraitheoirí.

Tháinig ardú €9.8 milliún ar na costais a bhaineann le Pearsanra mar gheall ar an gComhaontú Pá a tháinig air i mí na Samhna 2022, an méadú ar sholáthar an chonraitheora agus ar na hincrimintí pá a dámhadh. Rinneadh iad sin a fhritháireamh leis an stop a bhí le cur le hearcaíocht a fógraíodh mar fhreagairt ar an laghdú ar dhíolacháin táillí ceadúnais. Tar éis ardú suntasach ar chostais fuinnimh sa bhliain 2022, tháinig laghdú €1 milliún ar chostais fuinnimh sa bhliain 2023 de réir mar a tháinig laghdú ar phraghas an mhargaidh mórdhíola le linn 2023.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Tháinig ardú €0.7 milliún ar chostais na nImeachtaí Speisialta in 2023 mar gheall ar níos mó gníomhaíochtaí amhail Chorn Domhanda FIFA na mBan, Corn Rugbaí an Domhain, Cluichí Cáilithe na hEorpa agus cuairt Uachtarán na Stát Aontaithe Joe Biden in 2023 le hais Chorn Domhanda FIFA agus Sraith Náisiún UEFA in 2022.

2023 v 2022
Athrú
€ m

Costais Oibriúcháin 2022	339.3
Ardú ar Chostais Oibriúcháin	9.3
Ardú ar Chostais maidir le hImeachtaí Speisialta	0.7
Ardú in imeacht bliana (Imeachtaí Speisialta san áireamh)	10.0
Costais Oibriúcháin 2023	349.3

Treo Nua

Foilsíodh Treo Nua do RTÉ i mí na Nollag 2023 tar éis comhairliúchán fairsing leis an bpobal, le páirtithe leasmhara agus leis an bhfoireann.

Leagtar amach sa doiciméad Treo Nua príomhchuspóirí straitéis RTÉ, is é sin RTÉ níos cuíchóirithe, caiteachas méadaithe leis an earnáil neamhspleách, léiriú lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a éagsúlú, infheistíocht i dtáirgí digiteacha agus creat nua Rialachais Chorparáidigh a chur i bhfeidhm chun cloí leis na caighdeáin is airde trédhearcachta agus cuntasachta.

D'fhonn an Treo Nua seo a chur i bhfeidhm, ní mór teacht ar shocrú nua maidir le maoiniú poiblí. Táthar ag súil go bhfógróidh an Rialtas sonraí an tsocraithe sin sna míonna amach romhainn.

Líon na bhFostaithe

B'ionann líon na bhfostaithe ar an 31 Nollaig 2023 agus 1,836 (2022: 1,868) agus bhí 204 (2022: 243) acu sin ina bhfostaithe ar bhonn páirtaimseartha / ócáideach. B'ionann coibhéis líon na bhfostaithe lánaimseartha (FTE) amhail an 31 Nollaig 2023 agus 1,734 (2022: 1,735).

Tá an polasaí Fostaíocht ar dTús atá á chur i bhfeidhm anois ag méadú líon na bhfostaithe ar fud na heagraíochta. Tugadh an polasaí seo isteach sa bhliain 2019 tar éis *Thuarascáil Eversheds do RTÉ maidir le húsáid saoroibrithe / conraitheoirí*. Is é polasaí RTÉ anois breathnú ar gach ról mar ról fostaíochta mura gcomhlíonann siad na critéir mar atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais maidir le Stádas Fostaíochta a Chinneadh* ina dtairgfear fostú conraitheoirí neamhspleách. Samhlaítear go ndéanfar an chuid is mó de na ról in RTÉ as seo amach a mheas mar fhostaíocht ar dtús.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Leanann RTÉ de bheith i dteagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le stádas na gconraitheoirí agus cuireadh soláthar i leataobh don imscrúdú leanúnach seo.

Glanioncam Airgeadais

Bhí glanioncam airgeadais €6.8 milliún i gceist in 2023 (2022: glanioncam €0.4 milliún), mar seo a leanas:

B'ionann an t-ioncam airgeadais iomlán sa bhliain 2023 agus €9.6 milliún (2022: €2.1 milliún) ardú suntasach agus léiríonn sé tionchar na rátaí úis le linn na bliana 2023. Áiríodh leis an nglanioncam úis €7.5m (2022: €1.7 milliún) a bhaineann le hioncam scéime pinsin sochair sainithe IAS 19, ioncam infheistíochta €0.4 milliún ó chomhfhiontar (2021: €0.3 milliún) agus ús taisce €1.7m (2022: €0.2m).

B'ionann an costas airgeadais do 2023 agus €2.9 milliún (2022: €1.8 milliún). Tugtar san áireamh leis an gcostas €2.9 milliún an t-ús atá le hóc ar iasachtaí agus ar ús ar chostais athstruchtúraithe.

Cánachas

Bhí creidmheas cánach foriomlán €1.2 milliún ann in 2023 (2022: creidmheas cánach €0.2 milliún). Tháinig creidmheas cánach €1.0 milliún chun cinn in 2023 mar thoradh ar chailteanais incháinithe a gineadh. D'eascair creidmheas cánach breise €0.2m ón nglanhluaiseacht ar dhifríochtaí uainiúcháin pinsin, difríochtaí sealadacha ar mhaoin, innealra & trealamh agus costais neamh-asbhainteacha eile.

Sreabhadh Airgeadais agus Iasachtaí

B'ionann iarmhéid iomlán an airgid thirim amhail an 31 Nollaig 2023 agus €78.7 milliún (2021: €114.0 milliún). Is ionann sin agus laghdú €35.4 milliún agus tharla sé go príomha mar gheall ar an laghdú a tháinig ar leibhéal díolachán táillí ceadúnais i ndiaidh chonspóid íocaíochtaí RTÉ mar aon le gluaiseachtaí diúltacha caipitil oibre i rith na bliana. Is féidir achoimre i ndáil leis an ngluaiseacht ó thaobh iarmhéideanna airgid thirim i rith na bliana 2023 a leagan amach mar seo a leanas:

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Ráiteas Achoimre faoi Shreabhadh Airgid

	2023 € m	2022 € m
EBITDA	(5)	8
Sreafaí airgid oibriúcháin:		
- laghdú ar Chaipiteal Oibre	(11)	20
Sreabhadh airgid athstruchtúraithe:		
- Íocaíochtaí	(1)	(1)
Cáin ioncaim íochta	-	(1)
Beartaíocht Infheistíochta:		
- Caiteachas Caipitil	(13)	(10)
Sreafaí airgid a mhaoiniú:		
- Aisiocaíocht Iasachta	(4)	(2)
- Ús Íochta	(1)	(1)
(Laghdú)/Ardú glan maidir le hAirgead Tirim agus Infheistíocht i Sócmhainní Leachtacha	(35)	13

Bhí iasachtaí bainc iomlána €59.5 milliún ag RTÉ, amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: €63.1 milliún) mar seo a leanas:

- Tá Saoráid Club €57.5 milliún ag 2rn, fochuideachta tarchuradóireachta RTÉ, le Barclays agus le Banc na hÉireann. Baineann €45 milliún den tsaoráid sin le cistiú tionscadail don bhonneagar tarchuradóireachta agus dáileacháin a theastaíonn don líonra maidir le Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT), agus bhí a iomlán sin tarraingthe anuas amhail an 31 Nollaig 2023. Tá saoráid iasachta téarma breise dar luach €12.5 milliún i bhfeidhm, €7.5 milliún de sin a bhí tarraingthe anuas amhail an 31 Nollaig 2023.
- Tá saoráid €17 milliún ag RTÉ le Banc na hÉireann, lena n-áirítear saoráid €10 milliún de chreidmheas imrothlach agus iasacht téarma €7 milliún. Amhail an 31 Nollaig 2023 bhí an iasacht téarma €7 milliún (2022: €8.1 milliún) tarraingthe anuas.

Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais

Formheasann Bord RTÉ polasaí Ciste an Ghrúpa, a chlúdaíonn iasachtaí, bainistiú airgid, riosca creidmheasa contrapháirtí, riosca maidir le leachtachta, riosca maidir le ráta úis agus riosca maidir le hairgeadra eachtraí. Tá nochtadh RTÉ faoi gach ceann de na rioscaí seo leagtha amach i Nóta 21 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais: Ionstraimí Airgeadais agus Bainistiú Riosca Airgeadais

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Caiteachas Caipitil

B'ionann caiteachas iomlán RTÉ ar thionscadail caipitil i rith na bliana 2023 agus €13 milliún (2022: €10 milliún). Baineann an chuid is mó den chaiteachas le tionscadail teicneolaíochta agus le clár athsholáthair sócmhainne DTT.

Leanann infheistíocht na bhfáltas a gineadh ó dhíol na talún in 2017 ar aghaidh agus tá roinnt tionscadal caipitil straitéiseach idir lámha lena n-áirítear ródaire stáisiúin nua, stóráil agus ardáin mheán agus digitíú na gcartlann. Tá an chuid is mó de na fáлтаis ó dhíol na talún geallta anois do thionscadail.

Tuairiscíocht Idirdhealaithe agus Leithroinnt Costais

Déantar anailís idirdhealaithe RTÉ a ullmhú i gcomhréir le caighdeán IFRS 8: Réimsí Dealaithe a leagtar amach i nóta 2(d) a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais: Príomhghníomhaíochtaí agus Faisnéis Rannóige. Is iad na ranna éagsúla na príomhréimsí dealaithe ag RTÉ agus rinneadh iad a leagan amach ar an 1 Eanáir 2018 i ndiaidh atheagar eagraíochta. Rinneadh modhanna oibre maidir le leithroinnt costais a chur i bhfeidhm go seasta leanúnach i rith na bliana 2023 faoi mar a leagtar amach i Nóta 2 maidir le Tuairiscíú Idirdhealaithe.

Cúrsaí Rialála

Tagann RTÉ faoi Choimisiún na Meán (CnaM) maidir leis na dualgais mar chomhlacht craolacháin seirbhíse poiblí. Oibríonn RTÉ (faoi mar a éilítear faoin Acht Craolacháin 2009) le CnaM i ndáil leis an athbhreithniú bliantúil agus leis an athbhreithniú cúig bliana ar an gcistíocht phoiblí a dhéanann CnaM faoi alt 124 an Aichta.

D'ainmnigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) RTÉ roimhe seo agus a fhochuideachta 2rn mar fhochuideachta a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh aige maidir le rochtain mhórdhíola ar sheirbhísí ilphléacsaithe DTT (Margadh B) agus sa mhargadh maidir le rochtain mhórdhíola ar sheirbhísí náisiúnta tarchuir agus dáilte craolacháin talún (Margadh A). Chuir an cinneadh oibleagáidí áirithe ar RTÉ (Margadh B) agus 2rn (Margadh A). Cuirtear seirbhísí tarchurtha ar fáil do chraoltóirí ar a gcostas móide toradh ar infheistíocht ceadaithe ag ComReg ar na glansócmhainní a úsáidtear. Déantar cuntais dheighilte lena mbaineann cuntais rialáilte maidir le Margadh A agus Margadh B faoi seach chomh maith le buncháipéisíocht cuntasaíochta a fhoilsiú de réir na gcoinníollacha faoin rialáil.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Cúrsaí Pinsin

Tá trí cinn de scéimeanna pinsin ar bun ag RTÉ do na fostaithe: scéim pinsin sochair sainithe (DB), scéim pinsin ranníocaíochta sainithe (DC) agus scéim hibrideach (scéim a mbaineann gnéithe DB agus gnéithe DC araon léi).

Scéim Aoisliúntais RTÉ

Is scéim pinsin mhaoinithe, ranníocach sochair shainithe, arna cur ar bun faoin reachtaíocht agus faoi urraíocht ag RTÉ, atá i Scéim Aoisliúntais RTÉ. Níor ligeadh aon fhostaithe nua isteach faoin scéim ón mbliain 1989 i leith. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 40 fostaí ag RTÉ (2022: 51) a bhí ina gcomhaltaí den scéim.

Amhail an 31 Nollaig 2023, ba ionann luach shócmhainní na Scéime ar an margadh agus €1,070 milliún (2022: €1,031 milliún). Ba ionann dliteanais na Scéime, arna ríomh de réir IAS 19 maidir le Sochair Fostaithe, agus €890 milliún (2022: €859 milliún). Mar a éilítear faoi IAS 19, luaitear an farasbarr nó an t-easnamh idir sócmhainní agus dliteanais na Scéime mar shócmhainn ar ráiteas RTÉ faoin seasamh airgeadais. Dá réir sin, luaitear sócmhainn pinsin €180 milliún i leith na Scéime amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: €172 milliún).

Tá barrachas ag baint leis an scéim faoi thástáil MFS agus na riachtanais leachtachta á sásamh faoi na cúlchistí riosca agus, dá réir sin, ní bheidh call aon chistíocht a bheartú i leith na scéime.

Scéim Ranníocaíochta Sainithe RTÉ

Is socrú ranníocaíochta sainithe maoinithe í Scéim Ranníocaíochta Sainithe RTÉ atá oscailte do chomhaltaí nua ó 1989. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 1,240 fostaí ag RTÉ (2022: 1,243) a bhí ina gcomhaltaí den scéim.

Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ

Scéim mhaoinithe, ranníocach, hibrideach atá i Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ lena mbaineann gnéithe DB agus gnéithe DC agus atá faoi urraíocht RTÉ. Cuireadh tús leis an scéim seo ar an 1 Meán Fómhair 2010 mar shocrú pinsin roghnach d'fhostaithe atá i dteideal na scéime. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 412 fostaí de chuid RTÉ ina gcomhaltaí de Scéim Pinsin "50/50" Riosca i bPáirt RTÉ (2022: 399).

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí luach €34.7 milliún ar an margadh le sócmhainní chuid DB na Scéime. B'ionann na dliteanais faoi IAS 19 i ndáil leis an chuid DB agus €26.0 milliún, rud a fhágann barrachas €8.7 milliún (barrachas na bliana 2022: €8.9 milliún). Luaitear sin mar shócmhainn sa ráiteas maidir le seasamh airgeadais RTÉ.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Tá barrachas ag baint le cuid DB na Scéime faoi thástáil MFS agus na riachtanais leachtachta á sásamh faoi na cúlchistí riosca agus; dá réir sin, ní bheidh call aon chistíocht a bheartú i leith na scéime.

Breathnú Romhainn

Tiocfaidh ardú suntasach ar bhonn costais RTÉ in 2024 mar gheall ar bhrúnna boilscithe agus freisin mar gheall ar an infheistíocht a theastaíonn ó thionscadail dhigiteacha chun RTÉ a athrú ó bhonn do thírdhreach athraitheach úsáid na meán.

Cuideoidh an maoiniú poiblí breise €16m a fuarthas i mí na Nollag 2023 faoi mholtaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán le cuid de na méaduithe costais seo a fhritháireamh, ach ní na costais ar fad.

Fógróidh an Rialtas bunús an tsamhail nua maoinithe poiblí do RTÉ sna míonna amach romhainn. Táthar ag súil go gcuirfidh an tsamhail nua seo maoiniú leordhóthanach ar fáil chun cur ar chumas RTÉ an straitéis Treo Nua a chur i bhfeidhm, a shainchúram seirbhíse poiblí a sholáthar agus RTÉ a chur ar bhonn cobhsaí airgeadais.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

An Leas a Bhaintear as an Táille Ceadúnais

Tugtar tuairisc i nóta 2 leis na ráitis airgeadais ar an leas a bhaintear as an airgead ón táille ceadúnais a fhaigheann RTÉ chun seirbhísí poiblí RTÉ a mhaoiniú.

Leagtar amach i nóta 2(c) an bunús ar a gcuirtear an táille ceadúnais i leith chainéil agus sheirbhísí faoi leith. Sannann RTÉ maoiniú poiblí ar sheirbhísí faoi leith ar bhealach atá i gcomhréir le glanchostas na seirbhíse poiblí. Ríomhtar glanchostas na seirbhíse poiblí tríd an gcionroinnt ó bheartaíocht tráchtála a dhealú ón gcostas comhlán a bhaineann leis an tseirbhís poiblí a thabhairt i gcrích.


Léirítear sa tábla seo a leanas an úsáid a bhaintear as aon táille ceadúnais teilifíse amháin, arna thabhairt san áireamh nach le RTÉ amháin a íoctar an t-airgead a chruinnítear ó tháillí ceadúnais teilifíse:

Úsáid Gach Táille Ceadúnais a Bailíodh

	2023 €	2022 €
RTÉ One	51.96	50.05
RTÉ2	32.56	31.17
Teilifís RTÉ	84.52	81.22
RTÉ Radio 1	11.93	13.49
RTÉ 2fm	2.75	2.60
RTÉ Raidió na Gaeltachta (RnaG)	8.77	8.36
RTÉ lyric fm	3.64	3.54
Raidió RTÉ	27.09	27.99
Ceolfhoirne RTÉ	4.34	3.88
Seirbhísí ar Líne	11.22	12.16
Cainéil agus Seirbhísí Eile	6.98	6.97
Muirir Rialachais agus Cistíochta	-	2.26
Cúrsaí DTT	0.56	0.49
Gníomhaíochtaí RTÉ	134.71	134.97
	84%	84%
Tacaíocht RTÉ do TG4	5.55	5.33
Tobhach BAI	1.20	1.05
Ciste Fuaim agus Fís BAI	10.64	10.64
Costais Bailiúcháin An Post agus Táillí Gaolmhara	7.90	8.01
Beartaíocht Neamh-RTÉ	25.29	25.03
	16%	16%
Costas an Cheadúnais Teilifíse	160.00	160.00

Tugtar achoimre leis an bpíchart thíos ar an dáileadh a rinneadh ar an ioncam ó tháillí an cheadúnais teilifíse a fuair RTÉ i rith na bliana 2023 i ndáil le gné na seirbhíse poiblí de bheartaíocht RTÉ.

LEITHROINNT AR AN IONCAM ON GCEADUNAS TEILIFISE A FUAIR RTE IN 2023



*Áirítear in Eile muirir airgeadais agus rialaithe, a bhaineann le DTT agus cainéil eile

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

An Costas in aghaidh na hUaire Craolta

Mar chuid den Ráiteas Bliantúil faoi na Gealltanais Feidhmiúcháin, foilsíonn RTÉ an meánchostas in aghaidh na huair a bhain leis na cláracha a craoladh ar na cainéil éagsúla. Leagtar amach sa tábla thíos an t-eolas sin i ndáil leis an mbliain 2023 chomh maith le figiúirí inchomórtais leo i leith na bliana 2022.

2023	RTÉ One €'m	RTÉ 2 €'m	RTÉ Radio 1 €'m	RTÉ 2fm €'m	RTÉ lyric fm €'m	RTÉ RnaG €'m
Costais						
Cláracha a dhéantar in Éirinn	109.8	56.3	28.0	5.5	3.9	10.4
Cláracha a Ceannaíodh – in Éirinn	4.7	0.4	-	-	-	-
– Thar Lear	11.3	6.8	-	-	-	-
Oibriúcháin Ghinearálta Craolacháin & Tarchuradóireachta	12.4	9.5	5.3	4.5	0.6	0.4
Táillí Tarchuradóireachta & Cumhachta	1.2	1.3	1.6	1.2	1.2	1.2
	139.4	74.3	34.9	11.2	5.7	12.0
Uaireanta						
Uaireanta Tarchuradóireachta in aghaidh na Bliana (comhchraoladh san áireamh)	8,760	8,760	8,777	8,760	8,760	8,760
Meánchostas Foriomlán in aghaidh na hUaire Craolta–2023						
Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad	15,900	8,500	4,000	1,300	700	1,400

Athbhreithniú

Airgeadais

(ar lean)

2022	RTÉ One €'m	RTÉ 2 €'m	RTÉ Radio 1 €'m	RTÉ 2fm €'m	RTÉ lyric fm €'m	RTÉ RnaG €'m
Costais						
Cláracha a dhéantar in Éirinn	104.8	52.9	27.6	5.5	3.8	10.0
Cláracha a Ceannaíodh – in Éirinn	3.7	0.3	-	-	-	-
– Thar Lear	12.3	6.6	-	-	-	-
Oibriúcháin Ghinearálta						
Craolacháin & Tarchuradóireachta	13.0	9.2	6.0	4.6	0.7	0.6
Táillí Tarchuradóireachta & Cumhachta	1.6	1.6	1.9	1.1	1.1	1.1
	135.4	70.6	35.5	11.2	5.6	11.7
Uaireanta						
Uaireanta Tarchuradóireachta in aghaidh na bliana (comhchraoladh san áireamh)	8,760	8,760	8,805	8,760	8,760	8,760
Meánchostas Foriomlán in aghaidh na hUaire Craolta–2022						
Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad	15,500	8,100	4,000	1,300	600	1,300
Gluaiseacht i rith na bliana						
% d'Athrú ar an gCostas in aghaidh na hUaire¹						
Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad	2.9%	5.3%	(1.2)%	-	4.5%	3.7%

1. Déantar an costas in aghaidh na huair a shlánú go dtí an céad Euro is gaire.

Déantar an céatadán d'athrú a ríomh de réir chostas na huair sula n-oibrítear an slánúchán.

Tarlaíonn athrú ar an meánchostas in aghaidh na huair craolta mar gheall ar thosca éagsúla a dtagann ardú agus ísliú maidir le costais cláir dá mbarr, mar shampla athrú ar chineálacha agus ar mheascán na golár, an leibhéal cómhaoiniúcháin, an líon uaireanta an chloig d'ábhar atá á chraoladh den chéad uair agus líon na n-uaireanta athchraolta.

Seo RTÉ

Teilifís

RTÉ ONE

RTÉ ONE ⁺¹

RTÉ 2

RTÉ 2 ⁺¹



RTÉ News

Raidió

RTÉ RADIO 1

RTÉ 2^{FM}

RTÉ lyric fm

RTÉ RAIDIÓ
NA GAELTACHTA

RTÉ 2><M

RTÉ pulse

RTÉ RADIO 1
EXTRA

RTÉ GOLD[★]



RTÉ radioplayer ó

Nuacht & Cúrsaí Reatha

RTÉ News & Current Affairs

Spórt

RTÉ Sport

Digiteach

RTÉ.ie

RTÉ **PLAYER**

RTÉ Archives

RTÉ News

Ceolfhoirne

RTÉ Concert
Orchestra 

RTÉ GUIDE

SAORVIEW

2rⁿ

RTÉ: Obair na Bliana 2023

An Chruthaitheacht a Chothú in Éirinn

Tá RTÉ tiomanta tacú leis an gcruthaitheacht i measc daoine óga ó raon cúlraí éagsúla agus deis a thabhairt dóibh iad féin a chur in iúl go cruthaitheach.

RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona

Le linn na bliana 2023, thacaigh RTÉ le 170 imeacht ealaíon agus cultúir ar fud na hÉireann trí scéim RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona. Tháinig méadú 30% bliain i ndiaidh bliana ar líon bliantúil feachtas RTÉ a thacaigh le tírdhreach saibhir bríomhar cultúrtha na hÉireann sna réimsí seo a leanas - scannáin, ceol, rince, ceoldrámaí, litríocht, amharclanna agus taispeántais. Ar feadh na bliana, chuir RTÉ lena ghealltanas tacú le himeachtaí nua agus le himeachtaí seanbhunaithe sa phobal, lena n-áirítear, Féile Damhsa Bhaile Átha Cliath, Féile Idirnáisiúnta Ealaíon do Leanaí Baboró, Cúirt - Féile Idirnáisiúnta Litríochta, Fleadh Scannán na Gaillimhe, Féile Cláracha Faisnéise an IFI 2023, Oíche Chultúir 2023, Féile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath agus neart eile. Tá fás seasta tagtha ar líon na bhféilte agus na n-imeachtaí ealaíon agus cultúir ar thacaigh RTÉ leo ó 100 in aghaidh na bliana sa bhliain 2013 go 150 sa bhliain 2022 agus go 170 sa bhliain 2023.

Tríd an scéim seo, déantar cur chun cinn tiomanta ar imeachtaí éagsúla ar an teilifís, ar an raidió agus ar sheirbhísí digiteacha RTÉ chomh maith le tacaíocht leathan a thabhairt dóibh ar fud chainéil shóisialta RTÉ. Le seirbhísí léiriúcháin á gcur ar fáil go minic ag RTÉ, chomh maith le ham craolta le haghaidh bolscaireachta, is téad sábhála atá i scéim RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona d'earnálacha cruthaitheacha agus cultúrtha na hÉireann.

This is Art 2023

D'fhill comórtas ealaíne Éire Ildánach agus RTÉ do dhaoine óga agus fógraíodh na buaiteoirí ar an 10 Meitheamh 2023. Taispeánadh na hiontrálacha go léir a fuarthas sa ghailearaí digiteach náisiúnta ar líne. Ba é 'Seo inspioráid' téama na bliana seo. Fuarthas breis is 3,000 iontráil agus chruthaigh na healaíontóirí óga den uile chumas, a bhí 18 mbliana d'aois agus níos óige, go raibh siad inspioráideach. Roinneadh duaiseanna ó chiste €10,000 ar na buaiteoirí chomh maith le Gradam Grand Prix, *This Is Art!* – trófaí gloine ar leith a coimisiúnaíodh go speisialta agus a bhí déanta de lámh ag an ealaíontóir gloine cáiliúil, Róisín de Buitléar. Den chéad uair riamh bhí taispeántas speisialta ar siúl i nGailearaí an RHA i mBaile Átha Cliath, a bhí oscailte don phobal tar éis imeacht seolta a raibh na healaíontóirí óga agus a dteaghlai i láthair aige.

RTÉ: Obair na Bliana 2023

An Chruthaitheacht a Chothú in Éirinn (ar lean)

Mar a dúirt Stiúrthóir Ceoil 2FM, Adam Fogarty

“Is tionscnamh tábhachtach atá i gceist le Rising dúinne in 2FM ó thaobh ár dtacaíocht do cheol agus do cheoltóirí/amhránaithe na hÉireann. Táimid thar a bheith díograiseach agus diongbháilte faoi. Creidimid gur sampla iontach atá i liosta Rising na bliana 2023 maidir le chomh láidir agus chomh héagsúil atá saol ceoil na hÉireann agus mothaímid go mbeidh ár gcuid éisteoirí chomh spreagtha linn féin faoi chaighdeán na tallainne atá ag teacht chun cinn tríd an gceol dochreidte atá againn sa lá atá inniu ann.”

Tá 2FM Rising ag obair i gcomhar le IMRO agus gheobhaidh gach aon duine de dheichniúr buaiteoirí na bliana seo sparánacht €1,000 an duine (€10,000 ar an iomlán) ó IMRO.

RTÉ Choice Music Prize

Rinne RTÉ Choice Music Prize ceiliúradh ar an gcuid is fearr de cheol taifeadta na hÉireann arís. Tá an duais ar cheann de bhuaicphointí na bliana do thionscal an cheoil ó bunaíodh an duaischiste sa bhliain 2005. Is í CMAT a bhuaigh Albam Éireannach na Bliana Choice Music Prize dá céad albam *If My Wife New I'd Be Dead*, ag searmanas bronnta beo in Vicar Street, Baile Átha Cliath a raibh Tracey Clifford ó 2FM ina bean an tí air agus a craoladh beo ar RTÉ 2FM.

Bhailigh Conor Curley ó Fontaines D.C. an gradam do Cheoltóir Éireannach na Bliana thar ceann an bhanna, agus ghlac Moncrieff le gradam Amhrán na Bliana go fíorúil ó Los Angeles dá amhrán ‘Warm’ – roghnaíodh an t-amhrán ó ghearrliosta ar a raibh 10 gcinn d’amhráin trí vóta poiblí. Ainmníodh Cian Ducrot mar Cheoltóir Éireannach Ceannródaíoch agus tháinig Sinéad O’Connor os comhair an phobail, rud nach dtarlaíonn go minic, chun glacadh lena gradam don Sár-Albam Éireannach, a bhronn Dave Fanning mar aitheantas ar eisiúint a halbaim nuálaigh sa bhliain 1990, *I Do Not Want What I Haven’t Got*.

Craoladh an ócáid beo ar 2FM agus craoladh buaicphointí na hoíche ar chlár teilifíse ar RTÉ2 inar taispeánadh roinnt de na taibhithe eisiacha mar aon le roinnt de na hamhránaithe a bhí ainmnithe, lena n-áirítear, Just Mustard, Aoife Nessa Frances, Pillow Queens, Anna Mieke agus Thumper.

Comórtas Gearrscéalta RTÉ

Is é ‘Mr Hoo’ le John O’Donnell, an scéal a sciob leis gradam na bliana 2023 do Chomórtas Gearrscéalta RTÉ in ómós do Francis MacManus ‘scéal fíorálainn agus scéal a chuirfeadh tocht ort maidir le turas buachalla ar an taobh dorcha, buachaill is furasta a mhealladh agus ar breá leis an nádúr – agus slánú ag teacht ina dhiaidh sin’ dar leis na moltóirí. Fógraíodh buaiteoir an chomórtais ar *Arena RTÉ Short Story Special*, clár beo speisialta a craoladh ar RTÉ Radio 1, a chuir Sean Rocks i láthair in Amharclann an Pavillion i nDún Laoghaire.

Is iad na scríbhneoirí Ferdia Mac Anna, Kathleen MacMahon agus Claire Kilroy a roghnaigh na scéalta a bhuaigh an comórtas.

Mar bhuaiteoir, fuair John O’Donnell seic ar luach €5,000. Bronnadh an dara duais ar ‘Tessa and Viviane’ le Julie Cruickshank, agus bronnadh seic €4,000 uirthi agus bhain to ‘Breathe’ le Robin Livingstone, an tríú duais amach agus seic €3,000. Fuair seachtar eile a bhain duaiseanna amach seic €250 an duine.

RTÉ: Obair na Bliana 2023

An Chruthaitheacht a Chothú in Éirinn (ar lean)

2FM Rising

I measc na n-amhránaithe a bhí ainmnithe mar cheoltóirí 2FM Rising don bhliain 2023, bhí 49th & Main, Aonair, April, Jen Payne, KhahiKid, Negro Impacto, Ryan Mack, Still Blue, Sweetlemondae agus Winnie Ama.

Painéal saineolaithe a chuireann an liosta bliantúil mór le rá seo den deichniúr ceoltóirí a bhfuil cuma na maitheasa orthu le chéile. Cuirtear an deichniúr sin chun cinn go mór ar 2FM le linn na bliana trína gcuid ceoil a sheinm, agallaimh a dhéanamh leo agus trí léirithe beo.

Áirítear i measc alumnais 2FM Rising le blianta beaga anuas, ceoltóirí/amhránaithe den chéad scoth ar nós Fontaines D.C., Denise Chaila, Dermot Kennedy, Jafairs, Lyra, Pillow Queens, Wild Youth, JC Stewart, The Murder Capital, For Those I Love, Monjola, Gemma Dunleavy agus Plantain Papi.

The logo for the RTÉ Choice Music Prize is displayed in a stylized, blocky font. The text 'RTÉ CHOICE MUSIC PRIZE' is arranged in four lines, with 'RTÉ' on the first line, 'CHOICE' on the second, 'MUSIC' on the third, and 'PRIZE' on the fourth. The letters are white with a blue outline, set against a dark blue background. The logo is partially obscured by a large, semi-transparent blue plus sign (+) in the upper right corner of the image.

RTÉ
CHOICE
MUSIC
PRIZE



RTÉ: Obair na Bliana 2023

Cúnamh Taca don Phobal

Tá RTÉ tugtha do chúnamh a thabhairt do phobail áitiúla a gcuid scéalta a chur in iúl, a gcuid cruthaitheachta a fhorbairt agus a gcuid tuairimí féin a chur i láthair.

Ar an Stáitse

Is iad na Dalkey Players, faoi stiúir Emma Jane Nulty, Seaimpíní Drámaíochta Uile Éireann RTÉ mar thoradh ar a gcur i láthair *By the Bog of Cats* le Marina Carr ag Ócáid Cheiliúrtha Bhronnta na nGradam in Óstán Radisson Blu i mBaile Átha Luain, Dé Sathairn an 6 Bealtaine agus clabhsúr á chur le Féile Drámaíochta Uile Éireann RTÉ. Déantar an fhéile bhliantúil a reáchtáil faoi choimirce Chomhairle Drámaíochta Amaitéarach na hÉireann (ADCI), a rinne ceiliúradh ar 70 bliain ar an bhfód i mbliana, bhí naoi gcinn de ghrúpaí ag aisteoireacht i mBaile Átha Luain agus bhí an áit lán go doras. Bhí Grúpa Drámaíochta an Bhaile Dhuibh, a bhí á stiúradh ag Ger Canning, a chuir an *Welkin* i láthair, sa dara háit agus tháinig Grúpa Drámaíochta Dhurlais, faoi stiúir Margaret McCormack, a chuir an *Seafarer* ar stáitse, sa tríú háit.

Cruinniú na nÓg

Bhí an lá cruthaitheachta saor in aisce do dhaoine óga, Cruinniú na nÓg, ar siúl Dé Sathairn an 10 Meitheamh agus bhí breis is 500 imeacht saor in aisce ar siúl do na mílte daoine óga ar fud na tíre. Is comhoibriú é seo idir Clár Éire Ildánach, na húdaráis áitiúla agus RTÉ, agus is é an t-aon imeacht dá leithéid ar domhan, le laethanta oscailte do dhaoine óga ar theastaigh uathu triail a bhain as scileanna sorcais, ceardlanna ar líne agus ar an láthair maidir le rapáil, agus imeachtaí chomh héagsúil le haireachas foraoise i Ráth an Bharraigh, meicnic neamhaí i Réadlann Dhún Sinche, húlalúp i bPort Láirge agus gallúnadóireacht céadfach in Uíbh Fhaillí.

Ag tacú le BTYSTE 2023

Bhí lúcháir ar RTÉ, tar éis dhá bhliain de Thaispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT a bheith mar imeacht fíorúil, filleadh ar an RDS agus tacú le meánscoileanna ar fud na tíre le sceideal a bhí plódaithe agus seastán taispeántais nua as an bpíosa sa Halla Tionscal. Chuir réalta RTÉ 2FM, Sello, taibhiú ar fáil le linn an tsearmanais oscailte agus d'fhill gníomhaíocht Aimsir RTÉ 'Cuir an Aimsir i láthair', gníomhaíocht a bhfuil tóir mhór uirthi, sa bhliain 2023, inar tugadh deis do chuariteoirí triail a bhaint as an aimsir a chur i láthair agus úsáid á baint acu as soilse, ceamaraí, uathleideoir agus grafaicí aimsire. Bhí roinnt de láithreoirí Aimsir RTÉ ar fáil chun sainchomhairle agus uirlisí tacaíochta agus treoracha a thabhairt.



RTÉ: Obair na Bliana 2023

I mbun Meantóireachta ar Dhaoine Óga Cumasacha

I mí Dheireadh Fómhair 2023, rinne RTÉ óstach ar mháistir-rang san iriseoireacht iniúchta – imeacht seachtrach a bhí oscailte do mhic léinn, do chéimithe, do léachtóirí iriseoireachta agus do mheantóirí agus meantaithe lontaobhas John Schofield.

Is í Katie Hannon, an t-iriseoir cáiliúil agus déantóir cláracha faisnéise, a rinne óstach ar an máistir-rang in éineacht le tuairisceoir *RTÉ Investigates*, Aoife Hegarty, Eagarthóir Aonad Imscrúdaithe RTÉ, David Doran agus Eagarthóir Bainistíochta Cúrsaí Reatha Teilifíse, Paul Maguire.

Clár Intéirneachta RTÉ

Sa bhliain 2023, ghlac cúig dhuine dhéag (15) ardaidhmeannach páirt in intéirneacht íoctha sé mhí RTÉ. Cuireann an tionscnamh seo uileghabhálacht ina chroílár, ó dhearadh go seachadadh. Chomh maith leis sin, cuidíonn sé le RTÉ a bheith nuálach i réimsí cosúil le hearcú agus ó thaobh oiliúna agus forbartha de. Ghlac na hintéirneigh páirt i gcúrsa cuimsitheach trí seachtaine, a chuidigh leo na scileanna atá riachtanach do ghairm sna meáin a shealbhú. Cuireadh oiliúint agus deiseanna breise ar fáil dóibh ar feadh a gcuid ama le RTÉ. Chomh maith leis sin, cuireadh na hintéirneigh in éineacht le meantóirí oilte chun cuidiú lena bhforbairt ghairmiúil agus phearsanta. Chun barr a leasa a bhaint amach, agus le tionchar na hintéirneachta ar an eagraíocht níos leithne a mhéadú, roinneadh na hintéirneigh i bhfoirne ar fud na seirbhísí go léir, lena n-áirítear, raidió, teilifís, nuacht agus cúrsaí reatha, an Ghaeilge, cláracha do dhaoine óga, spórt, an rannóg teicneolaíochta agus tráchtála.

Líonra Óige Ildánach RTÉ

Sheolamar Líonra Óige Ildánach RTÉ i mí Dheireadh Fómhair, 2023 agus chuireamar fáilte roimh 100 duine óg cruthaitheach chuig RTÉ. Tháinig scríbhneoirí óga cumasacha, lucht cruthaithe ábhair agus iriseoirí ardaidhmeannacha a fhad linn agus tugadh le chéile iad chun aithne a chur ar a chéile agus páirt a ghlacadh sa chéad seisiún a bhí dírithe ar léiriú teilifíse. Roinn ár bpainéalaithe a dtaithe, eolas agus tallann go léir agus labhair siad go diongbháilte faoin méid atá idir lámha acu. Ina dhiaidh sin, bhí deis ag an ngrúpa aithne a chur ar a chéile agus nascadh le RTÉ agus lenár bpainéalaithe.

Tá RTÉ i mbun clár maidir le Líonra Óige Ildánach RTÉ a reáchtáil ar bhonn píolótach i rith na bliana 2023/2024 le díospóireacht phainéil faoi ghnéithe éagsúla d'ábhar raidió, ar líne agus léirithe teilifíse agus turais theagmhálacha agus turais ar chúl an stáitse lenár gcríú.

Máistir-rang san Iriseoireacht Iniúchta

Tugann RTÉ tacaíocht d'lontaobhas John Schofield agus a scéim meantóireachta.

Féachtar le hlontaobhas John Schofield feabhas a chur ar shoghluaisteacht shóisialta i seomraí nuachta na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe trína scéimeanna meantóireachta d'iriseoirí go luath ina ngairmréim agus d'iriseoirí atá ar phrintíseacht, agus do mhic léinn fochéime iriseoireachta. Tá daoine ó chúlraí éagsúla agus ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste faoi ghannionadaíocht shuntasach in earnáil na hiriseoireachta. Creideann an tlontaobhas nach mór athrú a chur air seo ar bhonn práinne ionas go mbeidh sé ar chumas seomraí nuachta scáthánú a dhéanamh ar an tsochaí. Tacaíonn an tlontaobhas le daoine óga nach mbeadh gairm san iriseoireacht breithnithe acu murach an tlontaobhas, rud a chuireann ar a gcumas a gcuid scéalta agus a dtaithe éagsúil a chur os comhar an phobail.



RTÉ: Obair na Bliana 2023

Treallús a chur faoi Uileghabhálacht agus Comhionannas

Dualgas na hEarnála Poiblí

Ag teacht lenár mbunluachanna, tá RTÉ tiomanta ár n-oibleagáidí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 a chomhlíonadh. Bunaítear le hAlt 42 den Acht sin dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna gach duine lena mbíonn siad i dteagmháil a chosaint – baill foirne, úsáideoirí seirbhíse agus páirtithe leasmhara araon.

Tá Creat Rialachais foriomlán RTÉ á athbhreithniú agus á thabhairt cothrom le dáta faoi láthair agus tá cáipéis nuashonraithe Ráiteas Straitéise 2025-2029 á ullmhú. Beidh RTÉ ag tabhairt faoi Mheasúnú nua maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí agus chun Plean Gníomhaíochta nuashonraithe a dhoiciméadú i gcomhthéacs na bhforbairtí sin. Déanfar tuairisciú air sin i dtuarascálacha bliantúla amach anseo.

Ceardlanna Uileghabhálachta Comhfhiosacha

Le linn na bliana 2023, ghlac an fhoireann ar fud eagraíocht RTÉ páirt i líon ceardlanna uileghabhálachta comhfhiosacha. Tá sé mar aidhm ag na seisiúin seo iniúchadh a dhéanamh ar an gcoincheap maidir le claontacht neamh-chomhfhiosach agus scileanna a chur ar fáil do na foghlaimoírí maidir le bealaí lena tionchar a mhaolú. Ba é an cuspóir a bhí againn oibriú le chéile chun cultúr uileghabhálach agus timpeallacht a chruthú ina gcuirtear fáilte roimh thuairimí éagsúla agus ina lorgaítear tuairimí éagsúla ceann ar aghaidh.

Seachtain Feasachta Seas an Fód

I mí na Samhna, thacaigh RTÉ 2FM le Seachtain Feasachta Seas an Fód – am do scoileanna dara leibhéal, seirbhísí óige, agus Ionaid Ógtheagmhála ar fud na hÉireann seasamh a ghlacadh i gcoinne bulaíochta atá homafóbach, défhóbach agus trasfhóbach. Is é seo an cúigiú huair a ndeachaigh RTÉ 2FM i bpáirt le Belong To Youth Services chun tacú leis an bhfeachtas tábhachtach seo.

Tuarascáil maidir leis mBearna Phá idir na hInscní

I mí na Nollag 2023, d'fhoilsigh RTÉ an dara tuarascáil bhliantúil maidir leis an mbearna phá idir na hInscní. Cuirtear deis thábhachtach ar fáil dúinn leis na tuarascálacha bliantúla seo chun an dul chun cinn sa réimse seo a thomhas, machnamh a dhéanamh ar na torthaí agus na réimsí is féidir a fheabhsú a aithint.

Táimid tiomanta d'áit níos fearr a dhéanamh de RTÉ le hoibriú ann agus áirítear leis sin, cibé céimeanna is gá a ghlacadh leis an mbearna phá idir na hInscní a laghdú. Deimhníodh i dtuarascáil bhliantúil 2023 RTÉ maidir leis an mbearna phá idir na hInscní go bhfuil bearna phá idir na hInscní, bíodh is go bhfuil an bhearna sin níos lú ná an bhliain seo caite, agus leanfaimid orainn ag obair chun aghaidh a thabhairt air seo. Aithnímid gur féidir linn, agus nach mór dúinn, déanamh níos fearr.

Is ionann an bhearna phá idir na hInscní agus 11.29% ar an meán (2022: 11.55%) agus is ionann an bhearna phá idir na hInscní meánach agus 12.75% (2022: 13.03%).

Áirítear i ngníomhartha leanúnacha RTÉ atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar an mbearna phá idir na hInscní, polasaithe oibre solúbtha éagsúla agus leathana a chur ar fáil, chomh maith le deiseanna foghlama agus forbartha a thairiscint agus ár bpróisis fostaithe a dhéanamh níos uileghabhálaí. Chuidigh an clár rathúil intéirneachta agus na gníomhartha for-rochtana linn líonraí nua a chruthú agus iarratasóirí ó phobail eile a mhealladh, agus tá RTÉ i bhfad níos fearr mar thoradh air sin. Ach tá neart eile le déanamh.

50:50 The Equality Project

Tá RTÉ fós ina chomhpháirtí seachtrach sa 50:50 *The Equality Project*. Leis an tionscnamh seo, úsáidtear modheolaíocht atá fréamhaithe i sonraí, i gcruthaitheacht, i bpraiticiúlacht agus i bpaisean chun ionadaíocht a athrú ó bhonn sna meáin. Sa chomhthéacs seo, lean foirne ar fud na heagraíochta de mhonatóireacht a dhéanamh ar líon na mban agus na bhfear ina n-ábhar, rianaíonn siad a ndul chun cinn agus tuairiscíonn siad a gcuid sonraí do Ghrúpa Ilchineálachta Ábhar RTÉ.

Tar éis na modheolaíochta a cuireadh ar bun leis an tionscadal 50:50, ní chomhaireann foirne rannpháirteacha ach na rannpháirtithe atá faoina gcúram.



RTÉ: Obair na Bliana 2023

Breis Rochtana, Breis Foghlama

Tá RTÉ rialaithe ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí Rochtana ag Coimisiún na Meán (Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) roimhe seo).

Le linn na bliana 2023, sháraigh RTÉ na spriocanna a bhí leagtha síos ag Coimisiún na Meán ó thaobh Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) a sholáthar ar fud gach cainéal líneach.

- Bhí 99% de na cláracha buaic-ama go léir ar RTÉ One ar fáil le fotheidil agus bhí 99.9% de na cláracha buaic-ama go léir ar RTÉ2 ar fáil le fotheidil.
- Ar RTÉjr bhí 53% de na cláracha ar fáil le fotheidil.
- Bhí 13.8% den ábhar ar RTÉ One agus ar RTÉ2 á chraoladh le Tráchttaireacht Fuaim.
- Bhí 14.97% den ábhar ar RTÉjr á chraoladh le Tráchttaireacht Fuaim.

ISL ar an Late Late Toy Show

Bá sa bhliain 2023 an chéad bhliain ar chuir beirt ateangairí bodhra teanga chomharthaíochta ar fáil ar an *Late Late Toy Show*, is iad sin, Sarah-Jane O'Regan agus Jason Maguire, agus iad ag obair leis na hateangairí éisteachta Amanda Coogan agus Ciara Grant. Bhí gearrthóga ISL le fáil ar Nuacht RTÉ agus an RTÉ Player le linn sosanna fógraíochta de Dhaidí na Nollag agus é ar cuairt i Scoil an Teaghlaigh Naofa do na Bodhair i gCabrach. Craoladh an seó beo Dé hAoine an 24 Samhain ar RTÉ News Channel agus ar an RTÉ Player ar fud an domhain. Bhí ISL ar an *Late Late Toy Show* ar fáil le sruthú go gairid tar éis an chraolta bheo.

Bíonn an t-aiseolas a fhaightear ón bpobal ISL agus ón bpobal níos leithne thar a bheith dearfach i gcónaí bliain ar bhliain. Bhí glacadh maith go háirithe ag an bpobal ISL le seó na bliana seo ar a bhfuil beirt láithreoirí bodhra agus an ISL mar chéad teanga acu.

Seachtain Feasachta ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann

Bhí lúcháir ar RTÉ tacú le Seachtain Feasachta ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 2023, ó Dé Luain go dtí Dé Domhnaigh an 18 - 24 Meán Fómhair, le roinnt cláracha agus ábhar speisialta ISL ar fud ár seirbhísí ar feadh na seachtaine, rud a thug léiriú ar thiomantas leanúnach RTÉ don phobal Bodhar agus Lagéisteachta in Éirinn.



RTÉ: Obair na Bliana 2023

Breis Rochtana, Breis Foghlama (ar lean)

Áiríodh ar bhuaicphointí:

- Bhí Caroline Worthington ó fhoireann teanga comharthaíochta Nuacht agus Aimsir RTÉ ar an láthair in éineacht le Bláthnaid Ní Chofaigh ó *Nationwide* RTÉ ag na Trialacha Idirnáisiúnta Madraí Caorach i mBaile Coimín agus bhí cur i láthair ISL ar an scáileán ar feadh an ama.
- Léirigh *Nuacht RTÉ* le Comharthaíocht an téama gach aon lá de Sheachtain Feasachta ISL.
- Bhí beirt rannpháirtithe óga Bodhra agus Lagéisteachta ar RTÉ2, news2day ar feadh na seachtaine.
- Ar RTÉjr agus ar RTÉ2, bhí ISL le fáil ar roinnt cláracha leanaí ar feadh na seachtaine.
- Rinne Aimsir RTÉ óstach ar dhaltai bodhra na hIdirbhliana ó Scoil an Teaghlaigh Naofa do na Bodhair, Dé Máirt an 19 Meán Fómhair chun an bealach a gcuirtear Aimsir ISL i láthair a thaispeáint dóibh.
- Ar an Satharn an 23 Meán Fómhair, Lá Idirnáisiúnta na Teanga Comharthaíochta, iompaíodh comhartha RTÉ ag an mbealach isteach chuig campas RTÉ i nDomhnach Broc Gorm, dath suntasach a sheasann don Teanga Chomharthaíochta agus a léiríonn an meas atá ag na pobail Bhodhair ar a dteanga féin.
- Chuir RTÉ tús arís freisin le ranganna ISL don fhoireann.

Oiliúint Feasachta ar Bhodhaire

Thug RTÉ cuireadh do Chumann Bodhar na hÉireann chun Oiliúint Feasachta ar Bhodhaire a chur ar fáil don fhoireann ar an 14 Nollaig, chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Náisiúnta ISL, an lá ar chuir an Dáil an tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann tríd (agus ar shínigh an tUachtarán Higgins an tAcht ina dhlí ar an 24 Nollaig 2017). Bhí dath gorm arís ar chomhartha RTÉ ar an bplás chun tacú le Lá Náisiúnta ISL.

Tá sé mar aidhm le hOiliúint Feasachta ar Bhodhaire béim a chur ar thaithí an Phobail Bodhair agus ar na fadhbanna agus ar na bacainní a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt orthu. Táthar ag súil go gcuirfidh an clár seo treoir agus soiléireacht ar fáil dóibh siúd ar bheagán taithí nó gan taithí ar bith ar an bPobal Bodhar, agus go gcothóidh sé sin tuiscint agus cumas daoine chun cumarsáid a dhéanamh leis an duine atá bodhar ar bhealach atá sothuigthe. Féachtar leis cultúr agus teanga an Phobail Bodhair a léiriú. Tá Feasacht ar an bPobal Bodhar riachtanach ar mhaithe le deireadh a chur le bacainní agus le dearcadh nach bhfuil bunús ar bith leo.



RTÉ: Obair na Bliana 2023

Breis Rochtana, Breis Foghlama (ar lean)

Oiliúint Feasachta ar Bhodhaire agus ar Dhaille


Bhí Oiliúint Feasachta ar Bhodhaire agus ar Dhaille Fhondúireacht Anne Sullivan ar siúl ar an 27 Meitheamh (lá breithe Helen Keller), le linn na Seachtaine Feasachta ar na Bodhair agus ar na Daille. Clúdaíodh san oiliúint ábhair ar nós, na cúiseanna is bun le daoine a bheith bodhar agus dall agus áiríodh gné thrialach inti inar chaith an lucht freastail púicíní agus cluasáin agus iad ag iarraidh a mbealach a dhéanamh timpeall an tseomra le cúnaimh.

Cuireann an tSeachtain Feasachta ar na Bodhair agus ar na Daille deis ar fáil le tuiscint a fháil ar thaithí daoine aonair atá bodhar agus dall agus an méid atá á baint amach acu a aithint agus a cheiliúradh. Tá sé ríthábhachtach go n-aithneofaí an bhodhaire agus an daille mar mhíchumas chun módúlacht cúraim a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus chun na córais tacaíochta cuí a aithint. Tá ról ríthábhachtach á imirt ag an tSeachtain Feasachta ar na Bodhair agus ar na Daille ó thaobh cur le feasacht daoine ar na dúshláin uathúla a bhíonn ar na bodhair agus na daille aghaidh a thabhairt orthu chun a gcuid riachtanais a aithint agus labhairt ar a son.

Tá fáilte curtha ag úsáideoirí bodhra agus lagamhairc roimh na feabhsúcháin atá déanta ag RTÉ ar thráchttaireacht fuaime le blianta beaga anuas. Tá oiliúint curtha ar na tráchtairí fuaime atá againn go dtí an caighdeán idirnáisiúnta is airde agus tá máistir-rang tráchttaireachta fuaime tugtha chun críche acu.

Tá curtha againn lenár n-aschur tráchttaireachta fuaime ar fud gach cainéal agus seánra, le fócas ar chaighdeán agus ar úsáid guthanna Éireannacha.

RTÉ News



Hi, my name
is Japhet.

RTÉ: Obair na Bliana 2023

Ag Cur Treallús faoi Inbhuanaitheacht Níos Fearr

D'fhoilsigh RTÉ, RTÉ agus an *Aeráid 2023–2025*, ar mhaithe le tiomantas RTÉ don inbhuanaitheacht a bhuanú ar chomhthéacs níos leithne trí úsáid a bhaint as cláracha agus as ábhar chun oideachas a chur don lucht féachana faoin aeráide bunaithe ar thaighde eolaíochta. Tá clúdach timpeallachta agus athraithe aeráide comhtháthaithe i gcláracha Nuachta agus Cúrsaí Reatha RTÉ agus tá siad ar fáil i gcónaí ar fud ardáin RTÉ go léir.

Lean RTÉ de bheith i mbun rannpháirtíochta le Albert, clár atá á bhainistiú ag BAFTA agus atá leagtha amach chun tacú le cláracha teilifíse a dhéanamh níos inbhuanaithe agus úsáid á baint as áireamhán carbóin. Leis an áireamhán seo, cuirtear deis ar fáil le rianú a dhéanamh ar phríomh-mheadarachtaí a mbíonn athrú iompair dearfach mar thoradh orthu, ar mhaithe le tacú le hinbhuanaitheacht níos fearr agus chun deis a thabhairt d'fhoirne léiriúcháin a lorg carbóin a thomhas agus céimeanna a ghlacadh go gníomhach chun é a laghdú.

Bhain 315 clár ar an iomlán deimhniú Albert amach sa bhliain 2023, ardú ó 111 clár i gcomparáid leis an mbliain 2022, agus áiríonn sé na sraitheanna seo a leanas:

- *The Late Late Show (sraith 2023/2024)*
- *The Today Show (leanúnach)*
- *Prime Time (leanúnach)*
- *Tommy Tiernan Show (2023)*
- *Champions League (2023)*
- *Rugby World Cup (2023)*
- *The Meaning of Life (2023)*
- *Aistear an Amhráin (2023)*
- *The Vanishing Triangle (2023)*
- *The Nobody Zone (2023).*

Bainistiú fuinnimh

Tá RTÉ ina cheannródaí anois laistigh den earnáil phoiblí trína spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP) a shárú agus trí sheasamh go láidir le hoibleagáidí CAP23. Is é RTÉ an chéad chraoltóir in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe chun an caighdeán idirnáisiúnta bainistithe fuinnimh ISO50001 a bhaint amach i mí Feabhra 2021.

Mar chuid den phróiseas ISO 50001, coinníonn RTÉ clár deiseanna faoi athbhreithniú go leanúnach ina n-aithnítear agus ina ndéantar measúnú ar dheiseanna éifeachtúlachta fuinnimh spriocdhírthe.



RTÉ: Obair na Bliana 2023

Ag Cur Treallús faoi Inbhuanaitheacht Níos Fearr (ar lean)

Sa bhliain 2023, dhírigh an Fhoireann Fuinnimh ar uasghrádú a dhéanamh ar sheanchórais aerchóirithe san Fhoirgneamh Teilifíse ar ár gcampas i nDomhnach Broc go gaothráin leanúna agus rialaitheoirí nua-aimseartha (CL). Mar thoradh air sin, sábháladh thart ar 70% d'fhuinneamh ó thaobh na gcóras áirithe sin.

Déanfar athsholáthar ar an gcóras uisce fuaraithe sa Lárionad Teilifíse, is úsáideoir suntasach fuinnimh atá anseo, agus cuirfear córas nua-aimseartha atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh ina áit a chiallóidh go mbeidh laghdú thart 40% ar idiú fuinnimh.

Cé gur príomhghné dár gcóras bainistithe fuinnimh é ár n-úsáid fuinnimh a laghdú, tá 50kW de ghiniúint fótavoltach (PV) suiteáilte againn freisin ar dhíon Stáitse 7 ar ár gcampas i nDomhnach Broc. Ar an iomlán, tháinig laghdú 3% ar idiú fuinnimh leictreachais RTÉ ar an láthair i nDomhnach Broc.

Bainistiú dramhaíola

Níor cuireadh aon dramhaíl de chuid RTÉ i líonadh talún ón mbliain 2017 i leith agus tá próisis éifeachtacha bainistithe agus coiscthe dramhaíola fós ag cur lenár dtáirge dramhaíola a laghdú. Cuirtear an tábhacht a bhaineann le dramhaíl a chosc agus a dheighilt chun cinn go gníomhach le polasaí 'athchúrsáil ag an bhfoinse'. Bhí tionchar ag tionscadal ó thaobh laghdú a dhéanamh ar úsáid málaí diúscartha dramhaíola ar an bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta ar an iomlán.

Bithéagsúlacht

Tá roinnt spásanna a thacaíonn le pailniú ar fud champas RTÉ i nDomhnach Broc. Mar chomhalta fíoraithe de phlean Phailneoirí Uile-Éireann, tá RTÉ tiomanta don tionscadal seo i gcónaí.

Uisce

Tá sé mar aidhm ag RTÉ tacú le huailmhianta náisiúnta caomhnaithe agus cosanta uisce. Tá méadar anois ar níos mó ná 97% de na príomhfhoirgnimh áiseanna chun cur amú uisce a laghdú.

B'ionann an t-uisce nach raibh cuntas air (neamh-mhéadraithe/sceitheadh) in 2023 ar shuíomh Dhomhnach Broc agus 27% den uisce iomlán a úsáideadh mar gheall ar mheascán de mhéadrú breise agus deireadh curtha le sceitheadh laistigh den líonra trí fheabhsúcháin ar an bpíobán uisce príomhlíonra. Tá laghdú 10% tagtha ar úsáid uisce an phríomhlíonra le cúig bliana anuas.



RTÉ: Obair na Bliana 2023

Ag Cur Treallús faoi Inbhuanaitheacht Níos Fearr (ar lean)

Ag obair i gcomhar le chéile chun difríocht a dhéanamh

- Tá RTÉ, ina shínteoir ar Chairt Treochláir Inbhuanaitheachta Choimisiún na Meán (an BAI roimhe seo), tiomanta do chomhoibriú le comhpháirtithe i dtionscal meán agus scáileáin na hÉireann chun straitéisí a aithint inar féidir dlús a chur leis an aistriú chuig táirgeadh astaíochtaí níos ísle.
- Tá RTÉ, ina chomhpháirtí i gComhghuaillíocht Inbhuanaitheachta Aontas Craolacháin na hEorpa, ag comhoibriú le comhlachtaí meán eile ar fud na hEorpa chun bealaí a iniúchadh inar féidir le craoltóirí ról ceannaireachta a imirt in athchóiriú léirithe craolacháin, agus tuiscint ar an aeráid agus gníomhaíocht aeráide a chur chun cinn don lucht féachana.
- Tá RTÉ ina chomhalta gníomhach de Sustainable Media Ireland. Arna bhunú ag Coimisiún na Meán, tugann Sustainable Media Ireland craoltóirí le chéile agus é mar sprioc acu a bheith ina gceannródaithe inbhuanaitheachta agus iad ag úsáid a nguth in éineacht chun todhchaí ina bhfuil níos mó teacht aniar agus atá níos ionchuimsithe agus níos glaise a chruthú do chách. Chomh maith leis sin, cuireann Sustainable Media Ireland roimhe tionchar dearfach a bheith aige ar Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe.
- Tá RTÉ ar cheann de 26 comhlacht in Éirinn atá roghnaithe mar Sheaimpín SDG 2022/2023. Cruthaíodh an clár seo, atá á chomhordú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, chun cur le feachtas an phobail ar na SDGanna agus leis an mbealach a thaispeáint inar féidir leis an uile dhuine sa tsochaí cur le Clár Oibre d'Fhorbairt Inbhuanaithe 2030 trí úsáid a bhaint as samplaí Seaimpíní SDG.

Seachtain Eolaíochta 2023 – Fócas ar Athrú Aeráide


Tá gníomhú ar son na haeráide agus ar son ár dtodhchaí i lár an aonaigh in RTÉ, agus le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, rinneadh ceiliúradh ar Sheachtain Eolaíochta 2023 le raon leathan ábhar ar théama speisialta ar fud theilifís, raidió agus sheirbhís ar líne RTÉ, lena n-áirítear, Nuacht RTÉ agus acmhainní tiomanta ar líne ar www.rte.ie/scienceweek, ón Domhnach an 12 Samhain go dtí an Domhnach an 19 Samhain.

Chuidigh filleadh *10 Things to Know About* leis an lucht féachana níos mó a fhoghlaim faoinár bpláinéad, agus thaispeáin an clár faisnéise a mhair uair an chloig, *Game Changer: AI & You* an chumhacht agus an tionchar breise atá ag AI ar an saol.

RTÉ: Obair na Bliana 2023

Ag Cur Treallús faoi Inbhuanaitheacht Níos Fearr (ar lean)

Sa chlár *Tomorrow Tonight*, dráma faisnéise a raibh script leis agus a bhí suite 27 mbliana chun cinn, threoraigh Mark Little agus Carla O'Brien muid trí na scéalta nuachta a bhí ag briseadh ar oíche sheismeach sa bhliain 2050, tráth a bhfuil an t-athrú aeráide ag brú an phláinéid i dtreo géarchéime. Chuir RTÉjr neart ábhar machnaimh ar fáil don intinn atá fiosrach i bhfoirm sraitheanna, míreanna agus podchraoltaí ar feadh Sheachtain na hEolaíochta, ar fud na teilifíse, an raidió agus ar líne, podchraoltaí ina measc.



RTÉ: Obair na Bliana 2023

Saol Leanaí a Athrú go Deo

Agus leanaí ina n-ábhar inspioráide, déanann an RTÉ Toy Show Appeal draíocht *The Late Late Toy Show* a thabhairt do gach leanbh in Éirinn. Trí thacaíocht riachtanach, sláinte, folláine, súgradh agus cruthaitheacht a mhaoiniú, tá sé mar aidhm ag RTÉ saol leanaí a athrú go deo.

Tá breis agus €21m bronnta ag an bpobal sna ceithre bliana ó bunaíodh é chun cabhrú le leanaí a bhfuil leibhéal éigin cabhrach breise ag teastáil uathu. Meastar gur tugadh cúnamh do bhreis is 1.2 milliún leanbh agus ball dá dteaghlaigh gach bliain ó cuireadh tús leis an RTÉ Toy Show Appeal. Chuidigh na mílte síntiús aonair le saol leanaí i ngach contae in Éirinn a athrú.

In 2023, cuireadh an t-airgead a bailíodh ar fáil mar dheontais do charthanais chláráithe a oibríonn chun feabhas a chur ar shaol leanaí trí phróiseas iarratais oscailte, arna bhainistiú thar ceann RTÉ ag Fondúireacht Phobail na hÉireann.

A bhuíochas do fhlaithiúlacht lucht féachana RTÉ i mí na Samhna 2022, bhí an RTÉ Toy Show Appeal in ann tacaíocht deontais a thabhairt do réimse dochreidte tionscadal sa bhliain 2023. I measc na dtionscadal sin bhí trealamh speisialaithe a chur ar fáil do leanaí faoi mhíchumas; tacaíochtaí breise a thabhairt do leanaí san ospidéal; bia agus cothú a chur ar fáil do leanaí a bhí i mbaol bochtaineachta bia; agus deiseanna áthais agus gliondair a chur ar fáil trí fhéilte agus trí ghrúpaí súgartha.

Cuireadh deontais ar fáil faoin dtrí théama seo a leanas sna catagóirí seo a leanas:

- Aghaidh a thabhairt ar Riachtanais Riachtanacha
- Sláinte agus Folláine
- Spraoi agus Cruthaíocht

Trí Bhabhta Oscailte Deontais, tugadh cuireadh do charthanais iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú trí Bhabhta an Phobail (suas le €25,000) nó tríd an mBabhta Tionchair (suas le €75,000).

Deontais ag Leibhéal Pobail

Cuireadh deontais suas le €25,000 ar fáil d'eagraíochtaí incháilithe (a raibh láimhdeachas níos lú ná €500,000 acu) a bhí in ann tionchar a gcuid oibre ag leibhéal áitiúil agus ag leibhéal pobail a léiriú.

Deontais Tionchair

Deontais idir €25,000 agus €75,000 do thionscadail ar scála suntasach, ar dócha go rachadh siad chun tairbhe do go leor leanaí, nó go rachadh i ngleic le riachtanas an-speisialaithe.



RTÉ: Obair na Bliana 2023

Saol Leanaí a Athrú go Deo

An Chaoi ar Chuidigh an RTÉ Toy Show Appeal le Leanaí in 2023

- An líon iomlán a bronnadh ar charthanais i bPoblacht na hÉireann: go Meán Fómhair 2023 €3,586,000 (2022 €5,991,449)
- Bhain 147 gcarthanas ar fud oileán na hÉireann ar fad tairbhe as (133 carthanas leanaí in Éirinn agus 14 carthanas leanaí i dTuaisceart Éireann)
- An líon iomlán a bronnadh ar charthanais i dTuaisceart Éireann: £312,942.46

Thacaigh an Babhta Pobail le 79 carthanas ar fud oileán na hÉireann le tacaíocht a thabhairt ar leibhéal áitiúil do na leanaí agus na daoine óga is leochailí agus is imeallaithe. Le maoiniú ón RTÉ Toy Show Appeal, tá carthanais ag cur Bainc Bhia Phobail ar fáil do leanaí a bhfuil tionchar ag géarchéim an chostais maireachtála orthu, clubanna obair bhaile tar éis na scoile do leanaí ó phobal an Lucht Siúil agus cláir ghníomhaíochta eachtraíochta do dhaoine óga atá faoi mhíchumas.

Thacaigh an Babhta do Dheontais Tionchair le 68 carthanas ar fud an oileáin dul i gcion go mór agus go fadtéarmach ar leanaí agus ar dhaoine óga. Bhí tacaíochtaí teiripeacha cruthaitheacha do leanaí a d'fhulaing foréigean baile, cláir folláine do leanaí atá ag fáil cóir leighis le haghaidh ailse agus earraí riachtanacha do leanaí atá ag lorg tearmainn in Éirinn mar chuid de sin.

Léigh Tuarascáil Tionchair an RTÉ Toy Show Appeal anseo. <https://about.rte.ie/wp-content/uploads/2023/11/RTE-Toy-Show-Appeal-Impact-Report-2022.pdf>

An RTÉ Toy Show Appeal

Bhain



1.2 milliún leanbh agus ball dá dteaghlaigh

tairbhe as an RTÉ Toy Show Appeal anuraidh



Dheonaigh an pobal

€4 milliún

i mí na Samhna seo caite chun cuidiú le saol leanaí a athrú



Tugadh tacaíocht deontais do

147 tionscadal



Bhí lucht féachana teilifíse

1.6 milliún

duine ag féachaint ar The Late Late Toy Show, féachadh air i 139 tír ar an RTÉ Player



Tá breis agus

€17 milliún

deonaithe ó 2020 i leith tríd an RTÉ Toy Show Appeal chun cabhrú le leanaí.

Duaiseanna Na Bliana 2023

Den dara huair le trí bliana anuas, bhuaigh RTÉ Raidió na Gaeltachta an gradam idirnáisiúnta mór le rá do Stáisiún Raidió na Bliana ag Féile Idirnáisiúnta na Meán Ceilteach.

Bhain foireann Documentary on One RTÉ líon gradam amach don chlár faisnéise, *Blackrock Boys*, lena n-áirítear, an duais d'Imscrúdú Fuaime Eorpach is Fearr na Bliana ag Gradaim Prix Europa 2023, an Clár Faisnéise is fearr ag an dara bliain de Ghradaim Bhliantúla Podchraoltaí na hÉireann, an Clár Faisnéise is fearr ag Gradaim IMRO, Gradaim na Meán Ceartais sa chatagóir Tuairiscoithe ar Chearta Daonna/Ceartas Sóisialta (Craoladh) agus Gradam Aitheantais Speisialta ag Gradaim na Meán Meabhairshláinte Headline.

Bhí bliain rathúil eile ag Podchraoltaí RTÉjr sa bhliain 2023. Bhuaigh an podchraoladh mistéire, *Cereal* bonn óir ag Féile Raidió NYC. Bhuaigh *A New Home* bonn airgid sa chatagóir chéanna. Bhain *The Listener* le Monkeyshine Theatre Company bonn ór amach ag Gradaim IMRO sa chatagóir don Dráma Raidió is Fearr. Fuair podchraoltaí RTÉjr ainmniúcháin le haghaidh 13 ghradam ar leith ag Gradaim Phodchraoltaí na hÉireann, agus ar bharr an liosta sa chatagóir an Teaghlach agus Réalta Óga bhí *Kidcast* agus Bobby Aherne, a chruthaigh Nero's Class.

Bronnadh an Grand Prix – Gradam Scannán is Fearr na Féile, ar North Atlantic: *The Dark Ocean* ag Féile Scannán Wildlife Rotterdam. Fuair an scannán an ceann is fearr ar iomaitheoirí cáiliúla eile, *Our Frozen Planet* ar an BBC ina measc. Rinne RTÉ coimisiúnú ar *North Atlantic* a léirigh Sea Fever Productions agus a mhaoinigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Coimisiún na Meán; Foras na Mara; an EPA; agus scéim Alt 481 an Rialtais do Scannáin agus don Teilifís.

Bronnadh Gradaim Saoil Acadamh Scannán agus Teilifíse na hÉireann (IFTA) ar an aisteoir Bryan Murray ó *Fair City* i mí na Nollag mar aitheantas ar an goion thar na bearta atá curtha aige le saol na scannánaíochta agus na teilifíse.

Bhain *Sunday Miscellany* RTÉ Radio 1 Gradam amach don Leabhar Éireannach is Fearr a Foilsíodh ag Gradaim Leabhar na hÉireann An Post i mí na Samhna do *Sunday Miscellany: A Selection 2018–2023* (a bhí curtha in eagar ag Sarah Binchy), a bhain barr an liosta sárdhíola amach.

Bhain *Marconi & Me* le Zoë Comyns de chuid RTÉ Drama on One an tríú duais amach sa chatagóir Dhrámaíochta sa 26ú Prix Marulić ag searmanas ar oileán Hvar sa Chróit.

Bhain tionscadal cartlainne RTÉ *‘Barr Feabhais i gCaomhnú Meán chun na straitéisí fíorluachmhara maidir le holldigitíú agus aistriúthe formáidí meán an 20ú haois a thomhas’*, **Gradam Idirnáisiúnta FIAT/IFTA do Bharr Feabhais i gCaomhnú na Meán**. Bronnann grúpa saineolaithe ó Choimisiún um Chaomhnú na Meán FIAT/FTA an gradam seo gach aon bhliain.

Bhí seachtar buaiteoirí ag RTÉ ag Gradaim iomráiteacha Theilifíse RTS Ireland i gCathair na Gaillimhe i Márta ar fud na goatagóirí Fíorasacha, Sain-Fhíorasacha, Nuachta agus Cúrsaí Reatha, Cláracha Leanaí, Beochana agus Siamsaíochta.

Bhain *Alva’s World* ar RTÉjr Gradam Idirghabhála Litearthachta sna Meáin amach ag na Gradaim Litearthacht sna Meáin a chruthaigh an stiúideo beochana Éireannach Kavaleer Productions, comhlacht a bhfuil gradam bainte amach acu do RTÉ. Is seó beochana spráíúil, magúil é *Alva’s World* do leanaí réamhscoile a bhfuil sé mar aidhm aige canóin nua finscéalta a chruthú don ré dhigiteach, ag cur sábháilteacht idirlín, comhbhá agus litearthacht sna meáin i gcoilár a chuid scéalaíochta atá cruthaitheach agus meidhreach.

Bhain iriseoirí agus foirne léiriúcháin RTÉ trí ghradam agus duais fiúntais amháin amach ag Gradaim na Meán Ceartais i mí an Mheithimh: Bhain Aisling Moloney gradam amach sa chatagóir Iriseoireachta Craolacháin (Raidió – Náisiúnta) as a sraith tuairiscí ar Raidió 1 RTÉ ar *Family court system “not fit for purpose”*; bhain foireann Prime Time, Rita O’Reilly, Oisín McGreal, Laura Dowling, Richard Downes, Aidan McGuinness, Shirley Bradshaw agus Dave Perry duais amach sa chatagóir Iriseoireachta Craolacháin (Teilifís/Físeán) do na *Christian Brothers: Denial*; bhuaigh an clár *Blackrock Boys*, le Seán Mac Giolla Phádraig, David Nally agus Liam O’Brien, ar *RTÉ Documentary on One* gradam sa chatagóir Tuairiscithe Cearta Daonna/Ceartas Sóisialta (Craoladh); agus bronnadh teastas fiúntais ar Hannah McCarthy, Ronan Kelly agus ar fhoireann an Chláir Faisnéise ar RTÉ Radio 1 don Phodchraoladh (Teilifís/Físeán) *The Taliban and Me*.

Bhain RTÉ Radio 1, RTÉ lyric fm, RTÉ Raidió na Gaeltachta, RTÉ 2FM, RTÉ jr Radio go léir gradaim amach ag Gradaim IMRO. Bhain RTÉ Radio 1 cúig ghradam óir amach, lena n-áirítear, an Clár Faisnéise is Fearr do *Blackrock Boys* (RTÉ Documentary on One) agus bhain an *Documentary on One: Minding Mary* gradam cré-umha amach sa chatagóir chéanna.

RTÉ: Ábhar na bliana

Drámaíocht & Greann

I measc na sraitheanna drámaíochta a coimisiúnaíodh tríd an aonad léiriúcháin neamhspleách bhí **Sraith 2 de *Kin* (Bron Releasing UK)** a raibh an-tóir go deo uirthi agus a craoladh sa bhliain 2023 chomh maith le **Sraith 2 de *Hidden Assets* (Saffron Moon)**.

Craoladh i bhfad níos mó uaireanta drámaíochta ar RTÉ sa bhliain 2023. D'fhág an meascán de léirithe a coimisiúnaíodh go neamhspleách agus comhléiriúcháin go raibh lucht féachana agus éisteachta na hÉireann ábalta sult a bhaint as 10 sraith dhrámaíochta éagsúla i gcaitheamh na bliana féilire.

I measc na gcomhléirithe bhí an tríú sraith agus an tsraith dheireanach de *Smother* (Treasure Entertainment), an scéinséir *Clean Sweep* (ShinAwiL) agus an dráma fuadaigh *The Gone* (Keeper Pictures agus Kingfisher Films). Tháinig *Obituary* (Tua Films), a bhí greannmhar agus dorcha, chugainn ó iarthar na hÉireann chomh maith le *The Dry* (Element Pictures) a bhí thar a bheith greannmhar agus a rinneadh i gcomhar le ITVX. Cuireadh tús leis an drámaíocht sa bhliain 2024 le *Blackshore* (Treasure Entertainment) ón bhfoireann chéanna a léirigh *Smother*, dráma faoi fhuadach a gcuireann gach ar an mbaile beag suim ann agus trína nochtar rúin agus bréaga atá i bhfad faoi cheilt. Lisa Dwan atá sa bpríomhpháirt, agus is iad Rob Walpole agus Rebecca O'Flanagan as Treasure Entertainment a léirigh *Blackshore*, is é Daithí Keane a bhí i mbun stiúrtha agus is í Kate O'Riordan a chruthaigh an tsraith.

I measc na sraitheanna drámaíochta a coimisiúnaíodh tríd an aonad léiriúcháin neamhspleách bhí **Sraith 2 de *Kin* (Bron Releasing UK)** a raibh an-tóir go deo uirthi agus a craoladh sa bhliain 2023 chomh maith le **Sraith 2 de *Hidden Assets* (Saffron Moon)**.

Is é an léiritheoir David McLoughlin a léirigh an dá shraith de *Kin*, ina raibh príomhpháirteanna ag Aidan Gillen, Charlie Cox, Maria Doyle Kennedy, Sam Keeley agus Claire Dunne. Leanadh de scéal mhuintir Kinsella a insint sa dara sraith agus an teaghlach coireachta ag iarraidh dul i ngleic leis an aighneas atá eatarthu féin fad is atá siad ag iarraidh barr a réime a bhaint amach sa trádáil i ndrugáí neamhdhleathacha.

Leanann *Hidden Assets*, le Nora Jane Noone, Simone Kirby agus Cathy Belton, na fiosrúcháin a bhíonn ar bun ag Aonad CAB na Gardaí in Éirinn agus iad ag iarraidh a bhfuil faighte go hainleachtach ag coirpigh na hÉireann a ghabháil. Bhí an scannánú le haghaidh *Hidden Assets* déanta ar an láthair in Éirinn agus sa Bheilg, agus is iad Siobhan Bourke agus Kathryn Lennon ó Saffron Moon a léirigh é, le comhpháirtithe infheistíochta ó Acorn, Screen Ireland, Screen Flanders, Streamz agus Mediafonds sa Bheilg agus Facet 4 i gCeanada, agus is iad DCD Rights an comhpháirtí dáileacháin idirnáisiúnta. Scríobh Peter McKenna, Sinéad Collopy, Susan Connolly, Mary Fox agus Marty Thornton **Sraith 2**, le Thaddeus O'Sullivan arís mar phríomhstiúrthóir. Thosaigh Mary Fox agus Marty Thornton amach le *Storyland* RTÉ in 2017 agus is scríbhneoirí aitheanta anois iad sa tionscal.



RTÉ: Ábhar na bliana

Drámaíocht & Greann (ar lean)

Scéal faoi chairdeas agus faoi fheall na mban ab ea *Wrapped* (Pipedream Productions), a scríobh Tracy Martin, a stiúir Mia Mullarkey agus a léirigh Claire McCabe.

De bharr go bhfuil tóir leanúnach ar *Hidden Assets* tá an script le haghaidh Sraith 3 á scríobh cheana féin, agus tá sé beartaithe tús a chur leis an léiriúchán i samhradh na bliana 2024.

Bhí bundráma na hÉireann ar ais ar RTÉ2 in 2023 le sraith úrnua de *Storyland*, ina bhfuil trí dhráma aonair atá uathúil, úrnua agus spreagúil. I gcomhpháirtíocht le Fís Éireann, déanann Storyland RTÉ coimisiúnú ar scrípteanna nua lena gcraoladh ar an teilifís, go sonrach ar mhaithe le bealach chun cinn a réiteach do scríbhneoirí, stiúrthóirí agus léiritheoirí a bhfuil gealladh fúthu. Scríobh Mary Fox agus Marty Thornton, atá ag scríobh eipeasóidí de *Hidden Assets* faoi láthair, dráma *Storyland* do RTÉ in 2017. Léiríonn guthanna ar nós iad seo, atá chomh héagsúil agus chomh barántúil, an cheird agus an úrnua a thabharfaidh cothú d'earnáil drámaíochta teilifíse na hÉireann atá ag fás go tapa.

Scéal faoi chairdeas agus faoi fheall na mban ab ea *Wrapped* (Pipedream Productions), a scríobh Tracy Martin, a stiúir Mia Mullarkey agus a léirigh Claire McCabe. Scéal tuisceanach, bríomhar ab ea *The Cousin* (MDV) faoi fhear óg a bhí ag iarraidh éalú ó shaol na coiriúlachta tríd an ealaín. Ba é Stevie Russell a scríobh agus a stiúir é agus ba é Mike Donnelly a léirigh é. Nell Hensey a scríobh agus a bhí i mbun stiúrtha agus is í Claire Mooney a bhí i mbun léirithe ar *Falling for the Life of Alex Whelan* (Pure Divilment Pictures) scéal álainn rómánsúil faoi bhean a gcastar searc a cléibh uirthi. Faraor cailítear go tobann é agus bíonn uirthi an saol a d'fhéadfadh a bheith aici leis a shamhlú.

Tugann comhléirithe idirnáisiúnta ar scrípteanna grinn deis dúinn tallann na hÉireann a chur ar an stáitse idirnáisiúnta, agus tar éis tréimhse forbartha choimisiúnaigh RTÉ *Sisters*, dráma grinn sé chuid faoi stiúir Declan Lowney, a bhí ainmnithe le haghaidh Gradam Emmy, agus Susan Stanley agus ag Emmy Sara Goldberg, a fuair ainmniúchán Emmy, sna príomh pháirteanna. Is comhléiriú í an tsraith idir Peer Pressure in Éirinn agus Shaftesbury i gCeanada, agus craoladh í ar RTÉ One agus ar AMC/IFC sna Stáit Aontaithe.



RTÉ: Ábhar na bliana

Siamsaíocht agus Ceol

Bhí an-tóir ag an lucht féachana ar an *Full Irish Hidden Camera Show* agus coimisiúnaíodh sraith deich gclár. Tá léiriú tugtha chun críche agus craolfar an tsraith in Earrach 2024.

D'fhill dhá chlár mórélímh ar ais ar RTÉ One sa bhliain 2023, is iad sin *Ireland's Fittest Family* (Animo TV Productions) agus *Dancing with the Stars* (ShinAwIL). Chuir a bhfuil sa tír a gcuid bróga damhsa orthu i mí Eanáir don séú sraith den chlár siamsaíochta ollmhór seo agus daoine ar bís le dul ag damhsa le fáil réidh le gruaim an gheimhridh. In éineacht le Jennifer Zamparelli bhí an comhláithreoir nua Doireann Garrihy, bean a raibh an lucht féachana an-tógtha léi láithreach agus a bhí i dtús na cadhnaíochta san iarracht níos mó aghaidheanna nua a thabhairt do lucht féachana RTÉ. Rinne na moltóirí Loraine Barry, Arthur Gourounlian agus Brian Redmond na hiomaitheoirí, Dr Marie Cassidy, Stephanie Roche agus Panti Bliss ina measc, a mheas, ach ba é Carl Mullan a sciob trófaí na liathróide gearla leis.

Bhí *Ireland's Fittest Family* ar ais ar an scáileán níos déanaí sa bhliain agus dhá ábhar iontais i gceist leis an tsraith. Bhí óstach nua ag an tsraith, Laura Fox, aghaidh nua eile do RTÉ One. Chuir an lucht féachana fáilte roimh Laura láithreach de réir mar a chuaigh na figiúirí féachana ó neart go neart. Chomh maith le himeachtaí spreagúla sa tsraith, bhí teaghlaigh inspioráideacha ó gach cearn den tír, chomh maith lenár gcóitseálaithe tiomanta a thacaíonn lenár n-iomaitheoirí agus a spreagann iad. Ina measc siúd bhí Sonia O'Sullivan, a tháinig ar bord chun saoire mháithreachais Anna Geary a chlúdach. Agus í riamh anall ina hiomaitheoir díograiseach, léirigh Sonia léi gach cuid den dúchas caithréimeach a bhaineann léi. Ag cruthú arís nach féidir ábhar na hÉireann a shárú, thug an deichiú sraith den chlár, ar thacaigh RTÉ ar dtús leis in 2014, teaghlaigh le chéile, agus gach cuma ar an scéal go bhfuil an-tóir go deo ag teaghlaigh ar an bhformáid siamsaíochta seo de dhéantús na hÉireann.

Ag cur leis an tsamhail seo, leanadh d'fheachtas forbartha nua sa bhliain 2023 ar fud earnáil na léiriúchán neamhspleách chun glúin nua d'ábhar dúchasach a aimsiú le craoladh in éineacht leis na formáidí atá ann cheana féin. Mar thoradh an obair mhór thar roinnt míonna tá coimisiúin agus píolótaí nua againn. Rinneadh ceann de na chéad chláracha sin a tháinig chun cinn a chraoladh den chéad uair faoi Nollaig tráth ar chuir Adare Productions seó siamsaíochta nua ar fáil a thug ár n-ardáin chraolacháin le chéile, agus bhí láithreoirí sheó bricfeasta 2FM le feiceáil anois ar an scáileán. Clár nua 30 nóiméad a bhí sa *Full Irish Hidden Camera Show*, arna chur i láthair ag Doireann Garrihy, Donncha O'Callaghan agus Carl Mullan, a tharraing gnéithe den ghreann agus den imirt cleas traidisiúnta le chéile chun ábhar nua agus comhaimseartha a léiriú. Bhí an-tóir ag an lucht féachana ar an seó agus coimisiúnaíodh sraith deich golár. Tá léiriú tugtha chun críche agus craolfar an tsraith in Earrach 2024.



RTÉ: Ábhar na bliana

Siamsaíocht agus Ceol (ar lean)

Tharraing an seó, *The Two Johnnies Late Night Lock In* (Green Inc) líon suntasach lucht féachana óg chuig an gcainéal agus chuidigh sé le cáil na bhfear a dhaingniú tuilleadh mar ghuthanna tábhachtacha i réimse an ghrinn.

Mar thoradh ar an tóir atá ar chláir thráth na gceist craoladh dhá fhormáid de bhunaidh na hÉireann. Bhain formáid fíor scála le *The Money List*, arna óstáil ag Baz Ashmawy agus arna léiriú ag an bhfoireann léiriúcháin agus foirne de bheirt ó gach cearn d'Éirinn le feiceáil i mbun coimhlinte agus iad ag iarraidh an duais airgid a bhaint. Bhí an-bhá ag an lucht féachana leis an seó. In *Ireland's Smartest* (Green Inc), idir an dá linn, bhí Claire Byrne ag iarraidh teacht ar na daoine is meabhraí in Éirinn, agus seans tugtha dóibh aghaidh a thabhairt ar a chéile i dtráth na gceist meabhrach chun an teideal 'An Duine is Éirimiúla in Éirinn' a bhuachan.

I rith na bliana athsheoladh *The Late Late Show*. Bhí an lucht féachana an-tógtha ón tús leis an óstach nua Patrick Kielty. Bhí forbairt déanta ar an gcuma, ar an gcur chuige agus ar an atmaisféar d'fhonn seó a chur ar fáil a léiríonn go bhfuil sé fós siamsúil, tábhachtach agus gur seó tipiciúil Éireannach é.

Ghlacamar cur chuige nua freisin maidir le seó traidisiúnta na hAthbhliana nuair a craoladh an chéad *Late Late New Year Special: 75* nóiméad de cheol, greann, ceiliúradh agus comhrá a léirigh na buanna atá ag réimse leathan ealaíontóirí, cuid acu ag seinm le Ceolfhoireann Choirme RTÉ. Thaitin an seó go mór leis an lucht féachana.

Chomh maith leis sin, chuir an fhoireann léiriúcháin leagan den *Late Late Toy Show* ar fáil a raibh na síofraí mar théama aige agus ar éirigh thar barr leis. Ba é seo an chéad *Toy Show* ag Patrick Kielty, agus is cinnte gur inis sé don tír go raibh 'Daidí na Nollag ag teacht'.

Bhí an *Tommy Tiernan Show* (Power Pictures), a bhfuil duaiseanna buaite aige, ar ais arís agus chruthaigh sé arís eile go bhfuil an fhormáid ghonta, shimplí a bhaineann leis thar a bheith mealltach agus lear mór lucht féachana ag breathnú air i gcónaí ar fud na n-ardán go léir.

Ar RTÉ2, mar thoradh ar an iarracht ábhar nua a fhorbairt, tháinig *The Two Johnnies Late Night Lock In* (Green Inc) chuig an scáileán de phleist. Tharraing an seó líon suntasach lucht féachana óg chuig an gcainéal agus chuidigh sé le cáil na bhfear a dhaingniú tuilleadh mar ghuthanna tábhachtacha i réimse an ghrinn. Bhí rath nach beag ar RTÉ2 leis an tsraith *Love in the Country* (Kite Entertainment), formáid gheandála a thug léargas ar chuid de na dúshláin a bhaineann le cúrsaí geandála faoin tuath in Éirinn agus inar chuidigh Anna Geary le daoine singile a ngrá geal a aimsiú.

Le linn an ama, bhí *Fleadh Cheoil* (Red Shoe Productions), *The RTE Choice Music Prize* (Southpaw Productions) agus *Paráid na Féile Pádraig 2023* (Coco Content) ar siúl in éineacht le sraith eile de *Other Voices* (South Wind Blows), rud a chiallaíonn gur choinnigh RTÉ Entertainment ceol, tallann, cruthaitheacht, taibhiú agus cultúr na hÉireann i gceartlár an aonaigh do lucht féachana trasna ár n-ardán go léir.



RTÉ: Ábhar na bliana

Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ

Lean Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ de bheith chun tosaigh ó thaobh na scéalta ba mhó sa bhaile chomh maith leis na mórimeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a chlúdach.

Lean Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ de bheith chun tosaigh ó thaobh na scéalta ba mhó sa bhaile chomh maith leis na mórimeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a chlúdach, lena n-áirítear cogadh Iosrael/Hamas, a thosaigh ar an 7 Deireadh Fómhair. Bhí ár gcomhfhreagrath Tony Connelly, Paul Cunningham agus Fran McNulty agus na criúnna Owen Corcoran, Ken Fogarty agus Mark Ronahan ar an láthair in Iosrael chun tuairiscí cruinne agus fíorasacha a chur ar fáil agus imeachtaí a chlárú ar fud na n-ardán de réir mar a bhí an ghéarchéim i nGaza ag teacht chun solais.

Thug Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ clúdach cuimsitheach ar chuairt stairiúil an Uachtaráin Biden ar Éirinn. Bhíomar ag craoladh beo ar an teilifís agus ar an raidió ó Bhéal Feirste, Baile Átha Cliath, Lú agus Maigh Eo le linn na gceithre lá. Chlúdaigh RTÉ.ie agus Aip Nuachta RTÉ an chuairt oifigiúil le blag beo gach aon lá chomh maith le sruthanna físe agus fuaime beo.

Chuir RTÉ clúdach fotha nuachta teilifíse náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fáil saor in aisce do chraoltóirí.

Bíonn Nuacht RTÉ le TG4 ann gach lá sa bhliain, saothar na meithle iriseoireachta ar fud na tíre, cuid lárnach den bhailiú nuachta laethúil.

Le haghaidh Chomóradh 25 bliain Chomhaontú Aoine an Chéasta rinne RTÉ craoltaí speisialta nuachta agus cúrsaí reatha beo, podchraoltaí, agus ábhar digiteach agus cartlainne, d'fhonn a thábhacht agus a ábharthacht sa lá atá inniu ann a mhíniú dár lucht féachana níos óige. I measc an chlúdaigh ar RTÉ bhí cláracha agus craoltaí speisialta ó Thuaisceart Éireann le *Morning Ireland* agus *The Week in Politics*, tuairisciú cuimsitheach nuachta ar gach ardán agus sraith de phodchraoltaí i dtrí chuid, *Your Politics*.

Bhí Nuacht RTÉ fós ar an bhfoinse nuachta b'iontaofa in Éirinn ar fud na n-ardán go léir agus choinnigh an Aip Nuachta a stádas mar an aip nuachta is mó a bhfuil tóir air in Éirinn. In 2023, cuireadh béim níos mó ar thuirisciú beo, agus lorgairí rialta ag cur síos ar a raibh ag tarlú i gcás na scéala móra, lena n-áirítear an Meánoirthear, géarchéim RTÉ, triail dhúnmharaithe Ashling Murphy agus imeachtaí suntasacha aimsire. Tháinig méadú suntasach freisin ar líon na bhfíseán saincheaptha a cruthaíodh don lucht féachana digiteach.

D'fhás an lucht féachana i gcás chuntais Nuacht RTÉ ar gach mórardán sóisialta, go háirithe ar ardán a úsáideann daoine óga. Bhí breis agus 600,000 leantóir againn ar Instagram agus d'fhás TikTok go dtí os cionn 260,000 leantóir mar gheall ar ábhar a cruthaíodh i bhformáid a chuaigh i bhfeidhm ar an lucht féachana sin.



RTÉ News SIX

RTÉ News SIX

RTÉ: Ábhar na bliana

Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ (ar lean)

Bhí *News2day*, an tseirbhís nuachta de chuid RTÉ atá deartha go sonrach do pháistí, ag ceiliúradh 20 bliain ar an aer Dé hAoine, an 20 Eanáir 2023 le hagallamh eisiach le hUachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigín.

Leanamar lenár ngealltanas i rith na bliana mar a bhain le saincheisteanna aeráide a chlúdach agus dhíríomar gach mí den bhliain ar ábhar breise trasardáin a bhain leis an athrú aeráide agus na scéalta bithéagsúlachta a mbíonn tionchar acu ar ár saol go léir.

Scrúdaigh *Prime Time* todhchaí na hIntleachta Saorga le tuarascáil cheannródaíoch a bhreathnaigh ar an gcaoi a n-athróidh an teicneolaíocht nuálach seo poist, tionscal, cultúr agus an saol do go leor daoine. Agus an tuairisceoir á bheochan ag baint úsáide as IS, léirigh an tuarascáil a chaoi a bhféadfadh drochaisteoirí domhainbhrionnú agus mífhaisnéis a úsáid.

Seoladh *Upfront* le Katie Hannon go rathúil ar an teilifís, go digiteach agus ar na meáin shóisialta i mí Eanáir 2023. Chuaigh na cláracha ar an inimirce, cীরibeacha Bhaile Átha Cliath, smacht comhéigineach agus todhchaí na hEaglaise Caitlicí i bhfeidhm go mór ar an lucht féachana. Tháinig an-fhás ar an lucht féachana teilifíse agus ar an lucht féachana digiteach a bhí ag *Upfront* i rith na bliana.

Leanamar orainn ag seachadadh feasacháin nuachta gach lá ar 1.00pm, 6.01pm agus 9.00pm ar an teilifís agus d'fhreagair muid do na scéalta úra a bhí ag teacht isteach, mar shampla nuair a bhris cীরibeacha amach i mBaile Átha Cliath ar an 23 Samhain tar éis sá a tharla níos túisce sa chathair. Bhíomar sa phobal agus ag insint faoi eachtraí tubaisteacha a tharla i gGlúain Meala, Co. Thiobraid Árann i mí Lúnasa nuair a fuair ceathrar ógánach bás agus iad ar a mbealach chun a dtorthaí Ardteiste a cheiliúradh. I rith na bliana bhí foirne nuachta ag tuairisciú ó gach cearn d'oiseán na hÉireann agus chlúdaigh siad básanna agus sochraidí Christy Dignam, Sinéad O'Connor agus Shane McGowan.

Lean Nuacht ar an Raidió ar aghaidh ag seachadadh cuid de na cláracha raidió is mó a n-éistear leo agus iad ag craoladh ón stiúideo raidió físiúil nuathógtha, rud a chuir leis an tairiscint amhairc ar chainéal Nuacht RTÉ chomh maith le sleachta agallaimh a chur ar fáil ar líne, ar na meáin shóisialta agus ar an teilifís. Is é *Morning Ireland* i gcónaí an clár raidió is mó a bhfuil lucht féachana aige sa tír agus coinníonn sé a áit mar an clár is ansa le lucht féachana agus lucht éisteachta na hÉireann.

Bhí *News2day*, an tseirbhís nuachta de chuid RTÉ atá deartha go sonrach do pháistí, ag ceiliúradh 20 bliain ar an aer Dé hAoine, an 20 Eanáir 2023 le hagallamh eisiach le hUachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigín. Chun ceiliúradh a dhéanamh ar scór bliain den seó ar an aer, chuir daltaí ó Scoil Náisiúnta Naomh Caoimhín, An Baile Beag, Co. Thiobraid Árann ceisteanna ó lucht féachana *news2day* RTÉ ar an Uachtarán Ó hUigín in Áras an Uachtaráin agus nocht an tUachtarán a chuid smaointe faoin obair bhaile!



RTÉ: Ábhar na bliana

Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ (ar lean)

San earrach, thug *RTÉ Investigates* le fios nach bhfuil aon rialacháin ná córas clárúcháin i bhfeidhm fós ag an gcomhlacht stáit CORU, a bhfuil sé de chúram air síceolaithe a rialáil, cé go bhfuil sé 15 bliana ar an bhfód.

Lean Nationwide ar aghaidh ag feabhsú a thionchar ar an lucht féachana trí théamaí éagsúla agus leathana agus pobail ó gach cearn den tír. Tá lucht féachana mór á mhealladh i gcónaí ag Nationwide go luath sa tráthnóna ar RTÉ One agus ar an RTÉ Player.

RTÉ Investigates – 2023

San earrach, thug *RTÉ Investigates* le fios nach bhfuil aon rialacháin ná córas clárúcháin i bhfeidhm fós ag an gcomhlacht stáit CORU, a bhfuil sé de chúram air síceolaithe a rialáil, cé go bhfuil sé 15 bliana ar an bhfód. Thaispeáin *Ireland's Unregulated Psychologists* an chaoi a ligeann an córas mífheidhmiúil do dhaoine a bhfuil cáilíochtaí bréige acu cóir leighis a chur na céadta páiste uathach.

I mí an Mhárta, labhair daoine a tháinig slán ó mhí-úsáid gnéis in St John Ambulance amach go poiblí faoin mí-úsáid den chéad uair. Thug *RTÉ Investigates* le fios gur dhearbhaigh Tusla, an ghníomhaireacht um chosaint leanaí, don Rialtas sa bhliain 2019 nach raibh 'aon imní faoi láthair' faoin eagraíocht, in ainneoin tuairiscí leanúnacha maidir le mí-úsáid gnéis i St John Ambulance.

I mí Iúil, nocht *Dairy's Dirty Secrets* an taobh dorcha den earnáil déiríochta in Éirinn. Thug sé le fios gur minic a thagann rath ar an tionscal ilbhiliún euro ach gurb iad na laonna fireanna nach dteastaíonn a bhíonn thíos leis. Thar thréimhse roinnt seachtainí, rinne *RTÉ Investigates* scannánú ag roinnt marglann de chuid na hÉireann agus chonaic sé roinnt láimhseálaithe ag plé le laonna óga ar bhealach cumasach agus measúil. Ach níor thug daoine eile, oibrithe marglainne, feirmeoirí agus iompróirí ina measc, aird ar bith do leas na n-ainmhithe. I ndiaidh an chláir, chuir an Roinn Talmhaíochta tús le himscrúdú mór, atá ar siúl faoi láthair.

An fómhar seo caite nocht *RTÉ Investigates – Sex for Rent* an chaoi a raibh tiarnaí talún, a bhí ina bhfoghlaithe gnéis, ag déanamh dúshaothraithe ar mhná óga leochaileacha a bhí sáinnithe mar gheall ar an ngéarchéim cíosa. Bhí cíosanna laghdaithe á dtairiscint ag na tiarnaí talún mar thoradh ar gharaíocht gnéis. Ina dhiaidh sin tháinig éileamh go dtabharfaí reachtaíocht isteach chun tionontaí baineanna a chosaint.

I mí na Nollag, chraol *RTÉ Investigates* tuarascáil cheannródaíoch, *The Planning Trap*, a d'úsáid taifeadtaí ceilte chun a thabhairt le fios go mbíonn an-mhí-úsáid bainte as an gcóras pleanála ag gníomhaithe timpeallachta bradacha a éilíonn íocaíochtaí airgid chun agóidí i gcoinne cead pleanála a tharraingt siar. Seoladh athbhreithniú iomlán ar na mílte comhad pleanála díreach i ndiaidh an chláir, agus dúirt an Taoiseach leis an Dáil go ndéanfaidh an Rialtas scrúdú ar an reachtaíocht phleanála chun dul i ngleic leis na ceisteanna a tugadh chun solais.



RTÉ: Ábhar na bliana

Na hEalaíona & an Cultúr

I measc na gcláracha faisnéise a bhí dírithe ar an ealaíontóir bhí cuntas pearsanta ar shaol neamhghnách an dealbhóra oirice Imogen Stuart in *Imogen from the Heart* (Curious Dog Films).

Lean RTÉ de thosaíocht a thabhairt d'ábhar sainiúil ealaíon agus cultúir de chuid na hÉireann a chruthú ar mhaithe leis an lucht féachana is leithne dá bhfuil ann a mhealladh, agus ag an am céanna, tacú le raon agus le héagsúlacht iomlán ealaíontóirí cruthaitheacha agus taibhiúcháin na hÉireann agus iad a chothú.

Teilifís

Leanamar ar aghaidh leis an nós próifílí doimhne de mhórphearsana ealaíne a choimisiúnú, ar dhaoine atá fós beo chomh maith le daoine atá imithe uainn, agus ag an am céanna, gnéchláir agus mionsraitheanna a choimisiúnú ag díriú ar rogha de thopaicí a bhfuil tóir orthu go forleathan ó thaobh an chultúir de.

I measc na gcláracha faisnéise a bhí dírithe ar an ealaíontóir bhí cuntas an-phearsanta ar shaol agus ar shaothar an údair Sebastian Barry, *Family Stories* (Icebox Productions) agus cuntas pearsanta ar shaol neamhghnách an dealbhóra oirice Imogen Stuart in *Imogen from the Heart* (Curious Dog Films). Sa ghnéchlár dhá chuid ar an mbean aitheanta Augusta Gregory, *Lady Gregory: Ireland's First Social Influencer* (Kite Entertainment), le Lynne Ruane agus Miriam Margolyes, tugadh léargas a bhí suimiúil, neamhghnách agus suibhachtúil ar shaol duine a bhí lárnach i ré na hAthbheochana Ceiltí. In *Untameable* (Averner Films) déanadh machnamh uathúil agus uailmhianach ar an tábhacht ar leith a bhaineann leis an bportach nach dtugtar mórán suntais dó ach atá tábhachtach mar sin féin agus an inspioráid a thug an éiceolaíocht shaibhir agus éagsúil seo d'ealaíontóirí, mar is léir ó fhilíocht Seamus Heaney. Ina dteannta seo bhí sraith porráidí d'ealaíontóirí in *The Works Presents* le Gavin Friday, Donal Ryan, Ailbhe Ní Bhriain, Vera Klute, Linda Buckley, Joseph O'Connor, Kate Ellis, Mick O'Dea agus Patricia Hurl.

Clár faisnéise fíospéisiúil i dtrí pháirt ab ea *Face the Music* (Animo TV) a lean saol oibre fhoireann agus mhic léinn Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann ar feadh bliana, agus iad ag déileáil leis an dúshlán ar leith a bhain leis an athfhorbairt mhór ar an bhfoirgneamh stairiúil. Sraith nua shaoráideach ab ea *Page Turners* (Vision Independent Productions) ina raibh an lucht féachana tugtha isteach i saol éagsúil na gclubanna leabhar. Thug an fócas seo ar shaol na leabhar go dtí clár buaicphointí muid, *An Post Irish Book of the Year 2023* (Bigger Stage), a chuir Oliver Callan i láthair.



RTÉ: Ábhar na bliana

Na hEalaíona & an Cultúr (ar lean)

Lean na cláracha Ealaíon agus Cultúir ar RTÉ Radio 1 ar aghaidh ag teacht ar lucht féachana spriocdhírthe éagsúla do chláracha rialta ar nós *Arena*, *The Rolling Wave*, *Céili House* agus *Sunday Miscellany*.

Raidió

Lean na cláracha Ealaíon agus Cultúir ar RTÉ Radio 1 ar aghaidh ag teacht ar lucht féachana spriocdhírthe éagsúla do chláracha rialta ar nós *Arena*, *The Rolling Wave*, *Céili House* agus *Sunday Miscellany*. Chomh maith leis an obair rialta a bhíonn bunaithe sa stiúideo, cuireadh gach ceann de na cláracha seo chun bóthair, agus iad ag craoladh ó líon suntasach d'fhéilte agus ó ionaid réigiúnacha ar fud na tíre. Comhlántach air seo bhí craoltaí ceoil agus cainte rialta sa bhreise lena n-áirítear *South Wind Blows*, *Folk on One*, *The Poetry Show* agus *The Book on One*.

I measc na ngnéithe a coimisiúnaíodh go speisialta bhí *Impermanence*, sraith chomhoibritheach aistí le Le Centre Culturel Irlandais, Páras, ina raibh scríbhneoirí lena n-áirítear Kerri Ní Dochartaigh, Paul McVeigh, Neil Hegarty agus Carlo Gebler; agus *Continental Riffs*, sraith chomhráite idir beirt ealaíontóirí agus léiritheoirí a rinne a machnamh ar an Eoraip trí lionsa an chultúir, agus Andrew Clancy, Cillian Murphy, Joanne Hynes agus Julie Feeney i measc na rannpháirtithe.

Mhair tiomantas fadbhunaithe RTÉ ardán a thabhairt do thallann na scríbhneoireachta agus na scéalaíochta nuair a craoladh Comórtas Gearrscéalta RTÉ in ómós do Francis MacManus, agus an clár seachtainiúil is ansa le daoine *Sunday Miscellany*. Chuaigh an ócáid bhliantúil ar théama na Nollag le Ceolfhoireann Choirme RTÉ níos faide ná an gnáthionad – An Ceoláras Náisiúnta, i mBaile Átha Cliath – agus craoladh an dara clár Nollag de scéalta agus ceol as Loch Garman ón Áras Náisiúnta Ceoldrámaíochta, i Loch Garman. Chomh maith leis sin, chuir an fhoireann díolaim shuntasach sárdhiola ar fáil ina raibh 150 script a craoladh le déanaí. D'fhoilsigh New Island Books é, agus a bhuaigh sé Gradam Leabhar Gaeilge An Post i mí na Samhna. D'fhoilsigh agus chraol Comórtas Gearrscéalta RTÉ 10 gcinn de na scéalta buacacha ar RTÉ Radio 1 agus ar rte.ie/culture, agus tháinig an buaicphointe nuair a craoladh *Arena Special* beo ó Amharclann an Pavilion i nDún Laoghaire.

Lean an tsraith leanúnach *The County Measure* ar aghaidh ag tógáil atlas raidió na hÉireann agus gach aon chlár dírithe go speisialta ar gach ceann de na 32 contae. Tugann an tsraith fhadaimseartha seo próifil deas réidh dúinn, a bhíonn go minic ar chúl éaga, de shaol laethúil na ndaoine atá ina gcónaí sna pobail áitiúla. Tugann rannpháirtithe aonair, mar aon le ceol coimisiúnaithe agus focal labhartha, léargas ar an gcaoi a bhfuil an oiread sin acu múnlaíthe go dtí pointe áirithe ag tréithe a gcontae féin agus an meascán de thagairtí sainiúla cultúrtha.



IN
FR

RTÉ: Ábhar na bliana

Na hEalaíona & an Cultúr (ar lean)

Lean RTÉ Lyric fm ar aghaidh ag cur meascán sainiúil de chláir cheoil chlasaigh ar fáil, idir *Marty in the Morning*, *Classical Daytime* le Niall Carroll, *The Full Score* le Liz Nolan agus *Classic Drive* le Lorcan Murray.

RTÉ Lyric fm

Lean RTÉ Lyric fm ar aghaidh ag cur meascán sainiúil de chláir cheoil chlasaigh ar fáil, idir *Marty in the Morning*, *Classical Daytime* le Niall Carroll, *The Full Score* le Liz Nolan agus *Classic Drive* le Lorcan Murray agus iad ag soláthar an rogha is fearr den cheol agus den chultúr as Éirinn agus as tíortha eile agus um thráthnóna rogha níos sainiúla de cheolchoirmeacha beo, snagcheol, ceoldráma, ceol domhanda agus ceol tíre mar aon le gnéchláir cainte. Is gné rialta iad na craoltaí beo, lena n-áirítear craoltaí chuig críocha idirnáisiúnta trí Aontas Craolacháin na hEorpa (EBU), amhail Féile Ceoil Aireagail Iarthar Chorcaí agus an Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta, chomh maith le craoltaí rialta ceoldrámaíochta lena n-áirítear clúdach domhain ar Cheoldráma Fhéile Loch Garman.

I measc na goláracha agus na bpodchraoltaí nuálacha nua bhí Podchraoladh Ceoil na hArdteiste a bhí bunaithe ar an siollabas. I measc na mbuaic-chláracha eile bhí *Ambient Orbit*, ag ceiliúradh ghrianstadanna an tsamhraidh agus an gheimhridh araon, an tsraith faisnéise ar Lyric Feature agus Mí Stair na nDaoine Gorma i mí Dheireadh Fómhair. I mí na Nollag, bhí an comórtas córúil is mó in Éirinn, *Choirs for Christmas*, le clos ar Weekend Drive le Evelyn Grant. Bhí thart ar 100 cór páirteach ann.

Bhí RTÉ Lyric fm páirteach sa cheiliúradh 75 bliain ar Cheolfhoireann Choirme RTÉ nuair a thug an clár a bhfuil an oiread sin tóir air, *Movies and Musicals* le hAedín Gormely, cuairt iontach ar Bhaile Átha Cliath, ar Phort Láirge agus ar Luimneach.

Ar Líne

Thug Rte.ie/culture rochtain ar éileamh arís eile don lucht féachana ar an gcuid is fearr den ábhar a roghnaíodh ó chláracha teilifíse agus raidió RTÉ, mar aon le réimse d'ábhar dúchasach. I measc na mbuaicphointí bhí míreanna ar leith a rinne ceiliúradh ar chéad bliain ó rugadh an t-údar Brendan Behan agus comóradh 10 mbliana ar bhás Seamus Heaney. I measc na n-imeachtaí beo bhí léirithe sruthaithe ó Fhéile Cheoldrámaíochta Phort Láirge, *Other Voices* agus Comórtas Idirnáisiúnta Pianó Bhaile Átha Cliath. D'óstáil an rannóg Cultúir réimse suntasach d'ábhar ó eagraíochtaí cultúir, lena n-áirítear an Chomhairle Ealaíon, an Oíche Chultúir agus an Chéad Fhéile Coicise.



RTÉ: Ábhar na bliana

Na hEalaíona & an Cultúr (ar lean)

Ar 'Culture Night on RTÉ' bhí clúdach il-ardáin d'ábhar bunaidh le clos ar an raidió agus ar líne chomh maith le croílár na hoíche ar an teilifís, *Culture Night – Live at Dún Lúiche*.

Ceolfhoireann Choirme RTÉ

Chuir an cheolfhoireann a stór sainiúil éagsúil i láthair i léirithe beo i mBaile Átha Cliath agus in ionaid réigiúnacha, lena n-áirítear sraith nua earraigh san Áras Náisiúnta Ceoldrámaíochta, i Loch Garman, agus sliotáin rialta i gCeoláras na hOllscoile, Luimneach. Bhí go leor acu le clos mar chraoltaí beo nó taifeadta ar RTÉ Lyric fm, lena n-áirítear léirithe arna n-óstáil ag láithreoirí bunaithe ar an múnla atá ag na cláracha a bhfuil tóir orthu i rith an lae *Marty in the Evening* agus *Movies and Musicals*. Thug an cheolfhoireann cuairt ar fhéilte samhraidh lena n-áirítear All Together Now le haghaidh léiriú de *Vivaldi Recomposed le Max Richter*, agus Féile Ealaíon Chill Chainnigh le haghaidh leagan Neil Martin den dán eipiciúil de chuid Heaney, *Sweeney*. Tugadh tuilleadh léargais ar a fhairsinge agus atá aschur ceoil na ceolfhoirne sna buaicphointí craolta cosúil le domhan snagcheoil an tionscadail *Delta Blues* agus in *History of Soul le Guy Barker*; teacht le chéile an ghrúpa a bhfuil seancháil orthu i saol an cheoil, Moving Hearts; an banna ceoil eicléictiúil as Stáit Aontaithe Mheiriceá, Bonny Light Horseman, ag an bhféile Sounds from a Safe Harbour i gCorcaigh; léirithe clasaiceacha iontacha arna stiúradh ag Kensho Watanabe; agus cuireadh an t-ealaíontóir comhlach nua, an fídléir Zoë Conway i láthair den chéad uair. Bhí an cheolfhoireann le clos ar RTÉ Radio 1 chomh maith, agus iad ag leanúint ar aghaidh leis na sraitheanna de chraoltaí a raibh clónna éagsúla orthu don Luan Saoire Bainc, *RTÉ Concert Orchestra Presents*, agus *Arena Special Movie Music Masters le Sean Rocks*.

Buaicphointe

Ar 'Culture Night on RTÉ' bhí clúdach il-ardáin d'ábhar bunaidh le clos ar an raidió agus ar líne chomh maith le croílár na hoíche ar an teilifís, *Culture Night – Live at Dún Lúiche*. Is éard a bhí i gceist leis an gceann deireanach acu sin ná craoladh beo, casta ó Ghaeltacht Dhún na nGall ina raibh ceol beo bríomhar á thaispeáint, chomh maith le himeachtaí éagsúla Oíche Chultúir a bhí scannánaithe ar fud na tíre. Mar chuid den chlár bhí léiriú beo éachtach de Troy le Sinéad O'Connor, in ómós speisialta ó Jessie Buckley agus ó Cheolfhoireann Choirme RTÉ.



RTÉ: Ábhar na bliana

Cláracha Fíorasacha

In *Dr Cassidy's Casebook The Femicide Cases*, chaith an Dr Marie Cassidy súil siar ar a taithí 20 bliain ar a bheith ina Phaiteolaí Stáit d'Éirinn agus d'fhiafraigh sí cén fáth a mbíonn an oiread sin ban maraithe ag fir a bhfuil aithne acu orthu.

Dúirt an Dr Cassidy:

“Tá muid uilig buartha faoin bpúca, ach is duine sa leaba, seachas duine faoin leaba atá i gceist.”

Cláracha Faisnéise

Is féidir le cláracha faisnéise oibriú mar mhodh cumhachtach a thugann deis don lucht féachana an domhan a fheiceáil ó pheirspictíocht iomlán difriúil. Idir cláracha faisnéise aonair a dhírigh ar rudaí an-phearsanta agus sraitheanna a cheistigh muid mar shochaí, le linn 2023 d'éirigh le cláracha faisnéise RTÉ an lucht féachana a chorroí agus a mhealladh agus ba minic a cuireadh iallach ar dhaoine a dtuairimí féin a cheistiú.

In *Patrick, A Young Traveller Lost*, rinne Michelle agus Pat McDonagh cur síos ar an gcaoi ar chuir a mac Patrick, a bhí 12 bliain d'aois, lámh ina bhás féin tar éis cibearbhulaíochta gan staonadh. D'fhreastail an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn ar réamhthaispeántas agus d'eisigh sé ráiteas ina dhiaidh sin ag éileamh go dtaispeánfaí an clár faisnéise sna scoileanna. In *Nicola – Taking Back Control*, rinne an marthanóir smachta comhéigneach Nicola Hanney cur síos cróga ar an gcaoi ar ghníomhaigh sí chun go gcuirfí an dlí de bharr smacht comhéigneach ar an té a bhain an mhí-úsáid aisti, an Garda Paul Moody, agus an tslí a bhfuair sí a saol ar ais agus ar thóg sí saol nua di féin ina dhiaidh sin. Thug an clár faisnéise léargas nua ar cheist an smachta chomhéignigh agus spreag sé go leor plé poiblí ar cheist an smachta chomhéignigh – Ba é ionchúiseamh Moody an chéad cheann faoi na dlíthe nua agus ba é seo an chéad uair a labhair Nicola amach go poiblí faoin méid a tharla di.

Scrúdaíodh dearcadh an phobail i leith na mban, go háirithe iad siúd a fhulaingíonn foréigean ó fhir, in dhá shraith mhóra roimh an samhraidh agus tar éis an tsamhraidh. In *Dr Cassidy's Casebook The Femicide Cases*, chaith an Dr Marie Cassidy súil siar ar a taithí 20 bliain ar a bheith ina Phaiteolaí Stáit d'Éirinn agus d'fhiafraigh sí cén fáth a mbíonn an oiread sin ban maraithe ag fir a bhfuil aithne acu orthu. ‘Tá muid uilig buartha faoin bpúca,’ a dúirt an Dr Cassidy ‘ach is duine sa leaba, seachas duine faoin leaba atá i gceist.’ Rinne an tsraith ionraic trí chuid seo iniúchadh freisin ar shíceolaíocht chasta an té a rinne an choir chomh maith le plé a dhéanamh ar an ngné de shoचाí na hÉireann a fhágann nach féidir linn an cineál seo iompair a stopadh ó bheith ag tarlú arís agus arís eile. I mí na Bealtaine, scrúdaigh *Beyond the Vanishing Triangle* arís na himscrúduithe ardphróifíl a bhí déanta nuair a d'imigh roinnt ban óg gan tasc ná tuairisc sna 1990idí. Cheistigh an tsraith faisnéise fíricí seanbhunaithe na gcásanna seo agus, i gcás Annie McCarrick, deimhníodh nár cuireadh ráitis rithábhachtacha ar aghaidh chuig na Gardaí a bhí i mbun fiosrúcháin. Spreag an tsraith fócas athnuaithe ar chás, agus tá na Gardaí ag plé leis anois mar fhiosrúchán dúnmharaithe.



RTÉ: Ábhar na bliana

Cláracha Fíorasacha (ar lean)

Sraith dhá chuid a bhí in *The Silent Civil War* a d'fhéach le deireadh a chur leis an gciúnas 100 bliain a bhain le himeachtaí an Chogaidh Chathartha.

D'fhill *'Documentary on One'* le haghaidh séasúr eile agus san áireamh bhí *Fear and Mistrust*, clár a d'fhéach ar an ardú atá tagtha ar an dream in Éirinn atá diongbháilte ar an eite dheas. Bhí rath idirnáisiúnta ar an bhfoireann freisin ar na hardáin sruthaithe le sraith de podchraoltaí ilpháirte láidre eile, *Finding Samantha*, a lean gluaiseachtaí an chaimiléara ban srathach, Samantha Azzopardi. Tharraing Azzopardi aird an phobail den chéad uair nuair a sheas sí os comhair Ard-Oifig an Phoist i mBaile Átha Cliath in 2016 agus drochbhail uirthi, agus gur ceapadh gur íospartach gáinneála ar leanaí a bhí inti. Lean an tsraith podchraoltaí Azzopardi thar thrí mhór-roinn – fad a bhí os cionn 100 ainm bréige á n-úsáid aici – agus trí shraith de chamscéimeanna a éiríonn níos scannalaí go dtí a háit dúchais san Astráil, áit ar rug an dlí uirthi ar deireadh thiar.

Ceannródaithe

Dhírigh roinnt cláracha faisnéise aonair i rith na bliana ar dhaoine a d'úsáid cur chuige úrnua chun go n-éireodh leo sna réimsí a bhí roghnaithe acu. D'fhéach *Liam Brady: An Irishman Abroad* ar an gcaoi ar réitigh an laoch náisiúnta Liam Brady an bealach do pheileadóirí eile i Roinn a hAon Shasana a gclubanna a fhágáil sna 1980idí chun go n-éireodh thar cionn leo thar lear. D'fhág Brady Arsenal i 1980, nuair a bhí sé i mbarr a mhaitheasa, sínigh sé don chlub lodálach Juventus, agus bhuaigh sé dhá bhonn craoibhe de chuid na hIodáile leis an gclub. Dhírigh *Kevin Moran: Codebreaker* ar na blianta a raibh Moran ag imirt ag an leibhéal is airde i gCLG agus i sacar Shasana. D'éirigh leis conradh gairmiúil sacair a fháil le Manchester United ach lean sé air ag imirt na peile Gaelaí d'fhoireann iomráiteach Bhaile Átha Cliath sna 1970idí: rud nach bhféadfaí a shamhlú sa lá atá inniu ann. Bhí *Man vs Ocean* ag breathnú ar an ullmhúchán agus ar an gcumhacht intinne a theastaigh ó Damian Browne agus ó Fergus Farrell agus iad ag iarraidh rámháocht trasna an Atlantaigh, ó Nua-Eabhrac go Gaillimh. De bharr tinnis, chaithfí Farrell a tharrtháil i lár an Atlantaigh, ach tháinig cor iontach sa scéal nuair a shocraigh Damian Browne go leanfadh sé ar aghaidh leis an iarracht ina aonar.

Stair

Tháinig deireadh le Deich mBliana na gCuimhneachán in 2023 agus rinne RTÉ comóradh air le sraith de chláracha faisnéise suntasacha. Sraith dhá chuid a bhí in *The Silent Civil War* a d'fhéach le deireadh a chur leis an gciúnas 100 bliain a bhain le himeachtaí an Chogaidh Chathartha. Cé go mbíodh drogall ar iar-shaighdiúirí an chogaidh labhairt go poiblí faoi na himeachtaí seo, ba mhinic a labhair siad faoinar tharla dóibh faoi rún lena gclann agus lena ngarchlann.



RTÉ: Ábhar na bliana

Cláracha Fíorasacha (ar lean)

Thug Ireland 100: An Old Song Resung os cionn 100 ealaíontóir, ceoltóir, damhsóir agus file le chéile san RDS i mBaile Átha Cliath chun comóradh a dhéanamh ar 100 bliain de stát na hÉireann agus a éachtaí agus a chastachtaí ar fad.

Rinne an scannánóir Ken O'Sullivan iniúchadh ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíocht an duine ar shaol na mara in *North Atlantic – The Dark Ocean*. Rinneadh iniúchadh sa tsraith ar shaincheisteanna cosúil le tocsaineacht a bheith i míolta móra de bharr gníomhaíocht an duine agus an míol mór eiteach a bheith á scriosadh de dhroim an domhain mar gheall ar sheilg na míolta móra. Spreag an tsraith an lucht féachana le hiarracht níos fearr a dhéanamh na héiceachórais luachmhara seo a chaomhnú.

Arna cómhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoi Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán, chaith foireann acadúil dhá bhliain ag bailiú na scéalta seo a cuireadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin agus teistiméireachtaí an dara glúin agus an tríú glúin chun cur síos a dhéanamh ar an tráma a bhain leis na blianta seo. Tá os cionn 100 uair an chloig de thaifeadtaí a tháinig de bharr *The Silent Civil War* curtha i dtaisce i gCnuasach Bhéaloideas Éireann sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ó shin.

Lean RTÉ ar aghaidh ag fiosrú imeachtaí na nDeich mBliana ó pheirspictíochtaí éagsúla, in *Tony Connelly: A Hidden History*, scrúdaíodh taithí sheanathair Tony, a bhí ina bhall den RIC sa tréimhse seo sular bhog sé ó Thuaidh le bheith ina bhall den RUC i ndiaidh na críochdheighilte. Cuireadh clabhsúr le Deich mBliana na gCuimhneachán ó thaobh cláir de i mí Dheireadh Fómhair leis an ócáid chumhachtach *Ireland 100: An Old Song Resung*. Thug an ócáid seo os cionn 100 ealaíontóir, ceoltóir, damhsóir agus file le chéile san RDS i mBaile Átha Cliath chun comóradh a dhéanamh ar 100 bliain de stát na hÉireann agus a éachtaí agus a chastachtaí ar fad.

Tá RTÉ an-bhródúil as an ról a bhí aige i rith Dheich mBliana na gCuimhneachán agus tá sé an-bhuíoch dá chomhpháirtithe éagsúla agus do na céadta déantóirí clár a chuir lena shaothar le linn na tréimhse seo. Chuidigh an obair a rinne lucht déanta na gcláracha seo leis an tír tuilleadh tuisceana a fháil, agus díospóireacht agus comóradh breise a dhéanamh, ar na himeachtaí a tharla sna deich mbliana bunaidh agus fágann siad saibhreas cartlainne a bheidh ina hacmhainn luachmhar do staraithe agus do lucht déanta cláracha araon amach anseo.

Cláracha Reiligiúin

Tá an éagsúlacht fós i gcroílár na goláracha Reiligiúin a chraolann RTÉ. Mar a tharla i mblianta roimhe seo, léirigh RTÉ roinnt gearrscannán chun ceiliúradh a dhéanamh ar fhéilte móra a bhain le réimse leathan reiligiúin i rith 2023. Chomh maith leis sin, chraol RTÉ dhá shraith nua a rinne ceiliúradh ar an ilchultúrachas. In *Donal's Feasts, Fasts and Festivals*, sraith trí chlár, thug an cócaire Donal Skehan spléachadh cócaireachta ar na traidisiúin a bhaineann leis an gceiliúradh a dhéanann pobail ag a bhfuil creidimh mhionlaigh in Éirinn. Idir an dá linn, rinne an tsraith sé chuid *A Ring and a Prayer* cur síos ar thaithí 12 lánúin a phós in ainneoin gur tháinig siad ó chúlraí creidimh éagsúla.

RTÉ: Ábhar na bliana

Cláracha Fíorasacha (ar lean)

Inbhuanaitheacht agus an Ghéarchéim Aeráide

In 2023, díriodh arís ar an inbhuanaitheacht agus ar an ngéarchéim aeráide sna cláracha a chuireamar ar fáil. I measc na mbuaicphointí bhí *Heated*, sraith infhillte sé chuid, ina bhféachtar ar na dúshlán a bhaineann leis an ngéarchéim aeráide agus ar na réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann. In *Ireland's Wild Islands* thug Eoin Warner faoi thuras eipiciúil i gceann de húicéirí na Gaillimhe feadh chósta thiar na hÉireann. Sa tsraith dhraíochtúil seo, rinne Eoin iniúchadh ar an tionchar atá ag an athrú aeráide ar ár mbithéagsúlacht, tionchar atá le tabhairt faoi deara cheana féin, agus chuir muid dár gceistiú féin faoin gcaidreamh atá againn leis an dúlra.



RTÉ: Ábhar na bliana

Spórt

Gan dabht bhí an dá Chorn Domhanda go mór chun tosaigh sa tírdhreach spóirt. Bhí foireann ban Phoblacht na hÉireann san iomaíocht ina gcéad Chorn Domhanda san Astráil, i gcomórtas a mhairfidh i bhfad sa chuimhne, in ainneoin iad a bheith curtha amach as go luath ag staid an ghrúpa.

Ó thaobh cúrsaí spóirt de, bliain eile arís ab ea 2023 ina raibh an lámh in uachtar ag foirne agus ag lúthchleasaithe na hÉireann a bhí san iomaíocht ar scála domhanda agus iad ag dul ó neart go neart sa bhaile agus caighdeán níos airde bainte amach acu.

Gan dabht bhí an dá Chorn Domhanda go mór chun tosaigh sa tírdhreach spóirt. Bhí foireann ban Phoblacht na hÉireann san iomaíocht ina gcéad Chorn Domhanda san Astráil, i gcomórtas a mhairfidh i bhfad sa chuimhne, in ainneoin iad a bheith curtha amach as go luath ag staid an ghrúpa. Beidh teist na mblianta ar an gcúl a scóráil Katie McCabe agus is cinnte go mbeidh sé ina chatalaíoch le haghaidh tuilleadh fáis i gcluiche na mban agus i spórt na mban i gcoitinne. Chruthaigh an comórtas an líon féachana ab airde d'fhoireann idirnáisiúnta na mban agus léiríonn sé arís acmhainneacht an spóirt agus an fonn atá ar dhaoine go mbeadh tuilleadh clúdach á dhéanamh air.

Bhí an-ghealladh faoi Corn Domhanda Rugbaí na bhfear, daoine ag tnúth go mór leis agus iad lán dóchais. Thug sé spleodar, eachtraí gaille is gaisce agus splancacha draíochta ach ní raibh ann sa deireadh ach an díomá nuair a fuair foireann na hÉireann é féin ar an taobh mícheart de na corrlaigh bheaga atá idir an rath agus an teip ag na leibhéal is airde den scothspóirt. Nuair a d'éirigh le Spórt RTÉ an comórtas ar fad a thabhairt, agus é saorchraolta, chuig an lucht leanúna i gcomhar le Virgin Media – comhoibriú a léiríodh freisin leis an rath a bhí ar Grand Slam – léiríonn sé go sonrach a thábhachtaí atá sé go mbeadh clúdach saorchraolta ar na buaicphointí is tábhachtaí i spórt na hÉireann. Is gá go mbeadh an cumas atá ionainn mar thír a bheith san iomaíocht ar an stáitse domhanda le feiceáil i gcónaí ar na hardáin saorchraolta mar bhealach leis na príomhchuimhneacháin spóirt a thabhairt chuig an oiread den lucht féachana agus is féidir agus na glúnta atá le teacht a spreagadh chun aithris a dhéanamh ar a gcuid laochra.

Léirítear arís agus arís eile an cumas atá ionainn dul san iomaíocht i níos mó cineálacha spóirt in aghaidh an dream is fearr ar domhan, agus teidil dhomhanda sa phararothaíocht, sa rámháíocht agus sa snámh parailimpeach bainte, agus iad craolta arís ar na hardáin Spórt RTÉ ar fad. Bhí an rath sin le feiceáil go soiléir nuair a ainmníodh Rhys McClenaghan mar Phearsa Spóirt na Bliana de chuid RTÉ, tar éis dó boinn óir domhanda a bhuachan as a chéile sa ghleacaíocht in 2022 agus in 2023.



RTÉ: Ábhar na bliana

Spórt (ar lean)

Mar gheall ar chomh maith agus a bhí ag éirí i gcónaí le GAAGO, d'fhág sin freisin go bhféadfaí níos mó cluichí Gaelacha a chur ar fáil don lucht féachana, rud a chiallaíonn gur féidir tuilleadh a chur ar fáil sa spás saorchraolta ar fad de chuid Spórt RTÉ.

Sa bhaile chuir Spórt RTÉ clúdach cuimsitheach ar fáil arís ar shéasúr CLG agus ar shéasúr an tsacair mar chuid dá chlúdach spóirt, breis agus 900 uair an chloig san iomlán, ar an teilifís, agus na céadta eile uair an chloig ar an raidió agus na mílte alt ar líne agus ar ár gcainéil sóisialta ar fad. Bhí an tír faoi gheasa arís ag éachtaí fhoireann iomána Luimnigh agus fhoireann peile Bhaile Átha Cliath agus iad ag fáil an cheann is fearr ar a gcéilí comhraic agus ar imeacht aimsire chun tuilleadh craobhacha Uile-Éireann a bhaint amach. Is fíor nach bhfeicimid a leithéidí arís go ceann i bhfad, má bhíonn a leithéidí ann choíche.

Tá an chosúlacht ar an scéal go bhféadfadh cúig bhua as a chéile a bheith againn san iománaíocht agus cothóidh sé seo fosc tuairmíochta agus dúil i samhradh na bliana 2024.

Mar gheall ar chomh maith agus a bhí ag éirí i gcónaí le GAAGO, d'fhág sin freisin go bhféadfaí níos mó cluichí Gaelacha a chur ar fáil don lucht féachana, rud a chiallaíonn gur féidir tuilleadh a chur ar fáil sa spás saorchraolta ar fad de chuid Spórt RTÉ.

Ní san iománaíocht amháin a bhí an chaint ar ceithre bhua as a chéile, toisc go raibh Shamrock Rovers chun cinn arís ar shéasúr Shraith na hÉireann agus, ar nós an dream cois Sionainne, go bhfuil gach seans acu cúig bhua a bheith acu as a chéile sa séasúr amach romhainn, agus i gcluiche ceannais Chorn an FAI tháinig méadú ar an tinreamh agus ar an lucht féachana agus St Pat's ag tabhairt an choirn leo ar ais go hInse Chór.

Agus rugbaí na Mumhan ag filleadh ar a mbealaí buacacha agus an lámh in uachtar i gcónaí ag Willie Mullins in earnáil na gcapall, bhí Spórt RTÉ chun tosaigh arís ó thaobh na n-ócáidí ba mhó le rá i gcúrsaí spóirt a bheith inrochtana don lucht féachana agus éisteachta i gcónaí agus léargas a thabhairt ar an rath mór a bhí ar spóirt na hÉireann.

Ní bhíonn aon bhliain chiúin ann i gcúrsaí spóirt níos mó, agus tá an chosúlacht air go mbeidh go leor imeachtaí cinniúnacha eile againn i réimse leathan de dhisciplíní spóirt sa bhliain 2024. Cuirfidh Spórt RTÉ na himeachtaí tábhachtacha sin ar fáil arís ar gach ceann de na hardáin. Idir na hiarrachtaí an póidiam a bhaint amach ag na cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha agus a bheith ag iarraidh gaisce nach bhfacthas cheana a dhéanamh san iomáint, beidh ár sainchúram seirbhíse poiblí lárnach i ngach rud a bheidh ar siúl againn.



RTÉ: Ábhar na bliana

Daoine Óga

In 2023 bhí an banphrionsa spáis, *Nova Jones* (Jam Media) ar ais de bharr éileamh an phobail, agus í ag dul i gcion ar lucht féachana na n-eachtrán agus ar na páistí sa bhaile lena cuid éadaigh spástháibhseacha agus a foinn dochreidte.

Ba bhliain eisceachtúil í 2023 mar a bhain le hábhar do pháistí ar gach cearn dár seirbhísí. Is éard a bhí i gceist ná tógáil ar bhrandaí a bhfuil an-tóir orthu agus iad a chur ar fáil dár lucht féachana óg i bhformáidí éagsúla ar cibé ardán a roghnaíonn siad féin. Tá sé an riachtanas chun an cineál seirbhíse seo a chur ar fáil go n-aithneofaí an branda, agus ábhar ardchaighdeáin, ar a n-oibrímid go dlúth leis an earnáil neamhspleách, mar bhonn taca leis. Tá an t-ábhar atá á chruthú againn dár lucht féachana óg chomh maith céanna leis an ábhar a chuireann ár n-iomaitheoirí in earnáil na craoltóireachta ar fáil, agus tá tionscal beochana na hÉireann fós ag dul i bhfeidhm go mór go hidirnáisiúnta.

Leanfaimid orainn ag forbairt agus ag feabhsú ár seirbhíse i rith an ama, ach go dtí seo bhí roinnt gnéithe ar éirigh thar barr leo. Thar aon ní eile, tá an RTÉ Player á bhunú féin go daingean mar cheann de na chéad roghanna ar éileamh do pháistí, nuair a theastaíonn uathu teacht ar ábhar den scoth as Éirinn, in éineacht leis an dá chainéal YouTube coimeádaithe atá againn (RTÉjr agus RTÉ Kids), atá tar éis dul ó neart go neart, podchraoltaí a bhfuil gradaim buaite acu agus atá ar fáil ar an RTÉ Radio Player, RTÉjr Podcasts ([rte.ie](http://www.rte.ie)), agus ní féidir dearmad a dhéanamh ar ár láithreáin ghréasáin RTÉ Kids (Teilifís, podchraoltaí agus go leor eile) (www.rte.ie/kids) agus RTÉ Learn (www.rte.ie/learn).

Tá for-rochtain fós ina phríomhcholún den straitéis a bhaineann le Cláracha do Dhaoine Óga (YPP) in 2023 agus bhaineamar an-taitneamh as ár goláracha agus ár láithreoirí a thabhairt amach chun bualadh go pearsanta lenár lucht féachana. In 2023 bhí RTÉjr i láthair ag Kaleidoscope, Bloom, Junk Kouture, Fresh Film agus ag Taispeántas Eolaí Óg & Teicneolaíochta BT.

Chuaigh This Is Art!, ár gcomórtas ealaíne digití, a eagraítear ar fud na tíre le tacaíocht ó Éire Ildánach, ó neart go neart agus chun bailchríoch a chur leis bhí an taispeántas urghnách This is Art! san Acadamh Ibeirneach Ríoga. Ócáid an-speisialta ar fad a bhí anseo a rinne ceiliúradh ar chruthaitheacht leanaí agus daoine óga ar oileán na hÉireann. Leanamar orainn ag obair i gcomhar lenár gcomhghleacaithe san EBU ar roinnt tionscnamh uile-Eorpach, d'fhonn cláracha faisnéise smaointeacha agus drámaí iontacha a chur ar fáil ó gach cearn den Aontas Eorpach.

RTÉ Kids (7-12 bliain)

In 2023 bhí an banphrionsa spáis, *Nova Jones* (Jam Media) ar ais de bharr éileamh an phobail, agus í ag dul i gcion ar lucht féachana na n-eachtrán agus ar na páistí sa bhaile lena cuid éadaigh spástháibhseacha agus a foinn dochreidte. D'fhill an t-ealaíontóir iontach cumasach Marvel, Will Sliney freisin leis an dara sraith de *Will Sliney's Storytellers* (Pioneertown), agus é ag spreagadh páistí i ngach áit lena bpinn luaidhe a phiocadh suas agus tabhairt faoin líníocht.



RTÉ: Ábhar na bliana

Daoine Óga (ar lean)

In 2023 tháinig an tsraith álainn ó *Paper Owl*, *Bóin agus Beach*, ar ais.

Thug *JourneyCam International* (Dyehouse Films), an leagan ollmhór den *JourneyCam* bunaidh, muid ar thuras timpeall na cruinne ón bPolainn go dtí an Phacastáin, ón India go Cúba.

Buaicphointe eile den bhliain 2023 a bhí i *Space Camp Challenge* (Mind the Gap Films), rinne Fondúireacht Eolaíochta Éireann cómhaoiniú ar an tsraith. Lean an tsraith seo ochtar mac léinn de chuid na hÉireann a bhí san idirbhliain, nuair a fuair siad deis nach dtiocfaidh arís, oiliúint a fháil mar spásairí NASA i gcampa spáis Huntsville, SAM.

Ag teannadh le deireadh na bliana thuairt an clár greannmhar *Storybud* (Kite Entertainment) ar ais ar ár scáileáin le 10 scéal nua, cúig cinn d'Oíche Shamhna agus cúig cinn ag caitheamh le daoine cáiliúla sa stíl a chleachtann *Storybud*. Cuireadh fáilte arís roimh Jason Byrne, Deirdre O'Kane agus Tara Lynne O'Neill, agus shuigh Panti agus Dustin the Turkey sa chathaoir mhór bhuí den chéad uair!

Bhí an-áthas orainn freisin leanúint ar aghaidh ag tacú le cruthaitheacht ár lucht féachana sna déaga nuair a d'fhill *Junk Kouture*, agus é ar ais sa 3Arena le 5,000 dá lucht leanúna glórach, agus Seán Treacy, Órla Morris Toolen agus Mary Claire Fitzpatrick á chur i láthair. Ócáid iontach chomh maith ab ea *Ireland's Young Filmmaker 2023*, arna sheachadadh ag Fresh Film, ar éirigh leis an chruthaitheacht dhochreidte atá ag an gcéad ghlúin eile a léiriú agus a cheiliúradh.

RTÉjr (0–6 bliain)

Bhíomar i riocht pléascadh le beochan agus le himeachtaí beo dár lucht féachana níos óige in 2023. I dtosach bhí *Flix* (Pictor Films) againn. Ba é an scríbhneoir agus maisitheoir Tomi Ungerer a chruthaigh *Flix* an chéad lá riamh. Is é *Flix* an t-aon mhadra i mbaile na gcat agus baineadh an-spraoi as a chuid eachtraí iontacha greannmhara i mbliana. Thug *Sullivan Sails* agus a chara Benji (Distillery Films & Alt Animation) cuireadh dúinn a bheith páirteach leo in eachtraí a bhí mar a bheadh brionglóidí ann le go leor ainmhithe dochreidte ó áiteanna ar fud an domhain, agus tháinig *Silly Sundays*, sraith úrnua ó Cartoon Saloon, lán le scig-gháire, dathanna agus neart ríméid!

Athair agus an iníon, Paul agus Penny Lynch a chruthaigh *Funny Little Monsters* (Mutiny Group & Elk) – tá Penny ar an bhfeidhmeannach teilifíse is óige in Éirinn gan í ach 10 mbliana d'aois – agus, chun gach rud a thabhairt chun críche in 2023 tháinig RTÉjr ar ais le *Fia's Fairies* (Little Moon Animation) agus an tsraith álainn ó *Paper Owl Bóin agus Beach* a bhfuil an-tóir orthu, cé go raibh na créatúir rapála ó *Urban Tails* (Pink Kong Studios) ar ais leis na héistphéisteanna cniogrinche chun gliondar a chur orainn ar fad arís.



RTÉ: Ábhar na bliana

Daoine Óga (ar lean)

In 2023 bhí an tsraith a raibh an-tóir air, *Tír na nÓg* (Macalla) ar ais don dara sraith.

Bhain *Stop the Bus*, *Storytime Takeover* agus *Ireland's Unreal* gáire as an teaghlach ar fad (aois a trí agus os a chionn), agus tá Maddie agus Triggs, an tsraith podchraoltaí a rinneadh le Turnip and Duck, ina eiseamláir idirnáisiúnta den chur chuige ina mbíonn tús áite ag an bpodchraoladh, agus tharraing sé an-aird chomh maith le maoiniú ó RTÉ agus ón BBC le haghaidh sraith bheochana a bheadh ionadaíoch agus inrochtana agus podchraoladh níos leithne.

Agus muid ag díriú in 2024 ar níos mó eipeasóid a chur lena bhfuil curtha ar fáil againn cheana féin, is cinnte go dtabharfar an-aird go deo ar an ábhar éisteachta do na páistí.

Bhain lucht féachana óg RTÉjr sult as neart seónna beo-aicsin. Bhuaill muid le Simon agus an drong le haghaidh eachtraí fonnadóireachta sa teach solais inár sraith úrnua *Simon Says* (Fíbin Media), agus iad ag canadh leo tríd an lá agus ag déanamh cinnte de go raibh an-spraoi ag gach duine ar an mbealach. D'fhill *Body Brothers* le sraith 3 (stop. watch television), agus an uair seo bhain sé ar fad le haireagáin. Ó am leithris go dtí an chaoi a ndéanfá plaisteach as glasraí, agus go leor eile!

Bhí an tsraith a raibh an-tóir air, *Tír na nÓg* (Macalla) ar ais don dara sraith. Thug Síofra, Oisín agus a gcuid cairde ar aistear draíochtúil eile muid tríd an ngeata atá i bhfolach sa ngairdín chuig Tír na nÓg áit ar fhoghlaim siad faoin nádúr agus faoin domhan mór trí chluichí, dúshláin agus amhráin.

Ós ag caint ar eachtraí é, bhí Ella Blaze agus Lucy ar ais in 2023 le heachtraí níos suntasaí fós de *The Imagination Machine* (Firebrand), agus Doctor Dotty agus Mr Fluffy Pants de shíor sa tóir orthu, ag iarraidh a gcrúba a fháil ar leabhar draíochta an Imagination Machine.

Raidió & Podchraoltaí RTÉjr

Bhí bliain iontach eile ag Podchraoltaí RTÉjr sa bhliain 2023. Bhuaigh an podchraoladh mistéire, Cereal bonn óir ag Féile Raidió NYC. Tá Sraith 2 á léiriú faoi láthair, agus táthar ag súil go mbeidh sé againn i mí an Mheithimh.

Bhuaigh *A New Home* bonn airgid sa chatagóir chéanna. Bhain *The Listener* le Compántas Amharclannaíochta Monkeyshine gradam óir amach ag IMRO, ag teacht sa chéad áit sa chatagóir don Drámaíocht Raidió is Fearr. Ainmníodh ár bpodchraoltaí le haghaidh 13 gradam ar leith ag Gradaim Phodchraoltaí na hÉireann, agus ar bharr an liosta sna catagóirí Teaghlach agus Réalta Óga bhí *Kidcast* agus Bobby Aherne, a chruthaigh *Nero's Class*.

I mí Iúil, seoladh beo an feachtas 'Share a Journey' ar an teilifís agus an raidió, agus ardán tugtha do *The Neighbourhood* chomh maith le Cereal agus ag díriú ar ár gcatalóg iomlán d'ábhar éisteachta na bpáistí, ina bhfuil suas le 31 sraith shaincheaptha anois. Bhí méadú suntasach tagtha ar líon na n-éisteoirí agus ar na híoslódálacha, rud a léiríonn go bhfuil an-spéis in ábhar éisteachta do leanaí in Éirinn.

Chuir *Kidcast*, *Ecolution*, *CAKE* agus *What's for Dinner?* ardán ar fáil do pháistí ar fud na hÉireann ionas go raibh deis acu a nguthanna, a smaointe agus a mothúcháin a roinnt ar gach rud ón gcomhshaol go dtí ceol, bia agus go leor eile. Cuireadh *Ecolution* i láthair ag fóram podchraolta an EBU a bhí dírithe ar ábhar podchraolta don lucht féachana óg mar dhea-shampla de phodchraoladh comhshaoil do pháistí.



RTÉ: Ábhar na bliana

Cláracha Gaeilge – Léiriú Inti

Thaitin *Mealladh na Mara* go mór leis an lucht féachana, agus tá ag éirí chomh maith céanna leis agus é á athchraoladh.

Bhí bliain iontach ar fad ag foireann inmheánach Chláracha Gaeilge RTÉ in 2023, agus dhá shraith nua a bhfuil an-mholadh faighte acu seolta, in éineacht leis na formáidí seanbhunaithe *Scannal agus Cloch le Carn*, a mheall lucht féachana mór agus a thuill ardmholadh i gcónaí.

Sraith faisnéise trí pháirt ab ea *Mealladh na Mara* (3 × 30') ina ndearna triúr atá an-difriúil óna chéile staidéar ar an gcaoi a bhfuil siad chomh tógtha sin leis an bhfarraige. Le grianghrafadóireacht eipiciúil de mhúirdhreacha a raibh scannánú déanta orthu ar an láthair i Maigh Eo, Iarthar Chorcaí, Ciarraí agus Baile Átha Cliath, d'inis an tsraith 'mhall-teilifíse' aonuaire seo scéalta faoin tumadóir tarrthála Conall Ó Dómhnaill i Maigh Eo, an múinteoir agus scipéir báid farantóireachta Niamh Ní Drisceoil in Iarthar Chorcaí agus Eoin McCarthy Deering, dochtúir teaghlaigh a rugadh i mBaile Átha Cliath agus atá ina shurfálaí gairmiúil. Thaitin sé go mór leis an lucht féachana, agus tá ag éirí chomh maith céanna leis agus é á athchraoladh.

Leagan amach nua ar chlár ceoil faisnéise ab ea *Aistear an Amhráin* (4 × 30') a bhain leas as an stair shóisialta agus chultúrtha, na miotais, fírinne agus bréaga atá taobh thiar de chuid de na hamhráin is mó a thaitníonn linn in Éirinn. Nocht an chéad sraith an fhírinne gan choinne atá taobh thiar de shaothar íocónach Sheáin Uí Riada 'Mná na hÉireann'; an stair shóisialta a bhrisfeadh do chroí atá taobh thiar den rosc eisimirce leis na Saw Doctors 'N17'; an stair iontach atá ag baint leis an mbailéad breá de chuid na Dubliners 'Monto'; agus, sa chéad chlár tráthúil, d'fhiosraigh sé an fáth a raibh amhrán na Wolfe Tones 'Come Out Ye Black and Tans' in ann fearg a chur ar dhaoine agus in ann daoine a spreagadh ag an am céanna. Bhí an lucht féachana agus léirmheastóirí araon an-tógtha leis an dá shraith; beidh *Aistear an Amhráin* ar ais le haghaidh don dara sraith in 2024.

Rinne *Cloch le Carn*, an fhormaidí fógraí báis de chuid na gCláracha Gaeilge atá ar siúl le fada, ceiliúradh ar shaol agus ar oidhreacht cheathrar íocónach de chuid na hÉireann a d'imigh uainn ar shlí na fírinne le tamall anuas: an craoltóir agus ceoltóir Shay Healy, laoch CLG Bhaile Átha Cliath Brian Mullins, ceannródaí ceoil na Chieftains, Seán Keane agus príomhamhránaí Aslan agus fear ab ansa le gach duine sa tír, Christy Dignam. Rinneadh na cláracha mar chláracha speisialta aonuaire agus craoladh iad ar Laethanta Saoire Bainc agus le linn na Nollag in 2023, bhí lucht féachana os cionn an mheáin acu agus thuill siad an-mholadh.

Tá an-tóir i gcónaí ag an lucht féachana ar *Scannal* atá i gcruth cláir faisnéise agus atá ar siúl le fada. Bíonn na cláracha ar ardchaighdeán agus bíonn lucht éisteachta ard acu ar bhonn leanúnach. D'fhéach séasúr 2023 siar ar scéalta a chuir alltacht ar an tír, a chothaigh deighilt nó a raibh daoine an-tógtha leo: cás tragóideach Mary Boyle nár réitíodh riamh.

RTÉ: Ábhar na bliana

Cláracha Gaeilge – Léiriú Inti

Bhí Mary sé bliana d'aois nuair a d'imigh sí gan tásc ná tuairisc ó theach a seantuismitheoirí i nDún na nGall i 1977; fuadach Jennifer Guinness sa bhliain 1986; an chaoi ar éirigh an tír oibrithe faoi chearta ainmhithe le linn Aonach an Phoic in 2022; agus, in eagrán speisialta caitheadh súil siar ar an gcaidreamh thuas seal thíos seal atá againn in Éirinn le táillí uisce, 50 bliain d'oileán fliuch báite báistí san Atlantach Thuaidh ag éirí te teasaí mar gheall ar H₂O.

In 2024, craolfaidh foireann inmheánach na Gaeilge roinnt sraitheanna nua, chomh maith le sraitheanna a bheidh ag filleadh orainn, agus craolfar clár speisialta trí chuid ag breathnú siar ar oidhreacht leanúnach a d'fhág cuid de na scéalta atá clúdaithe ag Scannal le linn a 25 séasúr, chun comóradh a dhéanamh ar 20 bliain den tsraith.



RTÉ: Ábhar na bliana

Cláracha Gaeilge – Léiriú Inti (ar lean)

Sa dara sraith den fhormaid bhreathnaitheach réidh seo *Ar an Sliabh*, bhí foirne Strident seal le teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i dtrí cheantar sléibhtiúla in Éirinn - i nGleannta Aontroma, ag bun na hEaragaile i dTír Chonaill agus thart ar Chnoc Bréanainn i gCiarraí – chun léargas a thabhairt ar an saol mar atá sé i ndáiríre i gcuid de na ceantair sléibhe is iargúlta in Éirinn.

Léiriúcháin Neamhspleácha

In 2023, cuireadh leis na cláracha inmheánacha de chuid RTÉ le scláta uailmhianach de shraitheanna nua a bhí coimisiúnaithe ag RTÉ le tacaíocht ó Chiste Fuaime agus Físe an BAI agus ón gCiste Craoltóireachta Gaeilge (ILBF) agus a léirigh comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha ó gach cearn d'Oileán na hÉireann.

Léirigh Big Mountain Productions trí shraith do Cláracha Gaeilge RTÉ sa bhliain 2023. In *Réaltaí na Gaeltachta*, thug grúpa daoine cáiliúla faoin dúshlán an Ghaeilge a fhoghlaim/ a athfhoghlaim, agus iad ag dul ar ais go dtí an Ghaeltacht, ag fanacht le mná tí agus ag freastal ar an rang, díreach mar a dhéanann na mílte scoláirí Gaeilge gach samhradh. Sraith álainn, spraíúil a bhí anseo ach amháin go raibh le teachtaireacht thábhachtach ann, agus ghnóthaigh sé go leor ceannlínte agus sciar ard de lucht féachana.

Thug Big Mountain an tríú rith dúinn den tsraith faoi pheataí ar a bhfuil an-tóir, Peataí. Sa tsraith seo d'aimsigh an tréidlia Ellen Hegarty, an grúmaeir Paul Ó Gallachóir agus an t-iompraí ainmhithe Paula Doohan réiteach ar chuid eile de na fadhbanna a bhain le peataí ó gach cearn den oileán. Agus sa seachshraith cúig chlár *Madraí*, thug Paula agus Ellen isteach na coileáin ba dhalba sa tír ón dianghlasáil agus a n-úinéirí a bhí faoi strus.

Chomh maith leis sin thug Big Mountain chuig na scáileáin an clár álainn, *Dolores @ 70*, le linn Nollaig na bliana 2023. Rinne an clár ceoil speisialta seo a bhí i bhfoirm clár faisnéise agus a mhair uair an chloig ceiliúradh ar cheol an íocóin ceoil tíre Dolores Keane ag teach mhuintir Keane, Carragh Cottage, le léirithe speisialta ó Paul Brady, Tommy Sands, Mick Hanly agus go leor eile.

Chomh maith leis sin, léirigh Strident Media trí shraith le linn buaic-ama do Chláracha Gaeilge RTÉ in 2023. Lean an tsraith uailmhianach feirmeoireachta *Saol na Feirme* a bhí i sé chuid, agus a raibh scannánú álainn déanta air, saol 11 teaghlach feirmeoireachta as Éirinn a bhí an-difriúil óna chéile i goontaetha Aontroma, Ard Mhacha, Dhún na nGall, na Gaillimhe, Mhaigh Eo, na Mí, Phort Láirge agus Chiarraí le linn ceithre shéasúr. Sa dara sraith den fhormaid bhreathnaitheach réidh seo *Ar an Sliabh*, bhí foirne Strident seal le teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i dtrí cheantar sléibhtiúla in Éirinn - i nGleannta Aontroma, ag bun na hEaragaile i dTír Chonaill agus thart ar Chnoc Bréanainn i gCiarraí – chun léargas a thabhairt ar an saol mar atá sé i ndáiríre i gcuid de na ceantair sléibhe is iargúlta in Éirinn.

Agus cúrsaí tithíochta fós ar cheann de na fadhbanna is mó atá le réiteach againn in Éirinn, in *Bog Amach* bhí an láithreoir Emer Mhic an Fhailí in éineacht le seisear lánúineacha agus teaghlaigh agus iad ag iarraidh teach níos lú nó teach níos mó a fháil nó saol nua a chruthú dóibh féin.



RTÉ: Ábhar na bliana

Cláracha Gaeilge – Léiriú Inti (ar lean)

In 2023, léirigh Sugartown Films *Seisiún*, sraith nuálach cheoil ina raibh ceithre chlár agus a bhí á cur i láthair ag an gceoltóir as Iarthar Chiarraí, Muireann Nic Amhlaoibh.

Léirigh Below the Radar Productions *999 Faoi Oilíúint*, sraith bhreathnaitheach cheithre chuid, a bhí cliste agus nuálach agus a lean oibríthe éigeandála a bhí faoi oilíúint agus iad ag ullmhú dá ngairm sna seirbhísí éigeandála. Bhí daoine a bhí faoi oilíúint le Chuardach agus Tarrtháil an Fheabhail, Seirbhís Dóiteáin na Gaillimhe, Tarrtháil Sléibhe Mhaigh Eo, Seirbhís Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, Seirbhís Náisiúnta Otharcharranna na hÉireann, Cuardach agus Tarrtháil Loch nEathach agus Garda Cóta na hÉireann le feiceáil sa tsraith seo.

Léirigh Sugartown Films *Seisiún*, sraith nuálach cheoil ina raibh ceithre chlár agus a bhí á cur i láthair ag an gceoltóir as Iarthar Chiarraí, Muireann Nic Amhlaoibh. Thug an tsraith seo, a thuill ardmholadh, léargas ar na bannaí, na ceoltóirí agus na hamhránaithe atá bródúil as an gceangal atá acu le ceithre cinn de na hionaid faoi stiúir teaghlaigh is mó a bhfuil meas orthu in Éirinn: Campbell's Tavern i nGaillimh, The Cobblestone i mBaile Átha Cliath, Connolly's of Leap in Iarthar Chorcaí agus McGrory's sa Chúil Dabhcha, i gContae Dhún na nGall.

Clár faisnéise aon uaire a raibh ardmheas air ab ea *Viva Mary* a léirigh Rúnda Productions. Bhí cur síos déanta sa chlár seo ar shaol Mary Lamb Waugh, 90 bliain d'aois, iníon leis an ealaíontóir cáiliúil de chuid na hÉireann, Charles Lamb. Portráid chorraitheach agus dearfach a bhí sa chlár faisnéise seo a fuair ardmholadh, faoi shaol mná atá ina seanmháthair dhíograiseach, ina máthair spreagúil, ina cara agus ina múinteoir comhbhách, ina mairnéalach agus taistealaí calma, ina ceoltóir cumasach, ina heisimirceach bródúil agus ina scéalaí deisbhéalach.

Clár faisnéise aonuaire eile a raibh an-fháilte roimhe ab ea *Ré Réabhlóide: An CLG agus Cogadh na gCarad*. Agus é á léiriú ag Imagine Media, lean an clár faisnéise seo, a coimisiúnaíodh do chomóradh céad bliain an Chogaidh Chathartha, an láithreoir agus tráchtair de chuid CLG, Gráinne McElwain, agus í ag fiosrú an ról ríthábhachtach a bhí ag CLG le linn an Chogaidh Chathartha agus ina dhiaidh.

I golár ómóis corraitheach, d'éirigh le hAniar Teo léargas a thabhairt dúinn ar na tréithe ceoil agus craic a bhí go smior i Séamus Begley, nach maireann, ar an stáitse agus den stáitse. *Séamus Begley: The Bold Kerryman* cuireadh pictiúr machnamhach, mothúchánach os ár gcomhair de cheoltóir ar leith a bhí chomh mór céanna ar a shuaimhneas agus é ar a fheirm i gCiarraí Thiar agus a bhí sé ag seinm do na mílte ar stáitsí móra an domhain.

Chomh maith le hábhar a choimisiúnú do RTÉ, déanann Cláracha Gaeilge RTÉ coimisiúnú ar ábhar do TG4 mar chuid den chomhaontú soláthair ábhair atá idir na craoltóirí. Sa bhliain 2023, léirigh IRIS Productions clúdach den *URC Live/Rugbaí Beo* lena chraoladh ar TG4.



RTÉ: Ábhar na bliana

Cláracha Gaeilge – Léiriú Inti (ar lean)

Ag eascairt as ceiliúradh 2022 ar an méid atá déanta ag an stáisiún le 50 bliain anuas, agus é ag saibhriú agus ag neartú phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge ar fud na tíre, reáchtáladh trí cheolchoirm mhóra sna réigiúin in earrach na bliana 2023 agus craoladh beo iad ar an raidió agus ar líne.

RTÉ Raidió na Gaeltachta

Caoga bliain tar éis a bhunaithe, chuir RTÉ Raidió na Gaeltachta clabhsúr leis na himeachtaí a rinne ceiliúradh ar an gcloch mhíle seo i stair na craoltóireachta in Éirinn. Ag eascairt as ceiliúradh 2022 ar an méid atá déanta ag an stáisiún le 50 bliain anuas, agus é ag saibhriú agus ag neartú phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge ar fud na tíre, reáchtáladh trí cheolchoirm mhóra sna réigiúin in earrach na bliana 2023 agus craoladh beo iad ar an raidió agus ar líne. Bhailigh os cionn 100 taibheoir agus 800 ball den lucht féachana ó na pobail áitiúla le chéile i nGaith Dobhair i gContae Dhún na nGall, sna Forbacha i gConamara, Co. na Gaillimhe agus i mBaile Mhuirne i gCo. Chorcaigh. Thug na himeachtaí seo an chuid is fearr den tallann áitiúil agus roinnt ealaíontóirí aitheanta chuig an stáitse d'fhonn ceiliúradh a dhéanamh ar a bpobail féin agus ar ról an stáisiúin. Mar cheolchoirmeacha agus imeachtaí, d'éirigh thar barr leo agus mhúscail sé spéis in ócáid eile den chineál céanna.

Den dara huair le trí bliana anuas, bhuaigh RTÉ Raidió na Gaeltachta an gradam idirnáisiúnta mór le rá do Stáisiún Raidió na Bliana ag Féile Idirnáisiúnta na Meán Ceilteach. Léiríodh leis an ngradam seo an dlúthchaidreamh atá idir an stáisiún agus a chuid éisteoirí, tábhacht an stáisiúin agus an ról lárnach atá aige sa chraoltóireacht seirbhíse poiblí mar chuid den chraoltóir náisiúnta.

Bhí nuacht, cúrsaí reatha, siamsaíocht agus spórt lárnach arís sa scoideal, clúdach tugtha do na scéalta, imeachtaí agus cluichí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is cuid dhílis den stáisiún iad an ceol agus an cultúr agus tá sé seo suntasach sna cláracha a chraoltar. In 2023 cuireadh béim arís ar chraoltaí beaga taobh amuigh ó ionaid phobail, scoileanna, séipéil agus féilte éagsúla, a rud a thug an pobal le chéile chun a gcuid scéalta a roinnt le pobail Ghaeltachta agus pobail Ghaeilge eile.

Bhí RTÉ Raidió na Gaeltachta i lár an aonaigh i gcuid de na himeachtaí cultúrtha ba mhó in Éirinn i rith na bliana, ina measc, Scoil Samhraidh Willie Clancy, Fleadh Cheoil na hÉireann, Oireachtas na Gaeilge agus Comórtas Peile na Gaeltachta.

Ar an drochuair cuimhneofar ar an mbliain 2023 freisin mar an bhliain ar imigh ár gcara agus ár gcomhghleacaí Rónán Mac Aodh Bhuí ar shlí na fírinne. Léiríodh go soiléir an grá a bhí dó agus an meas agus an ghnáoi a bhí ag daoine ar an gcraoltóir iontach seo as Dún na nGall, a raibh pearsantacht chomh láidir aige agus a fhágann oidhreacht ollmhór ina dhiaidh. *Ar dheis Dé go raibh sé.*



RTÉ: An Obair

Dáileadh

2RN

Déanann 2RN, fochuideachta faoi lánúinéireacht RTÉ, córas tarchuradóireachta na hÉireann a chothabháil, a bhainistiú agus a fhorbairt ar son gach craoltóir ar an oileán agus cuireann sé seirbhísí bonneagair ar fáil don tionscal teileachumarsáide. 2RN atá i bhfeighil chóras craolacháin agus tarchuradóireachta náisiúnta na hÉireann, á chinntiú go mbíonn an tír ceangailte i gcónaí agus cinntíodh iontaofacht 99.99% ar fud na seirbhísí tarchuradóireachta teilifíse agus raidió arís.

Leanadh, trí sheirbhísí Saorview agus Saorsat arna dtarchur ag 2RN, de sheirbhísí teilifíse agus raidió seirbhíse poiblí a chur ar fáil saor in aisce i ngach teach sa Stát, le seirbhísí físe agus fuaimne ar ardchaighdeán. As an nach mór 1.75 milliún teaghlach in Éirinn a bhíonn ag faire ar an teilifís, bhí Saorview ag thart ar 648,000 acu agus bhí thart ar 209,000 teaghlach nach raibh aon bhealach eile seachas Saorview acu chun breathnú ar chraoladh teilifíse.

Ar an iomlán, ghin 2RN ioncam €27.6 milliún sa bhliain 2023, ardú beag ar an mbliain 2022. Ar an iomlán, léiríonn an €27.6 milliún agus an fheidhmíocht bliain ar bhliain go bhfuil an margadh craolta seasmhach agus an margadh cíosa crann agus túr ag feidhmiú go láidir.

Sa bhliain 2023 stop seirbhís RTÉ Radio One ar LW252 ag feidhmiú agus leagadh na struchtúir AM in aice le Cnoc an Línsigh i gContae na Mí agus sa Tulach Mhór in Uíbh Fhailí. Cuireadh na cainéil teilifíse Challenge TV, TG4+1 agus Cula 4 le hardán Saorview. Níor tháinig aon athrú suntasach ar an margadh raidió áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta ó tharla go bhfuil beagnach na réimsí ar fad atá ar fáil in úsáid anois. Tá brúnna costais agus iomaíocht sa ghnó teileachumarsáide ag fás i gcónaí, ach an oiread leis an riachtanas maidir le nascacht snáthoptaice. Bhí sé dúshlánach i gcónaí cobhsaíocht ioncaim bliain ar bhliain a bhaint amach sa ghnó teileachumarsáide.

Saorview

Lean seirbhísí teilifíse dhigiteach saor in aisce na hÉireann ag cur ábhar ar fáil do lucht féachana teilifíse na hÉireann sa bhliain 2023. B'ionann lucht féachana Saorview agus 37% de na tithe go léir a bhfuil teilifíseán iontu (suirbhé bunaíochta Nielsen, Eanáir 2024).


Sa bhliain 2023, chuireamar trí chainéal nua le cainéil Saorview - TG4+1, Cula 4 agus Challenge. Tháinig sé seo sna sála ar uasghrádú TG4 go dtí seirbhís Ardghléine i mí na Nollag 2022. Cuireann láithreachtrí chainéal HD TV ar an ardán le tarraingteacht Saorview, a bhfuil 16 cainéal teilifíse agus 11 stáisiún raidió ar an iomlán le fáil air anois don lucht féachana.

RTÉ: An Obair

Dáileadh (ar lean)

Chuireamar infhaighteacht Saorview chun cinn le feachtais fógraíochta teilifíse agus raidió a bhí ar siúl ar feadh na bliana. Bhí leaganacha i mBéarla agus i nGaeilge sna feachtais ag teacht leis na hoibleagáidí a bhaineann leis an bhForáil Fógraíochta in Acht na dTeangacha Oifigiúla, a cuireadh i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2022. Cuireadh an teachtaireacht ‘Déan do Theilifíseán Cliste Níos Cliste trí aeróg a phlugáil isteach’ chun cinn ar láithreán gréasáin Saorview agus ag an díolphointe miondíola.

Táimid ag obair faoi láthair ar sheirbhís don chéad ghlúin eile a fhorbairt, le go gcuirfidh Saorview chun rogha níos leithne de chainéil saor in aisce agus d’ábhar ar éileamh a chur ar fáil, a nascann Teilifís Dhigiteach Trastíre agus leathanbhanda, a bheidh ar fáil ar Theilifíseán Chliste níos nuaí. Tá an tionscadal sna luathchéimeanna forbartha. Coinneoidimid an lucht féachana ar an eolas faoin tionscnamh seo trí láithreán gréasáin Saorview de réir mar a bheidh dul chun cinn á dhéanamh againn air.



RTÉ: An Obair

Digiteach

Bhí an líon is mó sruthanna riamh ag an RTÉ Player sa bhliain 2023 le breis is 105 milliún sruth.

RTÉ Player

Ba í 2023 an bhliain ba rathúla riamh ag an RTÉ Player, tráth ar chuir an tseirbhís sruthaithe beo agus sruthú ar éileamh 105 milliún sruth agus 35 milliún uair an chloig sruthaithe ar fáil a bhain amach 1.8 milliún úsáideoir uathúil in aghaidh na míosa faoi dheireadh na bliana. Ba é an 26 lúil an lá ba mhó den bhliain ar an RTÉ Player le breis is 250,000 uair an chloig d'ábhar sruthaithe agus Katie McCabe ag stiúradh Phoblacht na hÉireann sa choimhlint thábhachtach i gcoinne Cheanada le linn *Chorn Domhanda na mBan FIFA*.

Tugann an 10 gClár is mó a féachadh orthu ar an RTÉ Player le fios gur breá le lucht féachana na hÉireann raon leathan d'ábhar a shruthú, ó shobalchláir laethúla, lena n-áirítear, *EastEnders*, *Home & Away* agus *Fair City* (20 milliún sruth eatarthu) go drámaíocht a bhfuil moladh faighte acu ó na léirmheastóirí chomh maith le spórt beo ó *Chorn an Domhain sa Rugbaí go Craobhchomórtas Sinsear CLG na hÉireann* agus an t-aon áit le féachaint ar na 64 cluiche ó *Chorn Domhanda na mBan FIFA*. Ba é seo an fheidhmíocht ab láidre go dtí seo ó mhíreanna agus boscraí eisiacha an RTÉ Player, le 27 milliún sruth déanta ar chláracha Éireannacha agus idirnáisiúnta a bhfuil script leo. Áiríodh i measc na gcláracha ab fhearr leis an lucht féachana *KIN*, *Happy Valley*, *The Dry* agus *One Tree Hill*, chomh maith le mórchláracha Éireannacha amhail *Love/Hate* agus *The Young Offenders*.

Bhain ábhar do leanaí ar an RTÉ Player 5 mhiliún sruth amach sa bhliain 2023. Bhí an-tóir ar *Peppa Pig* agus ar *Bluey* ar na hardáin go léir, chomh maith leis an gclár Gaeilge, *Peppa Muc* agus *Dizzy Deliveries* a bhfuil duaiseanna buaite aige – an chéad chlár ina múintear comharthaíocht láimhe i nGaeilge do na leanaí.

Lean Cláracha Úrnua an RTÉ Player d'aghaidheanna nua agus formáidí nua a sheoladh ar líne leis an tsraith athchóirithe tí, *Relove My Space* a bhí á cur i láthair ag Fionnuala Jones agus Paul Kinsella a bhain an chéad áit amach sa chatagóir seo. Thaitin an tsraith nua le hAnna Clifford, *Ireland's Perfect Pubs*, a seoladh i mí Dheireadh Fómhair, thar barr leis an lucht féachana. Bhain Cláracha Úrnua an RTÉ Player 550,000 sruth amach, ardú 21% ar an meántréimhse ama a caitheadh bliain ar bhliain agus a raibh 80,000 uair an chloig de shruthú mar thoradh orthu.

Ba bhliain lán le himeachtaí móra a bhí sa bhliain 2023 agus cuireadh ábhar eisiach ar fáil ar an RTÉ Player maidir le *Corn Domhanda na mBan FIFA* le *Charleen* and *Ellie's Football Fever*, agus bhí Darren Conway agus Joseph McGucken ar ais leis an gclár *Darren and Joe's Rugby Bandwagon díreach in am don Chorn Domhanda Rugbaí*. Ó thaobh na hEorafíse de, rinne Davina Devine óstach ar chóisir faire ar théama na hEorafíse, agus rinne dreamanna ceoil ceithre chur i láthair dá gcuid féin ar mhóramhráin na hEorafíse.



RTÉ: An Obair

Digiteach (ar lean)

Áiríodh ar na barrscéalta, na círéibeacha i mBaile Átha Cliath, an scannal a bhain le híocaíochtaí RTÉ, bás anabáí Sinéad O'Connor agus an dá bhabhta troda idir Katie Taylor agus Chantelle Cameron.

Tá níos mó agus níos mó den lucht féachana ag roghnú féachaint ar na seónanna is fearr leo ar an scáileán is mó sa teach anois, agus ba í an teilifís an t-ardán sruthaithe ba mhó a bhí ag an RTÉ Player sa bhliain 2023 arbh ionann sin agus 43% de na sruthanna go léir a rinneadh. Chomh maith le bheith ábalta rochtain a fháil ar an RTÉ Player ar na teilifíseáin chliste agus ar ghléasraí nasctha ar nós Chromecast, Apple TV agus Roku. Seoladh eispéireas iomlán an RTÉ Player ar Sky Q trí aip chomhtháite i mí an Mheithimh 2023.

B'ionann fón cliste agus gléasra táibléid agus 35% de shruthanna iomlána an RTÉ Player sa bhliain 2023. Cuireadh tús le leathadh amach céimnithe na haipe nua ar ghléasraí Android i mí Iúil 2023 agus tá sé sin tugtha chun críche. Cuireadh tús le leathadh amach iOS i Márta 2024. Áirítear ar ghnéithe, an leas is mó is féidir a bhaint as eastát réadach gléasraí, íomhánna scáileáin baile níos mó, nascleanúint buntasc níos fearr ar bhuaicphointí an leathanaigh baile, tabhairt isteach lógónna léirithe in ionad gnáth-théacs ar léirithe móra, tabhairt isteach 'ráillí portráide' ar an leathanach baile, rialuithe sruthaithe feabhsaithe, feabhsúcháin ar fheidhmíocht aip tosaithe suas agus ar fheidhmíocht nascleanúna.

RTÉ.ie

Ba é suíomh gréasáin RTÉ.ie fós an chéad rogha ag muintir na hÉireann le haghaidh nuachta agus siamsaíochta in 2023.

Tugadh breis is 910 milliún amharc ar leathanaigh ar an iomlán agus mar aon le 7.5 milliún cuairt ar leith ar an meán orthu. Bhí ardú 1% ar an meántréimhse ama a caitheadh in aghaidh na cuairte, 8 nóiméad agus 29 soicind ar an meán i gcomparáid leis an mbliain seo caite.

Áiríodh ar na barrscéalta, na círéibeacha i mBaile Átha Cliath, an scannal a bhain le híocaíochtaí RTÉ, bás anabáí Sinéad O'Connor agus an dá bhabhta troda idir Katie Taylor agus Chantelle Cameron. Bhí an-tóir freisin ar ailt ó Aonad Imscrúduithe RTÉ, a chuir comhthéacs agus mionsonraí breise ar fáil in éineacht lena gcláracha teilifíse. Bhí rannpháirtíocht na hÉireann i seónna mór-ghradaim i réim sna leathanaigh Shiamsaíochta, Chultúir agus Stíl Mhaireachtála agus sinn ag ceiliúradh an méid a bhí bainte amach ag muintir na hÉireann chomh maith le faisean na hÉireann ar an gcairpéad dearg. Tharraing an comórtas *Our Eye on Nature* 215K amharc leathanaigh, éacht ann féin, agus bhí na torthaí gleoite le feiceáil inár ngailearaí ar líne. Rinne Cartlann RTÉ ceiliúradh ar shaol Shane McGowan. Idir an dá linn, bhí ailt maidir le cúrsaí aeráide agus cúrsaí aimsire a scríobh saineolaithe acadúla agus a foilsíodh ar *RTÉ Brainstorm* ar chuid de na hailt is mó a raibh tóir orthu. Bhí fás leanúnach freisin sa rannóg [rte.ie/Gaeilge](https://www.rte.ie/Gaeilge) agus an-tóir ar na hailt maidir le Gaeilge a fhoghlaim.

THE GOOD FRIDAY AGREEMENT 25TH ANNIVERSARY

THE AGREEMENT

The Agreement: watch the documentary
Good Friday Agreement

The Good Friday Agreement on RTE TV
Good Friday Agreement

A safe home: growing up after the Good Friday Agreement
Good Friday Agreement

How unionism's old distrust of the south threatened the agreement
Good Friday Agreement

A work in progress: post-Agreement cinema in Northern Ireland
Good Friday Agreement

Back to the Future: Human Rights and Equality in the GFA
Good Friday Agreement

The women who were crucial to the Good Friday Agreement
Politics

The Peace Link: Reconciliation through sport
Good Friday Agreement

From Around RTÉ

More From Around RTÉ ↗

Cuimhní ar Chomhaontú Aoine an Chéasta - Éist Siar
Good Friday Agreement

Church leaders mark Good Friday Agreement anniversary
Ulster

Lyric Theatre bring acclaimed Good Friday play to Electric Picnic
Theatre

Irish, US politicians to hold meeting in Dáil chamber
Politics

Report lays out strategy for future NI economic growth
Business

Stormont Assembly Election
Stormont

Stormont Rocks
Entertainment

RTÉ Archives



From the archives: the results of the referendum
Good Friday Agreement



RTÉ: An Obair

Digitreach (ar lean)

Léiriú a bhí i bhfoilsíú an leabhair, *Dear Gay*, i gcomhar le foilsitheoirí Gill, atá bunaithe ar litreacha agus ar fhreagraí lucht éisteachta *The Gay Byrne Show* ar an raidió sna 1980idí agus sna 1990idí, an tionchar ríthábhachtach sóisialta, stairiúil agus cultúir agus luach craoltóireachta seirbhíse poiblí atá á chothabháil agus á dhéanamh inrochtana ag Cartlann RTÉ.

Ar deireadh, cuireadh clabhsúr leis an tsraith ar Réabhlóid na hÉireann ar rte.ie/history an tráth céanna a raibh deireadh ag teacht leis an gComóradh Céad Bliain ar an gCogadh Chathartha. Cuireann taifead agus forléargas buan ar fáil sa rannóg seo ar thréimhse réabhlóideach na hÉireann ó 1916 go 1923. Chuir an rannóg staire innéacs ar fáil freisin chun ceiliúradh a dhéanamh ar 25 bliain ó síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta.

Cartlann RTÉ

Coimeádtar bailiúchán de thaifeadtaí closamhairc, grianghraif agus doiciméid a bhaineann le haschur RTÉ ón mbliain 1926 go dtí an lá atá inniu ann i gCartlann RTÉ.

Tugadh os cionn 3.45 milliún cuairt ar shuíomh gréasáin sainiúil Chartlann RTÉ i rith 2023 áit a raibh teacht ag an bpobal ar réimse ábhar a bhaineann le saol na hÉireann atá bailithe ag raidió agus teilifís RTÉ. Cuireadh 1,114 scéal nua le hábhar ar líne sa rannóg *Archives Daily*. Rinneadh 2.58 milliún físchomhad agus 105,620 milliún comhad fuaimne a sheinm trí láithreán gréasáin Chartlann RTÉ.

Leanadh le clár oibre Chartlann RTÉ chun digitiú agus caomhnú a dhéanamh ar thaifid oidhreachta físeáin agus fuaimne ar a bhfuil suas agus anuas le 90 bliain d'ábhar craolacháin orthu. Áiríodh ar an obair ar chaomhnú agus ar dhigitiú an bhailiúcháin fuaimne oidhreachta, tús a chur le tionscadal speisialta ar thaifid Ghaeilge le tacaíocht ó Choimisiún na Meán. Cuimsíonn an tionscadal bailiúcháin fuaimne thart ar 80 tonna d'ábhar agus é pacáilte, ina bhfuil breis is 200,000 ceirnín agus téipthaifeadadh aonair a mbeidh thart ar 270 teiribheart de shonraí fuaimne cartlainne mar thoradh ar dhigitiú a bheith déanta air. Bhuaigh Cartlann RTÉ an gradam FIAT/IFTA 2023 as an obair mhionsonraithe eisceachtúil atá déanta aige ar an tionscadal go dtí seo. Is é seo gradam craolacháin cartlainne an líonra idirnáisiúnta do 'Bharr Feabhais i gCaomhnú na Meán' chun na straitéisí fíorluachmhara maidir le holldigitiú agus aistrithe formáidí meán an 20ú haois a thomhas.

Ar feadh na bliana 2023, chuir ábhar ó Chartlann RTÉ tacaíocht ar fáil do raon leathan seanchais ar fud earnáil meán cruthaitheach na hÉireann ó thaobh aschur RTÉ agus ar earnáil meán cruthaitheach na hÉireann níos leithne, lena n-áirítear, ar ardáin idirnáisiúnta, a chuir Cartlann RTÉ i láthair lucht féachana nua. Agus leas á bhaint as bailiúcháin shaibhre ábhar na cartlainne, áirítear ar roinnt de na buaicphointí: sraith sheanbhunaithe RTÉ, *Cloch le Carn*, inar deineadh ceiliúradh ar shaol beirt ealaíontóirí eisceachtúla sa bhliain 2023, maestro na fidle agus comhalta den bhanna ceoil The Chieftains le fada an lá, Seán Keane, agus Christy Dignam

nach maireann, príomhamhránaí an bhanna ceoil, Aslan; *The Road Down Under*, clár faisnéise faoi fhoireann Náisiúnta Ban na hÉireann agus an bóthar go dtí *Corn Domhanda na mBan FIFA 2023*; *Stolen*, rinneadh an chéad léiriú ar an ngnéchlár mór le rá maidir leis na daoine a tháinig slán ó Áras Máithreacha is Leanaí, ag Féile Scannán na hÉireann i mBaile Átha Cliath; agus *The Way We Were*, measúnú ar Aitheantas Náisiúnta na hÉireann mar a fheictear é trí shaol laethúil an ghnáthdhuine ó bunaíodh an Stát go hoifigiúil sa bhliain 1937.

Shane MacGowan



MacGowan, Shane

Shane MacGowan (1957-2023) singer-songwriter and frontman of the band The Pogues.

Shane MacGowan was born in Kent, England to Irish parents.

Since founding The Pogues in 1982, he collaborated with artists including [Kirsty MacColl](#), Joe Strummer, [Nick Cave](#), Johnny Depp, [Sinéad O'Connor](#), and [Ronnie Drew](#).

From 1992 to 2005, he performed as Shane MacGowan and The Popes.

The Pogues released their debut album 'Red Roses for Me' in 1984. This was soon followed by '[Rum Sodomy & the Lash](#)' (1985) and subsequent albums 'If I Should Fall from Grace with God' (1988), 'Peace and Love' (1989) and 'Hell's Ditch' (1990). In 1986, the band's song 'Streets of Sorrow' about the Birmingham Six was [banned in Britain](#).

In 2012, the band released 'The Pogues in Paris: 30th Anniversary Concert at the Olympia'.

Shane MacGowan achieved international acclaim for the song "Fairytale of New York" co-written with fellow member of The Pogues Jem Finer and performed

RTÉ: Figiúirí Na Bliana

1

Choinnigh RTÉ.ie an áit atá aige mar an láithreán gréasáin nuachta agus siamsaíochta is fearr in Éirinn, tráth ar fhéach 7.5 milliún cuairteoir uathúil ar 910 milliún leathanach.

105,000,000

Bhí an bhliain ab fhearr riamh ag an RTÉ Player sa bhliain 2023. Rinneadh 105 milliún sruth, an líon is mó riamh, agus caitheadh 35 milliún uair a chloig ag sruthú, a bhain líon 1.8 milliún úsáideoir uathúil in aghaidh na míosa amach.

3,600,000

Bhain an *Late Late Toy Show RTÉ* a raibh a théama bunaithe ar an scannán Elf, a mhisean amach, is é sin beannachtaí na Nollag a scaipeadh i bhfad agus i ngearr, agus bailíodh suim dhochreidte €3.6 milliún don *RTÉ Toy Show Appeal* agus d'fhéach 1.7 milliún duine ar an gclár.

42

Ar RTÉ a craoladh 42 clár den 50 clár ba mhó a féachadh orthu ar an teilifís in Éirinn sa bhliain 2023 le leithéidí Nuacht RTÉ, an Corn Domhanda Rugbaí, Cluichí Ceannais CLG na hÉireann, *Kín*, cluichí Rugbaí sna Sé Náisiún agus *Room to Improve* i measc na 20 clár ba mhó a féachadh orthu.

170

Le linn bliain den scoth, thacaigh RTÉ le 170 imeacht ealaíon agus cultúir ar fud na hÉireann trí scéim RTÉ *Ag Tacú leis na hEalaíona*, ardú 30% bliain ar bhliain, a chlúdaíonn scannáin, ceol, rince, ceoldrámaí, féilte, litríocht, amharclann agus taispeántais.

2,000,000

I bhfigiúirí JNLR mhí na Samhna, tugadh le fios go mbaineann seirbhísí raidió RTÉ 1,995,000 éisteoir amach, nó 48% den daonra thar 15 bliana d'aois, gach seachtain.

48

Chuaigh RTÉ agus Virgin Media Television i gcomhar le chéile chun gach cluiche de na 48 cluiche i gCorn Domhanda Rugbaí 2023 a chur ar fáil beo agus ar bhonn saorchraolta don lucht féachana.

250,000

Ba é an 26 Iúil an lá ba ghnóthaí riamh ar an RTÉ Player nuair a thug Poblacht na hÉireann aghaidh ar Cheanada i gCorn Domhanda FIFA na mBan. Rinneadh sruthú ar 250,000 uair an chloig d'ábhar.

900

Chuir Spórt RTÉ clúdach cuimsitheach ar fáil arís ar shéasúr CLG agus ar shéasúr an tsacair mar chuid dá chlúdach spóirt, breis agus 900 uair an chloig san iomlán, ar an teilifís.

Bhain *Late Late Toy Show* RTÉ a raibh a théama bunaithe ar an scannán *Elf*, a mhisean amach, is é sin beannachtaí na Nollag a scaipeadh i bhfad agus i ngearr, agus bailíodh suim dhochreidte €3.6 milliún don RTÉ Toy Show Appeal agus d'fhéach 1.7 milliún duine ar an gclár.





Bhí an bhliain ab fhearr riamh ag an RTÉ Player sa bhliain 2023. Rinneadh 105 milliún sruth, an líon is mó riamh, agus caitheadh 35 milliún uair a chloig ag sruthú, a bhain líon 1.8 milliún úsáideoir uathúil in aghaidh na míosa amach.





Bhuaigh Sinéad O'Connor an chéad *RTÉ Choice Music Prize* d'Albam Clasaiceach na hÉireann, duais a reáchtáladh i gcomhar le IMRO & IRMA, don albam *I Do Not Want What I Haven't Got*.





Rinne Ceolfhoireann Coirme RTÉ ceiliúradh ar 75 bliain ar an bhfód le cur i láthair ar feadh na bliana, lena n-áirítear, comhoibriú leis an impreasóir snagcheoil agus gormacha David O'Rourke atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe agus leis an Tionscadal Delta Blues Project mar chuid d'Fhéile UCD, leis an reachtaire oinigh, Morgan Freeman.





I bhfigiúirí JNLR mhí na Samhna, tugadh le fios go mbaineann seirbhísí raidió RTÉ 1,995,000 éisteoir amach, nó 48% den daonra thar 15 bliana d'aois, gach seachtain, agus go bhfuil 16 áit bainte amach aige sa 20 clár raidió is fearr á chraoladh in Éirinn. Is é RTÉ Raidió 1 an t-aon stáisiún a bhfuil breis is aon mhilliúin éisteoir aige in aghaidh na seachtaine (1,382,000).





Rinne RTÉ ceiliúradh ar theacht chun críche Dheich mBliana na gCuimhneachán le sraith chláracha faisnéise suntasacha, lena n-áirítear, *The Silent Civil War*, sraith ina raibh dhá chuid agus inár féachadh le deireadh a chur leis an rúndacht 100 bliain maidir le himeachtaí an Chogaidh Chathartha.





Chuir RTÉ agus *South Wind Blows Ireland 100: An Old Song Resung* i láthair freisin. Ceolchoirm bheo a bhí i gceist leis seo chun ceiliúradh a dhéanamh ar 100 bliain de Shaorstát Éireann le ceoltóirí agus rannpháirtithe, lena n-áirítear, Damien Dempsey, Aiden Gillen, Tolú Makay, Colm Mac Con Iomaire, Síle Denvir, Bláth na hÓige, Liam Ó Maonlaí, Iarla Ó Lionáird, Loah, Martin Hayes, FeliSpeaks, Diarmaid Ferriter, Sally Mulready OBE, Cór Pinsinéirí Londan-na hÉireann agus Dermot Kennedy.





Rinne *News2day*, seirbhís nuachta RTÉ atá dírithe go sonrach ar leanaí, ceiliúradh ar bheith 20 bliain ar an bhfód Dé hAoine an 20 Eanáir 2023 le hagallamh eisiach leis an Uachtarán, Michael D. Higgins.







Chuir Nuacht RTÉ clúdach leathan ar fáil maidir le himeachtaí nuachta sa Mheánoirthear, an ghéarchéim in RTÉ, an triail maidir le dúnmharú Ashling Murphy, na círéibeacha i mBaile Átha Cliath agus imeachtaí suntasacha drochaimsire.





Choinnigh Aip RTÉ a háit mar an aip is mó a úsáidtear le haghaidh na nuachta in Éirinn.





18:59

4G

RTÉ News

Live News Middle East Sport Entertainment Business

News Headlines

SEE ALL



Burke, O'Donovan set for Harris's new Cabinet

LIVE UPDATES | POLITICS

Who's who following Simon Harris's Cabinet reshuffle
POLITICS

Simon Harris 'failing his way to top', says Sinn Féin
IRELAND

Simon Harris formally appointed Taoiseach
VIDEO | POLITICS

Watch: Harris address time as Taoiseach
VIDEO | POLITICS

Suspected burglar taken to hospital after being tackled
IRELAND

'Recognition of a Palestinian state will happen' - Martin

Bhain 315 clár ar an iomlán ar RTÉ deimhniú Albert amach sa bhliain 2023, ardú ó 111 clár sa bhliain 2022. Áiríodh orthu sin sraitheanna ar nós, *The Late Late Show, Today, Prime Time, The Tommy Tiernan Show, The Rugby World Cup* agus *The Nobody Zone*.





Ba é RTÉ a sheachadadh 42 den 50 chlár teilifíse is mó a raibh lucht féachana acu in Éirinn in 2023, ina measc *RTÉ News, Corn Domhanda Rugbaí na bhFear, Cluichí Ceannais CLG Uile-Éireann, Kin, Craobh na Sé Náisiún, agus Room to Improve.*






Staitisticí

AN 10 CLÁR IS MÓ LUCHT FÉACHANA I EANÁIR-31 NOLLAIG 2023 GACH CAINÉAL - NÁISIÚNTA, AONAIR, COMHDHLÚITE AOIS 4+

Ord	Clár	Cainéal	Lá	Dáta	Tráth	000s	Rátáil	Sciar %
1	The Late Late Toy Show	RTÉ One	Dé hAoine	24-11-2023	21:37 - 24:08	1575.8	34.9	78.62
2	Corn Rugbaí an Domhain 2023: Éireann v An Nua Shéalainn	Virgin Media One	Sath	14-10-2023	20:00 - 21:49	1384.1	30.7	76.39
3	Corn Rugbaí an Domhain 2023: An Afraic Theas v Éireann	RTÉ2	Sath	23-09-2023	20:01 - 21:47	1254	27.8	70.89
4	Corn Rugbaí an Domhain 2023: Éireann v Albain	Virgin Media One	Domh	01-10-2023	20:00 - 21:53	1200.5	26.6	71.36
5	Guinness Six Nations: Éireann v Sasana	Virgin Media One	Sath	18-03-2023	17:00 - 19:00	1019.8	22.8	72.45
6	Cluiche Ceannais Sinsir Peile na hÉireann – Baile Átha Cliath v Ciarraí	RTÉ2	Domh	30-07-2023	15:31 - 17:07	977.1	21.7	76.38
7	Corn Rugbaí an Domhain 2023: Éireann v Tonga	RTÉ2	Sath	16-09-2023	20:03 - 22:04	972.6	21.6	60.32
8	Cluiche Ceannais Sinsir Iománaíochta na hÉireann – Cill Chainnigh v Luimneach	RTÉ2	Domh	23-07-2023	15:29 - 17:00	838.7	18.6	69.88
9	The Late Late Show	RTÉ One	Dé hAoine	15-09-2023	21:35 - 23:07	833.1	18.5	60.18
10	Guinness Six Nations: Albain v Éireann	RTÉ2	Domh	12-03-2023	15:01 - 16:54	823.4	18.4	66.33



Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen TAM


Aon Lá Aon Am - An eipeasóid is fearr arna rangú in ord rátála (TVR) (tugtar chun aire go mbíonn athrú faoi thrí gach bliain ar an ollréimse)

10 nóiméad íosfhad cláir

Staitisticí

SCIAR COMHDHLÚITE NÁISIÚNTA AN CHAINÉIL AR FEADH AN LAE MAIDIR LE DAOINE AONAIR 4+ (%)


● = 2023 ● = 2022



Foinse: TAM Ireland Limited/Nielsen TAM

**UAIREANTA D'ÁBHAR DE DHÉANTÚS NA
hÉIREANN A CRAOLADH AR THEILIFÍS RTÉ LE
LINN BUAICTHRÁHANNA DE RÉIR SEÁNRA**

● = 2023 ● = 2022




Foinse: RTÉ

Staitisticí

NA 10 GCLÁR RAIDÍÓ IS MÓ AR ÉISTEADH LEO AR FEADH NA SEACHTAINE NÁISIÚNTA - DAOINE FÁSTA 15+ SCIAR BLOC AMA I gCÁS STÁISIÚIN TRÁCHTÁLA NÁISIÚNTA EANAIR - NOLLAIG 2023

Ord	Clár	Stáisiún	Tráth de Lá	Laethanta na Seachtaine	Sciar na nDaoine Fásta 15+	Líon Daoine Fásta 15+ (000)
1	Morning Ireland	RTÉ Radio 1	07:00-09:00	Luan-Aoine	12%	486
2=	The Brendan O'Connor Show	RTÉ Radio 1	11:00-13:00	Domh	8%	343
2=	The Nine O'Clock Show / The Ryan Tubridy Show	RTÉ Radio 1	09:00-10:00	Luan-Aoine	8%	343
4	The Brendan O'Connor Show	RTÉ Radio 1	11:00-13:00	Sath	8%	342
5	Today with Claire Byrne	RTÉ Radio 1	10:00-12:00	Luan-Aoine	8%	341
6	Playback	RTÉ Radio 1	09:00-10:00	Sath	8%	330
7	The Business	RTÉ Radio 1	10:00-11:00	Sath	7%	313
8	News / Papers / Sunday Miscellany	RTÉ Radio 1	09:00-10:00	Domh	7%	308
9	News at One	RTÉ Radio 1	13:00-13:45	Luan-Aoine	7%	306
10	Liveline with Joe Duffy	RTÉ Radio 1	13:45-15:00	Luan-Aoine	7%	303


Foinse: JNLR /Ipsos MRBI 2023/4



Foinse: JNLR/Ipsos MRBI 2023/4

Staitisticí


SCIAR NÁISIÚNTA DE LUCHT ÉISTEACHTA RAIDIÓ - LÁ NA SEACHTAINE/BUAICTHRÁTH EANAIR - NOLLAIG 2023



Foinse: JNLR / Ipsos MRBI 2023/4

UAIREANTA RAIDIÓ DE RÉIR SEÁNRA

● = 2023 ● = 2022



Foinse: RTÉ


Tabhair ar aird: Áirítear sa chatagóir 'Eile' Reiligiún, Daoine Óga, Oideachas agus Drámaíocht

AN LÍON LEATHANACH AR AN MEÁN A TAPAÍODH SA MHÍ AR FUD NA SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA (MILLIÚIN)




Foinse: RTÉ

SCIAR A BHAINNEANN LEAS AS SEIRBHÍS DHIGITEACH RTÉ SA tSEACHTAIN 2023



Foinse: RTÉ

SRUTHANNA AR AN SEINNTEOIR RTÉ PLAYER - 2023




* Níl sruthanna trí oibritheoirí ardáin teilifíse san áireamh

Foinse: RTÉ


Staitisticí

IARRATAÍ UM SHAORÁIL FAISNÉISE (“SF”) CHUIG RTÉ



Foinse: RTÉ


GEARÁIN A RINNEADH LE COIMISIÚN NA MEÁN MAIDIR LE HÁBHAR CRAOLTA DE CHUID RTÉ




Foinse: RTÉ

Staitisticí

TAIBHITHE CHEOILFOIRNE RTÉ



FREASTAL CHEOLFHOIRNE RTÉ



*Nóta:

D'aontaigh an Rialtas Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ a aistriú ó RTÉ go dtí An Ceoláras Náisiúnta, le héifeacht ó 24 Eanáir 2022. D'aistrigh cóir RTÉ - Cór Fiolarmónach RTÉ, Cór na nÓg agus Cór Linn - ó RTÉ go dtí An Ceoláras Náisiúnta ar an dáta céanna.

Foinse: RTÉ

Bord RTÉ



1. Terence O'Rourke - Cathaoirleach

Téarma oifige: 5 Márta 2024 – 28 Samhain 2027

Is Cuntasóirí Cairte é Terence O'Rourke agus bhí sé ina Chomhpháirtí Bainistíochta le KPMG Ireland go dtí 2013, agus le Foireann Feidhmiúcháin Dhomhanda KPMG. Is iar-Uachtarán é ar Chuntasóirí Cairte na hÉireann agus roimhe sin, bhí Terence O'Rourke ina Chathaoirleach ar Fhiontraíocht Éireann, ar IMI agus ina chomhalta Boird ar an bhFondúireacht um Shláinte Leanaí agus ar an Irish Times. Ina theannta sin, tá sé ina chomhalta Boird de Ghailearaí Hugh Lane, Institiúid Scannán na hÉireann agus is é Cathaoirleach reatha BSL é.



2. Kevin Bakhurst - Príomh-Stiúrthóir RTÉ

Príomh-Stiúrthóir RTÉ - Comhalta Ex-officio

Téarma oifige: 10 Iúil 2023 – 9 Iúil 2028

Thosaigh Kevin Bakhurst i ról Phríomh-Stiúrthóir RTÉ go hoifigiúil Dé Luain an 10 Iúil 2023. Bhí Kevin Bakhurst ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ roimhe seo agus ina Leas-Phríomh-Stiúrthóir ó Mheán Fómhair 2012 – Deireadh Fómhair 2016. Bhí sé ina chomhalta d'Fheidhmeannas RTÉ le linn na tréimhse sin agus d'fhóin sé ina Phríomh-Stiúrthóir gníomhach ar feadh tréimhse sé mhí.

Sula ndeachaigh sé le RTÉ arís, bhí Kevin Bakhurst ina Stiúrthóir Grúpa, Craolachán agus Ar Líne ag Ofcom, áit a raibh sé ina bhall de Bhord Ofcom. I measc na bhfreagrachtaí a bhí ar Kevin bhí Straitéis agus Polasaí Craolacháin a leagan síos le haghaidh rialáil chraolacháin na Ríochta Aontaithe, creat a chruthú agus a chur chun feidhme chun an BBC a rialáil, caighdeáin eagarthóireachta a fhorfheidhmiú agus a fhorbairt do chraoltóirí na Ríochta Aontaithe agus obair a stiúradh maidir le todhchaí Chraolachán Seirbhíse Poiblí na Ríochta Aontaithe as ar eascair reachtaíocht nua rialtais go díreach. Bhí sé i gceannas ar obair Ofcom ar Bheartas Sábháilteachta ar Líne nua na Ríochta Aontaithe agus chuir sé foireann ina raibh tuairim is 350 duine uirthi i dtoll a chéile chun é a chur ar fáil, lena n-áirítear foireann nua sonraí agus teicneolaíochta, agus ag an am céanna, ag cur múnú ar chlaochlú foriomlán Ofcom chun na dualgais nua a ghlacadh air féin.

Idir 2006 agus 2012, bhí réimse post sinsearach eagarthóireachta ag Kevin Bakhurst sa BBC, lena n-áirítear Rialtóir, BBC News Channel agus Leas-Cheannasaí ar Sheomra Nuachta an BBC ó 2005. Bhí sé ina bhall freisin de Choiste Stiúrtha Oilimpeach an BBC i Londain 2012.



3. Susan Ahern

Téarma oifige: 13 Iúil 2021-12 Iúil 2026

Is abhcóide, idirghabhálaí creidiúnaithe agus eadránaí idirnáisiúnta í Susan atá ag cleachtadh a gairme. Is Comhalta í d'Institiúid Chairte na nEadránaithe, is eadránaí í sa Chúirt Eadrána Spóirt agus ceapadh chuig Rannán Frithdhópála na Cúirte Eadrána Spóirt í do na Cluichí Oilimpeacha 2020 i dTóiceo.

Tá breis is 25 bliain taithí ag Susan i gcleachtas dlí tráchtála agus spóirt, i riarachán spóirt agus i rialachas corparáide ina stiúrthóir feidhmiúcháin agus ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar roinnt bord lena n-áirítear Spóirt Éireann, Cruicéad Éireann agus Craobhchomórtais an Domhain sa Rothaíocht 2023. Bhí Susan ina Ceann Gnóthaí Dlí agus Reachtaíochta ag Rugbaí an Domhain, áit a raibh ról lárnach aici maidir le ceithre Chorn an Domhain sa Rugbaí a sheachadadh agus áit ar bhunaigh sí Aonad Ionracais Rugbaí an Domhain.

Déanann Susan ionadaíocht dá cuid cliant os comhair na gcúirteanna agus binsí, tugann sí faoi fhiosrúcháin, bíonn sí ina headránaí agus ina hidirghabhálaí agus tá roinnt róil rialála aici ina cinnteoir neamhspleách i gcúrsaí araíonachta, iompair agus tráchtála gairmiúla. Is comhairleoir í Susan do chomhlachtaí idirnáisiúnta, go háirithe i réimsí an rialachais chorparáidigh agus réitigh díospóidí.



4. Shirley Bradshaw

Téarma oifige: 20 Márta 2024-3 Samhain 2024

Tá Shirley Bradshaw ag obair le RTÉ ó 1994 i leith i roinnt ról lena n-áirítear ról in Aonad Léiriúcháin Neamhspleách RTÉ agus in oibríochtaí stiúideo; tá sí ag obair anois mar oibrítheoir ceamara soilsithe i rannóg Cúrsaí Reatha RTÉ. D'fhóin Shirley roimhe seo ina hionadaí foirne SIPTU, ina hionadaí ceardchumann ar Bhinse Caidrimh Thionsclaíoch inmheánach RTÉ, agus ina Cathaoirleach ar Ghrúpa Ceardchumann RTÉ. Bhain Shirley céim BA (Onóracha) san Ealaín agus sa Dearadh amach ó Ollscoil Uladh, agus tá MA aici i Scannán agus Teilifís a chríochnaigh sí in DCU, agus chríochnaigh sí conradh bliana leis an gCoimisiún Eorpach sa Bhruiséil freisin. D'fhill Shirley ar a cuid staidéir ina mac léinn aibí le gairid, agus bhain sí céim amach san Innealtóireacht Ríomhaireachta agus Leictreonach ó Choláiste na Tríonóide.



5. Dr Neasa Hardiman

Téarma oifige: 5 Márta 2024-18 Márta 2025

Léiritheoir Feidhmiúcháin, Stiúrthóir agus Scríbhneoir a bhfuil gradaim IFTA agus BAFTA buaite aici (lena n-áirítear gradaim do *Happy Valley*) a d'oibrigh le Netflix, Amazon, Disney agus Hulu chomh maith le craoltóirí seirbhíse poiblí lena n-áirítear an BBC, Channel 4, RTÉ agus TG4. Tá PhD aici i Staidéar Scannán agus is gearr go mbeidh Dioplóma san Intleacht Shaorga Ghéiniteach aici ó UCD. Tá sí ar Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Institiúid Scannán na hÉireann, Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath agus Screen Skills Ireland faoi láthair.



6. David Harvey

Téarma oifige: 13 Iúil 2021-12 Iúil 2026

Is iar-láithreoir teilifíse agus raidió agus léiritheoir teilifíse a bhfuil gradaim buaite aige é David Harvey a bhfuil leas aige i roinnt comhlachtaí a bhaineann leis na meáin agus atá dírithe ar an margadh idirnáisiúnta. Bhí roinnt poist bhainistíochta, léirithe agus bhoird aige agus roghnaíodh é ina chathaoirleach agus stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin leis na scileanna sin a thabhairt chuig réimse institiúidí agus comhlachtaí eile, institiúidí agus comhlachtaí a bhaineann le cúrsaí craoltóireachta agus nach mbaineann le cúrsaí craoltóireachta.

Bhí sé ina chathaoirleach tráth ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, IADT Dhún Laoghaire agus ar Fhéile Pádraig. Chaith sé blianta fada ina chathaoirleach ar lontaobhas People in Need (a bhí i mbun rannpháirtíochta le RTÉ chun Teileatón RTÉ/People in Need a chur chun cinn). Bhí sé ina stiúrthóir tráth ar Bhord Bia agus tá ina chathaoirleach ar Áras Nua-Ealaíne na hÉireann faoi láthair.

Tá BBS agus MA aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



7. Daire Hickey

Téarma oifige: 13 Iúil 2021-12 Iúil 2026

Is bunaitheoir agus Comhpháirtí Bainistíochta é Daire Hickey ag 150Bond. Cuireann sé comhairle straitéiseach ar fáil d'fheidhmeannaigh leibhéal c ag cuidiú leo a dteachtaireacht a mhéadú agus cur lena líonra. Tá 30 feidhmeannach ag an ngnólacht lonnaithe idir Nua-Eabhrac agus Baile Átha Cliath, a oibríonn le comhlachtaí ard fáis, le caipitlithe fiontair agus le comhlachtaí Fortune 500.

Bhí Daire ina chomhbhunaitheoir ar Web Summit. Is infheisteoir é freisin i roinnt gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí frontair agus bhí sé ina iriseoir tráth.



8. Aileen Howard

Téarma oifige: 29 Samhain 2022-28 Samhain 2027

Is Stiúrthóir í Aileen Howard san Ionad Cultúir do Leanaí, The Ark, i mBarra an Teampaill i mBaile Átha Cliath.

Tá sí ag obair le cúrsaí amharclannaíochta agus ealaíon le níos mó ná scór bliain agus í ina stiúrthóir ealaíne, léiritheoir agus coimisinéir do shaothar nua. Sa ról ceannaireachta atá aici in The Ark, tá meascán d'eagraíocht tathanta agus déanamh ealaíne do leanaí i gceist ar an tuiscint go bhfuil ceart ealaíne agus cultúir ag leanaí mar atá leagtha amach i gCoinbhinsiún NA um Chearta an Linbh. Sular thosaigh Aileen ag obair in *The Ark*, bhí sí ina Stiúrthóir Liteartha in Amharclann na Mainistreach agus tá sí ina heagarthóir ar *Irish Shorts: New Plays from The Abbey Theatre*. Bhí sí ina Stiúrthóir Ealaíne bunaidh san ionad ildisciplíneach, Mermaid Arts Centre, agus d'oibrigh sí ina comhairleoir liteartha ar thionscadail na Comhairle Ealaíon. Bhí sí i mbun coimeádaíochta ar an gclár filíochta *Mountains to Sea Festival* sa bhliain 2014.

Tá Aileen ina ball den Chomhairle Chomhairleach do Leanaí, den Shainghrúpa Comhairleach um Óige Ildánach agus den Fheachtas Náisiúnta do na hEalaíona. Tá BA aici sa Bhéarla agus sa Ghearmáinis ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá MA aici sa Drámaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. D'fhill sí ar an oideachas sa bhliain 2019 agus fuair sí Teastas sa Rialachas ón bhForas Riaracháin. Is iarrthóir PhD í Aileen faoi láthair ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

9. Terri Moloney

Téarma oifige: 5 Márta 2024-4 Márta 2029

Bhí sí ina Stiúrthóir Sinsearach Acmhainní Daonna, Straitéise agus Oibríochtaí in Salesforce Ireland ó 2015-22 agus roimhe sin ina Ceann Acmhainní Daonna in Boston Scientific (2013-2015) agus Stiúrthóir Acmhainní Daonna in Hilti. Tá céim aici i mBainistíocht Pearsanra, MSc in Oiliúint agus i mBainistíocht Feidhmíochta agus Dioplóma i dTreoir na gCuideachtaí. Tá sí ina comhalta de Bhord Neamhfheidhmiúcháin Fhiontraíocht Éireann agus tá sí ar Bhord Rialaithe UCC. Bhí sí ina cathaoirleach ar Fhóram Réigiúnach Scileanna Bhaile Átha Cliath 2021-23.





10. Noreen O'Kelly

Téarma oifige: 20 Márta 2024-3 Samhain 2024

Is cuntasóir cairte í Noreen O'Kelly a ceapadh ar Bhord BSL ar feadh 10 mbliana ó 2013 go 2023, áit a raibh sí ina Cathaoirleach ar an gCoiste Iníochóireachta agus Riosca freisin (2014 go dtí 2023) agus ina cathaoirleach gníomhach ar feadh roinnt míonna le linn 2021. Faoi láthair tá sí ina stiúrthóir neamhspleách, agus ina cathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais, Iníochóireachta agus Riosca, ar Re-Turn, scéim náisiúnta éarlaise agus aisíoca na hÉireann. I measc thaithí feidhmiúcháin Noreen tá roinnt ról le Independent News & Media PLC agus C&C Group PLC, agus faoi láthair oibríonn sí ina comhairleoir páirtaimseartha ar Rialachas Corparáideach leis an ngnólacht Advanced Boardroom Excellence atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe, a dhéanann measúnú ar éifeachtacht bord go príomha sa Ríocht Aontaithe.

11. Anne O'Leary

Téarma oifige: 4 Samhain 2014-3 Samhain 2024



Tá taithí mhór ag Anne O'Leary ina Feidhmeannach Gnó. Réimsí spéise ina bhfuil cumas faoi leith léirithe aici is ea cúnaimh a thabhairt do chomhlachtaí bealaí nua a aimsiú chuig an margadh agus leas a bhaint as deiseanna teicneolaíochta d'fhonn acmhainneacht a thapú. Tá tuiscint ghéar ghrinn ag Anne ar rialachas corparáide agus ar chúrsaí comhlíonta. Ina comhalta di d'Institiúid na Stiúrthóirí, tá tuiscint aici ar na coinníollacha reatha maidir le boird phríobháideacha agus boird chomhlachtaí Stáit. Is fiontraí cruthanta í a rinne tionscnamh agus forás ar ghnólacht teicneolaíochta de scoth an domhain sular dhíol sí é, agus bíonn béim láidir aici ar pháirtnéireacht straitéiseach, ar bhainistíocht díolacháin, ar mhargaíocht, ar fhorbairt táirgí agus ar bhainistíocht maidir le caidreamh inmheánach - seachtrach. Tá taithí leathanréimseach ag Anne ar earnálacha éagsúla gnó. Is léir a cumas maidir le fáthmheas, pleanáil straitéiseach, soirbhiú do mheithle agus do dhaoine aonair agus forás inbhuanaithe ar theacht isteach airgid.



12. Jonathan Ruane

Téarma oifige: 8 Márta 2022-12 Iúil 2026

Is Léachtóir agus Eolaí Taighde é Jonathan Ruane in Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts (MIT). Is ball den fhoireann teagaisc é laistigh den ghrúpa Bainistíochta agus Eacnamaíochta Domhanda i Scoil Bhainistíochta Sloan de chuid MIT agus is ceannaire taighde é ar thionscnamh MIT maidir leis an Eacnamaíocht Dhigiteach (IDE). Tá sé ar dhuine de na daoine a fuair an gradam Fulbright roimhe seo agus is Ollamh Taca é i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá suim aige taighde a dhéanamh i dtrasnú eacnamaíochta digití, i ríomhaireacht ardleibhéil, i straitéisí agus i margaí idirnáisiúnta.

Bíonn Jonathan ag teagasc ar chúrsaí ar fud Scoil Bhainistíochta MIT agus Roinn Innealtóireachta Leictre agus Ríomheolaíochta MIT. Bhí sé ina chomh-cheannaire ar fhorbairt roinnt cúrsaí ceannródaíochta iarchéime in MIT sna réimsí Intleachta Saorga agus Ríomhaireachta Candamaí. Sular thosaigh Jonathan ag obair in MIT, bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chuideachta bogearraí a bhfuil tacaíocht aige ó chaipiteal fontair a chomhbhunaigh sé féin agus a dhíol sé ina dhiaidh sin. Chuir sé tús lena ghairm i mbainistiú branda le Procter & Gamble. Is sléibhteoir a bhfuil taithí aige é Jonathan agus bhain sé barr Shliabh Everest agus Eiger amach. Chuaigh sé san iomaíocht sna Stáit Aontaithe agus ar fud an domhain le Club Rámhaíochta MIT agus bhí sé ina reathaí maratóin faid ultra roimhe seo.

Freastal ar Chruinnithe an Bhoird

Tionóladh 25 cruinniú de Bhord RTÉ i rith na bliana 2023. Leagtar amach thíos freastal chomhaltaí an Bhoird ar na cruinnithe sin:

Nóta maidir le freastal: de bharr saincheisteanna a tháinig chun cinn i rith na bliana, tionóladh 17 cruinniú Boird neamhsceidh, sceidéaláidh cuid acu ar gearrfhógra agus, ó am go chéile, ar laethanta as a chéile.

	Cruinnithe Infhrestail	Cruinnithe a Freastalaíodh
An Bord mar a bhí an 31 Nollaig 2023		
Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach)	25	25
Susan Ahern	25	23
Kevin Bakhurst	10	9
David Harvey	25	24
Daire Hickey	25	24
Aideen Howard	25	24
An Dr P.J. Mathews	25	23
Anne O'Leary	25	23
Jonathan Ruane	25	22
Daoine a d'éirigh as de bheith ina gcomhaltaí den Bhord sa bhliain 2023		
Dee Forbes	12	12
Ian Kehoe	21	18
Connor Murphy	22	20
Robert Shortt	25	25

Féach an tuairisc faoi Rialachas Corparáide ar leathanach 161 maidir le tuilleadh mionsonraí faoin athrú i gcomhaltas an Bhoird sa bhliain 2023.

D'éirigh beirt chomhaltaí as an mBord i ndiaidh dháta dheireadh na bliana: Siún Ní Raghallaigh a d'éirigh as ina Cathaoirleach ar an mBord agus an Dr P.J. Mathews. Mar thoradh air sin, bhí cúig fholúntas boird ann ag deireadh mhí Feabhra 2024.

Cheap an Rialtas Terence O'Rourke ina Chathaoirleach ar an mBord ar an 5 Márta 2024, agus Neasa Hardiman agus Terri Moloney freisin. Cheap an Rialtas Noreen O'Kelly agus Shirley Bradshaw ina gcomhaltaí Boird ar an 20 Márta 2024.

Coistí an Bhoird

An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tionóladh 18 cruinniú i rith na bliana 2023, a ndearnadh freastal mar seo a leanas orthu:

Comhaltaí Coiste	Cruinnithe Infhreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh	Ceapadh ar an gCoiste
Anne O'Leary (Cathaoirleach)	18	17	27 Samhain 2014
Susan Ahern	18	18	16 Meán Fómhair 2021
David Harvey	2	2	21 Meán Fómhair 2023
Daoine a d'éirigh as de bheith ina gcomhaltaí den choiste sa bhliain 2023			
Ian Kehoe	16	16	13 Feabhra 2020
Robert Shortt	18	17	13 Meán Fómhair 2018

Coiste na gCláracha

Tionóladh cúig chruinniú de Choiste na gCláracha i rith na bliana 2023. Is mar seo a leanas a freastalaíodh orthu:

Comhaltaí Coiste	Cruinnithe Infhreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh	Ceapadh ar an gCoiste
Aideen Howard (Cathaoirleach)	5	5	02 Feabhra 2023
An Dr P.J. Mathews	5	4	27 Samhain 2014
Daire Hickey	5	5	16 Meán Fómhair 2021

An Coiste maidir le Cóirthrádáil

Tionóladh trí chruinniú den Choiste i rith na bliana 2023, agus bhí na comhaltaí go léir i láthair ag gach cruinniú, mar seo a leanas:

Comhaltaí Coiste	Cruinnithe Infhreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh	Ceapadh ar an gCoiste
David Harvey (Cathaoirleach)	3	3	2 Feabhra 2023
Susan Ahern	3	3	16 Meán Fómhair 2021

An Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta

Tionóladh ocht gcrúinniú den Choiste le linn 2023, mar a leagtar amach thíos:

Comhaltaí Coiste	Cruinnithe Infhreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh	Ceapadh ar an gCoiste
Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach)	8	8	14 Nollaig 2022
Aideen Howard	2	2	26 Deireadh Fómhair 2023
Anne O'Leary	8	8	22 Eanáir 2015
Daoine a d'éirigh as de bheith ina gcomhaltaí den choiste sa bhliain 2023			
Connor Murphy	6	4	2 Nollaig 2021

An Coiste Digiteach

Reáchtáladh ceithre chruinniú den Choiste Digiteach le linn 2023, bhí na comhaltaí go léir i láthair ag gach cruinniú, mar seo a leanas:

Comhaltaí Coiste	Cruinnithe Infhreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh	Ceapadh ar an gCoiste
Jonathan Ruane (Cathaoirleach)	4	4	07 Iúil 2022
Daire Hickey	4	4	02 Feabhra 2023
Daoine a d'éirigh as de bheith ina gcomhaltaí den choiste sa bhliain 2023			
Connor Murphy	4	4	07 Iúil 2022
Robert Shortt	4	4	07 Iúil 2022

An Coiste Bunathraithe Straitéise

Tionóladh ceithre chruinniú den Choiste Bunathraithe Straitéise nuabhunaithe i rith na bliana 2023, bhí na comhaltaí go léir i láthair ag gach cruinniú, mar seo a leanas:

Comhaltaí Coiste	Cruinnithe Infhreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh	Ceapadh ar an gCoiste
An Dr P.J. Mathews (Cathaoirleach)	4	4	02 Feabhra 2023
Jonathan Ruane	1	1	21 Meán Fómhair 2023
Siún Ní Raghallaigh	4	4	02 Feabhra 2023
Daoine a d'éirigh as de bheith ina gcomhaltaí den choiste sa bhliain 2023			
Ian Kehoe	3	3	02 Feabhra 2023

An Coiste Araíonachta

Tionóladh trí chruinniú den Choiste sealadach nuabhunaithe seo i rith na bliana 2023, bhí na comhaltaí go léir i láthair ag gach cruinniú, mar seo a leanas:

Comhaltaí Coiste	Cruinnithe Infhreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh	Ceapadh ar an gCoiste
Jonathan Ruane (Cathaoirleach)	3	3	19 Meitheamh 2023
An Dr P.J. Mathews	3	3	19 Meitheamh 2023

Freastal ar Chruinnithe Fhochoiste Bhord RTÉ

Is do fhreastal chomhaltaí an Bhoird ar chruinnithe de Bhord RTÉ agus do choistí an Bhoird a thagraítear leis an eolas a fhoilsítear thuas. D'fhreastail a leanas ar Bhoird fhochuideachtaí de chuid RTÉ, agus déanann siad freastal ar na cruinnithe Boird de réir sceidil na bhfochuideachtaí sin:

- RTÉ Transmission Network DAC (ag trádáil faoin ainm 2rn) David Harvey, Siún Ní Raghallaigh (ón 21/09/2023) agus Ian Kehoe (a d'éirigh as an 08/10/2023)
- RTÉ Commercial Enterprises DAC Daire Hickey, David Harvey (ón 21/09/2023), agus Connor Murphy (a d'éirigh as an 31/10/2023).

Foireann Ceannaireachta Eatramhach



Is iad seo sonraí na Foirne Ceannaireachta Eatramhaí a cheap Kevin Bakhurst Dé Luain an 10 Iúil. Agus é seo á scríobh, tá an Bhuanfhoireann Ceannaireachta curtha i bhfeidhm, ar feitheamh dhá cheapachán deiridh.

Kevin Bakhurst

Príomh-Stiúrthóir

Féach an nóta beathaisnéise ar leathanach 146



Adrian Lynch

LeasPríomh-Stiúrthóir agus Stiúrthóir Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil, Margaíocht

Bhíodh Adrian Lynch ina Cheannasaí Cainéil maidir le RTÉ One agus le RTÉ2 roimhe seo agus sheol sé sceidil nua ardaidhme maidir leis na seirbhísí lena linn sin.

Tá Adrian ag obair le RTÉ ó dheireadh na bliana 2014 i leith agus bhíodh sé ina Bhainisteoir Stiúrtha tráth ar *Animo Television*, ceann de na comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha is fearr a chruthaigh in Éirinn. Ina Cheannasaí Cainéil dó ar RTÉ One agus RTÉ2, tá réimse leathan d'ábhar cláir den iliomad seánra curtha ar an scáileán ag Adrian agus is suntasach mar a d'éirigh le *Dancing with the Stars*, RTÉ 1916, agus cláir faisnéise de leithéid *My Homeless Family* ar bronnadh gradaim orthu chomh maith.



Deirdre McCarthy

Bainisteoir Stiúrtha, Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ

Ceapadh Deirdre McCarthy ina Bainisteoir Stiúrtha, Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ i Nollaig na mbliana 2022 i ndiaidh comórtas poiblí. Is í Deirdre an chéad bhean atá ceaptha sa phost seo. Bhí Deirdre ina hEagarthóir Bainistíochta ar chláracha Réigiún agus Nuachta Raidió agus ar thuirisciú gnó agus polaitíochta freisin, áit ar imir sí tionchar ar chlúdach straitéise agus nuachta réigiúnaí agus polaitíochta na heagraíochta agus ar chuir sí leis an gclúdach sin agus ar fheabhsaigh sí aschur digiteach go háirithe.

Bhí sí ina stiúrthóir ar fhorbairt na bpríomh-chláracha nuachta raidió (*Morning Ireland, News at One* agus *This Week*) agus bhain sí barr feabhais amach sa chraoltóireacht agus neartaigh sí an chraoltóireacht i ngach ceann de na trí chlár a bhfuil duaiseanna buaite acu. Roimhe seo bhí Deirdre ina hEagarthóir RTÉ ar Thuirisciú Polaitíochta i dTeach Laighean agus í ag stiúradh scéalta nuachta polaitíochta a thuirisciú chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar imeachtaí náisiúnta a chraoladh beo amhail Olltoghcháin, díospóireachtaí toghcháin, Reifrinn lena n-áirítear Comhionannas Pósta agus Ginmhilleadh agus imeachtaí Cuimhneacháin amhail Comóradh Céad Bliain Chath an Somme. Idir na blianta 2008-2012 bhí Deirdre ina heagarthóir ar chlár polaitíochta tiomanta RTÉ, *The Week in Politics* agus na cláracha *Leaders' Questions* le linn tréimhse a raibh cior thuathail ollmhór sa pholaitíocht agus sa gheilleagar.



Eimear Cusack

Stiúrthóir Acmhainní Daonna

Thosaigh Eimear ag obair le RTÉ sa bhliain 2017. Tá taithí ag Eimear ar phostanna sinsearachacha i réimse forleathan eagraíochtaí agus, ó bhí sí i gceannas ar chuid mhór tionscadal athchóiriúcháin, tá taithí shuntasach aici ar chúrsaí Acmhainní Daonna. Díreach sular thosaigh sí ag obair le RTÉ, bhí Eimear ina Ceannasaí Acmhainní Daonna maidir leis an Ríocht Aontaithe agus Éirinn le Ericsson.

Foireann Ceannaireachta Eatramhach



Richard Waghorn

Stiúrthóir Oibríochtaí agus Teicneolaíochta

Thosaigh Richard le RTÉ ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta i mí Feabhra 2012. Bhí sé ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta roimhe sin leis an South African Broadcasting Corporation agus é freagrach as an aistriú ó chraoltóireacht analógach chuig teilifís dhigiteach trastíre. Tá céim MBA ag Richard ó Henley Management College i Reading Shasana agus bhain sé céim Chéadonóracha amach sna Meáin Chumarsáide Phoiblí agus sa Tíreolaíocht in Ollscoil Leeds.

Sular aistrigh sé chuig SABC, chaith Richard níos mó ná deich mbliana leis an BBC ina Cheannasaí Dáileacháin. Ghlac sé stiúir ar an obair ullmhúcháin don aistriú chuig córais dhigiteacha sa Ríocht Aontaithe agus bhí sé ina bhainisteoir tionscadail le linn sheoladh Freeview, ardán teilifíse digítí trastíre na Ríochta Aontaithe. Chaith sé seal ina stiúrthóir ar bhord Freesat freisin, an t-ardán teilifíse satailíte saor go haer, ó am a bhunaithe sa bhliain 2008.



Vivienne Flood

Ceann Gnóthaí Poiblí

Ina Ceann Gnóthaí Poiblí RTÉ, oibríonn Vivienne chun tacú le forbairt straitéise, le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, le saincheisteanna beartais agus rialála agus le freagracht shóisialta chorparáideach. I measc na ról a bhí aici san eagraíocht roimhe seo bhí Bainisteoir Cumarsáide d'Aistriú Digiteach náisiúnta Saorview sa bhliain 2012 agus Bainisteoir Cumarsáide Corparáidí.

Bhain sí cáilíocht MSc i gCleachtas Bainistíochta amach le déanaí ó Fhoras Bainistíochta na hÉireann, agus tá teastas faighte aici i ngnó agus athrú aeráide ón Cambridge Institute of Sustainable Leadership.

Tá sí ina ball de mheitheal na hÉireann de Purpose Disruptors, ag scrúdú bealaí inar féidir leis an tionscal margaíochta agus cumarsáide tionchar dearfach a imirt ar na bearta a ghlactar maidir leis an ngéarchéim aeráide. Tá sí ina ball de Ghrúpa Stiúrtha an RTÉ Toy Show Appeal a bhfuil os cionn €21 milliún bailithe aige go dtí seo do charthanais leanaí ar fud na hÉireann.



Daniel Coady

Stiúrthóir Gnóthaí Dlí

Thosaigh Daniel ag obair le RTÉ in 2018, ag comhlíonadh roinnt ról dlí sular ceapadh é ina Stiúrthóir Gnóthaí Dlí i mí Eanáir 2024. Rinne sé fónamh freisin ina Oifigeach Cosanta Sonraí in RTÉ ar feadh 3 bliana.

Tá taithí fairsing aige ar dhlí na meán, an dlí maidir le príobháideacht agus an dlí maidir le cosaint sonraí. Sular thosaigh sé ag obair le RTÉ, d'oibrigh sé ar feadh 12 bhliain ag dlíghnólacht a dhírigh go sonrach ar dhlí na meán, inar chuir sé comhairle ar raon leathan cliant meán áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ina ndearna sé ionadaíocht orthu. Thug sé teagasc do mhic léinn iarchéime i gCúrsa Cleachtais Ghairmiúil Dhlí-Chumann na hÉireann agus thug sé léachtaí ar ghnéithe éagsúla de dhlí na meán i nDlí-Chumann na hÉireann. D'fhóin sé ina stiúrthóir deonach ar Chomhar Creidmheasa RTÉ agus is céimí de chuid UCD é, áit a ndearna sé staidéar ar an dlí.



Niamh O'Connor

Leas-Stiúrthóir Ábhair

Chuir Niamh O'Connor tús lena gairm in RTÉ ina léiritheoir/stiúrthóir ar chúrsaí reatha. Bhog sí go dtí ábhar ina dhiaidh sin ina Ceann Seánra ar Chláiracha Fíorasacha, áit ar bhainistigh sí réimse clár faisnéise a bhí casta agus íogair ó thaobh na heagarthóireachta de.

Is iarchomhalta í Niamh de Bhord um Chaighdeáin Eagarthóireachta RTÉ agus bhí ról lárnach aici i mbunú agus i seachadadh roinnt de na tionscnaimh is suntasaí de chuid RTÉ i gcláracha faisnéise fíorasacha. Tá an-chuid taithí aici sa réimse déanta clár iniúchta.

In 2018, ghlac sí le post an leas-stiúrthóra ábhair, í ag déanamh maoirseacht ar gach seánra a léiríonn ábhar do RTÉ1, RTÉ2 agus an Player. Thosaigh sí leis an bhfhoireann ceannaireachta eatramhach sa bhliain 2023.

Foireann Ceannaireachta Eatramhach



Gavin Deans

Stiúrthóir Tráchtála

Bhí Gavin ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Media Central roimhe seo, an teach díolacháin meán is mó in Éirinn, inar threoraigh sé agus inar chuir sé straitéis tráchtála i bhfeidhm ar fud phunann de stáisiúin raidió, gnóthaí digiteacha, imeachtaí agus spóirt Media Central. Ag cur réitigh do chliant chun cinn dó, tá réimse de nithe úrnua meán curtha ar fáil ag Gavin do phríomhchliant, Heineken, Vodafone, Coca Cola agus PWC ina measc. Bhí Gavin ina Stiúrthóir Díolacháin ag Communicorp (98fm, Spin 1038) roimhe seo agus an-chuid taithí faighte aige sna meáin chlóite agus dhigiteacha.

Mar chuid de bhuanfhoireann ceannaireachta RTÉ, tá Gavin i gceannas ar straitéis nua tráchtála a fhorbairt do RTÉ, agus an leas is fearr is féidir á bhaint as ioncam le haghaidh athinfeistiú sna meáin seirbhíse poiblí trí shruthanna ioncaim, margáí agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha RTÉ a fhorbairt.



Mike Fives

Rialaitheoir Airgeadais an Ghrúpa

Thosaigh Mike ag obair le RTÉ i mí na Bealtaine 2022 ina Rialaitheoir Airgeadais an Ghrúpa. Ceapadh é chuig an bhfoireann Ceannaireachta Eatramhach i mí Iúil 2023. Sular thosaigh sé le RTÉ bhí Mike ina Cheann Airgeadais do Virgin Media Television. Bhí postanna airgeadais sinsearacha aige freisin sna hearnalácha teileachumarsáide agus FMCG araon.

Tá Mike ina Chomhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann, tar éis dó oiliúint a fháil in PWC.

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

Tá comhaltaí Bhord RTÉ tiomanta maidir leis na caighdeáin is airde a choinneáil ar bun maidir leis an rialachas corparáideach agus leis an iompar i mbun gnó. Ceanglaítear faoin *Acht Craolacháin 2009* go mbeadh taithí nó cumas ag comhaltaí i gcúrsaí atá iomchuí don mhaoirseacht ar chraoltóir seirbhíse poiblí (Alt 82). Ní mór do chomhaltaí uile an Bhoird freisin a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích ar bhealach lena gcoinntítear go ndéantar obair RTÉ, de bhun na gcuspóirí faoin reachtaíocht, go héifeachtach agus go críochnúil (Alt 87).

Leagtar amach sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* (an “Cód Cleachtais”) na prionsabail maidir le rialachas corparáide a gceanglaítear ar Bhoird na gComhlachtaí Stáit iad a chomhlíonadh. Áirítear orthu sin gnáis agus nósanna rialachais maidir le raon leathan réimsí, mar shampla, ról an Bhoird; cóid iompair agus nochtadh leasa; tuairisciú gnó agus airgeadais; bainistíocht i ndáil le réimsí baoil agus rialú inmheánach; caidreamh leis an Oireachtas agus leis an Roinn rialtais a dtagann an comhlacht faoina coimirce; agus gnáis rialála faoi leith maidir le raon réimsí eile. Leagtar amach tuilleadh eolais ar na réimsí sin sa chuid eile den chaibidil seo den Tuarascáil Bhliantúil.

Éilítear ar Chathaoirleach an Bhoird gach bliain a dheimhniú leis an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go bhfuil na cleachtais agus nósanna imeachta rialachais in RTÉ ag teacht leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá ráiteas RTÉ maidir le comhlíontacht leagtha amach ar leathanach 191.

Comhlíonann RTÉ freisin an ceanglas maidir le rialachas corparáideach agus ceanglais eile arna bhforchur ag an *Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995* agus ag an *Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001* agus an *tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éilithe), 2018*.

Tá a Chód Iompair féin glactha ag an mBord chomh maith, ina leagtar amach an cur chuige atá aige i leith iompar gnó freagrach agus eiticiúil.

Bord RTÉ

Comhdhéanamh

Ceaptar Comhaltaí Bhord RTÉ faoi Alt 81 d’Acht Craolacháin 2009 ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bhliana. Foráiltear faoin Acht do Bhord ar a bhfuil dáréag comhalta, arna gceapadh ag an Rialtas mar seo a leanas:

- Seisear comhaltaí a cheaptar ar ainmniúchán an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán;


Rialachas Corparáideach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

- Déanann an Comhchoiste Oireachtais um Thurasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Spórt agus Meáin ceathrar comhaltaí a mholadh leis an Aire;
- Is comhalta ex-officio Príomh-Stiúrthóir RTÉ; agus
- Ceaptar duine amháin d'fhoireann RTÉ tar éis toghcháin.

Ceapann an rialtas duine de na comhaltaí chun gníomhú mar Chathaoirleach. Foráiltear faoin *Acht Craolacháin 2009* freisin do chothromaíocht idir na hinscní maidir le comhaltas an Bhoird, trína éileamh go mbeadh ar na comhaltaí líon fear nach lú ná cúigear agus líon ban nach lú ná cúigear. Amhail an 31 Nollaig 2023, ceathrar ban agus cúigear fear atá ar Bhord RTÉ. Tá trí fholúntas ann faoi láthair.

Iléagúlacht and Bhoird ó Cúrsaí Inscne (ag 31/12/2023)



Tháinig athrú ar chomhaltaí Bhord RTÉ i rith na bliana.

D'éirigh Dee Forbes as a post ina Príomh-Stiúrthóir ar an 26 Meitheamh 2023, agus scoir sí de bheith ina comhalta den Bhord. Tá Kevin Bakhurst ina chomhalta den Bhord ón 10 Iúil 2023 nuair a chuaigh sé i mbun cúraim i bpost Phríomh-Stiúrthóir RTÉ. Tháinig deireadh le téarma oifige Ian Kehoe an 8 Deireadh Fómhair 2023. D'éirigh Connor Murphy as ina chomhalta Boid, le héifeacht ón 31 Deireadh Fómhair 2023. D'éirigh Robert Shortt as bheith ina ionadaí foirne RTÉ ar an mBord ar an 21 Nollaig 2023, tar éis é a bheith ceaptha i bpost Rúnaí Cuideachta RTÉ le héifeacht ón 2 Eanáir 2024.


Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

D'éirigh beirt chomhaltaí as an mBord i ndiaidh dháta dheireadh na bliana: D'éirigh Siún Ní Raghallaigh as ina Cathaoirleach ar an mBord ar an 23 Feabhra 2024 agus d'éirigh an Dr P.J. Mathews as ar an 29 Feabhra 2024.

Cheap an Rialtas Terence O'Rourke ina Chathaoirleach ar an mBord ar an 5 Márta 2024, agus rinne sé dhá cheapachán eile ar an mBord an dáta sin: Neasa Hardiman agus Terri Moloney. Lión an Rialtas na folúntais a bhí ar an mBord ar an 20 Márta 2024 agus ceapadh Noreen O'Kelly agus Shirley Bradshaw ina gcomhaltaí den Bhord. Is í Shirley Bradshaw ionadaí Foirne RTÉ ar an mBord, agus ceapadh í tar éis toghcháin i measc bhaill foirne RTÉ.

Leagtar amach sonraí beathaisnéise faoi dháréag comhaltaí an Bhoird a bhí in oifig ar an dáta a cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais bhliantúla, lena n-áirítear sonraí faoina dtéarmaí oifige, ar leathanaigh 146 go 151.

Iléagúlacht and Bhoird maidir le Seilbh Oifige (ag 31/12/2023)



Ról

Leagtar amach dualgais chomhaltaí an Bhoird in Alt 87 *d'Acht Craolacháin 2009*. Tugann comhaltaí an Bhoird treoir faoi stiúir chorparáideach agus straitéis RTÉ agus seasann siad ar son leasa an lucht féachana agus an lucht éisteachta, arna chinntiú go gcomhlíonann RTÉ na dualgais faoin reachtaíocht ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Cuireann gach comhalta breithiúnas neamhspleách i bhfeidhm trí dhúshlán an lucht Ceannaireachta a thabhairt ar bhealach tairbheach agus trí chuidiú le cuspóirí straitéise RTÉ a thabhairt chun cinn.

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

Tá éagsúlacht ag baint le cúlra, scileanna agus taithí chomhaltaí an Bhoird maidir le raon leathan réimsí gnó a bhaineann le hábhar maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chraoltóir seirbhíse poiblí. Leagtar síos na critéir maidir le comhaltacht ar an mBord in Alt 82 den Acht Craolacháin 2009. Luaitear i measc na gcritéar nithe mar seo a leanas: gnóthaí meán cumarsáide, craoltóireacht seirbhíse poiblí, ábhar craoltóireachta a léiriú, teicneolaíocht do mheáin dhigiteacha, gnó agus gnóthaí tráchtála, cúrsaí dlí agus gnóthaí rialúcháin agus nithe a bhaineann leis an nGaeilge a thabhairt chun cinn.

Déantar deighilt shoiléir ó thaobh freagrachtaí idir post Chathaoirleach an Bhoird, ar cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin atá ann, agus post an Phríomh-Stiúrthóra.

Glacann an Príomh-Stiúrthóir, i gcomhar leis an lucht bainistíochta feidhmiúcháin, freagracht as cúrsaí oibriúcháin ó lá go lá in RTÉ. Áirítear ar fhreagracht an Chathaoirligh ceannasaíocht a dhéanamh ar an mBord, clár oibre an Bhoird a dheimhniú, éifeachtúlacht an Bhoird a chinntiú agus freastal do rannpháirtíocht iomlán a bheith ag gach comhalta den Bhord.

Bíonn cruinnithe go minic ag Cathaoirleach an Bhoird agus an lucht bainistíochta feidhmiúcháin leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun cúrsaí maidir le feidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais RTÉ a phlé.

Déanann an Bord athbhreithniú leanúnach ar struchtúir agus feidhmíocht an Bhoird féin. Cuireadh suirbhé seachtrach ar scileanna an Bhoird i gcrích i R4 2023 chun deiseanna a shainaitheint chun scileanna aonair agus comhchoiteanna Bhord RTÉ a neartú.

Nósanna Imeachta an Bhoird

Cuirtear cáipéisí mionteagaisc faoi RTÉ agus cúrsaí oibriúcháin RTÉ ar fáil do gach comhalta den Bhord ar a gceapadh. Tagann an Bord le chéile de réir sceideal cruinnithe rialta agus bíonn cruinnithe ann tráthanna eile freisin de réir mar a mheastar gá leis sin. Bíonn teacht iomlán go tráthúil ag gach comhalta den Bhord ar an eolas a theastaíonn chun cur ar a gcumas a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Seoltar páipéir an Bhoird chuig gach comhalta den Bhord in am tráth roimh chruinnithe an Bhoird agus bíonn aon pháipéar nó eolas sa bhreis air sin ar fáil go héasca ag gach comhalta Bhoird ar a iarraidh.

Rialachas Corparáideach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

Bíonn san áireamh le páipéir leictreonacha an Bhoird a sheoltar chuig comhaltaí an Bhoird miontuairiscí gach cruinniú coiste a tionóladh ón gcruinniú Boird roimhe sin nó, sa chás nach mbíonn miontuairiscí ar fáil an tráth a ndéantar na páipéir a dháileadh, tugtar cuntas ó bhéal ag cruinniú an Bhoird.

Bíonn teacht ag comhaltaí an Bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí ó Rúnaí Ghrúpa RTÉ atá freagrach as cinntiú go ndéantar de réir nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla RTÉ ar fáil le haghaidh comhairliúcháin leis an mBord de réir mar is gá. Is féidir le comhaltaí aonair den Bhord comhairle lucht gairme a fháil agus dul faoi oiliúint ghairmiúil, más gá, ar chostas RTÉ. Tá polasaí árachais i bhfeidhm ag an mBord trína slánaítear comhaltaí an Bhoird sa chás go dtabharfaí imeachtaí dlí ina n-aghaidh le linn a gcuid dualgas mar chomhaltaí den Bhord.

Tá sceideal foirmeálta leagtha síos maidir le cineálacha ábhair a choimeádtar don Bhord amháin maidir lena meas agus cinneadh a dhéanamh ina leith. Tagann réimsí buntábhachtacha de ghnó RTÉ faoi scáth an sceidil sin:

- Pleananna straitéise, an buiséad bliantúil agus na ráitis airgeadais bhliantúla a aontú;
- Bearta móra infheistíochtaí, tionscadail chaipitil agus iasachtaí a aontú;
- Sócmhainní suntasacha a éadáil, a dhiúscairt nó a ligean i léig;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht ó thaobh cúrsaí oibriúcháin agus cúrsaí airgeadais;
- An polasaí cistíochta agus polasaithe maidir le bainistíocht i leith ábhar baoil;
- Leibhéal údaráis tharmligthe, conarthaí móra a aontú san áireamh;
- An Príomh-Stiúrthóir (de réir Alt 89 den Acht Craolacháin 2009) agus an Rúnaí Grúpa a cheapadh
- Cathaoirleach/Stiúrthóirí/Iontaobhaithe Fhochuideachtaí agus Scéimeanna Pinsin RTÉ a cheapadh; agus
- Athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

Déantar ábhair áirithe eile a tharmligeán le coistí de chuid an Bhoird, mar a leagtar amach thíos.

Bíonn Cathaoirleach gach coiste ar fáil chun tuairisc a thabhairt agus ceisteanna a fhreagairt faoi imeachtaí an choiste ag na cruinnithe Boid, de réir mar is gá. Is iondúil go mbíonn miontuairiscí coistí, nó dréachtmhiontuairiscí ag brath ar thráth an chruinnithe, ar fáil lena n-athbhreithniú mar chuid den tuarascáil.

Coistí an Bhoird

Tá sé cinn de choistí buana ar bun ag an mBord an 31 Nollaig 2023 chun cuidiú leis an bhfeidhmiúchán i leith na bhfreagrachtaí. Is iad sin an Coiste Iniúchta agus Riosca, an Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, Coiste na gClár, an Coiste maidir le Cóirthrádáil, an Coiste Digiteach agus an Coiste nuabhunaithe Bunathraithe Straitéise.

Tá comhaltas gach coiste, mar aon le sonraí faoi fhreastal ar chruinnithe a réachtáladh in 2023, leagtha amach ar leathanaigh 153 go 155. Feidhmíonn Rúnaí Ghrúpa RTÉ mar Rúnaí ar gach Coiste.

D'fhéadfaí coistí sealadacha a bhunú ó am go chéile chun déileáil le hábhair faoi leith de réir téarmaí tagartha sainiúla. Bunaíodh coiste sealadach amháin i rith na bliana 2023. Bhunaigh RTÉ Comhairle Lucht Féachana agus Éisteachta freisin ar bhonn reachtúil.

An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tá triúr de chomhaltaí an Bhoird ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca amhail an 31 Nollaig 2023, agus comhaltaí iad go léir a mheastar a bheith ina gcomhaltaí neamhspleácha. Tar éis dheireadh na bliana, ceapadh Noreen O'Kelly ina Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca tar éis a ceaptha ar an mBord an 20 Márta 2024. Tá téarmaí tagartha an choiste, a tugadh cothrom le dáta tar éis dheireadh na bliana i mí Feabhra 2024, ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ.

Freastalaíonn an Príomh-Stiúrthóir, an Príomhoifigeach Airgeadais agus an Ceannasaí Iniúchta Inmheánaigh ar chruinnithe an choiste, agus freastalaíonn na hiniúcháirí seachtracha de réir mar is gá. Foráiltear faoi théarmaí tagartha an choiste gur féidir cuireadh a thabhairt do chomhaltaí eile den Bhord, d'fhéidhmeannaigh agus do dhaoine eile freastal ar chruinniú iomlán nó ar chuid de chruinniú ar bith. Bíonn teacht go hiomlán, go díreach agus go neamhshrianta tráth ar bith ag an gCeannasaí Iniúchta Inmheánaigh agus ag na hiniúcháirí seachtracha araon ar Chathaoirleach an choiste.

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

Anuas ar an méid sin, bíonn plé ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca le hiniúcháirí seachtracha agus inmheánacha, gan daoine den lucht bainistíochta feidhmiúcháin i láthair, d'fhonn a chinntiú nach bhfuil aon ábhar buartha gan socrú.

Rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar na nithe seo a leanas i rith na bliana 2023:

Tuairisciú airgeadais

- Ráitis airgeadais bhliantúla an ghrúpa, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird go foirmeálta iad. Bhí athbhreithniú an choiste dírithe go háirithe ar shreafaí airgid tuartha an Ghrúpa don tréimhse amach anseo, lena n-áirítear ar dhifríochtaí a d'fhéadfadh a bheith sna tuartha sin, i gcomhthéacs ghnóthas leantach an Ghrúpa a mheas. Áiríodh polasaithe cuntasáíochta, ar réimsí a dteastaíonn breithiúnas ina leith, a shoiléire agus a bhí nochtadh á dhéanamh agus cúrsaí comhlíonta maidir leis na caighdeáin chuntasáíochta agus dlí is infheidhme in athbhreithniú an choiste chomh maith.
- Tuarascáil bhliantúil na Léiriúchán Neamhspleách, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird go foirmeálta í

Buiséadú agus gnóthaí airgeadais

- Buiséad bliantúil Ghrúpa RTÉ, sula gcuirtear ar aghaidh go foirmiúil chuig an mBord é
- Tuairiscí rialta faoi fheidhmíocht an Ghrúpa ó thaobh cúrsaí airgeadais, gnóthaí pinsean san áireamh chomh maith leis an mbainistíocht riosca maidir le hathruithe ar rátaí malairte eachtraí
- Sreafaí airgid, socruithe baincéireachta agus saoráidí cistíochta RTÉ
- Nuashonruithe maidir le tionscadail mhóra caipitil
- Nuashonruithe ar pholasaithe agus ar theorainneacha údaráis a cheadú

Rialú inmheánach agus bainistiú riosca

- Éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus tuairisc ar na torthaí a thabhairt don Bhord
- Tuairiscí gach ráithe maidir le hábhar baoil agus athruithe i rith na bliana a mheas maidir leis na príomhbhaoil chorparáideacha
- Tuairisc mhion ó Urraitheoirí na Foirne Ceannaireachta maidir le roinnt de na príomhréimsí baoil do ghnó na corparáide
- Bainistiú riosca cibearshlándála

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

Athbhreithnithe Neamhspleácha

- Coimisiúnaíodh trí athbhreithniú neamhspleácha sheachtracha chun saincheisteanna ar údar imní iad a scrúdú.
- Tugadh aghaidh sna tuarascálacha sin ar an méid seo a leanas: íocaíochtaí le Láithreoir de chuid RTÉ agus cruinneas nochtadh a thuillimh in 2017-2021; athbhreithniú ar nochtadh tuillimh le linn na tréimhse 2008 go 2022 do na 10 láithreoir ar an aer is airde a thuill pá gach bliain; agus athbhreithniú ar na próisis measúnaithe riosca agus ceadaithe i ndáil leis an tionscadal Toy Show The Musical.
- Tionóladh roinnt cruinnithe chun na tuarascálacha a bhreithniú chun plé a dhéanamh ar na gníomhartha is gá chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí agus chun na chéad chéimeanna eile a chomhaontú.
- Moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird.

Rialáil agus comhlíonadh

- Cúrsaí comhlíonta maidir le Rialachas Corparáide, comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú san áireamh
- Nuashonrú rialta maidir le GDPR agus maidir le cúrsaí dlí
- Iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

Iniúchadh Inmheánach

- An Plean don Iniúchadh Inmheánach
- Tuairiscí maidir le hIniúchadh Inmheánach agus an dul chun cinn maidir le bearta a shonraítear sna tuairiscí a chur i bhfeidhm. Cuireann an Ceannasaí Iniúchta Inmheánach tuairisc i láthair ag gach cruinniú den Choiste Iniúchta agus Riosca, ina dtugtar cuntas achomair ar obair a rinneadh ó bhí an cruinniú deireanach ann agus ar thorthaí na hoibre sin, chomh maith leis na réimsí a lua a mbeifear ag díriú orthu don chéad tréimhse eile

Iniúchadh seachtrach

- An plean don iniúchadh seachtrach, scóip na hiniúcháireachta, de réir mar a leagtar amach sa Litir Fostaíochta, agus éifeachtúlacht phróiseas na hiniúcháireachta
- Tuairisc ón iniúcháir seachtrach tar éis iniúcháireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus plé ar na ceisteanna a d'eascair uaidh sin

Cuireadh seisiúin eolais ar fáil don Choiste Iniúchta agus Riosca i rith na bliana 2023 faoi chora nua i réimsí éagsúla maidir le rialachas corparáide, bainistiú riosca agus caighdeáin chuntasaíochta agus tugadh faoi athbhreithniú sceidealaithe ar théarmaí tagartha an Choiste.

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

Tá bearta cúraim curtha i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca lena chinntiú nach gcuirtear isteach ar neamhspleáchas agus ar oibiachtúlacht fheidhm na hiniúcháireachta seachtraí. Déantar athbhreithniú go tráthrialta ar na bearta cúraim sin. Anuas air sin, tá deimhnithe ag na hiniúcháirí seachtracha leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca go leanann siadsan de nósanna imeachta a chur i bhfeidhm ionas nach bhféadfadh tarlú go gcuirfí isteach ar a gcuid neamhspleáchais ná ar a gcuid oibiachtúlachta.

Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca an leibhéal seirbhísí neamhiniúchta a chuireann iniúcháirí seachtracha ar fáil agus na táillí a ghabhann leo a bhreithniú gach bliain i gcomhthéacs neamhspleáchas na n-iniúcháirí neamhspleácha mar chuid d'athbhreithniú an choiste ar leordhóthanacht agus ar oibiachtúlacht phróiseas na hiniúcháireachta seachtraí. Leagtar amach mionsonraí maidir le cineál na seirbhísí i rith na bliana reatha/i rith na mblianta roimhe seo nár bhain le hiniúcháireacht, agus maidir leis na táillí a bhaineann leo sin, i nóta 5 leis na ráitis airgeadais.

Coiste na gCláracha

Triúr comhaltaí Boird a bhí ar Choiste na gCláracha amhail an 31 Nollaig 2023. Breithníonn an coiste seo bearta forbartha agus pleananna mórthábhachtacha maidir le hábhar agus sceidil RTÉ. Ag gach ceann de na cruinnithe, buaileann an coiste leis na feidhmeannaigh atá freagrach as an ábhar a léirítear agus a chuirtear ar fáil agus leis an lucht bainistíochta sinsearaí (lena n-áirítear lucht déanta cláracha neamhspleácha go himmheánach agus go seachtrach, de réir mar is gá) chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar cláir atá á chur ar fáil agus ar na straitéisí agus na pleananna atá á leagan amach.

Maidir le riosca eagarthóireachta, tugann Coiste na gCláracha agus an Coiste Iniúchta agus Riosca a gcuid cláracha oibre le chéile ionas go gcinntítear maoirseacht agus bainistíocht éifeachtúil maidir le baol ó chúrsaí eagarthóireachta. Tugann an Bord riosca eagarthóireachta i gceist i gcomhthéacs riosca go ginearálta, mar a mhínítear níos mine maidir le rialú inmheánach agus bainistiú riosca thíos.

An Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta

Triúr de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gCoiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, agus meastar gur comhaltaí neamhspleácha gach comhalta den choiste. Rinneadh téarmaí tagartha an choiste, a nuashonrú i rith na bliana 2023 agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ. Áirítear na bearta seo a leanas a bheith ag baint le ról agus freagracht an choiste:

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

- Ceapachán, spriocanna, feidhmíocht agus luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra a mheas agus moltaí a dhéanamh leis an mBord sula n-iarrtar aontú an Rialtais. Déantar an t-athbhreithniú sin i gcomhthéacs pholasaí ábhartha an Rialtais. (Déanann téarmaí tagartha an choiste foráil freisin do ról an Leas-Phríomh-Stiúrthóra, nó aon duine arna cheapadh go sealadach chuig ról an Phríomh-Stiúrthóra de réir Alt 89 (8) den Acht Craolacháin 2009)
- Luach saothair na bainistíochta feidhmiúcháin a cheadú, ag féachaint do bheartas an Rialtais i ndáil le luach saothair na bainistíochta sinsearaí ar Chomhlachtaí Stáit Tráchtála
- Luach saothair na 15 láithreoirí ar an aer de chuid RTÉ is mó a thuilleann pá a cheadú
- Maoirseacht a dhéanamh ar aon athruithe móra i struchtúir sochair fostaithe ar fud ghrúpa RTÉ
- A chinntiú, maidir leis na daoine a thagann faoi raon feidhme obair an choiste, go bhfuil téarmaí conarthacha maidir le foirceannadh, agus aon íocaíochtaí a dhéantar, cothrom don duine aonair agus do RTÉ, nach gcóitítear an mhainneachtain sin agus go n-aithnítear go hiomlán an dualgas cailteanas a mhaolú.
- Breithniú a dhéanamh ar luach saothair aon chomhaltaí Boidr d'fhochuideachtaí RTÉ nár cheap an Rialtas.

Is de réir pholasaí an Rialtais a shocraítear luach saothair chomhaltaí an Bhoird agus, dá bhrí sin, ní ábhar sin a thagann faoi scáth bhreithniú an Choiste seo go sonrath.

An Coiste maidir le Cóirthrádáil

Tá an Coiste maidir le Cóirthrádáil freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar Pholasaí Cóirthrádála RTÉ. Beirt de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gcoiste agus meastar gur comhaltaí neamhspleácha gach comhalta den choiste. Seo a leanas feidhmeanna an choiste:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí ón Oifigeach Cóirthrádála;
- Maoirseacht a dhéanamh, agus athbhreithniú nuair is gá, ar na gnáis agus ar an nós oibre inmheánach, an nós oibre maidir le gearáin san áireamh;
- Athbhreithniú a choimisiúnú ó am go chéile ar ghnáis cóirthrádála RTÉ.

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

Tá Polasaí Cóirthrádála, chomh maith le Nós Imeachta maidir le Gearáin faoi chúrsaí Cóirthrádála, ag RTÉ agus cuirtear an dá cháipéis sin ar fáil ar shuíomh gréasáin RTÉ.ie. Bhí an Coiste maidir le Cóirthrádáil freagrach as maoirseacht a dhéanamh i leith an pholasaí sin i rith na bliana. I gcomhréir leis an bpolasaí sin, d'aontaigh an coiste tuarascáil maidir leis an bPolasaí Cóirthrádála agus a chur i bhfeidhm agus tá sin ar leathanach 281.

An Coiste Digiteach

Beirt de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gCoiste Digiteach. Seo a leanas ról an choiste:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí agus táirgí ar féidir ceangal leis an idirlíon agus a úsáideann RTÉ chun feidhmiú de réir sainordú teilifíse agus craolacháin fuaimne
- Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar shamhlacha gnó digiteacha RTÉ, na cinn reatha agus na cinn atá beartaithe araon
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais agus ar chumais chibearshlándála RTÉ i gcomhthéacs bainistíocht riosca agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna agus acmhainní RTÉ do dhaoine cumasacha teicniúla chun daoine cumasacha a tharraingt isteach amach anseo.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bpríomh-thionscadal agus na bpríomh-sheirbhísí digiteacha agus athbhreithniú a dhéanamh ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta

An Coiste Bunathraithe Straitéise

Bunaíodh an Coiste Bunathraithe Straitéise le linn 2023 agus tá sé comhdhéanta de thriúr comhaltaí Boird.

Bunaíodh an Coiste chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt phlean straitéiseach RTÉ don tréimhse 2025-2029, lena cheadú ag an mBord. Foilsíodh treo nua do RTÉ i mí na Samhna 2023 agus is ionann é agus plean deich bpointe ina leagtar amach treo nua d'athrú ó bhonn RTÉ. Is creat é an doiciméad seo don phlean straitéiseach iomlán a thabharfar chun críche agus a chuirfear ar fáil don Rialtas in 2024.

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

Coiste Sealadach

Bunaíodh an Coiste Araíonachta mar choiste sealadach den Bhord i mí an Mheithimh 2023 chun breithniú a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile a d'eascair as torthaí thuarascáil Grant Thornton chuig an gCoiste Iniúchta agus Riosca (Céim a hAon, an 16 Meitheamh 2023). Foirceannadh an coiste i mí Iúil 2023, le ceadú an Bhoird.

An Chomhairle Lucht Féachana agus Éisteachta

Bunaíodh Comhairle Lucht Féachana agus Éisteachta RTÉ ar bhonn reachtúil faoi Alt 96 den Acht Craolacháin 2009 Cuirtear deis ar fáil don lucht féachana agus don lucht éisteachta tuairim a thabhairt maidir le toradh saothair RTÉ agus maidir le RTÉ maith a dhéanamh den sainchúram poiblí a leagtar air. Cuirtear comhairle ar Bhord RTÉ maidir le saincheisteanna sonracha a bhaineann le sainchúram poiblí RTÉ agus le riachtanais an lucht féachana agus éisteachta.


Déanann na comhaltaí ionadaíocht ar réimse leathan leasanna agus cúlraí agus is é Bord RTÉ a cheapann iad, ag glacadh riachtanais an Achta Craolacháin 2009 san áireamh. Ceapann Bord RTÉ chomh maith duine de chomhaltaí an Bhoird mar chomhalta ex officio ar an gComhairle. Ba í Susan Ahern a bhí ina Cathaoirleach ar Chomhairle Lucht Féachana agus Éisteachta RTÉ amhail an 31 Nollaig 2023.

Tháinig deireadh le téarma oifige Chomhairle an Lucht Féachana agus Éisteachta i rith na bliana 2023. Tar éis dheireadh na bliana, ceapadh Comhairle Lucht Féachana agus Éisteachta nua chun téarma dhá bhliain go leith a chur isteach. Thionóil an Chomhairle a céad chruinniú ar an 18 Eanáir 2024 agus tá tuilleadh eolais faoin gComhairle Lucht Féachana agus Éisteachta agus faoina comhaltaí ar fáil ag <https://about.rte.ie/inside-rte/rte-audience-council/>

Rialachas Corparáideach

Don bhliain dar
chríoch an 31
Nollaig 2023
(ar lean)

Iléagúlacht and Bhoird maidir le cúrsaí Neamhspleáchais (ag 31/12/2023)



Bíonn breithiúnas, ceistiú agus díograis neamhspleách á gcur i bhfeidhm ag gach comhalta Boird maidir leis an ábhar a phléann an Bord. Tá meastóireacht déanta ag an mBord ar neamhspleáchas na gcomhaltaí de réir na gcritéar neamhspleáchais a leagtar amach faoi Chód Rialachas Corparáide an Ríochta Aontaithe, an Cód maidir le Rialachas Corparáide atá i bhfeidhm maidir le cuideachtaí atá liostaithe ar Euronext, Baile Átha Cliath.

Iléagsúlacht an Bhoird maidir le cúrsaí Neamhspleáchais

Le haird ar ionracas, dianseasmhacht agus oibiachtúlacht chomhaltaí an Bhoird, meastar go bhfuil gach comhalta den Bhord neamhspleách faoi na critéir sin. Ina ainneoin sin, is fostaí de chuid RTÉ é Kevin Bakhurst agus ní féidir dá bhrí sin, agus ar an goúis sin amháin, é a mheas mar chomhalta neamhspleách den Bhord ar an 31 Nollaig 2023 de réir chritéir Chód Rialachas Corparáideach na Ríochta Aontaithe.

Mar a luaitear níos mionsonraithe i nóta 24 (Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara), tharla idirbhearta gnó idir RTÉ agus comhaltaí áirithe den Bhord, nó daoine gar gaoil leo, le linn gnáthchúrsaí gnó i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2023. In 2023, bhain sé sin le tacaíocht fógraíochta do chuideachtaí faoi úinéireacht/faoi rialú chomhaltaí an Bhoird, príomhphearsanra bainistíochta eile agus a ndlúthbhaill teaghlaigh agus b'ionann é agus €14,600.

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

Ainneoin idirbhearta mar sin, tá deimhnithe ag an mBord go bhfuil an comhalta Boird sin neamhspleách ina thréithe agus ina bhreithiúnas. Agus é ag teacht ar an gconclúid sin, bhreithnigh an Bord nach ábhar iad cinntí maidir le tacaíocht chur chun cinn lena mbreithniú agus lena gcinneadh ag an mBord. An líne bhainistíochta a dhéanann na cinntí sin sa ghnáthchúrsa gnó. I ngach cás tá na socrúithe ag teacht le téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha RTÉ agus leis na gnáthphróisis chinnteoireachta.

Rialú Inmheánach agus Bainistiú Riosca

Rialú Inmheánach

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le córais an Ghrúpa don rialú inmheánach agus le hathbhreithniú ar a éifeachtúlacht agus atá siad. Tá na córais seo ceaptha chun an riosca nach mbainfear cuspóirí gnó amach a bhainistiú seachas chun deireadh a chur leo, agus chun dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt i gcoinne míráiteas ábhartha nó cailteanas ábhartha nó neamh-chomhlíonadh dlíthe nó rialachán.

Déanann an Bord formhaoirseacht ar chreat don rialú inmheánach atá ceaptha le rialú inmheánach éifeachtach a thabhairt lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Áirítear an méid seo a leanas sa chreat:

- Struchtúr eagrúcháin atá leagtha amach go soiléir, lena mbaineann teorainneacha údaráis atá sainithe go foirmiúil, deighilt dualgas agus sásraí tuairiscithe chuig na leibhéil is airde den bhainistíocht agus chuig an mBord.
- Ráiteas maidir le cinntí arna bhforchoimeád don Bbord lena mbreithniú agus lena gcinneadh.
- Cóid iompair gnó do chomhaltaí an Bhoird agus d'fhostaithe ina leagtar amach na caighdeáin eitice lena mbítear ag súil agus gnó á dhéanamh.
- Nósanna imeachta atá leagtha síos chun príomhrioscaí a imríonn tionchar ar an ngnó a shonrú, a rialú agus a thuairisciú - tá tuilleadh sonraí thíos.
- Córais chuimsitheacha bhuiséadaithe agus buiséid bhliantúla airgeadais ann á gceadú ag an mBord.
- Próiseas pleanála do gach rannán agus pleananna straitéiseacha fadtéarmacha cúig bliana arna gceadú ag an mBord;

Rialachas Corparáideach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

- Córais thráthúla tuairiscithe airgeadais, agus torthaí iarbhír á dtuairisciú i gcomparáid leis an mbuiséad agus á bplé ag an mBord gach mí.
- Polasaí um Nochtaí Cosanta trína gcuirtear córas ar fáil don fhoireann lenar féidir tuairisc a thabhairt faoi rún agus, más gá, gan ainm a lua, mar gheall ar ábhar buartha; lena n-áirítear líne chabhrach teileafóin.
- Polasaithe agus nósanna imeachta cuimsitheacha a bhaineann le bearta rialála i gcúrsaí oibriúcháin agus airgeadais, lena n-áirítear gealltanais agus caiteachas caipitil Tugtar faoi thionscadail mhóra caipitil i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí agus tá cead ón mBord de dhíth.

Déanann Iniúchadh Inmheánach athbhreithniú de réir córais ar na bearta rialála seo ag cur chuige ar bhonn riosca. Déantar athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus leagtar amach na torthaí thíos.

Bainistíocht Riosca

Measann an Coiste Iniúchta agus Riosca gur cuid lárnach dá chlár oibre í bainistíocht riosca. Tá freagracht ar an gCoiste as a chinntiú go ndéantar rioscaí a shainaithint, a mheas, a thuairisciú agus a rialú, thar ceann an Bhoird.

Tá creat bainistíochta riosca bunaithe ag RTÉ, atá á athbhreithniú agus á fheabhsú faoi láthair i gcomhréir leis na moltaí atá i dtuarascáil an tSainchoiste Chomhairligh. Is éard atá sa Chreat struchtúir agus línte tuairiscithe; sannadh na bhfreagrachtaí riosca; nósanna imeachta agus córais chun riosca a shainaithint, a mheas agus a thuairisciú; agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí a chuir an bhainistíocht i bhfeidhm.

Bhí próiseas bainistíochta maidir le cúrsaí riosca i bhfeidhm ag RTÉ i rith na bliana atá leagtha amach chun na réimsí riosca mórthábhachtacha a mbeadh an gnóthas ina mbaol a thabhairt chun suntais agus tuairisc a thabhairt don Bhord agus don Choiste Iniúchta agus Riosca ar na bealaí ina bhfuil bainistíocht á déanamh maidir leis na rioscaí.

Díríonn an Bord go príomha ar na rioscaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do straitéis RTÉ nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'inmharthanacht fhadtéarmach nó dea-chlú RTÉ. Mar a mhínítear níos mine thíos, tá dhá chéim i gceist leis an bpróiseas bainistíochta maidir le cúrsaí riosca – meastóireacht straitéiseach ar an ábhar baoil a dhéanann Foireann Ceannaireachta RTÉ agus beart measúnachta áitiúil ar an mbaol a dhéanann an lucht bainistíochta líne sna rannóga.

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

Déanann lucht Ceannaireachta RTÉ an t-ábhar baoil a thabhairt chun suntais a thiocfadh roimh straitéis RTÉ a thabhairt i gcrích. Maidir leis na rioscaí siúd a ainmnítear mar phríomhrioscaí, déantar Urra Ceannaireachta agus Úinéir Riosca a shocrú ina leith. Déantar athbhreithniú agus faireachán leanúnach orthu le linn na bliana.

Coinníonn an tÚinéir Riosca súil ar na nithe ba chionsiocair leis an riosca agus coinnítear tuairisc ar na bearta rialála a dhéantar chun an baol a mhaolú. Déantar chomh maith táscairí baoil a shonrú a chuideodh leis an monatóireacht ar athrú maidir lena mhinice a bheadh an baol ann. Tugtar cuntas comhdhlúth ar an mbeartaíocht sin i gcáipéis maidir le rioscaí straitéiseacha. Tá feidhm maidir le riosca a dhéanann maoirseacht agus athbhreithniú ar an obair seo anois agus ceangal cothaithe idir sin agus an próiseas pleanála straitéiseach faoi réimsí níos leithne ná sin ar fad. Cuirtear an cháipéis maidir le rioscaí straitéiseacha faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca agus faoi bhráid an Bhoird mar chuid den athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras don rialú inmheánach. Tugtar tuairisc reatha gach ráithe i rith na bliana freisin don Choiste Iniúchta agus Riosca faoi stádas na rioscaí éagsúla, faoi athruithe maidir le táscairí baoil agus faoi bhearta maolúcháin.

Ag teacht leis an bpróiseas straitéiseach a mhínítear thuas i ndáil le réimsí baoil a mheas, déantar cláracha baoil áitiúla a choinneáil i réimsí faoi leith d'fhonn ábhar baoil a mheas, an dóigh go dtarlóidh nó nach dtarlóidh na príomhtheagmhais a mbeifí ina mbaol a mheas agus an tionchar is dócha a bheadh ag na teagmhais dá dtitfidís amach. Déantar tuairisc ar na bearta bainistíochta a dhéantar maidir le gach baol.

Na Príomhréimsí Baoil agus Éiginnteachta

Mar chuid den phróiseas a mhínítear thuas maidir le hábhar baoil a shonrú, tá na príomhréimsí baoil leagtha amach a d'fhéadfadh a bheith ina gcur isteach ar ghnó, ar riocht airgeadais, nó ar thorthaí an Ghrúpa. Tugtar cuntas achoimre thíos ar na baoil. Déantar na baoil a ghrúpáil de réir catagóire agus ní nochtar iad in ord tábhachta ná suntais. Níl i gceist gur anailís uilechuimsitheach seo ar gach ábhar baoil a d'fhéadfadh a theacht chun cinn le linn an ghnó a sheoladh. Déantar na príomhréimsí baoil a mheas ar bhonn leanúnach agus cuireann an lucht bainistíochta tuairisc ar athruithe suntasacha maidir leis an ábhar baoil a thugtar chun suntais, nó ar an tábhacht a bheadh leis an mbaol sin, faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca.

Rialachas Corparáideach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

(ar lean)

Cuntas ar Ábhar Baoil

Bearta Reatha agus Beartaithe

Rioscaí Straitéiseacha

1. Maoiniú Amach Anseo agus Rialú na Meán

Mainneachtain a chinntiú go ndéanfar na meáin seirbhíse poiblí a mhaoiniú go leordhóthanach amach anseo.

Tá sainchúram seirbhíse poiblí leathan RTÉ comhaontaithe ag an rialtas agus leagtha amach i reachtaíocht.

Sin i gcomhthéacs maoiniú poiblí neamhleor agus easpa athchóirithe ar mhaoiniú poiblí; agus creat rialála nach bhfuil in oiriúint go fóill don treocht maidir le húsáid na meán digiteach (lena n-áirítear rialacha suntasachta), lena gcuirtear teorainn le cumas RTÉ a shainchúram leathan, a thionscadail chaipitil agus a chuspóirí inbhuanaitheachta a bhaint amach; a chumas ioncam a ghiniúint; agus claochlú a dhéanamh faoi straitéis RTÉ don tréimhse 2025-2029.

- Foilsíodh 'Treoir Nua' do RTÉ le haghaidh comhairliúchán poiblí i R4 2023. Tá Ráiteas Straitéise RTÉ don tréimhse 2025-2029 á ullmhú faoi láthair, agus foilseofar é in 2024.
- Rannpháirtíocht leanúnach le hathbhreithnithe roinne.
- Rannpháirtíocht rialta, réamhghníomhach le Coimisiún na Meán, RTCEGSM, NewEra agus le príomhpháirtithe leasmhara eile maidir le hathchóiriú maoiniúcháin, agus aighneachtaí chuig próisis chomhairliúcháin e.g., an Ciste Ábhair atá beartaithe agus Tús Áite do na Meáin Seirbhíse Poiblí.
- Comhairle eacnamaíochta agus dlí a fháil, nó tuarascálacha / anailís tagarmharcála a choimisiúnú, de réir mar is gá
- Monatóireacht a dhéanamh ar na spriocanna maidir le táillí ceadúnais a bhailiú, ar na staitisticí maidir le teaghlaigh agus ar na rátaí seachanta
- Comhoibriú leanúnach le An Post agus le RTCEGSM maidir le bailiú an táille cheadúnais agus gnóthaí gaolmhara

Rialachas Corparáideach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

(ar lean)

Cuntas ar Ábhar Baoil

2. Ábhar

An baol nach soláthróidh RTÉ ábhar ábhartha, tarraingteach agus éagsúil ar ardáin dhigiteacha agus líneacha don lucht féachana agus éisteachta (go háirithe grúpaí níos óige agus grúpaí nach ndéantar freastal ceart orthu).

Tá sé seo i gcomhthéacs na nithe seo a leanas:

- athrú a bheith ar rogha an lucht féachana ó chraoladh líneach sceidealta go sruthú agus tairiscintí digiteacha eile
- éagsúlacht agus cuimsiú teoranta, ar an aer agus sa léiriú
- boilsciú ar phraghas an ábhair, arna spreagadh ag costais léirithe atá ag ardú agus iomaíocht níos mó ó chraoltóirí domhanda.

Tá baol freisin ann nach gcoinneodh RTÉ smacht ar an IP, d'fhonn an luach is fearr a fháil i ndáil leis an lucht féachana agus éisteachta, le cúrsaí aitreabúideachta agus le cúrsaí tráchtála.

Féach freisin Riosca 1. Maoiniú Amach Anseo, *Riosca 4. Seachadadh an Phunainn Dhigitigh*, *Riosca 5. Feiceálacht & Aimsitheacht* agus *Riosca 6. Sonraí*.

Bearta Reatha agus Beartaithe

- Tabharfaidh straitéis ábhair nua RTÉ tús áite d'ábhar ardchaighdeán a mbeidh tionchar aige ar ár lucht féachana agus éisteachta - idir óg, aosta agus nua, ó gach cearn d'Éirinn, a mbeidh sé mar aidhm aici RTÉ a chur chun cinn ar bhonn beo agus sruthaithe mar aon le tomhaltas ar éileamh, agus nuálaíocht a dhéanamh ar fud ábhar físeáin, fuaime agus téacs.
- Nuacht agus cúrsaí reatha neamhspleácha feabhsaithe don lucht éisteachta agus féachana a bhíonn ag faire ar ábhar digiteach.
- Má dhéantar an léiriú a aistriú go taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath agus má mhéadaítear an coimisiúnú neamhspleách go suntasach, beidh éagsúlacht d'ábhar cruthaitheach agus ionadaíocht náisiúnta níos fearr ann.
- Léargas an Lucht Féachana a thomhas agus a rianú chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht.
- Straitéis Sonraí RTÉ (sonraí i gcomhair síniú isteach agus meiteashonraí).

Rialachas Corparáideach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

(ar lean)

Cuntas ar Ábhar Baoil

3. AN TIONSCAL TRÁCHTÁLA

An baol go dteipfidh ar RTÉ éagsúlú a dhéanamh chun leas a bhaint as deiseanna tráchtála digiteacha, agus ioncam a bharrfheabhsú ó chainéil meán uile RTÉ.

Imríonn an t-aistriú sa mhargadh tráchtála i dtreo ardáin dhigiteacha, mar aon le teacht chun cinn samhla nua gnó agus teicneolaíochtaí ar bhonn leanúnach, tionchar ar chumas RTÉ ioncaim a choinneáil.

Féach freisin *Riosca 4. Seachadadh an Phunainn Dhigitigh*, *Riosca 5. Feiceálacht & Aimsitheacht agus Riosca 6. Sonraí*.

4. SEACHADADH AN PHUNAINN DHIGITIGH

An baol a bheadh ann do sheachadadh phunann dhigiteach RTÉ, chun pearsantú, moladh ábhair agus eispéireas feabhsaithe d'úsáideoirí lucht féachana/éisteachta a spreagadh, mura ndaingneofaí infheistíocht.

Bíonn tionchar aige sin ar nasc RTÉ leis an lucht féachana agus éisteachta agus ar sheachadadh deiseanna i ndáil leis an lucht féachana, ábhar agus deiseanna tráchtála digiteacha a chruthaítear leis an gclaochlú digiteach.

Féach freisin *Riosca 1. Maoiniú Amach Anseo*, *Riosca 2. Ábhar*, *Riosca 3 Tráchtáil*, *Riosca 6. Sonraí*.

Bearta Reatha agus Beartaithe

- Cuirfidh RTÉ straitéis tráchtála nua i bhfeidhm ó 2024, ina dtabharfar tús áite don fhógraíocht dhigiteach mar réimse fáis chriticiúil, ar fud ár dtáirgí agus ábhar nua agus feabhsaithe, lena n-áirítear infheistíocht i ndaoine agus i dteicneolaíocht fógraíochta.
- Ag an am céanna, cosnóimid ioncam ó fhógraíocht teilifíse agus raidió agus ó urraíocht agus cuirfidimid leis an ioncam ó dháileadh agus ó cheadúnú.
- Sonraí agus léargas feabhsaithe chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais na goliant.
- Pleanáil ghnó láidir agus bainistiú riosca láidir chun ioncam inbhuanaithe a spreagadh chun MSP a mhaoiniú.
- Straitéis Sonraí RTÉ (síniú isteach).
- Monatóireacht a dhéanamh ar na tionchair reatha agus ar na tionchair atá ag teacht chun cinn ar staid airgeadais RTÉ de bharr neamhchinnteachta sa mhargadh agus fachtóirí eacnamaíochta seachtracha eile agus na tionchair sin a mheas.
- Tá sé mar aidhm ag straitéis nua RTÉ infheistíocht a dhéanamh chun táirgí agus seirbhísí sruthaithe den scoth a chur ar fáil.
- Leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar tháirgí digiteacha chun go mbeidh siad ina dtáirgí den scoth, ag tairiscint eispéireas pearsantaithe úsáideora, inrochtaineacht agus iontaofacht.
- An RTÉ Player a fhorbairt mar cheann scríbe iomaíoch chun ábhar físe a shruthú.
- Tá sé beartaithe ag RTÉ Aip Fuaim nua RTÉ a sheoladh chun sraith iomlán d'ábhar fuaim a chur ar fáil do gach éisteoir.
- Bainfidh Aip fheabhsaithe Nuachta RTÉ úsáid níos fearr as téacs, fiseáin, íomhánna agus gairis scéalaíochta eile.
- Cuirfear rochtain níos fearr ar fáil ar Chartlann leathnaithe RTÉ.

Rialachas Corparáideach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

(ar lean)

Cuntas ar Ábhar Baoil

5. FEICEÁLACHT & AIMSITHEACHT

An baol nach mbainfidh RTÉ feiceálacht agus aimsitheacht amach ar ardáin dáileacháin dhigiteacha, rud a rachaidh i bhfeidhm ar an lucht féachana agus éisteachta, ar spriocanna tráchtála agus ar spriocanna luacha chóir.

Tá sé seo i gcomhthéacs na nithe seo a leanas:

- athrú struchtúrach ar rogha an lucht féachana agus éisteachta ó chraoladh líneach sceidealta go sruthú agus ábhar digiteach eile.
- Idirbheartaíocht a dhéanamh le geatóirí tionscail - ardáin mhóra agus comhpháirtithe dáileacháin.
- creatchóras rialála nach dtacaíonn go fóill le feiceálacht agus aimsitheacht ábhar RTÉ ar ardáin dhigiteacha.

Féach freisin *Riosca 1. Maoiniú Amach Anseo agus Rialú na Meán*

Bearta Reatha agus Beartaithe

- Leanúint de mhonatóireacht agus anailís leanúnach a dhéanamh ar chora nua sa teicneolaíocht agus ar nósmaireacht an lucht féachana agus éisteachta ar an margadh.
- Leanúint d'idirbheartaíocht leanúnach a dhéanamh le hardáin reatha/atá ag teacht chun cinn agus le geatóirí tionscail chun barr feabhais a chur ar thairiscint ábhair RTÉ don lucht féachana agus éisteachta ar ardáin ilmheán.
- Oibriú i gcomhar le comhlachtaí tionscail/soláthróirí gréasáin/iomaitheoirí d'fhonn comhpháirtíochtaí dáileacháin a fhorbairt, nuair is cuí.
- Straitéis ar bun maidir le cúrsaí dáileacháin agus cearta ábhair
- Rannpháirtíocht le príomhlucht na gcinntí, le príomhrialtóirí agus le príomhpháirtithe leasmhara maidir le feiceálacht agus iompar MSP agus cóid chlosamhairc ghaolmhara lena n-áirítear an RTCEGSM agus Coimisiún na Meán.

Rialachas Corparáideach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

(ar lean)

Cuntas ar Ábhar Baoil

6. SONRAÍ

Is é seo an baol go dteipfeadh ar RTÉ barrfheabhas a chur ar shonraí mar acmhainn luachmhar, chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht ar fud na heagraíochta, agus creat láidir á chur ar fáil maidir le rialachas, tuairisciú agus comhlíonadh sonraí.

Tá sé seo i gcomhthéacs chur i bhfeidhm straitéis claochlaithe dhigitigh RTÉ, chun díriú ar phearsanú, ar mholadh ábhair agus ar eispéireas feabhsaithe úsáideoirí lucht féachana agus éisteachta, agus ag an am céanna bailiú agus próiseáil sonraí atá freagrach agus comhlíontach a chinntiú.

Imríonn sé sin tionchar ar an goeangal atá ag RTÉ leis an lucht féachana agus éisteachta agus ar bhaint amach spriocanna lucht féachana agus éisteachta, spriocanna tráchtála agus spriocanna luacha chóir.

D'fhéadfadh cailliúint rialaithe nó sábháilteachta sonraí custaiméirí agus/nó pionóis airgeadais a bheith mar thoradh ar shárú ar shonraí. D'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar mhuintir an lucht féachana agus éisteachta agus na bpáirtithe leasmhara agus dochar a dhéanamh do chlú RTÉ.

Ábhar mór atá le glacadh san áireamh mar riosca atá ag teacht chun cinn sa réimse seo an tionchar claochlaitheach atá ag Intleacht Shaorga, go háirithe Intleacht Shaorga Ghiniúnach.

Féach freisin *Riosca 2. Ábhar*, *Riosca 3 Tráchtáil*, *Riosca 4 Seachadadh an Phunainn Dhigitigh*, *Riosca 12. Cibearshláidil agus Riosca 14. Plean Leanúnachais Gnó*.

Bearta Reatha agus Beartaithe

- Straitéis Sonraí do RTÉ agus cur chuige struchtúrtha maidir le húsáid agus bainistiú sonraí i bhfeidhm.
- Rialachas Sonraí le polasaithe agus nósanna imeachta bunaithe i bhfeidhm.
- Grúpa Stiúrtha Sonraí i bhfeidhm, atá comhdhéanta d'ainmnithe ón bhFoireann Ceannaireachta, a dhéanann ionadaíocht ar gach feidhm ar fud RTÉ.
- Polasaithe RGCS faoi athbhreithniú leanúnach, arna maoirsiú ag Oifigeach Cosanta Sonraí RTÉ – faoina ndéantar iniúchadh faoi láthair ar bhearta na dTaifead de Ghníomhaíochtaí Próiseála (ROPA).
- Oiliúint foirne (éigeantach) agus cumarsáid leanúnach maidir le dea-chleachtas.
- Tá measúnú riosca á dhéanamh ag an Oifig Cosanta Sonraí ar thionscadail dhigiteacha, lena n-áirítear síniú isteach, i gcomhar leis na foirne ábhartha.
- Déantar dlúthfhairéachán ar an tírdhreach rialála, ar mhaithe le hathrú.
- Polasaí maidir le hIntleacht Shaorga lena n-áirítear Prionsabail maidir le húsáid na hIntleachta Saorga agus a himpleachtaí do RTÉ.

Rialachas Corparáideach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

(ar lean)

Cuntas ar Ábhar Baoil

7. PLEANÁIL GHNÓ & ACMHAINNÍ AIRGEADAIS

An t-ábhar baoil a bhaineann le leithroinnt agus bainistiú straitéiseach acmhainní airgid le go ndéantar an infheistíocht is fearr agus is féidir in ábhar dúchasach/seirbhísí nua feabhsaithe agus caipiteal (sa ghnó); smacht agus íslíú ar an gcostas oibriúcháin agus luach ar an airgead a thabhairt i gcrích ar fud na seirbhísí go léir.

Mar gheall ar thearcinfheistíocht i maoin agus i mbonneagar, tá baol ard ann go mbeidh caiteachas neamhphleanáilte ann, mar gheall ar theipeanna éigeandála, a éilíonn caiteachas caipitil nó speansas caipitil (CAPEX) éigeandála.

Tagann i gceist leis seo freisin an bhainistíocht leanúnach ar chúlchistí airgid thirim agus ar chistíocht bainc ionas go mbíonn ciste leordhóthanach ar fáil maidir leis an airgead tirim a theastaíonn do chúrsaí leanúnacha oibriúcháin, agus chun infheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal (an gnó), i gcomhthéacs na neamhchinnteachta.

Féach freisin *Riosca 13. Inbhuanaitheacht - Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas agus Riosca 14. Plean Leanúnachais Gnó – Cailteanas Seirbhíse.*

Bearta Reatha agus Beartaithe

- Leagtar amach i straitéis RTÉ cur chuige nua chun bainistiú láidir airgeadais, rialú agus ciarruithe costais, giniúint ioncaim agus maoirseacht a chinntiú.
- Tá rialuithe airgeadais níos déine agus teorainneacha ceadaithe údaráis airgeadais i bhfeidhm le haghaidh gach caiteachais – tá ceadú boird ag teastáil anois ag tairseach nua níos ísle.
- Leanúint den rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear NewEra maidir leis na cúrsaí airgeadais atá mar bhonn taca faoi na pleananna straitéiseacha.
- Cuntais bhainistíochta agus meastacháin ar bhonn míosúil, lena ngabhann an tuairisciú ar an teacht isteach agus ar an gcaiteachas i gcomórtas leis an mbuiséad.
- Próiseas buiséadaíochta caipitil agus Coiste Caipitil ar leith.
- Réimse feidhme maidir le cistíocht agus bainistíocht ar airgead tirim a oibríonn de réir polasaí cistíochta aontaithe.
- Meastacháin airgid meántéarmacha ilbhlianta.

Rialachas Corparáideach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

(ar lean)

Cuntas ar Ábhar Baoil

Bearta Reatha agus Beartaithe

Baoil i ndáil le Comhlíontacht

8. CÚRSAÍ EAGARTHÓIREACHTA

Sa chás go dtarlódh teip thromchúiseach na caighdeáin eagarthóireachta nó le coinníollacha eile maidir le cothroime, neamhchlaonadh agus príobháideacht a chomhlíonadh faoin reachtaíocht craolacháin, d'fhéadfadh sé cur isteach ar leibhéal muiníne an lucht féachana agus éisteachta, dochar a dhéanamh don bhranda agus a bheith ina chúis le himeachtaí dlí.

- Treoirínte Iriseoireachta & Ábhair RTÉ agus Treoirínte maidir leis na Meáin Shóisialta.
- Slabhra bainistíochta sainsonraithe agus struchtúir eagarthóireachta.
- An Bord um Chaighdeáin Eagarthóireachta.
- Oiliúint ar an lucht foirne.
- Rochtain ar chomhairle dlí agus ar oiliúint, leanúnach.
- Próiseas Gearáin faoin Reachtaíocht

9. RIALACHAS & CULTÚR CORPARÁIDEACH

Is ionann an baol sin agus mainneachtain athrú cultúir a chur i bhfeidhm, le tacaíocht ó chreat rialachais chorparáidigh a léiríonn dea-chleachtas rialachais, mar atá leagtha síos sa chód cleachtais maidir le comhlachtaí stáit a rialú; nó mainneachtain cloí leis na forálacha reachtaíochta ábhartha a bhfuil feidhm acu maidir le RTÉ.

D'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar mhuintir an lucht féachana agus éisteachta, na bhfostaithe agus na bpríomhpháirtithe leasmhara agus dochar a dhéanamh do chlú RTÉ.

Féach freisin Riosca 11. Comhlíontacht Dlí & Rialála agus Riosca 13. Inbhuanaitheacht - Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas

- Cuirfidh RTÉ creat rialachais den scoth i bhfeidhm a thacódh le cinnteoireacht eiticiúil, fhreagrach agus bunaithe ar luachanna, agus a leanfaidh leis an gCód Cleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh.
- Struchtúr sainithe rialachais chorparáidigh,
- Polasaithe, caighdeáin agus nósanna imeachta, agus bearta tuairiscithe i bhfeidhm.
- Cuireadh nósanna imeachta nua i bhfeidhm ó lár 2023 chun trédhearcacht agus idirphlé oscailte a chinntiú idir an Bord agus an Fhoireann Ceannaireachta Eatramhach (FCE), le cruinnithe coiste níos rialta agus Téarmaí Tagartha nuashonraithe.
- Leanúint d'athrú dearfach a bhaint amach maidir le malartú faisnéise, cumarsáid agus comhairliúchán, trí e.g. fóram rannpháirtíochta foirne, fóram ceannaireachta níos leithne le haghaidh plé agus breis seisiúin faisnéise rannáin.
- I rith 2024, foilseoidh RTÉ Clár Leasanna agus Clár na nGníomhaíochtaí Seachtracha; agus tuarascálacha ar Chostais Fhoilsithe, ar Thuarastail na Foirne Ceannaireachta
- Táthar i mbun rannpháirtíochta leanúnach le hathbhreithnithe Roinne/Rialála.
- Tiomantas d'fheabhsú leanúnach.

Rialachas Corparáideach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

(ar lean)

Cuntas ar Ábhar Baoil

10. COMHLÍONTACHT DLÍ & RIALÁLA

Aon athruithe ar dhlí nó rialachán na hÉireann nó an Aontais Eorpaigh, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar oibríochtaí RTÉ nó ar mhainneachtain caighdeáin agus oibleagáidí dlí agus rialála a chomhlíonadh, lena n-áirítear tionchair ar pholasaithe inmheánacha.

D'fhéadfadh neamhchomhlíonadh rialála agus smachtbhannaí, dlíthíocht, pionóis agus damáiste do chlú dá réir a bheith mar thoradh air sin.

D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag aon athruithe ar rialáil na meán ar shamhail ghnó, oibríochtaí agus sainchúram seirbhíse poiblí RTÉ.

Bearta Reatha agus Beartaithe

- Treoirínte agus polasaithe leasaithe agus iad a chur i bhfeidhm.
- Cumarsáid rialta agus oiliúint ar an lucht foirne
- Monatóireacht agus athbhreithniú dlí
- Córas sainsonraithe maidir le rialachas corparáideach agus rialáil oibriúcháin
- Coistí ceadaithe corparáideacha maidir le beartaíocht tráchtála.
- Slabhra bainistíochta sainsonraithe maidir le cúrsaí dlí.

Baoil i ndáil le Comhlíontacht

11. DAOINE & SCILEANNA

Neamhábalacht próifil scileanna an lucht saothair a oiriúnú, chun na tosaíochtaí atá leagtha amach i straitéis RTÉ (go háirithe i ndáil le cúrsaí digiteacha, sonraí agus teicneolaíochta) a bhaint amach.

Tá baol ann nach mbainfear amach an sprioc an fhoireann a laghdú suas le 400 duine (laghdú 20%) faoin gClár um Scor Deonach (CSD).

Áirítear ar fhachtóirí baoil:

- ráta íseal athraithe lucht saothair agus leis an gcumas foireann a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt, go háirithe i gcomhair róil speisialtóra, i gcomhthéacs áit mhargaidh iomaíoch ar a n-áirítear imreoirí digiteacha domhanda.
- neamhábalacht na heagraíochta imeacht ó ghráid thraidisiúnta, incrimintí ráthaithe, agus liúntais go dtí struchtúr simplithe luaíochta atá oiriúnach don fheidhm lena léirítear feidhmíocht an mhargaidh agus feidhmíocht aonair.

- Infheistíocht sa Teicneolaíocht, rud a chuirfidh ar chumas RTÉ leanúint de 'an chaoi a n-oibrímid' a athrú agus tabhairt faoi chleachtais oibre níos éifeachtúla.
- Infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt, tacaíocht agus oiliúint foirne, go háirithe sna réimsí a theastaíonn lenár n-uaimhianta digiteacha a bhaint amach, trí RTÉ Learn, agus leanúint le roghanna oibre solúbtha agus cianda.
- An Clár um Scor Deonach chun líon na foirne a laghdú suas le 20% thar thréimhse na straitéise. Próiseas cumarsáide agus comhairliúcháin fhoirmiúil a bheith ann le ceardchumann agus ionadaithe fostaithe, tar éis próiseas cothrom trédhearcach.
- Béim níos mó ar thrédhearcacht pá, dul i mbun oibre leis an nGrúpa Ceardchumann / páirtithe leasmhara eile chun comhaontuithe comhoiteanna a nuachóiriú i gcomhréir leis an straitéis agus an t-ionchas go mbeidh méadú ag teacht ar líon na bhfostaithe le haghaidh pá bunaithe ar fheidhmíocht.
- Creat Gairme ar fud na heagraíochta a chruthú tríd an athbhreithniú ar róil agus ar ghráid – (Willis Towers Watson). Struchtúr cúitimh níos ábhartha a chur i bhfeidhm chun príomhscileanna a mhealladh agus a choinneáil i réimsí straitéiseacha.

Rialachas Corparáideach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

(ar lean)

Cuntas ar Ábhar Baoil

- fiosrúchán na Roinne Coimirce Sóisialaí (DSP) (Iúil 2020) atá fós ar bun agus an tionchar atá aige sin ar fud na heagraíochta – cultúr, meanma, bréagaisnéis, airgeadas, clú agus cumas gnó a dhéanamh i dtimpeallacht chasta.

Tá baol ann freisin nach n-éireodh le RTÉ maith a dhéanamh ar a thiomantais iléagsúlachta agus uileghabhálachta d'fhonn lucht saothair iléagsúil a mhealladh ar an aer agus den aer araon agus an lucht saothair sin a choinneáil.

Bíonn baol níos mó gortaithe, fuadaigh nó báis i gceist le foireann RTÉ a imlonnú chuig timpeallachtaí doicheallacha.

Féach freisin *Riosca 2. Ábhar agus Riosca 4. Seachadadh Phunann Dhigiteach RTÉ.*

12. CIBEARSHLÁNDÁIL

An baol a bhaineann le cibirionsaí a bhféadfadh na nithe seo a leanas tarlú mar gheall air; sonraí rúnda/ íogaire a nochtadh agus/nó leas a bhaint astu, briseadh córais, sárú i ndáil le sonraí nó cailliúint sonraí; lena n-imrítear tionchar ar leanúnachas agus aschur gnó.

Féach freisin *Riosca 6. Sonraí agus Riosca 14. Plean Leanúnachais Gnó – Caillteanas Seirbhíse.*

Bearta Reatha agus Beartaithe

- Dul i mbun dian-rannpháirtíocht leis an Roinn Coimirce Sóisialta chun teacht ar réiteach praiticiúil a chuirfidh ar ceal an gá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar 695 duine aonair.
- Plean gníomhaíochta um lléagsúlacht agus Uileghabhálacht, lena n-áirítear iléagsúlacht san earcaíocht, Clár Intéirneachta leathnaithe, oiliúint, agus tionscnaimh for-rochtana pobail.
- Tugtar oiliúint i ndáil le timpeallacht dhoicheallach do na baill foirne ar fad atá á n-imlonnú agus cuirtear bearta maolaithe eile i bhfeidhm (e.g. feithiolí armúrtha) nuair is gá.

- Caighdeán agus polasaithe cibearshlándála agus rialachais.
- Bainistiú sócmhainní, bainistiú leochaileachta, intleacht bhagartha agus monatóireacht, leanúnach.
- Oiliúint foirne, feasacht ar shlándáil agus tástáil slándála.
- Ionad Oibriúcháin Slándála agus Teagmhas Slándála agus Bainistiú Imeachtaí.
- Plean freagartha i leith cibir-theagmhais.
- Measúnú ar chórais chriticiúla, córais chúltaca agus córais athshlánaithe ó thubaiste.
- Rialachas Sonraí agus Grúpa Stiúrtha Sonraí GDPR i bhfeidhm.

Rialachas Corparáideach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

(ar lean)

Cuntas ar Ábhar Baoil

13. INBHUANAITHEACHT - Comhshaol, Sóisialta, Rialachas (CSR)

Tá baol ann nach ndéanfaidh RTÉ, mar eagraíocht, oiriúnú chun freagairt d'aeráid atá ag athrú, ina chur chuige maidir le gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht.

Áirítear ar na príomhábhair baoil; mainneachtain ullmhúchán leordhóthanach a dhéanamh ar leibhéal eagraíochtúil ó thaobh oiriúnú aeráide de; easpa acmhainní buiséid caipitil leordhóthanacha chun uasghráduithe inbhuanaitheachta ábhartha a chumasú do shócmhainní RTÉ; mainneachtain oiriúnuithe inbhuanaitheachta a dhéanamh i gceart ar shamhlacha léirithe; mainneachtain an úsáid fhoriomlán fuinnimh ar fud an ghréasáin a laghdú go leordhóthanach chun ailíniú le sprioc an phlean náisiúnta um gníomhú ar son na haeráide; mainneachtain ionadaíocht leordhóthanach a dhéanamh ar fhaisnéis agus treoir aeráide in ábhar eagarthóireachta.

Easpa ullmhachta le haghaidh athruithe ar oibleagáidí tuairiscithe neamhairgeadais lena n-áirítear caighdeán agus méadracht inbhuanaitheachta níos leithne, agus mainneachtain ionchais na bpáirtithe leasmhara a chomhlíonadh, lena n-áirítear an rialtas, rialtóirí, lucht féachana agus éisteachta agus soláthraithe.

Féach freisin *Riosca 1. Maoiniú Amach Anseo agus Riosca 7. Pleanáil Gnó agus Acmhainní Airgeadais*

Bearta Reatha agus Beartaithe

- I bplean Gníomhaithe ar son na hAeráide RTÉ, tugtar sainmhíniú ar struchtúir rialachais chorparáidigh i leith gníomhaithe ar son na haeráide, ar pholasaithe agus ar ghníomhartha chun spriocanna a bhaint amach (faoi réir tacaíochtaí agus acmhainní riachtanacha).
- Ábhar inbhuanaitheachta agus aeráide RTÉ.
- Pleanáil agus monatóireacht Ghrúpa Craoltóirí Glasa RTÉ.
- Feasacht foirne agus soláthraithe agus tacaíocht i ndáil le hoiliúint.
- Measúnú cuimsitheach ábharthachta a fhorbairt chun bonn eolais a chur faoi réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta
- Oideachas agus deimhniú Albert maidir le Léiriú Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm
- Córais chomhlíontacha agus éifeachtacha maidir le tomhas astaíochtaí agus spriocanna laghdaithe.
- Nochtaí pleanáilte i dtuairisciú airgeadais agus feidhmíochta, faoi Chreat NewERA.
- Ath-dheimhniúchán don Mharc Gnó mar bhunchloch úsáideach.
- Tionscnaimh shóisialta ábhartha a fhorbairt agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar pholasaithe agus ar fheidhmíocht maidir le cuimsiú
- Treoirínte atá curtha in iúl go soiléir agus cloí le polasaithe
- Caighdeán inbhuanaitheachta ábhartha a áireamh i gcreat rialachais eagraíochtúil.
- Tá sé beartaithe ag RTÉ infheistíocht a dhéanamh i gcampas comhdhlúite i nDomhnach Broc ar lorg níos lú, rud a thacóidh le rialacháin, comhlíontacht agus spriocanna inbhuanaitheachta a chomhlíonadh.

Rialachas Corparáideach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

(ar lean)

Cuntas ar Ábhar Baoil

14. An Plean Leanúnachais Gnó – CAILLTEANAS SEIRBHÍSE

Caillteanas leanúnachais seirbhíse, mar gheall ar chliseadh i dteicneolaíocht chriticiúil, i mbonneagar/réadmhaoin chriticiúil nó i slándáil chriticiúil, nó teagmhas force majeure, nó gníomhaíochtaí tríú páirtithe (e.g. cibirionsaí, gníomhaíocht soláthraí), a mbíonn tionchar aige ar leanúnachas gnó agus ar aschur gnó.

Féach freisin Riosca 7. Pleanáil Ghnó agus Acmhainní Airgeadais agus Riosca 12. Cibearshlándáil.

15. CLAOCHLÚ

An baol go dteipfidh ar RTÉ claochlú radacach na heagraíochta a chur i bhfeidhm go héifeachtach, mar a leagtar amach i Ráiteas Straitéise RTÉ, go dtí ceann atá cuíchóirithe go suntasach, agus forchostais inmheánacha laghdaithe go buan, campas comhdhlúite Dhomhnach Broc agus bonn costais comhréireach, faoi na spriocanna:

- An lucht féachana agus éisteachta a mhealladh le hábhar ar ardchaighdeán a théann i gcion orthu
- Táirgí agus seirbhísí sruthaithe den scoth a chur ar fáil
- Léiriúchán a éagsúlú agus tacú le forbairt earnálach ar fud na hÉireann
- Bainistiú agus feidhmíocht láidir airgeadais a chinntiú
- Eagraíocht inbhuanaithe, iontaofa agus fhreagrach a fhorbairt

Féach freisin Riosca 1. Maoiniú Amach Anseo agus Rialú na Meán.

Bearta Reatha agus Beartaithe

Pleananna leanúnachais gnó agus bainistíochta géarchéime athnuaithe atá ag teacht le caighdeáin ISO.

Buanseasmhacht agus iomarcacht a bheith ina gcuid chóirithe de na próisis ghnó: Gnáis cóipeanna taca TE; seachfhreastalaithe; gné iomarcachta maidir leis an gcóras tarchuradóireachta náisiúnta don chraolachán; etc.

Straitéis teicneolaíochta.

Straitéis mhaoine ilbhliantúil.

Tá Ráiteas Straitéise RTÉ á ullmhú faoi láthair agus leagfar amach ann an treo nua don eagraíocht.

Déanfar struchtúr rialachais claochlaithe a shainiú agus acmhainní a chur ar fáil dó.

Forbrófar plean bainistíochta athruithe, lena n-áirítear measúnú riosca, chun claochlú a chur i bhfeidhm, ar fud na heagraíochta.

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

Soláthar

Comhlíonann RTÉ na dlíthe soláthair is infheidhme agus an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* san áireamh; Cuirtear tuarascáil ina sonraítear na hoibleagáidí sin agus ina dtugtar dearbhú maidir le comhlíonadh ar fáil go bliantúil don Choiste Iniúchta agus Riosca mar chuid dá bhreithniú ar rialú inmheánach. Áirítear sa tuarascáil seo freisin sonraí faoi aon soláthar neamhchomhlíontach i gcomhréir le ceanglais an Chóid Chleachtais.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh

Ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán as rialú inmheánach agus bainistíocht riosca. Deimhníonn an Bord, tríd an gCoiste Iniúchta agus Riosca, go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, mar a cheanglaítear air faoin *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*.

Bhí na nithe seo a leanas san áireamh sa phróiseas ar ghlac an Bord leis chun tabhairt faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- Maidir leo siúd a dhéanann rioscaí suntasacha roimh RTÉ a shonrú, a mheas agus a bhainistiú: an t-údarás agus na hacmhainní atá acu, agus a gcomhordú, a chur san áireamh.
- Athbhreithniú agus bhreithmheas ar thorthaí an phróisis measúnaithe agus bainistíochta riosca.
- Faireachán ar thuairiscí riosca ón lucht bainistíochta.
- Athbhreithniú ar chlár na hiniúcháireachta inmheánaí agus plé ar aon torthaí suntasacha ann.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil na n-iniúcháirí seachtracha, a dhéanann, mar chuid dá ngnáthnósanna imeachta, scrúdú ar ghnéithe de na córais don rialú inmheánach agus tuairisc a thabhairt don Choiste Iniúchta agus Riosca ar aon easnamh suntasach.
- Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí formhaoirseachta riosca coistí eile den Bhord a bhaineann le réimsí riosca faoi leith atá faoina sainchúram siúd.

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

Bunaithe ar an athbhreithniú sin, deimhníonn an Bord an méid seo a leanas:

- Go raibh próiseas leanúnach ar bun chun rioscaí suntasacha RTÉ a aithint, a mheas agus a bhainistiú i rith na bliana agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais. Tá an próiseas seo i gcomhréir leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)*.
- Tá córais rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm don bhliain atá faoi athbhreithniú agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

Tharla roinnt tarluithe rialaithe le linn 2023, mar a mhínítear sa roinn thíos, agus cuireadh feabhsuithe rialaithe i bhfeidhm mar thoradh air sin. Glacann RTÉ i bprionsabal leis na moltaí a rinneadh sa dá Thuarascáil ón Sainchoiste Comhairleach a foilsíodh ar an 7 Bealtaine 2024. Agus é seo á scríobh, tá plean forfheidhmithe tugtha chun críche ag RTÉ ina leagtar amach na gníomhartha, agus na hamlínte a bhaineann leo, chun na moltaí a chur i bhfeidhm. Tá tús curtha le clár oibre ag RTÉ agus tá an Bord dírithe ar RTÉ a thabhairt ar ais chuig na leibhéil iomchuí den rialachas corparáideach agus trédhearcacht.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

A) Úsáid an Chuntais Babhtála

I dtuarascáil eatramhach Mazars ina scrúdaítear an úsáid a bhain RTÉ as an gcuntas babhtála (*Lúnasa 2023*), leagadh béim ar an easpa polasaí agus nósanna imeachta doiciméadaithe agus ar choinneáil neamhleor taifead. Leagadh béim sa tuarascáil freisin ar earraí nó seirbhísí a fuarthas tríd an gcuntas babhtála lasmuigh de phróisis chaighdeánacha soláthair RTÉ.

Bearta

Tháinig deireadh le ceannacháin RTÉ i gcoinne creidmheasanna cuntais babhtála i mí Aibreáin 2023. Cuireadh polasaithe agus nósanna imeachta nuashonraithe i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí. Ar bhonn míosúil, aithnítear iarmhéid creidmheasanna an chuntais babhtála in ioncam agus i bhféichiúnaithe araon ag an ráta anáis airgid. I gcás ina bhfuil gá le hionadaíocht cliant, tiocfaidh sé sin ó bhuiséad ar leith a bheidh le comhaontú, maille le formhaoirseacht airgeadais.

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

B) Tuilleamh Láithreora

Bhí tuilleamh Láithreora de chuid RTÉ don tréimhse 2017 – 2022 ina ábhar do dhá thuarascáil ó Grant Thornton, arna gcoimisiúnú ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca.

Deimhníodh sna tuarascálacha go ndearnadh ganniontráil ar thuilleamh nochtá phoiblí an Láithreora agus ar an 22 Meitheamh 2023 d'athluaigh an Bord an tuilleamh nochtá. Bhí tuilleamh 2017-2019 mícheart mar gheall ar choigeartuithe láimhe ar an olltuilleamh sonrasoitha a taifeadh sna córais chuntasaíochta. Rinneadh ganniontráil ar thuilleamh 2020 go 2022 mar gheall ar íocaíochtaí leis an Láithreoir a bheith á bpróiseáil lasmuigh de ghnáthchóras íocaíochta soláthraithe.

Bearta

Rinneadh bearta chun a chinntiú nach féidir leis na torthaí seo tarlú arís, lena n-áirítear nósanna imeachta iniúchta feabhsaithe. Ina theannta sin, rinneadh téarmaí tagartha an Choiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta a nuashonrú lena chinntiú go bhfuil figiúirí lucht ardtuillimh le feiceáil ag an gcoiste sula bhfoilsítear iad. Foilseofar sonraí na láithreoirí is airde pá in RTÉ gach bliain mar chuid de Thuarascáil Bhliantúil RTÉ.

Tá RTÉ tiomanta do chostas na láithreoirí is airde pá a laghdú chun a chinntiú nach dtuillann aon chonraitheoirí ná aon fhostaithe níos mó ná an Príomh-Stiúrthóir.

C) Toy Show The Musical / Ceadú Boird

Choimisiúnaigh an Coiste Iniúchta agus Riosca Grant Thornton chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh maidir le léiriúchán Toy Show The Musical.

Deimhníodh sa tuarascáil go tharla neamart sa mhaoirseacht ar an tionscadal agus cuireadh i dtábhacht nár lorgáidh ceadú foirmiúil an Bhoird don tionscadal. Tugadh focal ar chonarthaí suntasacha i ngan fhios don Bhord iomlán agus gan cead a bheith faighte ón mBord iomlán. Tugadh chun suntais sa tuarascáil freisin nár léiríodh costais an tionscadail i gceart.

Bearta

Rinneadh struchtúir rialachais a athchóiriú agus a neartú. Rinneadh an caidreamh idir an Bord agus an Fhoireann Ceannaireachta Eatramhach a athshainiú. Chomh maith leis sin:

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

- Faigheann an Bord na miontuairiscí ó gach cruinniú a bhíonn ag an bhFoireann Ceannaireachta Eatramhach.
- Tá próiseas ceadaithe foirmiúil nua bunaithe do thionscadail atá an-chostasach, agus téann siad chuig an bhFoireann Ceannaireachta Eatramhach agus chuig an mBord araon.
- Caithfear measúnú riosca agus cás gnó a chur san áireamh anois i ngach aighneacht a chuirtear faoi bhráid an Bhoird agus a bhaineann le ceaduithe caiteachais.
- Tá an leibhéal caiteachais a gcaithfear cead a fháil ón mBord ina leith íslithe freisin.

D) Pacáistí an Chláir um Scor Deonach

D'fhostaigh RTÉ McCann Fitzgerald chun athbhreithniú a dhéanamh ar chláir um scor deonacha RTÉ in 2017 agus 2021. Fuarthas amach de bharr na tuarascála sin gur comhlíonadh rialacha an dá scéim i ngach cás, seachas i gcás riail amháin. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár bhreithnigh ná nár cheadaigh an Bord Feidhmiúcháin a bhí ann ag an am an t-iaratas i ndáil leis an iar-Phríomhoifigeach Airgeadais mar a ceanglaíodh faoi rialacha CSD 2017, agus 'nár comhlíonadh téarmaí CSD 2017.'

Bearta

Tá Creat Rialachais nua do RTÉ á chur i bhfeidhm, lena gcumhdófar caighdeáin rialachais dea-chleachtas ar fud na heagraíochta. Leis na cosaintí sistéamacha breise atá tugtha isteach ó mhí Iúil 2023, cosnófar próisis a bheidh ann amach anseo, chomh maith le leathnú a chur ar théarmaí tagartha agus rialuithe formhaoirseachta an Choiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, agus nósanna imeachta rialachais níos láidre ar leibhéal na Foirne Ceannaireachta Eatramhaí.

Comhlíontacht leis an gCód Cleachtas

Tháinig bearnaí i gcomhlíonadh an Chóid Chleachtas chun cinn sa bhliain faoi athbhreithniú. Mar thoradh air sin, tuairisceofar i dtuarascáil an Chathaoirligh chuig an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán de réir Mhír 2.6 den Chód Cleachtas nár chomhlíon RTÉ an Cód Cleachtas ina iomláine. Tá an tátal seo bunaithe ar na saincheistean rialaithe a bhfuil béim orthu sa rannóg rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca thuas, agus ar laigí sna socruithe rialachais a d'fhág gur ghá Creat Rialachais nua a chur i bhfeidhm do RTÉ.

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

Tá beart suntasach déanta cheana féin chun na saincheisteanna sin a réiteach, mar a leagtar amach i gcodanna éagsúla den tuarascáil seo. Tá an Bord tiomanta do bhearta a chur chun feidhme go tráthúil chun comhlíonadh iomlán an Chóid Cleachtais do 2024 a bhaint amach.

Gnóthas Leantach

Bhreithnigh comhaltaí an Bhoird sreabhadh airgid, leachtacht agus gníomhaíochtaí gnó an Ghrúpa. D'athbhreithnigh siad sreabhadh airgid réamh-mheasta an Ghrúpa maidir le chomh fada agus is intuartha, maoiniú breise rialtais agus na héagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na tuartha sin a mheas. Tar éis na fiosrúcháin sin a dhéanamh, tá ionchas réasúnach ag comhaltaí an Bhoird go bhfuil acmhainní dóthanacha ag RTÉ chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó oibriúcháin chomh fada agus is intuartha. Mar gheall air sin, leanann siad de ghlacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Déan tagairt do Nóta 1 (v) sna ráitis airgeadais chun tuilleadh sonraí a fháil.

Táillí Chomhaltaí an Bhoird¹

Cloíonn RTÉ le polasaí an Rialtais maidir le táillí a íoc le cathaoirligh agus stiúrthóirí chomhlachtaí Stáit, faoi mar a shocraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Ina theannta sin, i gcomhréir leis an bprionsabal “aon tuarastal amháin d’aon duine amháin”, níl fostaithe sa tseirbhís phoiblí atá ag suí ar bhoird stáit i dteideal táillí boird breise.

Rialachas Corparáideach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

	2023 €'000	2022 ³ €'000
Comhaltaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2023		
Siún Ní Raghallaigh	32	1
Susan Ahern	16	16
Kevin Bakhurst	-	-
David Harvey	16	5
Daire Hickey	16	5
Aideen Howard	16	3
Dr P.J. Mathews	-	-
Anne O'Leary	16	5
Jonathan Ruane	16	5
Íocaíochtaí le hIar-Chomhaltaí Boird		
Moya Doherty	-	6
Dee Forbes	-	-
Ian Kehoe	12	5
Connor Murphy	16	5
Robert Shortt ²	15	5

1. Is comhaltaí neamhfheidhmiúcháin comhaltaí uile an Bhoird, seachas an Phríomh-Stiúrthóir, Kevin Bakhurst, a dhéanann fónamh mar chomhalta ex officio agus Robert Shortt, a ceapadh i ndiaidh toghchán foirne.
2. Chomh maith leis na táillí Boird, rinneadh Robert Shortt a íoc ina fhostaí de chuid RTÉ.
3. I mí na Samhna 2019, i gcomhthéacs tionscnamh laghdaithe costais a aithníodh mar chuid de straitéis leasaithe RTÉ 2020–2024 ag an am, d'fhógair comhaltaí an Bhoird go raibh sé i gceist acu a gcuid táillí a tharscaoileadh, le feidhm ón 1 Eanáir 2020, Leanadh leis sin go dtí Meán Fómhair 2022 go dtí gur íocadh na táillí ar ais le comhaltaí an Bhoird, sa chás go raibh táille infheidhme.

Costais Chomhaltaí an Bhoird¹

Ag teacht leis an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*, ní mór an foilsiú seo a leanas a dhéanamh i ndáil le costais a íocadh le comhaltaí den Bhoird:

	2023 €'000	2022 €'000
Taisteal – míleáiste	2	-
Liúntais chothabhála	7	-
	9	-

1. Baineann costais chomhaltaí an Bhoird thuas leis an bhfónamh ar an mBord amháin agus ní thugtar san áireamh costais chomhaltaí ina gcáil mar fhostaithe de chuid RTÉ.

Rialachas Corparáideach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

Luach Saothair an Phríomh-Stiúrthóra

Tá an luach saothair don Phríomh-Stiúrthóir ag cloí le polasaí an Rialtais faoi luach saothair phríomhoifigeach feidhmiúcháin na gcomhlachtaí Stáit tráchtála a shocrú, arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus arna cheadú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. I gcomhlíonadh an cheanglais nochtaithe atá sa *Chód Cleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* agus in Alt 305 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra comhdhéanta de:

	Kevin Bakhurst		Dee Forbes	
	2023	2022	2023	2022
	€'000	€'000	€'000	€'000
Luach Saothair:				
- Buntuarastal	119	-	125	233
- Liúntas gluaisteáin	12	-	13	25
Luach Saothair Iomlán	131	-	138	258
Ranníocaíochtaí Sochair	31	-	32	58
Scoir ¹	162	-	170	316

1. An méid a d'íoc RTÉ le scéim pinsin ranníocaíochta sainithe.

Thabhaigh Dee Forbes costais dar suim iomlán €4,349 (2022: €6,056) i mbun dhualgais phost an Phríomh-Stiúrthóra a dhéanamh. Thabhaigh Kevin Bakhurst costais arbh ionann iad agus €21,794 (2022: €nialas) sa phost ó ceapadh é i mí Iúil 2023.

Níor deonaíodh ná níor íocadh aon phá de réir feidhmíochta maidir leis an mbliain 2023 ná leis an mbliain 2022.

Tuarascáil Chomhaltaí An Bhoird Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

Cuireann comhaltaí Bhord RTÉ an tuarascáil bhliantúil maille le ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 i láthair.

Príomhbheartaíocht

Is é RTÉ an craoltóir seirbhíse poiblí in Éirinn a chuireann seirbhísí teilifíse agus raidió saor go haer ar fáil don lucht féachana agus éisteachta. Chomh maith leis sin, foilsíonn RTÉ an RTÉ Guide, agus cuireann raon leathan seirbhísí ar líne ar fáil saor in aisce atá bunaithe ar an ngréasán. Tríd an bhfochuideachta, RTÉ Transmission Network DAC, atá faoi lán-úinéireacht ag RTÉ agus atá ag trádáil mar 2rn, cuirtear córas tarchuradóireachta líonra analógach agus digiteach agus áiseanna crann craolta ar fáil do chraoltóirí agus d'úsáideoirí eile. Ina theannta sin, tá RTÉ, ritheann RTÉ Ceolfhoireann Coirme RTÉ.

Athbhreithniú ar an nGnó

Leagtar amach athbhreithniú mionsonraithe ar an bhfeidhmíocht i rith na bliana 2023 agus forbairtí don todhchaí san Athbhreithniú Oibriúcháin ó leathanach 29 go dtí leathanach 109 agus san Athbhreithniú Airgeadais ó leathanach 14 go dtí leathanach 27. Tugtar san áireamh leis na bearta athbhreithnithe sin na príomhréimsí riosca agus éiginnteachta os comhair an Ghrúpa agus déantar anailís ar na príomhtháscairí feidhmíochta, idir tháscairí a bhaineann le cúrsaí airgeadais airgeadais agus táscairí eile. Déantar athbhreithniú ó leathanach 276 go dtí leathanach 280 ar fheidhmíocht RTÉ maidir le maith a dhéanamh de na gealltanais bhliantúla don lucht féachana agus éisteachta, arna leagan amach sa Ráiteas Bliantúil faoi na Gealltanais Feidhmiúcháin don bhliain 2023.

Torthaí na Bliana

Leagtar amach torthaí na bliana don Ghrúpa sa Ráiteas Ioncaim ar leathanach 204 agus sna nótaí a ghabhann leis an Ráiteas sin.

Comhaltaí an Bhoird

Leagtar amach ainmneacha na ndaoine a bhí ag fónamh ina gcomhaltaí ar an mBord le linn na bliana ar leathanach 152.

Tuarascáil Chomhaltaí An Bhoird Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)

Rialachas Corparáideach

Leagtar amach socruithe RTÉ maidir le cúrsaí rialachais corparáide sa tuarascáil bhliantúil mar seo a leanas:

- Rialachas corparáide leathanaigh 161 go dtí 194
- Próifílí chomhaltaí an Bhoird leathanaigh 146 go dtí 151
- Ráiteas faoi fhreagrachtaí chomhaltaí an Bhoird leathanach 198

Comhlíontas na Stiúrthóirí

Tugtar isteach faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, a bhfuil feidhm leis maidir le fochuideachtaí RTÉ, coinníoll go ndéanfadh stiúrthóirí comhlíonadh na ndualgas ábhartha (faoi réir mar a shainmhínítear sin in Alt 225(1) den Acht) atá ar chuideachta a chinntiú sa chás go dtagann méid na cuideachta le critéir áirithe a leagtar síos san Acht.

Tá bearta curtha i bhfeidhm ag RTÉ ionas go gcinntítear, sa chás go bhfuil feidhm leis, go gcomhlíonann na fochuideachtaí gach a n-éilítear maidir le ráitis chomhlíontais ó stiúrthóirí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014.

Taifid Chuntasaíochta

Tá comhaltaí Bhoird RTÉ freagrach as a chinntiú go ndéantar leabhair agus taifid chuntasaíochta a choimeád go cuí. Áirítear ar na bearta a dhéantar maidir leis sin córais agus nósanna imeachta iomchuí a úsáid, lucht cuntasaíochta a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla agus an saineolas cuí acu a fhostú agus dóthain acmhainní a chur i leith fheidhm na gcúrsaí airgeadais. Is i nDomhnach Broc, Baile Átha Cliath 4 a choimeádtar taifid chuntasaíochta an Ghrúpa.

Cuntais a Íoc

Admhaíonn comhaltaí an Bhoird an fhreagracht a leagtar orthu maidir lena chinntiú go gcomhlíontar forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála), 2012 arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála)(Leasú), 2016 ('na Rialacháin'), maidir le gach gné ábhartha. Tá nós imeachta curtha i bhfeidhm ionas go sonraítear gach dáta ar a mbíonn dlite sonrasc le híoc agus go gcinntítear go ndéantar an íocaíocht faoin dáta faoi leith sin.

Tuarascáil Chomhaltaí An Bhoird

Don bhliain dar
críoch an 31 Nollaig
2023 (ar lean)

Cuirtear ar fáil le nós imeachta den chineál sin dearbhú réasúnach nach dtarlódh neamhchomhlíonadh ábhartha maidir leis na Rialacháin. Ba é a bhí de pholasaí íocaíochta i rith na bliana faoi chaibidil ná coinníollacha na Rialachán a shásamh.

Guideachtaí an Ghrúpa

Tugtar eolas maidir le gnóthais fhochuideachta agus gnóthais ghaolmhara i nóta 18 leis na ráitis airgeadais.

Ionstraimí Airgeadais

Bheadh baol ann don Ghrúpa maidir le riosca airgeadais a bhainfeadh le riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca maidir le malairt eachtrach, rátaí úis agus cúrsaí oibriúcháin. Tá nósanna imeachta mionsonraithe ag an nGrúpa chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí sin. Tá siad leagtha amach i nóta 21 leis na ráitis airgeadais.

Síntiúis Pholaitíochta

Ag tagairt don Acht Toghcháin, 1997, ní thugann RTÉ aon síntiúis polaitíochta.

Faisnéis a bhaineann le hÁbhar na hIniúcháireachta

Is é tuairim chomhaltaí an Bhoird go ndearnadh gach beart is gá ionas go mbeidís ar an eolas faoi aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar na hiniúcháireachta agus gur cinntíodh go raibh iniúcháirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Chomh mór agus is eol sin do na Stiúrthóirí, níl aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar na hiniúcháireachta nach bhfuil iniúcháirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas mar gheall air.

Thar ceann an Bhoird

Terence O'Rourke

Cathaoirleach

Kevin Bakhurst

Príomh-Stiúrthóir

28 Meitheamh 2024

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

Tá de fhreagracht ar chomhaltaí Bhord RTÉ (“Bord RTÉ”) an Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a ullmhú de réir na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaítear faoin Acht Craolacháin, 2009 (“reachtaíocht an chraolacháin”) ar Bhord RTÉ ráitis airgeadais don Ghrúpa agus do RTÉ a ullmhú maidir le gach bliain airgeadais. Faoin reachtaíocht sin, tá roghnaithe ag Bord RTÉ ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) faoi mar atá glactha leo ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíocht an chraolacháin agus de réir fhorálacha ábhartha Acht na gCuideachtaí 2014.

Ní cheadaíonn Bord RTÉ ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa mura bhfuil sé sásta go dtugann siad léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ agus ar bhrabús nó cailteanas an Ghrúpa don bhliain sin. Agus gach ceann de ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ á ullmhú, déanann comhaltaí Bhord RTÉ:

- Polasaithe cuntasáiochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama;
- A rá cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir IFRS faoi mar atá glactha leo ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíocht an chraolacháin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh murar mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an grúpa agus RTÉ i mbun gnó.

Tá Bord RTÉ freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas an Ghrúpa agus RTÉ agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ullmhaithe de réir IFRS infheidhme, faoi mar atá glactha leo ag an AE agus go gcomhlíonann siad forálacha reachtaíocht an chraolacháin agus forálacha ábhartha Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá Bord RTÉ freagrach go ginearálta as gach beart is féidir go réasúnach a dhéanamh d’fhonn sócmhainní RTÉ agus an Ghrúpa a chaomhnú agus d’fhonn calaois agus mírialtachtaí eile a sheachaint agus a thabhairt chun suntais. Tá Bord RTÉ freagrach freisin as Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird a ullmhú a chomhlíonann forálacha ábhartha Acht na gCuideachtaí, 2014.

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar
críoch an 31 Nollaig
2023 (ar lean)

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as a chinntiú go léiríonn an ráiteas faoi rialachas corparáideach ar leathanaigh 161 go dtí 194 go gcomhlíonann an Grúpa Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as caomhnú agus sláine na faisnéise corparáide agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin an Ghrúpa. D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith éagsúil leis an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird
Terence O'Rourke
Cathaoirleach

Kevin Bakhurst
Príomh-Stiúrthóir

28 Meitheamh 2024

Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách do Chomhaltaí Bhord RTÉ

Tuarascáil ar an iniúchóireacht maidir leis na ráitis airgeadais

Tuairim ar ráitis airgeadais RTÉ

Is é ár dtuairim go dtugann ráitis airgeadais Ghrúpa RTÉ (an Grúpa) agus Eintiteas RTÉ (an tEintiteas):

- léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus an Eintitis amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a chaillteanas an Grúpa don bhliain dar chríoch sin; agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais cuí agus, go háirithe, de réir cheanglais an Achta Craolacháin, 2009.

Tá na ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh déanta againn orthu comhdhéanta de: Ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Ráiteas loncaim an Ghrúpa;
- Ráiteas an Ghrúpa ar loncam Cuimsitheach;
- Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais;
- Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe i gCothromas;
- Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreabhadh Airgid; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 26, lena n-áirítear achoimre ar na polasaithe cuntasáíochta suntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1.

Ráitis airgeadais an Eintitis:

- Ráiteas ar an Staid Airgeadais;
- Ráiteas faoi Athrú ar Chothromas;
- Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid;
- na nótaí gaolmhara 1 go 26, lena n-áirítear achoimre ar na polasaithe cuntasáíochta suntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1.

An tAcht Craolacháin, 2009 agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach (IFRSanna arna nglacadh ag an AE) (“an creat tuairiscithe airgeadais cuí”) an creat tuairiscithe airgeadais cuí a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus an Eintitis á n-ullmhú.

Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách do Chomhaltaí Bhord RTÉ (ar lean)

Bunús leis an tuairim

Rinneadh an t-iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) (ISAnna (Éire)) agus an dlí infheidhme. Tugtar cuntas thíos ar a bhfuil de fhreagracht orainn faoi na caighdeáin sin faoin gceannteideal “Freagracht na n-iniúchóirí i ndáil le hiniúchóireacht ar na ráitis airgeadais” sa tuarascáil seo.

Tá na hiniúchóirí neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an Eintiteas i gcomhréir leis na coinníollacha eitice a bhaineann leis an iniúchadh a dhéanaimid ar ráitis airgeadais in Éirinn, an Caighdeán Eitice san áireamh arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus rinneamar gach freagracht eitice a chomhlíonadh i gcomhréir leis na coinníollacha sin. Is é ár dtuairim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuaireamar leordhóthanach agus oiriúnach mar bhunús lenár dtuairim.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Tá cinnte againn, agus iniúchadh déanta ar na ráitis airgeadais, go bhfuil an úsáid a bhaineann na stiúrthóirí as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú oiriúnach.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níl aon neamhchinnteachtaí ábhartha aitheanta againn maidir le himeachtaí nó le coinníollacha a d’fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh, bíodh sin ar bhonn aonair nó go comhpháirteach, ar chumas an Ghrúpa agus an Eintitis leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach

ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó thugtar údarú na ráitis airgeadais a eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach i gcodanna ábhartha den tuarascáil seo.

Eolas eile

Tá an t-eolas eile déanta suas den eolas atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa, seachas an t-eolas atá sna ráitis airgeadais agus i dtuarascáil an iniúchóra.

Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách do Chomhaltaí Bhord RTÉ (ar lean)

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa. Ní bhaineann an tuairim a thugaimid faoi na ráitis airgeadais leis an eolas eile agus, seachas a mhéid a luaitear go sainráite sa tuarascáil, ní luaimid dearbhú d'aon sórt ina leith sin.

Is é atá de fhreagracht orainn an t-eolas eile a léamh agus, ar a dhéanamh sin dúinn, a mheas cibé, bunaithe ar an obair iniúcháireachta, an bhfuil an t-eolas ansin ina mhíríteas ábhartha nó ar neamhréir leis na ráitis airgeadais nó ag teacht leis an eolas atá againne ón iniúcháireacht. Má thugaimid aon mhíríteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, éilítear orainn a chinneadh cibé an bhfuil míráiteas ábharthach sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha den eolas eile. Má chinnimid, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i leith an eolais eile seo, tá dlite orainn sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

Freagrachtaí na stiúrthóirí

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith cinnte go dtugtar léargas fíor cóir iontu agus go bhfuil siad ag cloí seachas sin leis an Acht Craolacháin, 2009, agus as an rialú inmheánach sin a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé an calaois nó earráid ba chúis lena leithéid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as acmhainn an Ghrúpa agus an Eintitis leanúint i mbun gnó mar ghnóthas leantach a mheas, as nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh de réir mar is gá agus as bonn cuntasaióchta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil de rún ag na stiúrthóirí an Grúpa agus an tEintiteas a leachtú nó éirí as an ngnó, nó nach bhfuil aon rogha eile ag na stiúrthóirí le fírinne ach sin a dhéanamh.

Freagracht na nIniúchóirí i ndáil le hiniúcháireacht ar na ráitis airgeadais

Is é a bhíonn de chuspóir againn dearbhú réasúnach a thabhairt maidir leis na ráitis airgeadais tríd is tríd a bheith saor ó mhíríteas ábhartha, cibé ar calaois nó earráid ba chúis lena leithéid, agus tuarascáil iniúchára a eisiúint a bhfuil ár dtuairim ina chuid de.

Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách do Chomhaltaí Bhord RTÉ (ar lean)

Is dearbhú ar leibhéal ard dearbhú réasúnach ach níl ráthaíocht i gceist leis go dtabharfar chun suntais i ngach cás míráiteas ábhartha sa chás gur ann dá leithéid ar iniúchadh a dhéanamh i gcomhréir le caighdeán ISA (Éire). D'fhéadfadh míráiteas a theacht de bharr calaoise nó earráide agus meastar gur ábhartha míráiteas sa chás go bhféadfaí le réasún a cheapadh go mbeadh tionchar acu, ar a cheann amháin a thabhairt san áireamh as féin nó iad ar fad a thabhairt san áireamh in éineacht, ar chinneadh eacnamaíochta a dhéanfadh lucht a n-úsáide bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Tugtar cuntas eile ar na freagrachtaí atá orainn don iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar shuíomh gréasáin an IAASA ag: [https:// iaasa. ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements/](https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements/). Tá an cuntas sin mar chuid de thuarascáil an iniúcháora.

Tuarascáil ar Cheanglais Eile Dlí agus Rialála

Nithe a bhfuil dlite orainn tuairisc a thabhairt orthu trí eisceacht

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (Lúnasa 2016) (“an Cód Cleachtais”) tá dlite orainn tuairisc a thabhairt duit mura léirítear leis an ráiteas faoin gcóras rialaithe inmheánaigh a éilítear faoin gCód Cleachtais mar atá mar chuid den Ráiteas faoi Rialachas Corparáide comhlíontas an Ghrúpa le halt 1.9 (iv) den Chód Cleachtais nó sa chás nach bhfuil sé ag teacht le faisnéis a bhfuil eolas againn air mar gheall ar an obair iniúcháireachta ar na ráitis airgeadais. Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

Úsáid na tuarascála seo

Déantar an tuarascáil sin a chur faoi bhráid Chomhaltaí Bhord RTÉ agus leo sin amháin de réir an Achta Craolacháin, 2009. Rinneadh an obair iniúcháireachta sa chaoi is go bhféadfaimis na nithe sin a lua i ráiteas le Comhaltaí Bhord RTÉ a gceanglaítear orainn iad a lua leis i dtuarascáil iniúcháora agus ní chun críche aon ní eile. A mhéid a cheadaítear sin faoin dlí, ní dhéanaimid freagracht a ghlacadh ná a ghabháil orainn féin i leith aon duine eile seachas Comhaltaí Bhord RTÉ as an obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí ar ar tháingamar.

Richard Howard

Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Iniúcháireachta Reachtúil

Deloitte & Teach Touche,

Ardán Phort an Iarla,

Baile Átha Cliath 2

28 Meitheamh 2024

Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Oibríochtaí Leanúnacha			
Ioncam	2	344,035	347,695
Costais oibríúcháin (roimh dhímheas, amúchadh, gnóthachan ar shócmhainní a dhiúscairt)	3	(349,336)	(339,288)
EBITDA¹ roimh ghnóthachan ar shócmhainní a dhiúscairt			
		(5,301)	8,407
Glandímheas agus amúchadh	5	(11,815)	(11,765)
Gnóthachan ar shócmhainní a dhiúscairt	5	33	12
Gnóthachan ar infheistíochtaí a dhiúscairt		-	36
Cailteanas ó Ghníomhaíochtaí Oibríúcháin			
		(17,083)	(3,310)
Ioncam Airgeadais	4	9,640	2,136
Costas airgeadais	4	(2,888)	(1,816)
Easnamh roimh Cháin Ioncaim			
	5	(10,331)	(2,990)
Cáin ioncaim	7	1,215	197
Easnamh don Bhliain			
		(9,116)	(2,793)

¹ EBITDA: Tuilleamh (brabús oibríúcháin) roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh

Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Easnamh don Bhliain		(9,116)	(2,793)
Ioncam Cuimsitheach Eile			
Nithe nach ndéanfar a athrangú chuig brabús nó caillteanas riamh			
Gnóthachan atomhais ar an scéim pinsin sochair shainithe (Caillteanas)/gnóthachan atomhais ar an scéim pinsin "50/50" riosca i bpáirt	19	1,246	23,729
	19	(1,173)	9,271
Cáin iarchurtha ghaolmhar maidir le sócmhainní pinsin	20	(1,008)	-
		(935)	33,000
Nithe a dhéantar nó a d'fhéadfaí a athrangú chuig brabús nó caillteanas			
Cáin iarchurtha ar chaillteanas	20	-	-
		-	-
Iomlán an bharrachais chuimsithigh eile i leith na bliana		(935)	33,000
Iomlán an (easnamh)/bharrachais chuimsithigh i leith na bliana		(10,051)	30,207

Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní Neamhreatha			
Maoin, innealra agus trealamh	8	57,774	58,145
Sócmhainní doláimhsithe	9	5,663	4,252
Sócmhainní Airgeadais	18	673	892
Sócmhainn phinsin	19	188,652	180,590
Iomlán na Sócmhainní Neamhreatha		252,762	243,879
Sócmhainní Reatha			
Fardail	10	26,014	25,951
Imfháltais agus réamhíocaíochtaí	11	67,130	61,907
Infheistíochtaí leachtacha	12	15,098	60,772
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	13	63,543	53,290
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	21	17	32
Iomlán na Sócmhainní Reatha		171,802	201,952
Iomlán na Sócmhainní		424,564	445,831
COTHROMAS			
Tuilleamh coinnithe		222,283	232,334
DLITEANAIS			
Dlíteanais Neamhreatha			
Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	14	47,500	59,500
Sochair fostaithe	17	4,809	7,859
Suímeanna iníochta trádála agus eile	15	21,748	15,170
Dlíteanais chánach iarchurtha	20	834	1,125
Deontais chaipitil	23	3,250	3,632
Dlíteanas léasa	25	3,427	2,801
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	21	-	6
Iomlán na nDlíteanas Neamhreatha		81,568	90,093
Dlíteanais Reatha			
Suímeanna iníochta trádála agus eile	15	83,273	91,734
Iasachtaí agus Fiachas eile	14	12,000	3,625
Cánachas agus leas sóisialach	16	8,580	12,080
Deontais chaipitil	23	382	382
Dlíteanas léasa	25	554	548
Sochair fostaithe	17	15,895	14,935
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	21	29	100
Iomlán na nDlíteanas Reatha		120,713	123,404
Iomlán na nDlíteanas		202,281	213,497
Iomlán Cothromais agus Dlíteanas		424,564	445,831

Thar ceann an Bhoird

Terence O'Rourke
Cathaoirleach

Kevin Bakhurst
Príomh-Stiúrthóir

28 Meitheamh 2024

Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe i gCothromas amhail an 31 Nollaig 2023

	2023 €'000	2022 €'000
Tuilleamh coinnithe		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	232,334	202,127
Easnamh don bhliain (Easnamh)/barrachas cuimsitheach eile	(9,116) (935)	(2,793) 33,000
Iomlán an (easnaimh)/bharrachais chuimsithigh	(10,051)	30,207
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	222,283	232,334

Ráiteas RTÉ faoi Athrú ar Chothromas amhail an 31 Nollaig 2023

	2023 €'000	2022 €'000
Tuilleamh coinnithe		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	107,135	81,999
Easnamh don bhliain (Easnamh)/barrachas cuimsitheach eile	(20,135) (935)	(7,864) 33,000
Iomlán an (easnaimh)/bharrachais chuimsithigh	(21,070)	25,136
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	86,065	107,135

Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Easnamh don bhliain		(9,116)	(2,793)
Coigeartaithe maidir le:			
Dímheas ar mhaoin, innealra agus trealamh	5	10,103	10,351
Amúchadh maidir le sócmhainní doláimhsithe	5	1,711	1,414
Lagú ar shócmhainní doláimhsithe	9	204	281
Gnóthachan ar mhaoin, innealra agus trealamh a dhiúscairt		(33)	(12)
Difríocht idir creidmheas pinsin agus ranníocaíochtaí airgid (Glanioncam)/glanspeansas airgeadais		(512)	1,777
Creidmheas cánach ioncaim	7	(1,215)	(197)
		(5,229)	10,824
Athrú ar fhardail agus nithe iníoctha a bhaineann le fardail		(955)	(3,764)
Athrú ar imfháltais agus réamhíocaíochtaí		(5,010)	(1,539)
Athrú ar nithe iníoctha trádála agus eile		195	21,640
Athrú ar chánachas agus leas sóisialach		(3,583)	144
Athrú ar shochair fostaithe agus ar chostais athstruchtúraithe agus eile		(2,119)	(1,220)
Airgead Tirim Glan (ionsúite)/ginte ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(16,701)	26,085
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Ús faighte		1,459	12
Fáltais ar mhaoin, innealra agus trealamh a dhíol		62	15
Éadail ar mhaoin, innealra agus trealamh		(9,296)	(7,965)
Éadail ar shócmhainní doláimhsithe		(3,820)	(1,717)
Airgead Tirim Glan ionsúite ag Gníomhaíochtaí Infheistíochta		(11,595)	(9,655)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais			
Aisíocaíocht fiachais		(3,625)	(1,875)
Ús a íocadh		(2,726)	(1,200)
Íocaíochtaí airgid thirim maidir le príomhchuid den dliteanas léasa		(695)	(615)
Íocaíochtaí airgid thirim maidir leis an gcuid den dliteanas léasa a bhaineann le hús		(79)	(70)
Íslíú/(ardú) ar infheistíochtaí leachtacha	12	45,674	(21,880)
Airgead Tirim Glan ginte/(ionsúite) ag Gníomhaíochtaí Airgeadais		38,549	(25,640)
Ardú/(íslíú) glan ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim		10,253	(9,210)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir		53,290	62,500
Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 31 Nollaig	13	63,543	53,290

Thar ceann an Bhoird

Terence O'Rourke
Cathaoirleach

Kevin Bakhurst
Príomh-Stiúrthóir

28 Meitheamh 2024

208

Ráiteas RTÉ ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní Neamhreatha			
Maoin, innealra agus trealamh	8	19,829	20,515
Sócmhainní doláimhsithe	9	5,600	4,163
Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí	18	65,827	65,827
Sócmhainn phinsin	19	188,652	180,590
Sócmhainn cánach iarchurtha	20	1,424	1,342
Iomlán na Sócmhainní Neamhreatha		281,332	272,437
Sócmhainní Reatha			
Fardail	10	25,807	25,745
Imfháltais agus réamhíocaíochtaí	11	54,932	52,767
Infheistíochtaí leachtacha	12	15,098	60,772
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	13	49,008	39,816
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	21	17	32
Iomlán na Sócmhainní Reatha		144,862	179,132
Iomlán na Sócmhainní		426,194	451,569
COTHROMAS			
Tuilleamh coinnithe		86,065	107,135
DLITEANAIS			
Dlíteanais Neamhreatha			
Sochair fostaithe	17	4,684	7,700
Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	14	-	7,000
Suimeanna iníoctha trádála agus eile	15	21,748	15,170
Dlíteanas léasa	25	1,603	1,870
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	21	-	6
Iomlán na nDlíteanas Neamhreatha		28,035	31,746
Dlíteanais Reatha			
Suimeanna iníoctha trádála agus eile	15	281,040	285,072
Iasachtaí agus Fiachas eile	14	7,000	1,125
Dlíteanas léasa	25	297	393
Cánachas agus leas sóisialach	16	7,882	11,239
Sochair fostaithe	17	15,846	14,759
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	21	29	100
Iomlán na nDlíteanas Reatha		312,094	312,688
Iomlán na nDlíteanas		340,129	344,434
Iomlán Cothromais agus Dlíteanas		426,194	451,569

Thar ceann an Bhoird

Terence O'Rourke

Cathaoirleach

Kevin Bakhurst

Príomh-Stiúrthóir

28 Meitheamh 2024

Ráiteas RTÉ faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Easnamh don bhliain tar éis cánach		(20,135)	(7,864)
Coigeartaithe maidir le:			
Dímheas ar mhaoin, innealra agus trealamh	8	5,494	5,536
Amúchadh maidir le sócmhainní doláimhsithe	9	1,686	1,389
Lagú ar shócmhainní doláimhsithe	9	204	281
Caillteanas/(gnóthachan) ar mhaoin, innealra agus trealamh a dhiúscairt		23	(13)
Difríocht idir creidmheas pinsin agus ranníocaíochtaí airgid		(512)	1,777
Glanioncam airgeadais		(8,794)	(923)
Creidmheas cánach ioncaim		(1,090)	(167)
		(23,124)	16
Athrú ar fhardail agus nithe iníoctha a bhaineann le fardail		(954)	(3,642)
Athrú ar imfháltais agus réamhíocaíochtaí		(1,841)	124
Athrú ar sholáthairtí agus nithe iníoctha trádála eile		4,328	31,069
Athrú ar chánachas agus leas sóisialach		(3,357)	361
Athrú ar shochair fostaithe agus ar chostais athstruchtúraithe agus eile		(1,958)	(1,334)
Airgead Tirim Glan (ionsúite)/ginte ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(26,906)	26,594
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Ús faighte		1,459	12
Fáltais ar mhaoin, innealra agus trealamh a dhíol		5	13
Éadail ar mhaoin, innealra agus trealamh		(5,132)	(5,990)
Éadail ar shócmhainní doláimhsithe		(3,863)	(1,714)
Airgead Tirim Glan ionsúite ag Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(7,531)	(7,679)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais			
Aisíocaíocht fiachais		(1,125)	(1,875)
Ús a íocadh		(456)	(448)
Íocaíochtaí airgid thirim maidir le príomhchuid den dliteanas léasa		(422)	(387)
Íocaíochtaí airgid thirim maidir leis an gcuid den dliteanas léasa a bhaineann le hús		(42)	(47)
Íslíú/(ardú) ar infheistíochtaí leachtacha	12	45,674	(21,880)
Airgead Tirim Glan ginte/(ionsúite) ag Ghníomhaíochtaí Airgeadais		43,629	(24,637)
Ardú/(íslíú) glan ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim		9,192	(5,722)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir		39,816	45,538
Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 31 Nollaig	13	49,008	39,816

Thar ceann an Bhoird

Terence O'Rourke
Cathaoirleach

Kevin Bakhurst
Príomh-Stiúrthóir

28 Meitheamh 2024

210

Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa

1. Achoimre ar an bPolasaí Cuntasaíochta Ábhartha

(a) Bunús na cuntasaíochta

Tá ár bpríomhpholasaithe cuntasaíochta leagtha amach thíos. Tá liosta iomlán de na polasaithe cuntasaíochta ar fáil san aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa ar leathanaigh 267 go 275. Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta i bhfeidhm go comhleanúnach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar gur míreanna ábhartha iad maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ, ach amháin na caighdeáin nua agus na leasuithe ar na caighdeáin a luaitear san aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa.

(i) Eintiteas tuairiscithe

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin **Acht Craolacháin, 1960** agus tá an chorparáid sainlonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite RTÉ amhail an 31 Nollaig 2023 agus don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 an chorparáid reachtúil agus gach eintiteas arna rialú aici (dá dtagraítear in éineacht mar an “Grúpa”).

(ii) Ráiteas maidir le comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna) mar a ghlac an tAontas Eorpach (AE) leo agus atá in éifeacht don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus feidhmítear iad de réir fhorálacha na reachtaíochta craolacháin. Roghnaigh an Grúpa a ráitis airgeadais chomhdhlúite chomh maith le ráitis airgeadais eintitis máthairchuideachta RTÉ a chur i láthair de réir fhorálacha **Acht na gCuideachtaí 2014** a mhéid agus is gá chun léiriú fíor agus cóir a thabhairt. Dá réir sin, tá ráiteas mháthairchuideachta RTÉ maidir le staid airgeadais, an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus an ráiteas maidir le hathruithe ar chothromas curtha i láthair leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite freisin, mar a d'éileodh **Acht na gCuideachtaí 2014** de ghnáth. Tá leasú déanta ar Ráiteas Ioncaim Grúpa RTÉ de réir mar a cheadaítear faoi **Acht na gCuideachtaí 2014**, Sceideal 3 Cuid II, Alt A4(5).

(iii) Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ar bhonn an chostais stairiúil arna mhodhnú ag an tomhas ag luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh agus na n-oibleagáidí sochair scoir.

Sa euro, airgeadra feidhmiúcháin eintitis ar fad an Ghrúpa, tugtha go dtí an míle is gaire (€000), a ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa.

(iv) Meastacháin agus breithiúnais maidir le cuntasaíocht chriticiúil

Chun ráitis airgeadais a ullmhú de réir IFRSanna ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin, agus boinn tuisceana a thabhairt a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú na bpolasaithe cuntasaíochta agus ar an líon sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais a thuairiscítear. D'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Déantar na meastacháin agus na boinn tuisceana taobh thiar díobh a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Sa tréimhse a ndéantar na meastacháin a athbhreithniú a aithnítear na hathbhreithnithe a dhéantar chomh maith le haon tréimhse ina dhiaidh sin a mbeadh tionchar acu uirthi.

Le luacháil ar an scéim pinsin sochair shainithe agus le hionstraimí airgeadais a bhaineann na príomhréimsí a mbíonn breithiúnais shuntasacha nó castacht i gceist nó le réimsí a mbíonn tábhacht le breithiúnais agus meastacháin i dtaobh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus tá cur síos orthu sna polasaithe cuntasaíochta ábhartha thíos agus sna nótaí bainteacha.

Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

Déantar plé thíos ar na meastacháin a bhfuil riosca suntasach ag baint leo maidir le coigeartú ábhartha a dhéanamh ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile:

- Oibleagáidí Sochair Scoir: Déantar na boinn tuisceanna is bun leis na luachálacha achtúireacha (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe i leibhéal chúitimh agus rátaí básmhaireachta amach anseo), óna gcinntear na méideanna a aithnítear sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite, a thabhairt cothrom le dáta in aghaidh na mbliana bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin. Leagtar amach na boinn tuisceanna is suntasaí i nóta 19 agus leagtar amach tionchar na n-athruithe ar na boinn tuisceanna sin.
- Agus dliteanas áirithe á meas, amhail fabhruithe i leith dliteanas cánach agus ÁSPC a bhaineann le conraitheoirí, ní mór breithiúnas a thabhairt chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil oibleagáid reatha ar an nGrúpa agus an dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh sochar eacnamaíoch chun an oibleagáid sin a réiteach. Cuirtear an breithiúnas seo i bhfeidhm ar fhaisnéis a bhí ar fáil tráth a chinntear an dliteanas, lena n-áirítear breithiúnais maidir le léirmhínte ar reachtaíocht, ar rialacháin agus ar chásdlí, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.

Seo a leanas faisnéis faoi bhreithiúnais chriticiúla maidir le polasaithe cuntasáíochta a chur i bhfeidhm a bhfuil an tionchar is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

- Déantar sócmhainní seasta a dhímheas thar a saolré úsáideach measta. Tá breithiúnas de dhíth chun saolré measta na sócmhainní seasta a chinneadh, ar sócmhainní iad a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhíluacháil ina leith.
- Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord measúnú a dhéanamh ar chumas na heagraíochta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Chuige sin, ní mór breithiúnas a thabhairt agus measúnú á dhéanamh ar riachtanas airgid an ghnó don todhchaí intuartha agus an mbeidh dóthain acmhainní airgid ag an eagraíocht chun a dliteanas a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. Is éard atá i gceist leis an bpríomhbhreithiúnas measúnú a dhéanamh ar na hioncaim agus ar an gcaiteachas a thuartar a thiochfaidh chun cinn sa todhchaí intuartha.

(v) Gnóthas Leantach

Agus seasamh gnóthais leantaigh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 á mheas, tá sreabhadh airgid, leachtacht agus gníomhaíochtaí gnó an Ghrúpa breithnithe ag comhaltaí an Bhoird.

Cé go raibh airgead tirim agus sócmhainní leachtacha €79 milliún ag an nGrúpa, is é €59.5 milliún glanfhiachas an Ghrúpa agus iasachtaí €52.5 milliún inaisíoctha in Eanáir 2026. Amhail ar dháta an chláir chomhardaithe, bhí glandliteanais reatha €167 milliún ag RTÉ agus bhí glansócmhainní reatha €51 milliún ag an nGrúpa.

Bunaithe ar thuartha an Ghrúpa don tréimhse amach anseo, tá bonn gnóthais leantaigh glactha ag comhaltaí an Bhoird agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú. Tá an measúnú seo déanta acu tar éis sreabhadh airgid tuartha an Ghrúpa a bhreithniú maidir leis an tréimhse amach anseo chomh fada agus is intuartha, ina gcuimsítear na héagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an tuar sin a mheas. Creideann comhaltaí an Bhoird, nuair a ghlactar acmhainní airgid atá ann faoi láthair, tacaíocht bhreise a gheall an Rialtas le gairid agus a saoráidí bainc san áireamh, go mbeidh acmhainní airgid leordhóthanacha ag an nGrúpa chun a dhliteanais a shásamh mar atá siad dlite.

(vi) Caighdeáin nua agus athchóirithe a ghlacadh

Agus ráitis airgeadais an Ghrúpa don bhliain reatha á n-ullmhú, ghlac an Grúpa le roinnt leasuithe nua maidir le caighdeáin. Ní raibh tionchar ábhartha ag na leasuithe ar nochtaí maidir leis na ráitis airgeadais.

(vii) Caighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo fós

Tá liosta iomlán de chaighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo go dtí 2024 nó ina dhiaidh sin fós san áireamh sna polasaithe cuntasaíochta go léir in aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil. Ní mheasann na stiúrthóirí go mbeidh tionchar ábhartha ag glacadh na gcaighdeán nua ar ráitis airgeadais an Ghrúpa sna tréimhsí amach anseo.

Príomhpholasaithe cuntasaíochta

(b) Aitheantas ioncaim

Tá ioncam, nach bhfuil CBL ná idirbhearta idir cuideachtaí sa Ghrúpa san áireamh ann, comhdhéanta d'ioncam a eascraíonn as táillí ceadúnais agus maoiniú deontais eile, díolacháin fógraíochta, urraíocht, úsáid saoráidí agus líonra tarchurtha an Ghrúpa, ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí, agus ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar. Luaitear ioncam glan ó aon lascaí socraíochta nó lascaí ó thaobh méid.

Tá IFRS 15 i bhfeidhm i ndáil le gach sruth ioncaim an Ghrúpa seachas ar ioncam ón táille cheadúnais a thagann faoi **IAS 20 Cuntasaíocht maidir le Deontais ón Rialtas agus Cúnamh ón Rialtas a Nochtadh**. Déantar na sruthanna ioncaim eile, mar atá leagtha amach thíos, a aithint nuair a aistrítear na seirbhísí nó earraí atá geallta chuig na custaiméirí. Tá cur chuige chúig chéim glactha ag an nGrúpa maidir le tráthú aitheantais ioncaim bunaithe ar oibleagáidí feidhmíochta i gconarthaí custaiméirí. Is éard atá i gceist leis seo an Conradh le custaiméirí a aithint, na hoibleagáidí feidhmíochta a aithint, praghas an idirbhirt a ríomh, an praghas a leithroinnt chuig na hoibleagáidí feidhmíochta laistigh den chonradh agus ioncam a aithint nuair atá na hoibleagáidí feidhmíochta bainte amach.

I gcomhréir le IAS 20, aithnítear deontais a bhaineann le míreanna sonracha caiteachais mar chreidmheas in aghaidh an chaiteachais ghaolmhair sa ráiteas ioncaim.

Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

(i) Ioncam ón táille cheadúnais

Tá An Post ainmnithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (DTCAGSM) mar ghníomhaire bailithe na táille cheadúnais teilifíse. Déanann An Post an t-ioncam ón Táille Cheadúnais a bhailiú agus a íoc leis an DTCAGSM, glan ó chostais bailiúcháin. Ina theannta sin, íocann an Roinn Coimirce Sóisialta (DSP) ioncam ón táille cheadúnais thar ceann daoine atá incháilithe do cheadúnas teilifíse ‘saor in aisce’. Íocann an DSP an t-ioncam seo chuig an DTCAGSM gach mí.

Mar a fhoráiltear in Alt 123 den **Acht Craolacháin 2009** arna leasú le hAlt 69 den **Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011**, íocann an DTCAGSM “deontas i gcabhair” neamh-inaisíochta le RTÉ ó na táillí cheadúnais a bhailítear. Is ionann sin agus an méid a íoctar leis ón DSP chomh maith leis an méid a bhailíonn An Post, glan ar chostais bailiúcháin agus tobhach 7% leis an gCiste Craoltóireachta arna chinneadh ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Arna fháil a aithnítear ioncam ón Táille Cheadúnais atá iníochta ag an DSP. Déantar an t-ioncam eile ar fad ón táille cheadúnais a áireamh ar thuairisc a fháil ó An Post ar líon na gceadúnas a ceannaíodh i rith na tréimhse.

(ii) Ioncam fógraíochta agus urraíochta

Aithnítear ioncam fógraíochta teilifíse ar sheachadadh feachtais. Aithnítear an t-ioncam fógraíochta eile go léir ar tharchur/ar fhoilsiú. Luaitear ioncam fógraíochta glan ó choimisiúin gníomhaireachtaí. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar shaolré an chláir urraithe, an fhoilseacháin urraithe, srl. Déantar ioncam ó idirbhearta babhtála a thomhas ag luach cóir an earra nó na seirbhíse a fhaightear nó ar a luach airgid nuair a dhéantar creidmheasanna babhtála a aistriú chuig airgead tirim le haon chreidmheas neamhúsáidte a eascraíonn as seachadadh seirbhísí fógraíochta le linn na bliana a aisíoctar mar ioncam fabhráithe ar bhonn luach airgid.

(iii) Ioncam ó tharchuradóireacht agus ó shaoráidí

Eascraíonn an t-ioncam ó chúrsaí tarchuradóireachta agus saoráidí ón úsáid a bhaineann an tríú pháirtí as craobhchóras tarchuradóireachta, dáileacháin agus ilphléacsúcháin an Ghrúpa agus ó áiseanna stiúideo. Aithnítear suimeanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thríú páirtithe.

(iv) Ioncam ó chiorclaíocht agus imeachtaí

Ó fhoilsiú agus chiorclaíocht an **RTÉ Guide** a eascraíonn ioncam ciorclaíochta agus an t-ioncam comhlán a luaitear. Ar bhonn an ghlanmhéid cóipeanna díolta ag deireadh na tréimhse gearrtha díolacháin gach eagrán a aithnítear ioncam.

Ó imeachtaí poiblí arna n-eagrú ag Ceolfhoireann RTÉ a eascraíonn ioncam imeachtaí. Aithnítear é de réir mar a thionóltar na himeachtaí agus mar a bhíonn suimeanna dlíte.

(v) Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar

Is ionann ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar méideanna a ghintear ó ábhar agus seirbhísí RTÉ a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear ioncam de réir mar a chuirtear an tseirbhís ar fáil nó ar earraí a sheachadadh chuig tríú páirtí.

(c) Tuairisciú Rannóige

Déantar anailís rannóige, a ullmhaítear de réir chaighdeán **IFRS 8 Rannóga Oibriúcháin** a leagan amach i nóta 2(d). Is iad na rannáin príomhrannóga tuairiscithe ag RTÉ. Tá anailís rannóige eile mar a éilítear faoin **Acht Craolacháin 2009** leagtha amach i nóta 2(e).

I nóta 2(d), déantar an t-ioncam tráchtála a lua maidir leis an rannán Tráchtála den chuid is mó. Tuairiscítear ioncam 2rn sa rannán Líonraí. Luaitear an t-ioncam ó dhíolachán na cartlainne agus na leabharlainne sa rannán Ábhair. Luaitear ioncam ó sheirbhísí ilphléacsanna a chur ar fáil agus roinnt cineálacha beaga eile ioncaim maidir le réimsí eile.

Is feidhm é tuairisciú an ioncaim ón táille cheadúnais laistigh de gach rannán den ioncam sin a lua le gach cainéal agus seirbhís ar leithligh.

Déantar costais arna dtabhú ag rannán agus ar son rannáin a lua taobh istigh den rannán sin. Baintear leas as bunús cuí ionsúcháin lán-chostais nó leithdháileadh úsáide chun costas réasúnach agus cóir a leagan ar lár-sheirbhísí roinnte agus idir-rannacha a úsáideann na rannáin sin. Bíonn an leithdháileadh bunaithe ar phrionsabail chuntasaíochta an chostais arna gcur i bhfeidhm go seasta agus go hoibiachtúil.

Baineann costas léiriúcháin, coimisiúin agus ceannacháin ar chláiracha teilifíse agus raidió le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil. Déantar na costais sin a ghearradh ar na rannáin maidir le hÁbhar agus Nuacht & Cúrsaí Reatha de réir mar is cuí. Ionas gur féidir an costas dáiríre a bhaineann le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil a léiriú go cothrom, ní chionroinntear na costais sin i leith seirbhísí ar líne áit a gcuirtear deiseanna breise ar fáil chun rochtain a fháil ar an ábhar a sholáthraítear. Sa chás go dtarlaíonn costas díreach maidir le cearta ar líne a cheannach nó athúsáid a bhaint as ábhar, nó ábhar a chruthú lena úsáid ar líne go príomha, déantar an costas sin a ghearradh ar sheirbhísí ar líne. Tá RTÉ ag cur lena aschur neamhlíneach agus is ar na hardáin dhigiteacha atá níos mó cláracha á gcráoladh den chéad uair anois agus le haistriú chuig cur chuige ar líne ar dtús i ndáil le clúdach nuachta. Chun an straitéis ar líne ar dtús seo a léiriú, leithroinntear cuid chuí den costas maidir leis an ngnáthbhonneagar bailithe nuachta a leithroinnt ar na seirbhísí ar líne. Sa chás go bhfaightear ábhar d'fhonn a úsáid i gcláracha craolta agus a úsáid go díreach le seirbhísí ar líne, déantar an costas a bhaineann le hábhar mar sin a fháil a leithdháileadh ag teacht leis na prionsabail leithdháilte costais a leagtar amach thuas.

(d) Fardail cláracha

Déantar fardail cláracha a luacháil ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Is ionann fardail cláracha dúchasacha is cláracha a dhéanann RTÉ inti nó cláracha a dhéanann RTÉ a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha. Áirítear ar chostais stoc cláracha inti costais dhíreacha cláracha lena n-áirítear saoráidí léirithe agus costais lucht oibre. Bíonn costais na stoc cláracha coimisiúnaithe bunaithe ar luach an chonartha. Gearrtar fardail na gcláracha dúchasacha go hiomlán chuig an Ráiteas ar an gcéad tarchur.

Is ionann fardail cláracha faighte agus cláracha agus scannáin a cheannaíonn RTÉ ó stiúideonna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Sainmhínítear costais na bhfardail cláracha faighte mar an luach conartha ceadúnais tríú páirtí a íocann RTÉ leis an stiúideo nó leis an goraoltóir. Gearrtar fardail cláracha faighte chuig an Ráiteas loncaim bunaithe ar luach ionchasach gach tarchur mar seo a leanas:

Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

Gnéchláracha:	75% ar an gcéad tarchur 25% ar an dara tarchur
Sraitheanna:	99% ar an gcéad tarchur 1% ar an dara tarchur

Is éard is fardail chearta spóirt ná na cearta imeachtaí spóirt a chraoladh. Sainmhínítear costais na bhfardal cearta spóirt mar an luach conartha a chomhaontaíonn an Grúpa leis an gcomhlacht spóirt cuí nó le sealbhóir na gceart. Sa chás go n-eisíonn RTÉ fotheadúnais maidir le cearta spóirt don tríú páirtí, déantar an t-ioncam agus an costas a ghabhann leis sin a lua ar bhonn glan sa Ráiteas loncaim. Gearrtar fardail chearta spóirt chuig an Ráiteas loncaim de réir mar atá na himeachtaí spóirt a bhaineann leis na cearta á gcráoladh.

2. Príomhghníomhaíochtaí agus Faisnéis Rannóige

(a) Príomhghníomhaíochtaí

Is eagraíocht neamhbhrabúis é RTÉ. Is í an príomhghníomhaíocht seirbhíse poiblí aige raon cuimsitheach cainéal agus sceideal teilifíse agus raidió a chraoladh saor go haer, chomh maith le seirbhísí ar líne. Cuirtear deiseanna eile ar fáil le teacht ar ábhar seirbhíse poiblí RTÉ via na cainéil RTÉ One+1, RTÉ2+1 agus RTÉjnr. Déanann na seirbhísí seo freastal ar gach catagóir dhéimeagrafach de shochaí na hÉireann de bharr an réimse leathan aschur agus seánra atá ar fáil, beag beann ar an lucht féachana a tharraingítear go tráchtála de, agus de bharr béim shonrach ar chláracha a dhéantar sa mbaile. Áirítear i measc ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí eile RTÉ Ceolfhoirne RTÉ.

Bíonn an costas ar RTÉ maidir leis na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin cuid mhór sa bhreis ar an gciste poiblí a fhaightear i bhfoirm ioncaim ón táille cheadúnais. Dá réir sin téann RTÉ i mbun gníomhaíochtaí tráchtála coimhdeacha freisin chun bonn taca breise a chur faoin ngníomhaíocht seirbhíse poiblí. Áirítear ar na bearta tráchtála sin fógraíocht agus urraíocht a dhíol, an **RTÉ Guide** a fhoilsiú agus gníomhaíochtaí tráchtála eile a bhaineann le craolachán.

De réir mar a éilíonn an reachtaíocht, cuireann RTÉ seirbhísí ilphléacs maidir le teilifís dhigiteach trastíre (DTT) ar fáil do chraoltóirí náisiúnta, seirbhísí RTÉ féin ina measc, ag teacht leis na taraifí margaidh foilsithe. Déantar an tseirbhís ilphléacs seo a bhainistiú ar leithligh ó bhainistiú na rannán craolta laistigh de RTÉ. Soláthraíonn RTÉ Transmission Network DAC (ag trádáil mar 2rn), fochuideachta RTÉ, seirbhísí tarchurtha agus dáilte d'oibrítheoirí ilphléacs (lena n-áirítear RTÉ) agus do chraoltóirí fuaim náisiúnta agus gar-náisiúnta, lena n-áirítear RTÉ. Cuireann 2rn an líonra tarchurtha ar fáil do chraoltóirí áitiúla freisin agus cuireann spás túir/crainn breise ar fáil ar cíós do raon úsáideoirí neamhchraolacháin tríú páirtí.

Tá RTÉ struchtúrtha faoi na rannáin seo a leanas: Tráchtáil, Ábhar, Nuacht & Cúrsaí Reatha, Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margáíocht, Líonra agus na rannáin tacaíochta Oibríochtaí & Seirbhísí Léiriúcháin, Teicneolaíocht & Athchóiriúchán, Acmhainní Daonna agus Airgeadas. Rannán líonra, atá lonnaithe go hiomlán taobh istigh de 2rn, a rinne an bhainistíocht maidir leis an tarchuradóireacht, an dáileachán agus bearta gaolmhara mar a luaitear thuas. Rannán Tráchtála RTÉ a dhéanann an bhainistíocht ar an mbeartaíocht tráchtála uile seachas: na bearta a dhéanann 2rn, seirbhísí ilphléacsanna a chur ar fáil (féach thuas) agus an díolachán maidir le seirbhísí cartlannaíochta agus leabharlannaíochta a thagann faoi bhainistíocht an Rannáin Ábhair. Bunaíodh an rannán Tráchtála de bhun an leagan leasaithe de Pholasaí agus Nós Imeachta Cóirtrádála RTÉ a fhoilsiú ionas gur léire an deighilt idir an bheartaíocht seirbhíse poiblí agus an bheartaíocht tráchtála ag RTÉ. Maidir le gach rannán, déanann an Príomh-Stiúrthóir agus Feidhmeannas RTÉ athbhreithniú

ar thuairiscí na bainistíochta inmheánaí gach mí. Tá liosta mionsonraithe de gníomhaíochtaí RTÉ de réir an rannáin agus eintitis dhlíthiúil leagtha amach i nóta 18 leis na ráitis airgeadais seo.

Chomh maith leis na rannáin, ritheann RTÉ Ceannáras na Corparáide agus an rannán Corparáideach. Is é a bhaineann le Ceannáras na Corparáide gníomhaíochtaí riaracháin ginearálta agus gníomhaíochtaí eile a thagann chun cinn ar leibhéal eintitis a bhaineann le rialachas RTÉ mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí. Maidir leis an rannán Corparáideach, áirítear gníomhaíochtaí a mbítear ina mbun go lárnach thar ceann na rannán, agus déantar an costas sin a leithdháileadh i gcomhréir leis na prionsabail leithdháilte costas atá leagtha amach i nóta 1(c). Ní dhéantar costas Cheannáras na Corparáide a leithdháileadh chuig rannáin agus déantar é a thuairisciú faoi Gach Mír Eile.

(b) Faisnéis rannóige agus anailís eile

Gearrtar seirbhísí tarchurtha agus craolacháin, lena n-áirítear seirbhísí ilphléacs, ar an rannán maidir le Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margaíocht ar bhonn na dtaraifí foilsithe. Tugann 2rn sonrasc do RTÉ de réir na taraife foilsithe maidir le soláthar seirbhísí tarchurtha agus leithdháilte mar oibritheoir ilphléacs agus mar chraoltóir fuaim. Gearrtar costais arna dtabhú ag tacú le cainéil teilifíse agus raidió RTÉ ar na cainéil sin ar bhonn na dtaraifí foilsithe. Tuairiscítear gnéithe eile den taraif mar mhír réitithe idir costas mhíreanna intuairiscithe agus an costas iomlán. Déantar seirbhísí eile 2rn a shonrasc ag rátaí margaidh cuí.

Déantar idirbhearta idir gníomhaíochtaí ar mhaithe le cuspóirí seirbhíse poiblí RTÉ agus gníomhaíochtaí ar mhaithe le deiseanna tráchtála a bhaint amach ag rátaí an mhargaidh.

Is ionann an fhaisnéis rannóige i nóta 2(d) agus an fhaisnéis lena mbaineann leis na rannáin thuas. Tá anailís rannóige eile mar a éilítear faoin **Acht Craolacháin 2009** leagtha amach i nóta 2(e).

Tugann Nóta 2(e) anailís ar chostas comhlán/glan na ngníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus (easnamh)/ barrachas de réir cainéil agus seirbhíse. Ina theannta sin, tugtar costais chomhlána an ábhair dhúchasaigh de réir seánra craolta. Tuairiscítear anailís idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus neamhphoiblí ar bhealach a thagann leis na prionsabail a úsáidtear chun ioncam agus costais mar atá leagtha amach thuas a thuairisciú.

Déantar costais na rannán maidir le Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margaíocht, Ábhar agus Nuacht & Cúrsaí Reatha a dháileadh go hiomlán chuig na cainéil teilifíse agus raidió agus seirbhísí ar líne cuí de réir na bprionsabal leithdháilte costais arna leagan amach i nóta 1(c). Déantar costais tacaíochta rannán eile a leithdháileadh chuig na rannán a bhfuil siad mar thaca leo ag úsáid na bprionsabal cuntasaíochta costas cuí.

Déantar na gníomhaíochtaí eile nach mbaineann le cainéil nó le seirbhísí a chomhbhailiú le chéile faoin gcatagóir “Eile” agus áirítear orthu 2rn, seirbhísí ilphléacs a chur ar fáil, **RTÉ Guide** agus gníomhaíochtaí neamh-chainéil.

Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

(c) Leathdháileadh na táille ceadúnais

Tá tuairisc mhionsonraithe ar sheirbhísí ag gach seirbhís de chuid RTÉ a thugann soiléiriú ar an tslí a chuireann an cainéal nó an tseirbhís le cuspóirí RTÉ maidir le seirbhís phoiblí.

Ag teacht le gnáthchleachtas i measc eagraíochtaí meán seirbhíse poiblí (PSManna) ar feadh an AE, dáileann RTÉ maoiniú poiblí ar sheirbhísí ar leithligh i gcomhréir le glanchostas na seirbhíse poiblí. Cinntear costas glan seirbhíse poiblí trí ranníoc ó bhearta tráchtála a asbhaint as costas comhlán a bhain leis an tseirbhís phoiblí a sheachadadh.

Áirítear ar an gcostas comhlán seirbhíse poiblí a bhaineann le gach cainéal agus seirbhís de chuid RTÉ na costais a thabhaítear i gcur le chéile agus i seachadadh na seirbhíse. Ní áirítear aon chostas a thabhaítear is deiseanna tráchtála á saothrú a bhainfeadh le soláthar na seirbhíse. Leithroinntear na costais sin in aghaidh an ioncain tráchtála lena mbaineann siad d'fhonn an ranníoc tráchtála a ríomh. Cuirtear barrachais ar ghníomhaíochtaí tráchtála nach mbaineann go díreach le cainéil ar leith nó seirbhís ar leith leis na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin a bhfuil sé ar a gcumas ioncam suntasach a ghineadh (RTÉ One, RTÉ Two, RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm, seirbhísí ar líne) i gcomhréir le costas comhlán poiblí na seirbhísí.

Déantar ioncam ón táille cheadúnais a chur ar dtús i leith na gcainéal seirbhíse poiblí agus na seirbhísí sin ar teoranta an acmhainn atá ag baint leo chun ioncam tráchtála a ghnóthú dá stuaim féin agus a dhéantar a mhaoiniú den chuid is mó dá bhrí sin le hioncam ón táille cheadúnais, mar atá riachtanach, d'fhonn freastal don tseirbhís phoiblí a chur ar fáil go leanúnach. Is iad na seirbhísí atá i gceist Ceolfhoirne RTÉ, RTÉ Raidió na Gaeltachta, RTÉ lyric fm, foráil reachtúil maidir le cláracha a sholáthar do TG4, cainéil bhreise DTT agus cainéil dhigiteacha fuaimne, Ceannáras na Corparáide agus costais airgeadais.

Dáiltear an chuid eile den táille cheadúnais idir seirbhísí a d'fhéadfadh ioncam suntasach tráchtála a sholáthar i gcomhréir leis an gcostas glan a bhaineann leis na seirbhísí poiblí. Áirítear ar na seirbhísí sin: RTÉ One, RTÉ Two, RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm agus seirbhísí ar líne. Ní chuirtear aon ioncam ón táille cheadúnais i leith 2rn, seirbhísí ilphléacs á gcur ar fáil ag RTÉ ná aon chostais a thabhaítear is deiseanna tráchtála á saothrú.

2. Príomhghníomhaíochtaí agus Faisnéis Rannóige (ar lean)

(d) Ioncaim, costais agus barrachas/(easnamh) de réir an Rannáin (oibríochtaí leanúnacha), ag teacht le struchtúr eagrúcháin RTÉ, don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

	MÍREANNA INTUAIRISCITHE					EILE		
	An Rannán Trachtála	An Rannán Ábhair	An Rannán Nuachta & Cúrsaí Reatha	An Rannán ACM	An Rannán Líonra	Gach Mír Eile	Coigeartuithe Comhdhlúthaithe*	Iomlán an Ghrúpa
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Ioncam								
Ioncam ó fhógraíocht	105,305	-	-	-	-	-	(541)	104,764
Ioncam ó urraíocht	9,789	-	-	-	-	-	-	9,789
Ioncam ó shaoráidí	2,373	-	-	-	-	24	(150)	2,247
Déanann an DTCAGSM “deontas i gcabhair” neamh-inaisíochta le RTÉ ó na táillí ceadúnais seo a bhailítear, mar a fhoráiltear in Alt 123 den **Acht Craolacháin 2009** arna leasú ag alt 69 den **Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011**. Is ionann sin agus an méid a íoctar leis ón DSP chomh maith leis an méid a bhailíonn An Post, glan ar chostais bhailiúcháin agus tobhach 7% leis an gCiste Craoltóireachta.

Arna fháil a aithnítear ioncam ón Táille Cheadúnais atá iníoctha ag an DSP. Déantar an t-ioncam eile ar fad ón táille cheadúnais a áireamh ar thuairisc a fháil ó An Post ar líon na goeadúnas a ceannaíodh i rith na tréimhse.

(b) Ioncam fógraíochta agus urraíochta

Aithnítear ioncam fógraíochta Teilifíse nuair a sheachadtar feachtas. Aithnítear gach ioncam fógraíochta eile ar tharchur/ar fhoilsiú.

Luaitear ioncam fógraíochta glan ó choimisiúin gníomhaireachtaí. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar shaolré an chláir urraithe, an fhoilseacháin urraithe, srl.

(c) Ioncam ó tharchuradóireacht agus ó shaoráidí

Eascraíonn an t-ioncam ó chúrsaí tarchuradóireachta agus saoráidí ón úsáid a bhaineann an tríú páirtí as craobhchóras tarchuradóireachta, dáileacháin agus ilphléacsúcháin an Ghrúpa agus ó áiseanna stiúideo. Aithnítear suimeanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thríú páirtithe.

(d) Ioncam ó chiorclaíocht agus imeachtaí

Ó fhoilsiú agus chiorclaíocht an **RTÉ Guide** a eascraíonn ioncam chiorclaíochta agus an t-ioncam comhlán a luaitear. Ar bhonn ghlanmhéid na gcóipeanna díolta ag deireadh na tréimhse gearrtha díolacháin gach eagrán a aithnítear ioncam.

Ó imeachtaí poiblí arna n-eagrú ag Ceolfhoirne RTÉ a eascraíonn ioncam imeachtaí. Aithnítear é de réir mar a thionóltar na himeachtaí agus mar a bhíonn suimeanna dlíte.

(e) Ábhar, earraí marsantais agus ioncam gaolmhar

Is ionann ábhar, earraí marsantais agus ioncam gaolmhar méideanna a ghintear ó ábhar agus seirbhísí RTÉ a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear ioncam mar an tseirbhís a sholáthraítear don tríú páirtí nó ar sheachadadh na n-earraí don tríú páirtí.

3. Tuairisciú Rannóige

Déantar anailís rannóige, a ullmhaítear de réir chaighdeán **IFRS 8 Rannóga Oibriúcháin**, a leagan amach i nóta 2(d). Is iad na rannáin príomhrannóga tuairiscithe ag RTÉ. Tá anailís rannóige eile mar a éilítear faoin **Acht Craolacháin 2009** leagtha amach i nóta 2(e).

I nóta 2(d), déantar an t-ioncam tráchtála a lua maidir leis an rannán Tráchtála den chuid is mó. Tuairiscítear ioncam 2rn sa rannán Líonraí. Luaitear an t-ioncam ó dhíolachán na cartlainne agus na leabharlainne sa rannán Ábhair. Luaitear ioncam ó sheirbhísí ilphléacsanna a chur ar fáil agus roinnt cineálacha beaga eile ioncaim maidir le réimsí eile. Is feidhm é tuairisciú an ioncaim ón táille cheadúnais laistigh de gach rannán den ioncam sin a lua le gach cainéal agus seirbhís ar leithligh.

Déantar costais arna dtabhú ag rannán agus ar son rannáin a lua taobh istigh den rannán sin. Baintear leas as bunús cuí ionsúcháin lán-chostais nó leithdháileadh úsáide chun costas réasúnach agus cóir a leagan ar lár-sheirbhísí roinnte agus idir-rannacha a úsáideann na rannáin sin. Bíonn an leithdháileadh bunaithe ar phrionsabail chuntasaíochta an chostais arna gcur i bhfeidhm go seasta agus go hoibiachtúil.

Baineann costas léiriúcháin, coimisiúin agus ceannacháin ar chláracha teilifíse agus raidió le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil. Déantar na costais sin a ghearradh ar na rannáin maidir le hÁbhar agus Nuacht & Cúrsaí Reatha de réir mar is cuí. Ionas gur féidir an costas dáiríre a bhaineann le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil a léiriú go cothrom, ní chionroinntear na costais sin i leith seirbhísí ar líne áit a gcuirtear deiseanna breise ar fáil chun rochtain a fháil ar an ábhar a sholáthraítear. Sa chás go dtarlaíonn costas díreach maidir le cearta ar líne a cheannach nó athúsáid a bhaint as ábhar, nó ábhar a chruthú lena úsáid ar líne go príomha, déantar an costas sin a ghearradh ar sheirbhísí ar líne. Tá RTÉ ag cur lena aschur neamhlíneach agus is ar na hardáin

Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa — Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

dhigiteacha atá níos mó cláracha á ggraoladh den chéad uair anois agus le haistriú chuig cur chuige ar líne ar dtús i ndáil le clúdach nuachta.

Chun an straitéis ar líne ar dtús seo a léiriú, leithroinntear cuid chuí den costas maidir leis an ngnáthbhonneagar bailithe nuachta a leithroinnt ar na seirbhísí ar líne. Sa chás go bhfaightear ábhar d'fhonn a úsáid i gcláracha craolta agus a úsáid go díreach le seirbhísí ar líne, déantar an costas a bhaineann le hábhar mar sin a fháil a leithdháileadh ag teacht leis na prionsabail leithdháilte costais a leagtar amach thuas.

4. Fardail Cláracha

Déantar fardail cláracha a luacháil ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Is ionann fardail cláracha dúchasacha is cláracha a dhéanann RTÉ intí nó cláracha a dhéanann RTÉ a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha. Áirítear ar chostais stoc cláracha intí costais dhíreacha cláracha lena n-áirítear saoráidí léirithe agus costais lucht oibre. Bíonn costais na stoc cláracha coimisiúnaithe bunaithe ar luach an chonartha. Gearrtar fardail na gcláracha dúchasacha go hiomlán chuig an Ráiteas ar an gcéad tarchur.

Is ionann fardail cláracha faighte agus cláracha agus scannáin a cheannaíonn RTÉ ó stiúideonna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Sainmhínítear costais na bhfardal cláracha faighte mar an luach conartha ceadúnais tríú páirtí a íocann RTÉ leis an stiúideo nó leis an ggraoltóir. Gearrtar fardail cláracha faighte chuig an Ráiteas loncaim bunaithe ar luach ionchasach gach tarchur mar seo a leanas:

Gnéchláracha:	75% ar an gcéad tarchur
	25% ar an dara tarchur
Sraitheanna:	99% ar an gcéad tarchur
	1% ar an dara tarchur

Is éard is fardail chearta spóirt ná na cearta imeachtaí spóirt a chraoladh. Sainmhínítear costais na bhfardal cearta spóirt mar an luach conartha

a chomhaontaíonn an Grúpa leis an gcomhlacht spóirt cuí nó le sealbhóir na gcearta. Sa chás go n-eisíonn RTÉ focheadúnais maidir le cearta spóirt don tríú páirtí, déantar an t-ioncam agus an costas a ghabhann leis sin a lua ar bhonn glan sa Ráiteas loncaim. Gearrtar fardail chearta spóirt chuig an Ráiteas loncaim de réir mar atá na himeachtaí spóirt a bhaineann leis na cearta á ggraoladh.

5. Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach go dtí airgeadraí feidhme eintitis an ghrúpa faoi seach ag rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach ar an dáta tuairiscithe go dtí an t-airgeadra feidhme ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm an dáta sin. Áirítear aon ghnóthachain nó aon chaillteanais mar thoradh ar athrú ar rátaí malartaithe i ndiaidh dháta an idirbhirt mar ghnóthachan nó cailteanas malartaithe sa Ráiteas loncaim.

6. Maoin, Innealra agus Trealamh

(a) Aitheantas agus tomhas

Léirítear maoin, innealra agus trealamh ag costas stairiúil glan ar dhímheas carntha agus ar aon chaillteanas lagaithe carntha.

Áirítear ar chostas caiteachas a bhaineann go díreach le sócmhainn a éadail. Áirítear ar chostas sócmhainne féin-tógtha costais ábhair agus saothair dhírigh agus aon chostas eile a bhain go díreach le bail oibre a chur ar an tsócmhainn don úsáid bheartaithe chomh maith leis na costais a bhain le nithe a bhaint anuas agus a thabhairt den láthair chomh maith leis an láthair ar a mbeidís a athchóiriú. Déantar bogearraí a cheannaítear atá riachtanach le go n-oibreodh trealamh a chaipitliú mar chuid den trealamh sin.

Sa chás gur dócha gur i ndán don Ghrúpa a bheidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn agus gur féidir costas na míre ar tháinig sé ina áit a thomhas go hiontaoifa áirítear costais dá

éis sin i suim ghlanluacha sócmhainne nó aithnítear ina sócmhainn ar leith í, mar is cuí. Cuirtear gach costas deisithe agus cothabhála eile de mhuirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim sa tréimhse airgeadais ina dtarlaíonn siad. Luaitear stoic de mhionpháirteanna breise ag a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé is lú agus cuirtear san áireamh iad i dtionscadail Chaipitil atá ar bun.

(b) Dímheas

Soláthraítear dímheas ar gach maoin, innealra agus trealamh, seachas talamh ruilse, ag rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn na líne díri thar a saol úsáideach measta, lúide luach iarmharach measta.

Seo a leanas na príomhrátaí a úsáidtear:

Foirgnimh	2.5%	-	25%
Gléasra & Trealamh	7.5%	-	20%
Fearais & feistis	10%	-	25%

Is ionann tionscadail chaipitil atá ar bun is an costas a bhaineann le maoin, innealra agus trealamh a cheannach agus a shuiteáil sula gcuirtear ag obair iad. Muirearaítear dímheas ar shócmhainní ó dháta a gcoimisiúnaithe.

Sa chás go mbíonn saolré úsáideach éagsúil ag páirteanna de mhíreanna maoin, innealra nó trealaimh is mar mhíreanna (mór-chomhpháirteanna) maoin, innealra nó trealaimh ar leithligh a dhéantar cuntas orthu agus dímheastar iad dá réir.

(c) Lagú

De réir **IAS 36 Lagú Sócmhainní** déantar suim ghlanluacha foirgneamh, innealra agus trealaimh a athbhreithniú ar gach dáta deireadh bliana lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna anonn in-aisghabhála. Má bhíonn aon léiriú den chineál sin i gceist is í suim in-aisghabhála na sócmhainní a mheastar.

(d) Costais iasachta

Mar chuid de chostas na sócmhainne a dhéantar caipitliú ar chostais iasachta a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn a cheannach, a thógáil nó a tháirgeadh agus a ghlacann tréimhse shuntasach lena réiteach dá húsáid bheartaithe. Déantar gach costas iasachta eile a chuntas sa tréimhse inar tharla siad. Bíonn costais iasachta comhdhéanta d'ús agus costais eile a thabhaíonn eintiteas maidir le cistí a fháil ar iasacht.

7. Sócmhainní Doláimhsithe

(a) Aitheantas agus tomhas

A mhéid is gur dócha gur i ndán don Ghrúpa a bheidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn amach anseo agus gur féidir costas na sócmhainne a thomhas go hiontaoifa a aithnítear sócmhainn doláimhsithe, sócmhainn neamh-airgeadaíochta nach bhfuil substaint fhisiceach ag baint léi. Meastar an tsócmhainn a bheith so-aitheanta nuair atá sí indeighilte nó go n-eascaíonn sí ó chearta conarthacha nó ó chearta dlíthiúla eile, cibé acu an mbíonn na cearta sin inaistrithe nó indeighilte ón nGrúpa nó ó chearta agus oibleagáidí eile, nó nach mbíonn.

Iompraítear sócmhainní doláimhsithe ag costas lúide aon amúchadh fabhráithe agus aon chaillteanais lagaithe fabhráithe. Baineann sócmhainní doláimhsithe an Ghrúpa go hiomlán le bogearraí.

Ní dhéantar caipitliú ar chaiteachas ina dhiaidh sin ach amháin má chuireann sé le tairbhe eacnamaíochta na sócmhainne ar leith lena mbaineann sé amach anseo.

(b) Amúchadh

Déantar sócmhainní doláimhsithe, a bhfuil saol eacnamaíoch úsáideach finideach acu, a amúchadh leis an Ráiteas Ioncaim ar bhonn líne dhíreach thar a saol úsáideach measta ó an dáta a bhfuil siad ar fáil lena n-úsáid. I gcás bogearraí ríomhaireachta, is ionann a saol eacnamaíoch úsáideach go ginearálta agus trí go cúig bliana.

Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa — Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

(c) Lagú

I gcomhréir le **IAS 36 Lagú Sócmhainní** Déantar suim ghlanluacha na sócmhainní doláimhsithe a athbhreithniú ag gach dáta deiridh bliana chun a chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna anonn in-aisghabhála. Má bhíonn aon léiriú den chineál sin i gceist is í suim in-aisghabhála na sócmhainní a mheastar.

8. Ionstraimí Airgeadais

(a) Ionstraimí airgeadais neamhdhíorthaigh

Tá ionstraimí airgeadais neamhdhíorthaigh comhdhéanta de thrádáil agus nithe infhaighte eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh), infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, airgead tirim srianta, iasachtaí agus iasachtaíochtaí, ioncam carntha, sochair fostaithe agus trádáil agus nithe iníoctha eile.

Aithnítear ar dtús ionstraimí airgeadais neamhdhíorthaigh ag luach cóir. Ina dhiaidh sin tomhaistear ionstraimí airgeadais neamhdhíorthaigh mar a leagtar amach thíos.

Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí

Ag costas a aithnítear infheistíochtaí RTÉ i bhfochuideachtaí ina Ráiteas ar Staid Airgeadais, lúide cailiteanais lagaithe.

Suimeanna infhaighte trádála agus eile

Tugtar nithe infhaighte trádála agus eile ag costas amúchta a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir ó tharla nádúr gearrthéarmach na sócmhainní seo. Iompraítear nithe infhaighte trádála ag suim an tsonraisc bunaigh lúide aon lagú maidir le suimeanna a bhféadfadh sé tarlú nach bhféadfaí iad a in-aisghabháil. Aithnítear lagú mar sin má tá fianaise oibiachtúil ann i ndiaidh na chéad aitheanta go bhféadfadh sé nach bhféadfaí in-aisghabháil a dhéanamh ar iarmhéid go hiomlán ná cuid de.

Infheistíochtaí leachtacha

Tá infheistíochtaí leachtacha comhdhéanta de thaiscí gearrthéarmacha ag a bhfuil dáta aibíochta nach mó ná trí mhí ón dáta a bhfuarthas iad ach nach lú ná dhá mhí dhéag ó dháta dheireadh na bliana. Ós rud é go dtagann aibíocht na n-infheistíochtaí sin lasmuigh den chreat ama lena n-aicmiú mar airgead tirim agus coibhéisí airgid faoi **IAS 7 Ráitis maidir le Sreabhadh Airgid**, láimhseáiltear na hiarmhéideanna gaolmhara mar shócmhainní airgeadais tugtar iad ag luach cóir ar dháta tionscanta agus luaitear iad mar chostas amúchta ina dhiaidh sin Aithnítear an t-ioncam ar na sócmhainní seo ar bhonn an ráta úis atá in éifeacht.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim comhdhéanta d'iarmhéideanna bainc agus taiscí inghlaoite atá inchomhshóite go héasca go dtí suimeanna airgid thirim a bhfuiltear ar an eolas fúthu ag a luachanna iompair nó gar dó agus bíonn faoi réir riosca neamh-shuntasach go n-athróidh luach. Sa chás is go rangáitear taiscí inghlaoite mar choibhéisí airgid thirim, is aibíocht trí mhí nó níos lú ón dáta a bhfuarthas iad a bhíonn leis na hiarmhéideanna bainteacha. Aithnítear an t-ioncam ar na sócmhainní seo ar bhonn an ráta úis atá in éifeacht.

Fiachais agus iasachtaí

Taifeadtar fiachais agus iasachtaí ar a bhfuil ús ar dtús ag luach cóir, an luach cóir ar an gcomaoin infhaighte, glan ar chostais idirbheartaíochta a bhaineann. Ina dhiaidh sin tomhaistear iasachtaí ar ráta athraitheach ag costas amúchta ag baint leas as an modheolaíocht ráta úis atá in éifeacht.

Suimeanna iníoctha trádála agus eile

Tugtar nithe iníoctha trádála agus eile ag costas amúchta, a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir ó tharla nádúr gearrthéarmach na sócmhainní seo.

(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh

Tá an Grúpa nochtaithe do rioscaí margaidh a bhaineann le hathruithe ar rátaí úis agus ar rátaí malartaithe airgeadra. Tá an Grúpa i mbun bhabhtáil ar ráta úis chun bainistiú a dhéanamh ar athruithe ar rátaí úis ar iasachtaí an Ghrúpa. Baintear leas as réamhchonarthaí airgeadra eachtrach chun athruithe ar Dollar SAM agus Steirling a bhainistiú maidir le hidirbheartaíochtaí tuartha. Ní théann an Grúpa i mbun conarthaí díorthaigh amhantracha.

Trí lascaí a dhéanamh ar an sreabhadh airgid measta ar an socrú babhtála chun luach reatha a léiriú ag baint leas as an ráta margaidh cuí a chinntear luach cóir na babhtála ar ráta úis. Cinntear luach cóir na réamhchonarthaí airgeadra eachtrach bunaithe ar luach reatha an réamhphraghais atá tugtha.

Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthaigh ag luach cóir ar dtús agus atomhaistear iad ina dhiaidh sin go dtí luach cóir gach dáta tuairiscithe. Rangaíonn an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthaigh mar shócmhainní nó dliteanas airgeadais ag luach cóir trí bharrachas nó easnamh nó mar fháluithe sreabhaidh airgid. Cuirtear aon ghnóthachain nó cailteanas a bhíonn mar thoradh ar athruithe ar luach cóir na ndíorthach isteach díreach sa Ráiteas loncaim, seachas an chuid de na fáluithe sreabhaidh airgid atá ag obair agus a aithnítear sa Ráiteas faoi loncam Cuimsitheach (mar a bhfuil cur síos thíos air).

Fáluithe Sreabhaidh Airgid

Nuair a chuirtear tús le fálú sreabhaidh airgid ainmníonn agus cláraíonn an Grúpa go foirmiúil an gaol fáluithe inar mian leis an nGrúpa a chur i bhfeidhm i gcuntasaíocht fálaithe agus an cuspóir bainistithe riosca agus straitéis le tabhairt faoin bhfálú.

Nuair a ainmnítear ionstraim airgeadais díorthaigh ar fhálú sreabhaidh airgid dliteanas aitheanta, aithnítear cuid éifeachtach aon chailteanas nó gnóthachain ar an ionstraim airgeadais díorthaigh go dtí díreach sa

Ráiteas faoi loncam Cuimsitheach. Aithnítear cuid neamhéifeachtach aon ghnóthachain nó cailteanas láithreach sa Ráiteas loncaim. Athrangaítear an méid a charntar i gcothromas sa Ráiteas loncaim sa tréimhse chéanna a mbíonn tionchar ag an ní fálaithe ar an mbarrachas nó ar an easnamh.

Mura mbeidh an ionstraim fálaithe ag comhlíonadh na gcritéar do chuntasaíocht fálaithe nó má tharraingítear siar an t-ainmniúchán cuirtear deireadh go hionchasach leis an gcuntasaíocht fálaithe.

9. Sochair Fostaithe

(a) Oibleagáidí sochair scoir

Déanann an Grúpa, trí Scéim Aoisliúntais RTÉ, Scéim Pinsin Ranníocaíochta Sainithe RTÉ, Scéim Pinsin “50/50” Riosca i bPáirt RTÉ (scéim chumaisc a bhfuil gnéithe sochair shainithe agus gnéithe ranníocaíochta sainithe léi) agus scéimeanna ranníocaíochta sainithe eile, ranníocaíochtaí pinsin do líon suntasach fostaithe.

Maidir leis na scéimeanna ranníocaíochta sainithe agus an ghné ranníocaíochta sainithe de Scéim Pinsin Roinnte Riosca “50/50” RTÉ, déantar ranníocaíochtaí a fhabhrú agus a aithint sa Ráiteas loncaim sa tréimhse ina dtuilleann na fostaithe ábhartha iad.

Maidir le Scéim Aoisliúntais RTÉ, scéim sochair shainithe atá ranníocach maoinithe agus gné sochair shainithe de Scéim Pinsin “50/50” Riosca i bPáirt RTÉ, nochtar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime agus luach reatha dhliteanas na scéime ó mheasúnú achtúireach, á ríomh ag baint leas as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, mar shócmhainn/dlitéanas sa Ráiteas ar Staid Airgeadais. An tsuim a chuirtear in aghaidh an Ráitis loncaim ná costas achtúireach na sochar pinsean a ghealltar d’fhostaithe a saothraíodh le linn na bliana móide aon fheabhsúcháin sochair a deonaíodh do chomhaltaí i rith na bliana.

Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa — Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

Cinneann an Grúpa an (t-ioncam)/costas úis glan tríd an ráta lascaine a úsáidtear chun an oibleagáid shochair shainithe a thomhas ag tús na tréimhse a chur i bhfeidhm leis an dliteanas/(sócmhainn) sochair shainithe glan ag tús na tréimhse, ag cur san áireamh athruithe i rith na tréimhse mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochair. Léirítear an costas/(t-ioncam) úis glan mar mhír airgeadais sa Ráiteas loncaim. Déantar atomhais ar an dliteanas sochair sainithe glan, torthaí ar shócmhainní an phlean agus tionchar na teorann sócmhainne a aithint láithreach sa Ráiteas ar loncam Cuimsitheach.

Nuair a athraítear sochair aon phlean, déantar an t-athrú ar an sochar a bhaineann le seirbhís san am atá caite a aithint láithreach sa Ráiteas loncaim.

(b) Sochair foirceanta

Aithnítear sochair scoir mar chaiteachas nuair is léir go mbíonn an Grúpa tiomanta, is gan aon fhéidearthacht ann tarraingt siar, do phlean mionsonraithe fostaíocht a fhoirceannadh roimh an ngnáthdháta scoir nó sochair foirceanta a sholáthar mar thoradh ar thairiscint a rinneadh le hiomarcaíocht dheonach a spreagadh. Aithnítear sochair d'iomarcaíochtaí deonacha mar chaiteachas má tá tairiscint ar iomarcaíocht dheonach déanta ag an nGrúpa, más dócha go nglacfar leis an tairiscint, agus gur féidir an líon glactha a mheas go hiontaofa.

(c) Sochair ghearrthéarmacha

Ar bhonn neamh-lascainithe a thomhaistear oibleagáidí sochair ghearrthéarmacha fostaithe agus déantar iad a chur san áireamh de réir mar a sholáthraítear an tseirbhís.

10. Cáin loncaim

(a) Aitheantas

Tá cáin ioncaim comhdhéanta de cháin reatha agus cáin iarchurtha. Aithnítear caiteachas cáin ioncaim sa Ráiteas loncaim seachas a mhéid a bhaineann sé le míreanna a aithnítear go díreach i gcothromas agus sa chás sin a aithnítear i gcothromas.

(b) Cáin reatha

Is ionann cáin reatha agus an cháin ionchasach iníochta ar ioncam incháinithe don bhliain, ag baint leas as na rátaí cánach achtaithe nó atá achtaithe go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon leasú ar cháin iníochta maidir le blianta roimhe sin. Tá cáin chorparáide na hÉireann dlite ar ioncam inchánaithe an Ghrúpa. Bhí ioncam a saothraíodh ó tháille ceadúnais an Ghrúpa roimh an 31 Nollaig 2006 díolmhaithe ó cháin chorparáide.

(c) Cáin iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha leis an modh clár comhardaithe ina soláthraítear do dhifríochtaí idir an tsuim de shócmhainní agus dliteanais a iompraítear do chríocha tuairiscithe airgeadais agus na suimeanna a úsáidtear chun críocha cánach.

Níl sócmhainní cánach iarchurtha agus dliteanais chánach iarchurtha faoi réir lascainithe agus déantar iad a thomhas ag na rátaí cánach a mheastar a bheidh i bhfeidhm sa tréimhse ina réadaítear an tsócmhainn nó ina socraítear an dliteanas bunaithe ar na rátaí cánach agus na dlíthe cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach ar dháta deiridh na bliana.

Aithnítear dliteanais chánach iarchurtha ar mhaithe le gach difríocht shealadach chánach seachas an chéad aithint sócmhainne nó dliteanais in idirbheart nach comhcheangal gnó é agus nach mbíonn tionchar aige ar an mbrabús cuntasaíochta ná ar an mbrabús ná ar an gcaillteanas inchánaithe tráth a ndéantar an t-idirbheart.

A mhéid agus is dócha a bheidh brabúis inchánaithe ar fáil ina aghaidh agus ar féidir an difríocht shealadach a úsáid a aithnítear sócmhainn chánach iarchurtha. Déantar sócmhainní cánach a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe agus laghdaítear iad a mhéid is nach dóigh níos mó go mbainfeadh an sochar cánach bainteach amach.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach a fhritháireamh má tá ceart dlí infheidhmithe ann sócmhainní agus dliteanais chánach a fhritháireamh

agus go mbaineann siad le cáin ioncaim atá á ghearradh ag an údarás céanna cánach ar an eintiteas céanna inchánaithe.

11. Ioncam agus Costais Airgeadais

Tá ioncam airgeadais comhdhéanta d'ioncam ó ús ar airgead tirim agus d'infheistíochtaí leachtacha agus gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

Tá caiteachais airgeadais comhdhéanta d'ús ar iasachtaí, ús diúltach ar thaiscí, díscáoileadh na lascaine ar chostas athstruchtúrtha agus gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

12. Ioncam Díbhinne

Tugtar díbhinní a íocadh agus a fuarthas ó chuideachtaí an ghrúpa san áireamh i ráitis airgeadais na cuideachta maidir leis an tréimhse a ndearnadh na díbhinní atá i gceist a fhógairt agus a aontú lena linn.

13. Deontais

Aithnítear deontais sa Ráiteas Ioncaim sa bhliain airgeadais lena mbaineann. Aithnítear deontais mar ioncam nó baineadh iad ón gcostas a ghabhann leo, chomh fada agus atá dearbhú réasúnach faighte go gcomhlíonfaidh an Grúpa aon choinníollacha atá leis an deontas agus go bhfaighfear an deontas. Déantar ioncam ón táille cheadúnais a chuntas i gcomhréir leis an **IAS 20 Cuntasaíocht maidir le Deontais ón Rialtas agus Cúnamh ón Rialtas a nochtadh.**

Déantar deontais caipitil a lua mar ioncam iarchurtha agus déantar iad a thabhairt san áireamh leis an Ráiteas Ioncaim ar bhonn atá ag teacht leis an bpolasaí dímheasa maidir leis na sócmhainní cuí.

14. Léasanna

An Grúpa mar léasaí

Measann an Grúpa cibé an léas é conradh nó an bhfuil léas mar chuid den chonradh, nuair a chuirtear tús leis an gconradh. Aithníonn an Grúpa sócmhainn ceart ar úsáid agus dliteanas léasa comhfhreagrach i leith gach socrú léasa

inarb é an Grúpa an léasaí, seachas i gcás léasanna gearrthéarmacha (arna sainmhíniú mar théarma léasachta 12 mhí nó níos lú). Maidir leis na léasanna sin, aithníonn an Grúpa na híocaíochtaí léasa mar chostas oibriúcháin ar bhonn na líne díri thar thréimhse an léasa.

Déantar an dliteanas léasa a thomhas ar dtús ag luach reatha na n-íocaíochtaí léasa nach bhfuil íoctha ag an dáta tosaithe, arna lascainiú trí úsáid a bhaint as a ráta iasachta incriminteach.

Tá sócmhainní ceart ar úsáid comhdhéanta de thomhas tosaigh an dliteanais léasa chomhfhreagraigh, íocaíochta léasa a rinne ag an lá tosaithe nó roimhe, lúide aon tionscnaimh léasa a fuarthas agus aon chostais dhíreacha tosaigh. Déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe.

Déantar sócmhainní ceart ar úsáid a dhímheas sa tréimhse níos giorra de théarma an léasa agus saol úsáideach na sócmhainne bunaidh. Tosaíonn an dímheas ag dáta tosaithe an léasa.

Gealltanais Feidhmíochta 2023 — RTÉ a athnuachan don chéad ghlúin eile

Réamhrá

Gealltanais 2023, léirítear Straitéis Athbhreithnithe RTÉ 2020-2024, agus leagtar amach sé ghealltanais faoi thrí chuspóir straitéiseacha: Lucht Féachana agus Éisteachta, Ábhar agus Inbhuanaitheacht.

An Lucht Féachana & Éisteachta - Ábhar a chur ar fáil a bhaineann le lucht féachana agus éisteachta na hÉireann ar fad, ag freastal ar gach duine, gach áit

1. A chinntiú go mbeidh an lucht féachana agus éisteachta i gcoilár na gcinntí a dhéantar
2. A bheith san áit a bhfuil an lucht féachana agus éisteachta – teacht a bheith ag an uile dhuine ar na seirbhísí, barr feabhais a chur ar an ábhar líneach agus digiteach ar dtús a ghlacadh

Ábhar – Lucht féachana agus éisteachta a shásamh le meascán d’ábhar ar ardchaighdeán a thugann léargas ar scéalta na tíre a chur ar fáil

3. Ábhar iontaofa, dúshlánach agus spéisiúil a chur ar fáil
4. Cultúr na hÉireann a chosaint
5. Iléagsúlacht a cheiliúradh agus cumas mhuintir na hÉireann a chothú

Inbhuanaitheacht – Todhchaí na meán seirbhíse poiblí a chosaint trí RTÉ inbhuanaithe

6. Todhchaí MSP a chosaint trí RTÉ inbhuanaithe

De bhun alt 102(3) den Acht, cuireadh Ráiteas Gealltanais Feidhmíochta (Gealltanais) 2023 RTÉ faoi bhráid an BAI agus an Aire i mí na Bealtaine 2023, agus foilsíodh achoimre ina dhiaidh sin ar RTÉ.ie. Cuirtear i láthair achoimre ar chomhlíonadh Ghealltanais na bliana 2023 i láthair anseo i gcomhréir le hAlt 102(5) den Acht. I gcomhréir le hAlt 102(4) den Acht, rinneadh tuarascáil ar leithligh atá níos mionsonraithe maidir le gealltanais a chomhlíonadh nó eile a chur faoi bhráid CnaM agus an Aire i mí an Mheithimh 2024.

An comhthéacs a bhaineann le torthaí 2023

Bhí 2023 ar cheann de na blianta ba dhúshlánaí i ó bunaíodh RTÉ. De réir mar a tháinig nithe chun solais

maidir le raon teipeanna rialachais, bhí iniúchadh á dhéanamh ar chaidreamh RTÉ leis an bpobal. Bhí dúshlán mór i dtaobh clú mar thoradh ar na himeachtaí seo, a d’imir tionchar diúltach ar dhearcadh an phobail ar RTÉ agus ar a cháil chorparáideach. D’fhág sé sin freisin gur tháinig laghdú breise suntasach ar dhíolacháin táillí ceadúnais, a chuir le saincheistean a bhaineann le héiginnteacht fhadtéarmach maidir le maoiniú poiblí. Chun é sin a mhaolú, rinne RTÉ ciorruithe €10m ar chaiteachas a bhí pleanáilte do 2023, a d’imir tionchar ar gach réimse den eagraíocht, lena n-áirítear ábhar. Cé gur baineadh an bonn d’iontaoibh an phobail agus de mhuintir an phobail san eagraíocht, is léiriú iad na leibhéil leanúnacha den lucht féachana, lucht éisteachta agus rannpháirtíochta ar an iomlán ar na conclúidí a rinne an Coimisiún um Thodhchaí na Meán in 2022, eadhon go n-aithnítear go forleathan gur dea-fhiúntas iad na meáin seirbhíse poiblí. Thar an dara leath de 2023 thug RTÉ faoi raon beart láithreach chun rialachas corparáideach agus rialuithe airgeadais a neartú, agus chun trédhearcacht a mhéadú. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil na bearta seo tar éis dul i dtreo caidreamh an phobail le RTÉ a athbhunú, mar gur léirigh na scóir chlú roinnt comharthaí téarnaimh thar Ráithe 4, 2023. I gcás nár baineadh spriocanna maidir le dearcadh an phobail amach in 2023, leagtar amach sa mhír seo an réasúnaíocht a bhain leis agus tá na torthaí ábhartha marcáilte le Réiltín.

Is sa chomhthéacs sin, dúshláin mhaoinithe níos déine, damáiste do chlú corparáideach, ach tacaíocht leanúnach dár seirbhísí agus dár n-ábhar, a bhfuil RTÉ tar éis breithniú a dhéanamh. I dtreo dheireadh 2023, d’fhoilsigh RTÉ Treo Nua do RTÉ, creat straitéiseach, ina leagtar amach treochlár do thodhchaí na heagraíochta. Tar éis dúinn dul i gcomhairle go forleathan maidir leis an gcreat seo, forbraíodh ár Ráiteas Straitéise maidir le Treo Nua as na pleananna sin, ráiteas ina leagtar amach athrú uailmhianach ar an gcaoi a mbímid ag seachadadh don lucht féachana agus éisteachta, ar an gcaoi a reáchtáimid an eagraíocht, ar an gcaoi a chinntimid go soláthraímid luach ar airgead agus go bhfuilimid trédhearcach agus cuntasach.

Gealltanais Feidhmíochta 2023 — RTÉ a athnuachan don chéad ghlúin eile

An Lucht Féachana agus Éisteachta

Ábhar a chur ar fáil a bhaineann le lucht féachana agus éisteachta na hÉireann ar fad, ag freastal ar gach duine, gach áit

Gealltanais	Tionchair Phoiblí Bheartaithe	Spriocbheart	Toradh	
1. A chinntiú go mbeidh an lucht féachana agus éisteachta i gcroílár na gcinntí a dhéantar	Tá riachtanais an lucht féachana agus éisteachta lárnach i ndáil le MSP a chur ar fáil in Éirinn.	An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ ábhartha do mhuintir na hÉireann a choinneáil ag >80%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 63% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin.	
	Braitheann muintir na hÉireann go bhfuil úinéireacht acu ar a MSP agus go bhfuil ceangal acu leis.	An dearcadh i measc an phobail go bhfuil ábhar agus seirbhísí den scoth ag RTÉ a choinneáil ag >75%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 58% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin.	
2. A bheith san áit a bhfuil an lucht féachana agus éisteachta – teacht a bheith ag an uile dhuine ar na seirbhísí, barr feabhais a chur ar an ábhar líneach agus digiteach ar dtús a ghlacadh	Tá riachtanais meán i ngach réimse de shocháil na hÉireann bainte amach.	An meánsciar seachtainiúil den lucht féachana agus éisteachta a mhealltar chuig seirbhísí uile RTÉ a choinneáil ag 90% nó os a chionn (daoine 18+)	Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanais ag 88%.	
	Tá daoine óga gafa le hábhar agus seirbhísí Éireannacha.	An meánsciar den lucht féachana agus éisteachta a mhealltar chuig Seirbhísí uile RTÉ i rith na seachtaine a choinneáil ag 90% nó níos mó (18–34)	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. Ba é 74% an meánsciar seachtainiúil. Tá sé ag éirí níos dúshlánaí sciar neasuilligh a choinneáil i leith an aoisghrúpa seo i dtimpeallacht lena mbaineann iomaíocht an-ghéar gan an infheistíocht atá de dhíth a fháil a d'fhéadfadh réiteach maoinithe poiblí a chur ar fáil.	
	Spreagfaidh nuálaíocht i léiriúchán meán rannpháirtíocht na ndúchasach digiteach le hábhar Éireannach.			
	Beidh teacht éasca agus láithreach ag daoine ar ábhar Éireannach ar ghaireas dá rogha féin.			
		Cuairteanna ar phunann táirgí digiteacha RTÉ a mhéadú, thar thréimhse níos fadtéarmaí go > 705 m	Rinneadh maith den ghealltanais den chuid is mó agus 687m cuairt ar an iomlán i gceist. Cé nár baineadh amach an sprioc i dtuairim cuairteanna, ba bhliain láidir i do tháirgí digiteacha RTÉ, agus fás tagtha ar an am a caitheadh orthu. Bhí bliain den scoth ag an RTÉ Player, rinneadh 105m sruth, an líon is mó riamh. Choinnigh RTÉ. ie a chun tosaigh ar gach suíomh nuachta agus siamsaíochta eile sa tír agus ba é Nuacht RTÉ an aip nuachta is fearr.	
		Sciar teilifíse RTÉ a choinneáil (daoine fásta 15+, an lá ar fad) ag 26.8%	Rinneadh maith den ghealltanais den chuid is mó, agus sciar 26.3% i gceist.	
		Sciar raidió RTÉ a choinneáil (daoine fásta 15+, an lá ar fad) ag >30%	Rinneadh maith den ghealltanais den chuid is mó, agus sciar 29.2% i gceist.	
		Monatóireacht a dhéanamh ar an Am a Caitheadh ar RTÉ agus tuairisciú ina leith (daoine fásta 15+ & 15–34)	Rinneadh maith den ghealltanais.	
		Cur leis an dearcadh i measc an phobail go bhfuil teacht go héasca ar chláracha agus ar sheirbhísí RTÉ ar réimse deiseanna go mbionn >70%	Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanais. D'aontaigh 68% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin.	

Gealltanais Feidhmíochta 2023 — RTÉ a athnuachan don chéad ghlúin eile

Abhar

Lucht féachana agus éisteachta a shásamh le meascán d'ábhar ar ardchaighdeán a thugann léargas ar scéalta na tíre a chur ar fáil

Gealltanais	Tionchair Phoiblí Bheartaíthe	Spriocbheart	Toradh
3. Ábhar iontaofa, dúshlánach agus spésiúil a chur ar fáil	I ré seo na bréagnuachta, tá foinse nuachta iontaofa ag muintir na hÉireann.	Dearcadh an phobail go gcuireann RTÉ ábhar N&OR atá iontaofa ar fáil a choinneáil ag >80%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 70% de dhaoine fásta na hÉireann, nach bhfuil ach beagán faoi bhun scór 72% na bliana 2022. Thit iontaoibh as N&CA i R2 2023, ach tháinig an iontaoibh chuige féin arís go maith i R4.
	Coinnítear an dream is cumhachtaí i sochaí na hÉireann cuntasach, agus tugtar éagóir agus droch-chleachtas in institiúidí Éireannacha chun solais.	An dearcadh i measc an phobail go spreagann RTÉ díospóireacht náisiúnta agus go gcuireann sé daoine ag caint a choinneáil ag >80%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 72% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin.
	Cuirtear leis an oideachas in Éirinn trí dhearthaí agus bealaí foghlama éagsúla a áireamh.	An dearcadh i measc an phobail go gcoinníonn RTÉ ar an eolas mé a choinneáil ag >80%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 68% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin.
4. Cultúr na hÉireann a Chosaint	Spreagtar plé poiblí agus tugtar léargas ar shocháí chomhaimseartha na hÉireann.	An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ ina chuid thábhachtach den saol in Éirinn a choinneáil >80%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 68% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin.
	Rachaidh an oidhreacht ciosamhaire shaibhir a chuirtear ar fáil trí chartlann MSP den chineál is nua-aimseartha chun leasa mhuintir na hÉireann.	Cur leis an dearcadh i measc an phobail go ligeann RTÉ dom imeachtaí náisiúnta a thapú a choinneáil ag >80%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 69% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin.
	Neartaítear an mórtas atá againn as ár n-aitheantas náisiúnta trína bheith rannpháirteach sa taithí chultúir agus spóirt a cheanglaíonn le chéile muid mar náisiún.	An dearcadh i measc an phobail go dtugann RTÉ an méid ama ceart do chlár do leanaí a choinneáil ag >50%.	Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanais. D'aontaigh 48% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin.
	Feicfidh leanaí na hÉireann a dtaithe féin agus cloisfidh siad a nglór féin ar an scáileán, ar raidió agus ar líne.	Na daoine i measc an phobail a bhfuil de dhearcadh acu go gcuireann RTÉ seirbhís chuimsitheach ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge a choinneáil ag >60%	Rinneadh maith den ghealltanais.
	Tiocfaidh méadú ar shuntasacht na Gaeilge agus beidh ina cuid lárnach de thírdhreach na meán Éireannach.	An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu ar RTÉ RnaG i rith na seachtaine a choinneáil ag 3%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. Bhain RTÉ Raidió na Gaeltachta 2% amach sa tseachtain, ach den dara huair le trí bliana anuas, bronnadh Stáisiún Raidió na Bliana ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ag Féile Idirnáisiúnta na Meán Ceilteach.
		'Soláthar 365' TG4 a shásamh i gcomhréir le hAlt 120 den Acht	Rinneadh maith den ghealltanais.

Gealltanais	Tionchair Phoiblí Bheartaithe	Spríocbheart	Toradh
5. Iléagsúlacht a cheiliúradh agus cumas mhuintir na hÉireann a chothú	Feiceann gach duine as gach cuid de shochaí na hÉireann go bhfuil ionadaíocht déanta ar a dtaití féin ina n-eagraíocht MSP agus braitheann go bhfuil siad san áireamh.	An dearcadh i measc an phobail go léiríonn RTÉ sochaí reatha na hÉireann a mhéadú go dtí >80%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 56% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin.
	Tá feasacht níos mó ar an éagsúlacht a bhaineann le sochaí na hÉireann agus comhtháthú sóisialta níos fearr.	Tuarascáil maidir le mná agus glóirtha mná ar an aer	Rinneadh maith den ghealltanais.
	Tá MSP cruthaitheach agus nuálach ar bhonn leanúnach ag Éirinn.	Ardsciar den ábhar a chuirtear ar fáil ar bhandáí FM Raidió RTÉ a choinneáil ina ábhar dúchasach arna chraoladh den chéad uair ag >80%	Rinneadh maith den ghealltanais.
	Tagann fás ar gheilleagar cruthaitheach na hÉireann agus déantar é a neartú agus a fhorbairt.	Uaireanta an chloig d'ábhar dúchais mar % d'iomlán na n-uaireanta an chloig le linn buaicthráthanna ar RTÉ One a choinneáil ag >75%.	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. Uaireanta an chloig d'ábhar dúchais a bhí in 65% de na buaicthráthanna ar RTÉ One. Mar thoradh ar tháillí ceadúnais suntasacha sa dara leath den bhliain 2023, chuir RTÉ ciorruithe €10m ar chaiteachas pleanáilte i bhfeidhm. Bhí tionchar díreach aige sin ar an scáileán áit a raibh uaireanta buaic-ama arna gcraoladh den chéad uair síos.
	Tugtar ardán d'aos dána na hÉireann atá i mbun oibre cheana féin agus atá ag teacht chun cinn agus déantar iad a cheiliúradh.	Coinníollacha caiteachais faoin reachtaíocht a shásamh	Rinneadh maith den ghealltanais.
	Insítear soéalta iontacha mhuintir na hÉireann ar bhealach a dtuigeann cách iad agus ar bhealach cumhachtach.	An dearcadh níos airde i measc an lucht féachana go gcuireann RTÉ drámaíocht Éireannach ar ardchaighdeán ar fáil a choinneáil > 65 %	Rinneadh maith den ghealltanais.
	Déanfar síneadh a chur leis an mbealach a mbíonn teacht ar na healaíona agus déanfar go daonlathach é agus cuirfidh sin le luach atá ag an bpobal ar an gcultúr agus oidhreacht ar leith atá againn.	Sástacht an phobail le caighdeán an chultúir agus na n-ealaíon ar RTÉ a choinneáil ag >67%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 58% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin.
		An dearcadh i measc an phobail go gcuireann RTÉ réimse leathan de cheol ceolfhoirne ar fáil a choinneáil ag 50%	Rinneadh maith den ghealltanais.

Gealltanais Feidhmíochta 2023 — RTÉ a athnuachan don chéad ghlúin eile

Inbhuanaitheacht

Todhchaí na Meán Seirbhíse Poiblí a chosaint trí RTÉ inbhuanaithe

Gealltanais	Tionchair Phoiblí Bheartaithe	Spríocbheart	Toradh
6. Todhchaí MSP a Chosaint	Tá cosaint ag todhchaí MSP in Éirinn agus tá sé inbhuanaithe.	An buiséad bliantúil a shásamh.	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. Ba é an laghdú ar dhíolacháin táillí ceadúnais sa dara leath den bhliain 2023 an príomhthiománaí taobh thiar den sprioc nár baineadh amach.
	Déantar é a rith go héifeachtach agus go héifeachtúil.	Punann seirbhíse RTÉ a chur ar fáil taobh istigh den sprioc maidir le costas oibriúcháin buiséadaithe.	Rinneadh maith den ghealltanais.
	Tacaítear leis trí ghníomhaíochtaí tráchtála RTÉ.	Gníomhaíochtaí tráchtála RTÉ a oibriú go héifeachtach chun an glantoradh is fearr a bhaint as do ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí RTÉ agus spriocanna maidir le hioncam tráchtála Grúpa a bhaint amach.	Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanais.
	Tá sé oscailte, cuntasach agus trédhearcach.	Is ionann an caiteachas iomlán ar ábhar agus ar dháileachán mar % de na Costais Oibriúcháin agus >80%	Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanais ag 79%
	Neartaítear agus tugtar cosaint do dhlísteacht MSP in Éirinn.	PROCanna* ina % de Chostais Oibriúcháin iomlána	Rinneadh maith den ghealltanais.
		*Costais Oibriúcháin Cúrsaí Pearsanra	
		Dearcadh an phobail go bhfuil RTÉ tábhachtach do shocháil na hÉireann a choinneáil ag >85%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 77% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin.
		Dearcadh an phobail go bhfuil RTÉ iontaofa a choinneáil ag >75%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 52% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin.
			Tharla sárú suntasach ar iontaoibh an phobail as RTÉ mar eagraíocht le linn 2023, rud atá soiléir sa scór seo. Tógfaidh sé am iontaoibh a atógáil agus tá RTÉ dírithe go daingean ar é a athbhunú.
			Féach freisin an tráchttaireacht faoi Ghealltanais 3: iontaoibh i N&CA RTÉ

Tuarascáil Cóirthrádála RTÉ 2023

Tá RTÉ tugtha dá chinntiú go gcloítear i mbun trádála le prionsabail na cóiriomaíochta agus go n-oibrítear taobh istigh de chreat dlí an AE agus den reachtaíocht náisiúnta araon. Chomh maith leis sin, mheas RTÉ gur cuí a polasaí agus a nósanna imeachta féin a chur i bhfeidhm, Polasaí agus Nósanna Imeachta Cóirthrádála RTÉ, a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin RTÉ. Rinneadh athbhreithniú agus uasdátú ar an gcáipéis in 2022.

Bunaíodh an Coiste maidir le Cóirthrádáil chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Pholasaí agus na Nósanna Imeachta. Is fochoiste é de chuid Bhord RTÉ. Ba iad David Harvey (cathaoirleach) agus Susan Ahern comhaltaí an fhochoiste ag deireadh na bliana.

Tá an fochoiste seo freagrach as maoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar an bPolasaí Cóirthrádála i ndáil lena chur i bhfeidhm agus is féidir leis an bhfochoiste athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar an bpolasaí chomh maith le hathbhreithniú ar an bpróiseas maidir le gearáin. Rinne an tOifigeach Cóirthrádála, Eleanor Bleahane, tuairisciú go díreach leis an bhfochoiste i rith na bliana 2023. Lean an tOifigeach Cóirthrádála de chomhairle agus treoir a chur ar fáil do réimsí ábhartha in RTÉ maidir le cúrsaí cóirthrádála le linn 2023.


Tuairisc faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ceanglaíonn Alt 22 den **Acht um Nochtadh Cosanta, 2014** ar RTÉ tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le nochtadh cosanta a rinneadh faoin **Acht um Nochtadh Cosanta, 2014**. I gcomhlíonadh an choinníll sin, tuairiscíonn RTÉ nach bhfuarthas aon nochtadh cosanta amháin i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

Eolas Tuairiscithe & Staitistice Eile (ar lean)

IARRATAÍ UM SHAORÁIL FAISNÉISE CHUIG RTÉ


● = 2023 ● = 2022



Foinse: RTÉ

GEARÁIN LE hÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN MAIDIR LE hASCHUR RTÉ

● = 2023 ● = 2022



Foinse: RTÉ

Stair Airgeadais

	2023	2022	2021	2020	2019
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
RÁITEAS IONCAIM					
Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse	193,296	195,642	196,131	196,623	196,248
Ioncam tráchtála	150,739	152,053	148,342	134,519	145,837
Ioncam iomlán	344,035	347,695	344,473	331,142	342,085
Costais Oibriúcháin (roimh dhímheas, amúchadh agus míreanna eisceachtúla)	(349,336)	(339,288)	(331,345)	(307,691)	(337,773)
EBITDA roimh mhíreanna eisceachtúla	(5,301)	8,407	13,128	23,451	4,312
Dímheas agus amúchadh	(11,815)	(11,765)	(11,654)	(13,543)	(13,803)
Gnóthachan/(caillteanas) ar shócmhainní a dhiúscairt	33	12	73	(8)	288
Infheistíochtaí a dhiúscairt	-	36	-	-	-
Míreanna eisceachtúla ¹	-	-	-	-	256
(Cailteanas)/brabús ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin tar éis míreanna eisceachtúla	(17,083)	(3,310)	1,547	9,900	(8,947)
Glanioncam/(glanchostas) airgeadais	6,752	320	1,219	(99)	57
Cáin	1,215	197	(407)	(1,863)	1,689
(Easnamh)/Barrachas don bhliain	(9,116)	(2,793)	2,359	7,938	(7,201)
CLÁR COMHARDAITHE					
Sócmhainní reatha agus neamhreatha					
Maoin, innealra agus trealamh	57,774	58,145	62,810	60,982	71,028
Sócmhainní doláimhsithe	5,663	4,252	7,968	4,772	6,311
Sócmhainn phinsin	188,652	180,590	147,714	150,816	110,404
Fardail	26,014	25,951	27,105	26,669	27,689
Infheistíochtaí airgid agus leachtacha	78,641	114,062	101,392	87,165	69,149
Sócmhainní eile	67,820	62,831	61,484	71,509	63,511
Iomlán na sócmhainní	424,564	445,831	408,473	401,913	348,092
Dlíteanais neamhreatha agus reatha					
Sochair fostaithe — athstruchtúrú (nóta 17a)	6,631	7,392	8,792	13,411	14,332
Dlíteanais eile	195,650	206,105	197,554	190,358	178,452
Iomlán na ndlíteanas	202,281	213,497	206,346	203,769	192,784
Othromas	222,283	232,334	202,127	198,144	155,308
Iomlán an chothromais agus na ndlíteanas	424,564	445,831	408,473	401,913	348,092
SREABHADH AIRGID					
Airgead tirim glan (ionsúite)/ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(16,701)	26,085	27,682	22,560	8,025
Sreabhadh airgid glan maidir le héadail ar mhaoin, innealra, trealamh agus sócmhainní doláimhsithe	(13,116)	(9,682)	(11,629)	(8,178)	(14,287)
Glanfháltais ó dhiol maoine, gléasra agus trealamh	62	15	77	20	305
LÍON NA BHFOSTAITHE					
Líon iomlán na bhfostaithe amhail an 31 Nollaig	1,836	1,868	1,871	1,866	1,831
FTE iomlán amhail an 31 Nollaig	1,734	1,735	1,755	1,758	1,714

¹ Tugtar san áireamh le míreanna eisceachtúla, an gnóthachan ó thalamh a dhiúscairt, costas tionscadail ionas go bhféadfaí an díolachán a dhéanamh, athstruchtúrú agus muirir eile



Raidió Teilifís Éireann
Baile Átha Cliath 4, Éire.

RTÉ
Dublin 4, Ireland.

T: +353 1 208 3111
F: +353 1 208 3080

E: info@RTÉ.ie
www.RTÉ.ie

X [X.com/rte](https://x.com/rte)
in linkedin.com/company/rte